DOICIMÉAD CLÁRSCEIDEALAITHE AONAIR 2025-2027

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais

eU-LISA

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)

Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2025-2027

Glactha ag Bord Bainistíochta eu-LISA an 3 Nollaig 2024

Doiciméad 2023-365 REV 5

Clár ábhar

Liosta na dtáblaí ... 4
Giorrúcháin agus acrainmneacha ... 5
Liosta bunús dlí ... 6
Córais faisnéise agus uirlisí CGB bainistithe ag eu-LISA ... 8
Réamhrá ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin ... 11
Ráiteas misin ... 13
Réamhrá ... 17
Comhthéacs beartais ... 20
1. Clár oibre ilbhliantúil ... 26
1.1. Straitéis fhadtéarmach 2021-2027 ... 26
1.2. Cuspóirí, gníomhaíochtaí agus acmhainní ilbhliantúla ... 27
1.3. Amlíne chun mórghníomhaíochtaí a chur chun feidhme ... 31
1.4. Príomhtháscairí feidhmíochta corparáideacha ... 33
2. Acmhainní daonna agus airgeadas: ionchas le haghaidh na tréimhse ó 2025 go 2027 ... 35
2.1. Forbhreathnú ar an staid san am atá thart agus san am i láthair ... 35
2.1.1. Acmhainní daonna ... 35
2.1.2. Caiteachas buiséid iomlán le haghaidh 2023 ... 36
2.2. Ionchas do 2025-2027 ... 37
2.2.1. Cúraimí nua ... 37
2.2.2. Forbairt tascanna reatha ... 38
2.3. Clársceidealú acmhainní do 2025-2027 ... 40
2.3.1. Clársceidealú acmhainní airgeadais ... 40
2.3.2. Clársceidealú acmhainní daonna ... 40
2.4. Straitéis chun gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach ... 42
2.5. Tosaíochtaí diúltacha nó laghdú ar chúraimí atá ann cheana ... 43
1. Achoimre feidhmiúcháin ... 46
2. Clár oibre bliantúil do 2025 ... 49
2.1. Slándáil inmheánach agus comhar i bhforfheidhmiú an dlí ... 49
2.1.1. Córas Faisnéise Schengen (CFS) ... 49
2.1.2. Ródaire lárnach Prüm II (malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta) ... 52
2.1.3. Ródaire API (réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí) ... 52
2.2. Schengen, teorainneacha agus víosaí ... 53
2.2.1. An Córas Faisnéise Víosaí (VIS) ... 53
2.2.2. Córas dul isteach/imeachta (EES) ... 54
2.2.3. An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) ... 56
2.3. Imirce agus tearmann ... 57
2.3.1. An Bunachar Sonraí Eorpach um Dhachtalascópacht Tearmainn (Eurodac) ... 58
2.4. Comhar maidir le ceartas ... 59
2.4.1. An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) ... 59
2.4.2. e-CODEX (Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne) ... 61
2.4.3. Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (CP JITanna) ... 62
2.5. Idir-inoibritheacht ... 63
2.5.1. Seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS) ... 63
2.5.2. Comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP, CIR, MID) agus CRRS ... 64
2.6. Taighde, nuálaíocht agus tógáil cumais ... 66
2.6.1. Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta ... 66
2.6.2. Tuairisciú reachtúil ... 67
2.6.3. Oiliúint do na Ballstáit ... 69
2.6.4. Meastóireachtaí Schengen ... 69
2.7. Bonneagar agus líonraí ... 71
2.7.1. Líonra ... 71
2.7.2. Bonneagar Coiteann Comhroinnte (CSI) agus Ardáin Óstála Cliste (SHP) ... 72
2.8. Tacaíocht dhíreach d’oibríochtaí ... 74
2.8.1. Oibríochtaí córais ... 74
2.8.2. Aistriú seirbhíse ... 75
2.8.3. Slándáil, cibearshlándáil agus leanúnachas gnó ... 76
2.8.4. Tacaíocht don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit ... 77
2.8.5. Grúpaí Comhairleacha, cruinnithe agus misin ... 78
2.9. Gníomhaíochtaí corparáideacha ... 79
2.9.1. Rialachas ... 79
2.9.2. Tacaíocht chorparáideach ... 83
Iarscríbhinn I Cairt eagrúcháin eu-LISA ... 90
Iarscríbhinn II Leithdháileadh acmhainní in aghaidh na gníomhaíochta ... 95
Iarscríbhinn III Acmhainní airgeadais 2025-2027 ... 98
Iarscríbhinn IV Acmhainní daonna: anailís chainníochtúil ... 104
Iarscríbhinn V Acmhainní daonna: anailís cháilíochtúil ... 110
Iarscríbhinn VI Bainistíocht chomhshaoil ... 117
Iarscríbhinn VII Beartas tógála ... 118
Iarscríbhinn VIII Pribhléidí agus díolúintí ... 122
Iarscríbhinn IX Meastóireachtaí ... 123
Iarscríbhinn X Straitéis maidir le bainistiú eagraíochtúil agus córais rialaithe inmheánaigh ... 125
Iarscríbhinn XI Plean le haghaidh deontais, ranníocaíochta nó SLAnna ... 130
Iarscríbhinn XII Straitéis maidir le comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ... 131
Iarscríbhinn XIII Staidéir agus measúnuithe tionchair a bhaineann le SPD 2025-2027 ... 132

Liosta na dtáblaí

Tábla 1. Forbhreathnú ar chórais faisnéise CGB an Aontais bainistithe ag eu-LISA 8
Tábla 2. Forbhreathnú ar an gcaidreamh gnó idir córais faisnéise CGB an Aontais bainistithe ag eu-LISA.. 10
Tábla 3. Meastachán ar na hacmhainní is gá chun cuspóirí eu-LISA a chur chun feidhme 29
Tábla 4. Príomhtháscairí feidhmíochta corparáideacha 33
Tábla 5. Forbhreathnú ar fhoireann eu-LISA in 2023 (amhail an 31 Nollaig 2023) 35
Tábla 6. Meastacháin foirne don tréimhse 2025-2027. 40
Tábla 7. Líon na mball foirne in aghaidh an aonaid, de réir catagóir foirne (amhail an 31 Nollaig 2023) 90
Tábla 8. Daonra foirne agus forbairt i ngach catagóir, 2023-2027 (FTEnna)... 104
Tábla 9. Soláthraithe struchtúracha seirbhísí: seirbhísí tacaíochta seachtracha 105
Tábla 10. Tacaíocht sheachtrach a bhfuiltear ag súil léi don tréimhse 2024-2026 (FTE)............................ 105
Tábla 11. Plean bunaíochta 2025-2027 106
Tábla 12. Gníomhairí ar conradh sna blianta ó 2025 go 2027 (FTEnna).. 108
Tábla 13. Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht sna blianta ó 2025 go 2027 (FTEnna) 108
Tábla 14. Rialacha cur chun feidhme maidir le hearcaíocht 110
Tábla 15. Forléargas ar na spriocanna earcaíochta agus ar an dul chun cinn go dtí an 31 Nollaig 2023. ... 110
Tábla 16. Rialacha cur chun feidhme maidir le breithmheas feidhmíochta agus athaicmiú/ardú céime 112
Tábla 17. Gníomhairí sealadacha a athaicmiú agus oifigigh a chur chun cinn. 112
Tábla 18. Foireann ar conradh a athaicmiú 113
Tábla 19. Ionadaíocht inscne, de réir na catagóire foirne (amhail an 31 Nollaig 2023) 114
Tábla 20. Athrú ó thaobh inscne de ar leibhéal na meánbhainistíochta agus na hardbhainistíochta, 2019-2023 114
Tábla 21. Cothromaíocht gheografach (amhail an 31 Nollaig 2023)... 115
Tábla 22. Dul chun cinn ó thaobh an náisiúntacht is mó ionadaíocht, 2019-2023...................................... 116
Tábla 23. Rioscaí corparáideacha a deimhníodh le déanaí agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chuspóirí 2025-2027 127
Tábla 24. Rioscaí corparáideacha a deimhníodh le déanaí agus pleananna maolaithe comhfhreagracha. 128

Giorrúcháin agus acrainmneacha

Córais TF agus a mbonneagar cumarsáide bainistithe ag eu-LISA

AFIS	córas aitheantais méarloirg uathoibrithe	**FTP**	pointe rochtana lándéanta
API	réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí	**ESP**	tairseach chuardaigh Eorpach
BMS	córas meaitseála bithmhéadraí	**ETIAS**	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil
CCP	néal-ardán cuimsitheach	**Eurodac**	an córas Eorpach chun comparáid a dhéanamh idir taifid dhachtalascópacha iarrthóirí tearmainn
CIR	stóras coiteann sonraí céannachta	**EU VAP**	Ardán an Aontais um Iarratais ar Víosaí
CRRS	lárstóras um thuairisciú agus staidreamh	**CP JITanna**	Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú
CSI	bonneagar coiteann comhroinnte	**MID**	brathadóir ilchéannachtaí
CSP	ardán comhroinnte	**sBMS**	seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha
DTA	feidhmchlár um shonraí taistil digiteacha	**SERENA**	rochtain shlán líonra (ar thimpeallachtaí croíchórais ghnó)
DTC	dintiúr taistil digiteach	**SHP**	ardán óstála cliste
DubliNet	líonra cumarsáide leictreonaí DubliNet	**SIRENE**	Iarraidh ar Fhaisnéis Fhorlíontach ag na Bealaí Isteach Náisiúnta
e-CODEX	Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí Ar Líne	**CFS**	Córas Faisnéise Schengen
ECRIS	An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla	**RJB**	bonneagar córas comhroinnte
ECRIS RI	An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla – cur chun feidhme tagartha	**TESTA-ng**	Seirbhísí Tras-Eorpacha do Theileamaitice idir Riaracháin – glúin nua
ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát		
EES	córas dul isteach/imeachta	**VIS**	An Córas Faisnéise Víosaí

Acrainmneacha eile a úsáidtear

ACFC	An Coiste Iniúchta, Comhlíontachta agus Airgeadais de chuid Bhord Bainistíochta eu-LISA	**Europol**	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí
ALM	bainistiú saolré feidhmchláir	**FTE**	coibhéis lánaimseartha
AS HOME	An Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile	**SPD**	doiciméad clársceidealaithe aonair
BCU	láraonad cúltaca (ionad cúltaca in St Johann im Pongau, an Ostair)	**TCN**	náisiúnaigh tríú tír
CBS	croíchórais ghnó	**Eurojust**	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil
CEAS	An Comhchóras Eorpach Tearmainn	**FRA**	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha
CEPOL	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhI	**JRC**	An tAirmheán Comhpháirteach Taighde
CIE	Cúirt Iniúchóirí na hEorpa	**Frontex**	An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta
COTS	táirge le ceannach i siopa	**IAC**	Cumas Iniúchóireachta Inmheánaí eu-LISA
CU	láraonad	**IAS**	An tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin
DG JUST	An Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí	**BSTF**	bainistiú seirbhíse TF
EMAS	Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil	**MVP**	táirge inmharthana íosta
ENISA	Gníomhaireacht an Aontais um Chibearshlándáil	**CGB**	ceartas agus gnóthaí baile
EUAA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann	**JHAAN**	Líonra Ghníomhaireachtaí CGB
EUAN	Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh	**KPI**	príomhtháscaire feidhmíochta
eu-LISA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais	**PNR**	taifead ainmneacha paisinéirí
FRAE	faisnéis rúnaicmithe AE	**TOF**	creat oibríochtaí trasnaí

MECS	An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí	**SNI**	saineolaí náisiúnta ar iasacht
OIPE	Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh	**USK**	bogearraí úsáideora
SEGS	An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí	**IO**	Iris Oifigiúil
SEMM	Sásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen	**SLA**	comhaontú seirbhíse
TEF	creat innealtóireachta trasnaí	**PMF**	fóram bainistithe tionscadail

Liosta bunús dlí

Sa chuid seo, cuirtear ar fáil liosta de na bunúis dlí is infheidhme maidir leis na córais mhórscála TF, na huirlisí agus an ailtireacht idir-inoibritheachta a chuirtear de chúram ar eu-LISA, agus áirítear ann liosta de na forálacha speisialta cosanta sonraí is infheidhme maidir leis na córais sin.

Rialachán lena mbunaítear eu-LISA

- *Rialachán (AE) 2018/1726*, IO L 295, 21.11.2018

Córas Faisnéise Schengen (CFS)

- *Rialachán (AE) 2018/1860*, IO L 312, 7.12.2018
- *Rialachán (AE) 2018/1861*, IO L 312, 7.12.2018
- *Rialachán (AE) 2018/1862*, IO L 312, 7.12.2018
- *Rialachán (AE) 2022/1190*, IO L 185, 12.7.2022

Ródaire Lárnach Prüm II

- *Rialachán (AE) 2024/982*, IO L, 5.4.2024

An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)

- *Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle*, IO L 213, 15.6.20(
- *Cinneadh 2008/602/CE ón gCoimisiún Eorpach*, IO L 1 23.7.2008
- *Cinneadh 2008/633/CGB* ón gComhairle, IO L 218, 13.8.2(
- *Rialachán (CE) Uimh. 767/2008*, IO L 218, 13.8.2008
- *Rialachán (AE). 2021/1133*, IO L 248, 13.7.2021
- *Rialachán (AE). 2021/1134*, IO L 248, 13.7.2021
- *Rialachán (AE) 2023/2667*, IO L, 7.12.2023
- *Rialachán (AE) 2023/2685*, IO L, 7.12.2023

Córas dul isteach/imeachta (EES)

- *Rialachán (AE) 2017/2226*, IO L 327, 9.12.2017

An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)

- *Rialachán (AE) 2018/1240*, IO L 236, 19.9.2018
- *Rialachán (AE) 2018/1241*, IO L 236, 19.9.2018

An Bunachar Sonraí Eorpach um Dhachtalascópacht Tearmainn (Eurodac)

- *Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 ón gCoimisiún*, IO L 222
- *Rialachán (AE) Uimh. 603/2013*, IO L 180, 29.6.2013
- *Rialachán (AE) Uimh. 604/2013*, IO L 180, 29.6.2013
- *Rialachán (AE) 2024/1356*, IO L, 22.5.2024
- *Rialachán (AE) 2024/1358*, IO L, 22.5.2024

An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN)

- *Rialachán (AE) 2019/816*, IO L 135, 22.5.201
- *Rialachán (AE) 2024/1352*, IO L, 22.5.2024

e-CODEX (Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne)

- *Rialachán (AE) 2022/850*, IO L 150, 1.6.2022

Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú

- *Rialachán (AE) 2023/969*, IO L 132, 17.5.2023

Idir-inoibritheacht idir córais faisnéise CGB an Aontais

- *Rialachán (AE) 2019/817*, IO L 135, 22.5.2019
- *Rialachán (AE) 2019/818*, IO L 135, 22.5.2019

Cosaint agus próiseáil sonraí

- *Rialachán (AE) 2018/1725*, IO L 295, 21.11.2018
- *Rialachán (AE) 2016/679*, IO L 119, 4.5.2016
- *Treoir (AE) 2016/680*, IO L 119, 4.5.2016

Forálacha córas-sonracha maidir le cosaint sonraí

- *Rialachán (AE) 2018/1726*, Airteagail 2, 35, 36
- *Rialachán (AE) 2018/1860*, Airteagal 16, Airteagal 19
- *Rialachán (AE) 2018/1861*, Airteagail 9, 15-18, 41-57
- *Rialachán (AE) 2018/1862*, Airteagail 16-18, 56-71
- *Rialachán (CE) Uimh. 767/2008*, Airteagail 26-32, 34, 42-50
- *Rialachán (AE) Uimh. 603/2013*, Airteagail 23-37
- *Rialachán (AE) 2022/850*, Airteagail 7, 11, 16
- *Rialachán (AE) 2017/2226*, Airteagail 5-8, 13, 34-35, 37-4(

56-57, 63, 65, 72

- *Rialachán 2018/1240*, Airteagail 6, 35, 45-46, 54-70, 73-74
- *Rialachán (AE) 2019/816*, Airteagail 4, 11, 13, 19-20, 23-2 29, 31-32, 34-36
- *Rialachán (AE) 2019/817*, agus *Rialachán (AE) 2019/818* Airteagail 8-12, 16-17, 23-25, 28, 35-55
- *Rialachán (AE) 2023/969*, Airteagail 4, 7, 19-26
- *Rialachán 2024/982*, Airteagail 40-41, 50-61, 66-67, 72, 8(

Séanadh ginearálta:

Tráth a glacadh an doiciméad seo, bhí plé fós ar siúl maidir le dáta theacht i bhfeidhm an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), nach dtarlóidh roimh dheireadh 2024, mar a bhí beartaithe ar dtús. Ciallaíonn sé sin go leanfar d'fhorbairt EES a thabhairt chun críche in 2025, rud a dhéanfaidh difear, dá réir sin, do roinnt sprioc-amanna seachadta eile a leagtar síos chun an Treochlár Idir-inoibritheachta a chur chun feidhme.

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh athrú teacht ar na dátaí pleanála foriomlána a bhaineann le forbairt EES, ETIAS agus/nó ar na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a chuirtear i láthair sa doiciméad seo. Déanfar an leagan sin den SPD a nuashonrú tar éis an Treochlár Idir-inoibritheachta athbhreithnithe a ghlacadh.

Córais faisnéise agus uirlisí CGB bainistithe ag eu-LISA

Tábla 1. Forbhreathnú ar chórais faisnéise CGB an Aontais bainistithe ag eu-LISA

Cuspóir an chórais	Teacht i bhfeidhm	Stádas
Tearmann, imirce agus teorainneacha		
Eurodac │ An Bunachar Sonraí Eorpach um Dhachtalascópacht Tearmainn Bunachar sonraí an Aontais de mhéarloirg dhigitithe chun iarratais ar thearmann a bhainistiú faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath. Cuidíonn an córas le déanamh amach cén Ballstát atá freagrach trí chinneadh cibé an bhfuil an t-iarratasóir tar éis iarratas a dhéanamh ar thearmann i dtír eile de chuid an Aontais roimhe sin. Chun an imirce neamhrialta a chomhrac ar bhealach níos fearr, déanfaidh eu-LISA uasghrádú mór trí fheidhmiúlachtaí nua a thabhairt isteach agus trína lárchóras a athdhearadh.	2003	**i bhfeidhm** á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí an Mheithimh 2013
Slándáil inmheánach agus teorainneacha an Aontais		
CFS │ Córas Faisnéise Schengen Is é CFS an córas comhroinnte faisnéise is mó chun teorainneacha seachtracha a bhainistiú agus chun slándáil inmheánach limistéar Schengen a áirithiú. Le CFS, éascaítear malartú faisnéise faoi dhaoine nó réada a bhfuiltear sa tóir orthu nó atá ar iarraidh, mar aon le treoracha d'údaráis inniúla maidir le cad ba cheart a dhéanamh nuair a bhraitear an duine nó an réad. Dá réir sin, is uirlis fhíorluachmhar é chun an choireacht trasteorann agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.	1995	**i bhfeidhm** á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí na Bealtaine 2013
Ródaire lárnach Prüm II │Malartú sonraí uathoibrithe le haghaidh comhar póilíneachta Leis an ródaire lárnach nua le haghaidh malartú uathoibrithe sonraí i gcomhair comhar póilíneachta, déanfar malartú sonraí idir na Ballstáit a chuíchóiriú agus a éascú chun an choireacht trasteorann a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla. Tiocfaidh sé in ionad naisc aonair idir bunachair sonraí náisiúnta agus iompóidh sé na sonraí atá ar fáil maidir le ADN, méarloirg agus clárú feithicle ina gcatagóirí nua sonraí, amhail íomhánna den aghaidh agus taifid phóilíneachta.	2027[1]	**á fhorbairt**
API│ Réamhaisnéis faoi phaisinéirí Éascóidh an ródaire API sainaithint agus imréiteach taistealaithe le linn an phróisis trasnaithe teorann trí shonraí taistealaithe agus faisnéis eitilte a bhailiú agus a tharchur roimh theacht isteach dóibh. Feidhmeoidh an ródaire mar phointe nasctha idir na Ballstáit agus aeriompróirí chun sonraí API a bhailiú agus a tharchur.	2028*	**ar feitheamh a ghlactha**
Schengen, teorainneacha agus víosaí		
VIS │ An Córas Faisnéise Víosaí Éascaíonn VIS próiseáil iarratas ar víosaí agus bainistiú víosaí gearrfhanachta do TCNanna a thaistealaíonn nó a théann ar idirthuras trí limistéar Schengen. Tacaíonn sé le cur chun feidhme chomhbheartas víosaí an Aontais agus cuidíonn sé le calaois víosaí a chomhrac trí chúnamh a thabhairt daoine nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le fanacht nó dul isteach a shainaithint.	2011	**i bhfeidhm** á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí na Nollag 2012
EES │ Córas Dul Isteach/Imeachta Tá sé beartaithe le EES nósanna imeachta rialaithe teorann a chuíchóiriú trí chlárú leictreonach gach náisiúnach tríú tír atá ag dul isteach i limistéar Schengen agus ag imeacht as a chur in ionad stampáil na bpasanna de lámh. Nuair a bheidh sé oibríochtúil, áiritheofar le EES go ndéanfar faireachán níos fearr ar thréimhsí fanachta údaraithe agus go sainaithneofar daoine a d'fhéadfadh fanacht ró-fhada, agus ar an gcaoi sin rannchuideofar leis an imirce neamhrialta a chosc agus leis an tslándáil inmheánach a neartú, agus cuideofar an tráth céanna leis an gcoireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.	2025	**á fhorbairt** (Leanfar le forbairt EES in 2025)
ETIAS │ Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil Is córas um údarú taistil ar líne é ETIAS do náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus iad ag taisteal chuig 30 tír Eorpach. Leis an gcóras scagtha réamhthaistil sin, déantar comparáid idir faisnéis ar fud na gcóras CGB uile, agus i mbunachair sonraí Europol agus Interpol, chun rioscaí slándála, rioscaí imirce neamhrialta nó ardrioscaí eipidéime féideartha a shainaithint roimh ré – ar cinn iad a d'fhéadfadh a bheith ina bhforas le cead isteach i limistéar Schengen a dhiúltú. Seiceálfaidh aeriompróirí, muiriompróirí agus iompróirí ar tír údaruithe ETIAS sula rachaidh siad ar bord, agus seiceálfaidh gardaí teorann ag teorainneacha seachtracha Schengen iad sin freisin.	2025*	**á fhorbairt**
EU VAP │ Ardán an Aontais um Iarratais ar Víosaí Is ardán digiteach é EU VAP, a bhaineann le gach Ballstát, a chuirfidh ar chumas iarratasóirí ar víosa iarratas a dhéanamh ar víosa ar líne. Cinnfidh sé go	2028	**á fhorbairt**

[1] * amlíne thrialach.

Cuspóir an chórais	Teacht i bhfeidhm	Stádas
huathoibríoch cén Ballstát atá inniúil chun iarratas a scrúdú i gcásanna ina bhfuil sé ar intinn ag an iarratasóir cuairt a thabhairt ar roinnt Ballstát.		

Cuspóir an chórais	Teacht i bhfeidhm	Stádas
Comhar maidir le ceartas		
ECRIS RI │ An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla – cur chun feidhme tagartha		
Is córas díláraithe é ECRIS chun faisnéis a mhalartú idir Ballstáit ar thaifid choiriúla de chuid shaoránaigh an Aontais, chomh maith le taifid choiriúla náisiúnach de chuid tíortha eile. Cuireann ECRIS RI comhéadan comhtháthaithe ar fáil a chumasaíonn nasc idir cláir náisiúnta taifead coiriúil na mBallstát.	2012	**i bhfeidhm** á bhainistiú ag eu-LIS mhí Aibreáin 2020 i lei
ECRIS-TCN │ An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát		
Le ECRIS-TCN, an chéad chóras TF a d'fhorbair eu-LISA i réimse ceartais an Aontais, éascaítear malartú leictreonach faisnéise maidir le taifid choiriúla náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát. Dá réir sin, tacaíonn sé le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh de phianbhreitheanna agus de chinntí breithiúnacha ar fud na hEorpa.	2025	**á fhorbairt**
e-CODEX │ Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne		
Is ardán cumarsáide é e-CODEX chun tarchur slán ábhair leictreonaigh idir údaráis bhreithiúnacha agus gairmithe dlí in imeachtaí breithiúnacha trasteorann a éascú, rud a áirithíonn próiseas breithiúnach níos éifeachtúla do shaoránaigh agus do ghnólachtaí ar fud na hEorpa. Ó mhí an Mheithimh 2024 i leith, tá eu-LISA freagrach as bainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX.[2]	2013	**i bhfeidhm** á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí an Mheithimh 2024
CP JITanna │ Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú		
Éascóidh ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú cumarsáid agus comhar idir údaráis bhreithiúnacha Eorpacha agus údaráis forfheidhmithe dlí, gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), d'fhonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht imscrúduithe agus ionchúiseamh trasteorann a fheabhsú.	2026	**á fhorbairt**
Idir-inoibritheacht chórais faisnéise CGB an Aontais		
Ailtireacht nua idir-inoibritheachta		
Is é atá san idir-inoibritheacht cumas na gcóras idirnasctha sonraí a chomhroinnt agus faisnéis a mhalartú, lena soláthraítear rochtain chuíchóirithe ar fhaisnéis chuimsitheach do na húdaráis ábhartha. Cumasófar idir-inoibritheacht uileghabhálach na gcóras i réimse CGB trí na comhpháirteanna seo a leanas a éascaíonn cuardaigh údaraithe agus malartú faisnéise: ▪ an **tairseach cuardaigh Eorpach** (ESP): fuinneog cuardaigh aonair le haghaidh cuardaigh thapa ar fud na gcóras CGB go léir atá á mbainistiú ag eu-LISA, ▪ an **tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadrach**a (sBMS) le haghaidh sonraí bithmhéadracha a mheaitseáil le chéile ar fud na gcóras CGB go léir, ▪ an **stóras coiteann sonraí céannachta** (CIR) chun náisiúnaigh tríú tír a shainaithint i gceart (sonraí beathaisnéiseacha agus bithmhéadracha), ▪ an **brathadóir ilchéannachtaí** (MID) chun ilchéannachtaí a nochtadh agus chun calaois chéannachta a chomhrac. an **lárstóras um thuairisciú agus staidreamh** (CRRS) chun tuairiscí comhiomlánaithe traschórais a ghiniúint.	2024-2026*	**á fhorbairt**

[2]*Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1272 ón gCoimisiún*, IO L, 2024/1272, 14 Bealtaine 2024.

Caidreamh gnó idir córais faisnéise CGB an Aontais bainistithe ag eu-LISA

Leagtar amach/léirítear sa léaráid an malartú faisnéise idir córais faisnéise CGB an Aontais atá ann cheana – **CFS, VIS** agus **Eurodac** – agus na córais nua atá i mbun forbartha – **EES, ETIAS, ECRIS-TCN**, mar aon leis na comhpháirteanna agus na huirlisí lena gcumasófar idir-inoibritheacht idir na córais CGB uile atá á mbainistiú ag eu-LISA chun bainistiú comhtháite teorainneacha agus slándáil inmheánach fheabhsaithe a éascú do Limistéar Schengen.

Tabhair faoi deara go ndéanfar na naisc idir CFS, EES agus ETIAS, agus idir ECRIS-TCN agus EES, a ródú trí na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a chuirtear i láthair thíos.

Tábla 2. Forbhreathnú ar an gcaidreamh gnó idir córais faisnéise CGB an Aontais bainistithe ag eu-LISA[3]



[3] * Reachtaíocht ar feitheamh a ghlacadh.
** Beidh codanna den fheidhmiúlacht nasctha leis an ailtireacht idir-inoibritheachta chuimsitheach CGB.

Réamhrá ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Le deich mbliana anuas, tá eu-LISA tar éis é féin a bhunú mar chroílár digiteach limistéar Schengen. Is é an misean atá againn teicneolaíocht úrscothach a ghiaráil chun tacú le hiarrachtaí an Aontais agus a Bhallstát an Eoraip a choinneáil oscailte agus slán. Faoi láthair, tá ár n-iarrachtaí go léir dírithe ar an sprioc uaillmhianach a bhaint amach maidir le ceann de na córais bainistithe teorainneacha is forbartha ar domhan a chur chun feidhme. Ag an am céanna, tá digitiú an cheartais tagtha chun cinn mar cheann de phríomhthosaíochtaí an Aontais freisin, agus bainfidh eu-LISA leas as cumhacht na teicneolaíochta digití chun feabhas a chur ar an gcomhar idir cleachtóirí ceartais agus chun seirbhísí níos fearr a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais.

In 2025, leanfaidh eu-LISA de bheith ag obair chun an clár dúshlánach um chlaochlú digiteach a leagtar amach sa Treochlár Idir-inoibritheachta a chur i gcrích, clár a d'fhormhuinigh Comhairle an Aontais Eorpaigh um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile i mí Dheireadh Fómhair 2023. Níos tábhachtaí fós, leanfaidh an Ghníomhaireacht ar aghaidh leis na chéad rabhartaí eile de chórais nua a chur in úsáid, lena n-áirítear ETIAS, ECRIS-TCN, agus ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (CP JITanna).

Tar éis ghlacadh Rialachán Eurodac (athmhúnlú) i mí an Mheithimh 2024, tá tús curtha ag an nGníomhaireacht le huasghrádú cuimsitheach an chórais bainistithe imirce agus tearmainn a chur chun feidhme, ar uasghrádú é nach mór a sholáthar faoi mhí an Mheithimh 2026. Ina theannta sin, leanfaidh eu-LISA ar aghaidh freisin le forbairt an ródaire nua Prüm le haghaidh comhar póilíneachta feabhsaithe, d'fhonn é a sheachadadh in 2027.

I gcomhar le córais nua a fhorbairt, leanfaidh eu-LISA de bhainistiú oibríochtúil rianúil na gcóras CGB atá ann cheana agus atá faoina shainchúram a áirithiú: CFS, VIS, Eurodac agus e-CODEX, ardleibhéal infhaighteachta agus freagrúlachta a choinneáil ar bun. Mar is gnách, beidh slándáil na gcóras agus na cosanta sonraí fós i measc na dtosaíochtaí is airde atá againn.

Ina theannta sin, leanfaidh an Ghníomhaireacht dá plean gníomhaíochta maidir le bainistiú straitéiseach maidir le feabhsú eagraíochtúil a chur chun feidhme. Tá na gnéithe sin go léir leabaithe i gcúig phríomhthosaíocht eu-LISA a leagadh síos do 2025:

- oibriú agus cur chun feidhme éifeachtúil chórais faisnéise CGB an Aontais a chuirtear de chúram ar eu-LISA a áirithiú, agus bogadh de réir a chéile i dtreo bealach nua chun a shamhail oibriúcháin a oibriú agus a nuachóiriú,
- leanúint d'fheabhas a chur ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta ó thaobh na comhlíontachta de,
- rannpháirtíocht na foirne a chothú ionad oibre fónta a dhéanamh de eu-LISA, agus tallann nua a mhealladh agus a choinneáil,

- iniúchadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua, amhail intleacht shaorga agus néalteicneolaíochtaí,
- rialachas na Gníomhaireachta agus a caidreamh leis na príomhpháirtithe leasmhara a chomhdhlúthú, go háirithe institiúidí an Aontais, na Ballstáit, tíortha óstacha, an saol acadúil agus an tionscal.

Aithnímid, chun na spriocanna uaillmhianacha sin a bhaint amach, gur gá dúinn tuilleadh gnóthachan éifeachtúlachta a aimsiú, chun níos mó a dhéanamh le níos lú. Is féidir é sin a bhaint amach trí leas a bhaint as ár n-acmhainní inmheánacha, trí infheistíocht bhreise a dhéanamh in earcaíocht lena chinntiú go bhfuil na tacair scileanna chearta againn go hinmheánach, trí straitéis foinsithe nua a chur chun feidhme, agus trí réitigh IS-bhunaithe a thabhairt isteach le haghaidh gnáthchúraimí chun díriú ar obair ar luach níos airde.

Bíonn fócas agus diongbháilteacht straitéiseach ag teastáil chun córais mhórscála TF a bhainistiú agus a fhorbairt a dhéanfaidh comhar idir údaráis CGB ar fud na hEorpa a chuíchóiriú agus a fheabhsú, agus seirbhísí feabhsaithe á gcur ar fáil dár saoránaigh ag an am céanna. In 2025, leanfaidh eu-LISA de bheith ag obair gan staonadh chun seirbhísí níos fearr a sholáthar a mbeidh tionchar dearfach acu ar shaol beagnach 450 milliún saoránach Eorpach. Déanfaimid é sin trí theicneolaíochtaí nua a ghiaráil agus trí phróisis a dhigitiú a fhreastalóidh ar fhís an Aontais a bheith ina limistéar um shaoirse, um shlándáil agus um cheartas.

Beidh ár dturas i dtreo na spriocanna uaillmhianacha sin dúshlánach ach trí oibriú i gcomhar le chéile, táimid tiomanta i gcónaí don Treochlár Idir-inoibritheachta do réimse CGB an Aontais a chur chun feidhme, agus ar bhonn níos ginearálta, tacú le limistéar Schengen agus leis an Eoraip a mhianta maidir le claochlú digiteach a bhaint amach go rathúil.

Marili Männik,

Stiúrthóir Feidhmiúcháin *ad interim*

Ráiteas misin

Tá Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) freagrach as bainistiú oibríochtúil agus forbairt leanúnach chórais mhórscála TF an Aontais i réimse an cheartais agus gnóthaí baile (CGB).[4] Ó thosaigh sí ag feidhmiú in 2012, tá an Ghníomhaireacht ag cur le cur chun feidhme raon leathan beartas CGB, cuir i gcás víosaí, imirce agus tearmann agus slándáil inmheánach agus ceartas. Dírítear le freagrachtaí eu-LISA ar mhalartú éifeachtúil faisnéise a éascú idir na húdaráis ábhartha ar fud na hEorpa chun bainistíocht sonraíbhunaithe ar theorainneacha seachtracha an Aontais agus i réimse an cheartais a áirithiú, agus taithí shlán gan uaim á cur ar fáil ag an am céanna do thaistealaithe idirnáisiúnta.

Is é príomhthosaíocht na Gníomhaireachta feidhmiú éifeachtach, slán agus gan bhriseadh chórais faisnéise CGB an Aontais a áirithiú i gcomhréir leis an mbunús dlí agus leis na comhaontuithe seirbhíse faoi seach, chomh maith leis an dlí cosanta sonraí agus na ceanglais slándála is infheidhme. Tá infhaighteacht leanúnach na gcóras TF sin riachtanach chun slándáil inmheánach an Aontais a chinntiú agus chun saoirse gluaiseachta a ráthú do shaoránaigh an Aontais.

Chun feidhmiú éifeachtúil limistéar Schengen a áirithiú, tá na córais seo a leanas á mbainistiú ag eu-LISA faoi láthair:

- an Córas Faisnéise Schengen (**CFS**),[5]
- an Córas Faisnéise Víosaí (**VIS**),[6]
- An Bunachar Sonraí Eorpach um Dhachtalascópacht Tearmainn (**Eurodac**),[7]

Ina theannta sin, tacaíonn eu-LISA freisin le digitiú réimse ceartais an Aontais trí chumarsáid shlán a éascú idir údaráis bhreithiúnacha in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an **córas e-CODEX** (Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne),[8]
- An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla – cur chun feidhme tagartha (**ECRIS RI**).

Chun bainistiú teorainneacha sonraíbhunaithe a neartú tuilleadh, agus chun slándáil inmheánach limistéar Schengen a threisiú, cuireadh de chúram ar eu-LISA **ailtireacht idir-inoibritheachta chuimsitheach a fhorbairt don réimse CGB**, mar aon leis na **córais nua** seo a leanas:

- an Córas Dul Isteach/Imeachta (**EES**),[9]
- an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (**ETIAS**),[10]
- an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát

---

4 *Rialachán (AE) 2018/1726*, IO L 295, 21.11.2018.
5 *Rialachán (AE) 2018/1860*, *Rialacháin (AE) 2018/1861*, agus *Rialacháin (AE) 2018/1862*; agus *Rialachán (AE) 2022/1190*, IO L 185, 12.7.2022.
6 *Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle*, agus *Cinneadh 2008/633/CGB*, *Cinneadh 2008/602/CE ón gCoimisiún*, *Rialachán (CE) Uimh. 767/2008*, agus *Rialachán (AE) Uimh. 2021/1133*, *Rialachán (AE) 2021/1134*, *Rialachán (AE) 2023/2667*, agus *Rialachán (AE) 2023/2685*.
7 *Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 ón gCoimisiún*, agus *Rialachán (AE) Uimh. 603/2013*, *Rialachán (AE) Uimh. 604/2013*, *Rialachán (AE) 2024/1356* agus *Rialachán (AE) 2024/1358*.
8 *Rialachán (AE) 2022/850*, IO L 150, 1.6.2022.
9 *Rialachán (AE) 2017/2226*, IO L 327, 9.12.2017.
10 *Rialacháin (AE) 2018/1240* agus *Rialacháin (AE) 2018/1241*.

(**ECRIS-TCN**),[11]

- an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (**CRRS**),
- agus **comhpháirteanna idir-inoibritheachta**: An tairseach chuardaigh Eorpach (**ESP**), an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (**sBMS**), an stóras coiteann sonraí céannachta (**CIR**), an brathadóir ilchéannachtaí (**MID**).[12]

Le cúpla bliain anuas, cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht roinnt tionscnamh nua a fhorbairt:

- **Ródaire lárnach Prüm II** (malartú sonraí uathoibrithe le haghaidh comhar póilíneachta),[13]
- **Ródaire API** (réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí),[14]
- **Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú** (CP JITanna),[15]
- **Ardán an Aontais um Iarratais ar Víosaí** (EU VAP)**,**[16]
- **An feidhmchlár AE um shonraí taistil digiteacha** (DTA).[17]

Chun saineolas úrscothach a chur ar fáil dá phríomh-gheallsealbhóirí – an Coimisiún, na Ballstáit agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais – déanann eu-LISA faireachán gníomhach ar na forbairtí is déanaí ó thaobh **taighde agus nuálaíochta** de, chun réitigh theicneolaíocha nua a shainaithint agus a thástáil chun a éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú tuilleadh agus chun an claochlú digiteach i réimse CGB a chur chun cinn. Ina theannta sin, cuireann eu-LISA seirbhísí ardcháilíochta ar fáil d'úsáideoirí deiridh chórais CGB, lena n-áirítear tacaíocht 24/7, oiliúint d'úsáideoirí agus tuairisciú ar fheidhmíocht an chórais.

Tá an Ghníomhaireacht fós trédhearcach agus cuntasach dá geallsealbhóirí agus do shaoránaigh an Aontais.

Cosaint sonraí

Agus a misean, a cuspóirí agus a gníomhaíochtaí laethúla á saothrú aici, tá an Ghníomhaireacht tiomanta do **ardleibhéal cosanta sonraí** a áirithiú, i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear forálacha sonracha le haghaidh gach córais mórscála TF atá faoina cúram, dá bhforáiltear in Airteagal 2(f) den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA.

Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil ag eu-LISA, comhlíontar cearta bunúsacha, lena n-áirítear urraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh agus cosaint sonraí pearsanta mar a chumhdaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.[18] Urramaíonn an Ghníomhaireacht na prionsabail uile a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta de réir Rialachán (AE) 2018/1725,[19] eadhon teorannú de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, cruinneas, cuntasacht, teorannú stórála, sláine agus rúndacht. I gcur chun feidhme agus i mbainistiú oibríochtúil a córas, mar aon lena n-idir-inoibritheachta, tugann eu-LISA aird ar leith ar phrionsabal na **cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú**, mar a leagtar amach in

---

[11]*Rialachán (AE) 2019/816* agus *Rialachán (AE) 2024/1352*.
[12] *Rialacháin (AE) 2019/817* agus *Rialacháin (AE) 2019/818*, IO L 135, 22.5.2019.
[13] *Rialachán (AE) 2024/982,* IO L, 2024/982, 5.4.2024.
[14] Tá *dhá thogra le haghaidh rialachán* curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún maidir le bailiú agus aistriú **réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí** (API).
[15] *Rialachán (AE) 2023/969,* IO L 132, 17.5.2023.
[16] *Rialachán (AE) 2023/2667*, IO L, 7.12.2023.
[17]*Togra le haghaidh Rialacháin* lena mbunaítear feidhmchlár chun sonraí taistil a chur isteach go leictreonach (an '**feidhmchlár AE um shonraí taistil digiteacha**') [*COM (2024) 670* final].
[18] *Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh*, IO C 202, 7.6.2016, lgh. 389-405.
[19] *Rialachán (AE) 2018/1725* an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (**EUDPR**).

Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2018/1725, Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/679[20] agus Airteagal 20 de Threoir (AE) 2016/680.[21]

MISSION

We aim to support the EU and the Member States in their efforts to keep Europe open and secure through advanced technology

VISION

We strive to provide innovative and practical solutions for the EU's evolving needs while driving digital transformation in the area of justice and home affairs

CORE VALUES

ACCOUNTABILITY: deploying a robust governance framework, cost-efficient operations and sound financial management

TRANSPARENCY: engaging in continuous dialogue with key stakeholders to define eu-LISA's long-term development strategy

EXCELLENCE: having the right organisational structure, processes, and people to ensure service continuity and quality of tools provided to the Member States

CONTINUITY: making the best use of expertise, knowledge and investments provided by the Member States, and their continued development

TEAMWORK: empowering each team member to make the best use of their knowledge and experience, contributing to shared success

CUSTOMER FOCUS: ensuring that eu-LISA's activities are always aligned with the needs and demands of its stakeholders

HEADQUARTERS
TALLINN,
ESTONIA

OPERATIONAL SITE
STRASBOURG,
FRANCE*

BACKUP SITE
ST. JOHANN IM PONGAU,
AUSTRIA

LIAISON OFFICE
BRUSSELS,
BELGIUM

* The development and operational management of the e-CODEX is in Tallinn, Estonia.

---

[20] *Rialachán (AE) 2016/679* an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, **RGCS**).

[21] *Treoir (AE) 2016/680* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

[PLEASE LEAVE EMPTY]

Réamhrá

Sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair (SPD) seo tugtar forléargas struchtúrtha ar chuspóirí agus ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta atá beartaithe, lena n-áirítear leithdháileadh acmhainní (airgeadais agus daonna) chun trédhearcacht, cuntasacht agus éifeachtúlacht a áirithiú maidir lena sainordú a sheachadadh.

Cuirtear i láthair san SPD seo tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí eu-LISA bunaithe ar chuspóirí oibríochtúla na Gníomhaireachta agus ar thosaíochtaí polaitiúla an Aontais. Dá réir sin, cuirtear ar fáil ann soiléireacht agus cinnteacht do gheallsealbhóirí eu-LISA go bhfuil cur chuige córasach agus comhsheasmhach á ghlacadh ag an nGníomhaireacht i leith chomhlíonadh a sainordaithe trí úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní daonna agus airgeadais leithdháilte.

Ina theannta sin, feidhmíonn an SPD freisin mar chinneadh maoinithe ina leagtar amach leithdháiltí acmhainní eu-LISA ar fud na ngníomhaíochtaí go léir atá beartaithe do 2024. Tá sé mar aidhm ag an doiciméad seo breac-chuntas soiléir a sholáthar ar na hacmhainní is gá chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais nua agus ar riachtanais atá ag teacht chun cinn, agus ag an am céanna a leibhéal barr feabhais oibríochta atá ann cheana a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh.

- I gCuid 1, tugtar **forléargas ar chomhthéacs foriomlán eacnamaíoch, beartais agus rialála** obair eu-LISA, ina leagtar béim mhionsonraithe ar na dúshláin, na riachtanais agus na tosaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm ag an doiciméad seo aghaidh a thabhairt orthu.
- Leagtar amach i gCuid 2 an **plean ilbhliantúil trí bliana (2025-2027)**, gníomhaíochtaí agus acmhainní, lena dtugtar forléargas mionsonraithe ar fhócas fadtéarmach na Gníomhaireachta, agus ar a pleananna chun spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.
- I gCuid 3, tugtar tuilleadh sonraí i dtaobh na caoi a bhfuil sé beartaithe ag an nGníomhaireacht a **tosaíochtaí ilbhliantúla a chur i gcrích in 2025**, lena n-áirítear miondealú ar na hacmhainní daonna agus airgeadais is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- Sna **hiarscríbhinní** a ghabhann leis an doiciméad seo, tá spléachadh níos mionsonraithe ar úsáid acmhainní, mar aon le trédhearcacht bhreise maidir le hobair agus oibríochtaí na Gníomhaireachta.

Cúlra dlíthiúil

Le hAirteagal 24(3)(d) de eu-LISA lena mbunaítear Rialachán (AE) 2018/1726, cuirtear de chúram ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Doiciméad Clársceidealaithe Aonair na Gníomhaireachta a ullmhú agus dul faoi chomhairliúcháin leis an gCoimisiún agus leis na Grúpaí Comhairleacha sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta é lena ghlacadh.

Tugtar sainordú don Bhord Bainistíochta chun Doiciméad Clárúcháin Aonair na Gníomhaireachta a ghlacadh le hAirteagail 19(1)(q) agus (r) den Rialachán céanna.

Leagan amach an doiciméid clársceidealaithe

Tá an doiciméid chlársceidealaithe seo leagtha amach i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin.22 Tá cur i láthair ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta bunaithe ar shraith **punann**.[23] Sa chomhthéacs seo, tagraíonn ‘punann’ do bhailiúchán gníomhaíochtaí, tionscadail aonair agus/nó cúraimí neamhthionscadail a bhainistítear mar ghrúpa. Déantar punanna a ghrúpáil de réir na réimsí oibre oibríochtúla seo a leanas de chuid na Gníomhaireachta: imirce agus tearmann, slándáil inmheánach agus comhar forfheidhmithe dlí, Schengen,

[22] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2020 [*COM (2020) 2297*] maidir le rialachas Chomhlachtaí an Aontais a neartú faoi Airteagal 70 de Rialachán Airgeadais 2018/1046 agus maidir leis na treoirlínte do dhoiciméid chlársceidealaithe aonair (SPD).
[23] D'fhéadfadh líon na bpunann a athrú le himeacht ama ag brath ar theacht chun cinn na gcúraimí a shanntar do eu-LISA.

teorainneacha agus víosaí, comhar ceartais, idir-inoibritheacht, agus bonneagar, chomh maith le tacaíocht d'oibríochtaí, rialachas agus feidhmeanna corparáideacha.

Áirithítear leis an gcur chuige sin comhordú níos fearr idir tionscadail aonair agus gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí tionscadail iad, agus ag an am céanna éascaíonn sé cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla eu-LISA a bhaint amach trí úsáid optamaithe a bhaint as na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil. Cumasaíonn sé freisin sineirgí agus barainneachtaí scála, agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil.

COMHTHÉACS GINEARÁLTA

1

Comhthéacs beartais

Cuireann sainordú agus príomhghníomhaíochtaí oibríochtúla eu-LISA le cur chun feidhme na **dtreoirlínte polaitiúla leagtha síos ag an gCoimisiún Eorpach** don tréimhse ó 2019 go 2024.[24] I mí na Nollag 2022, d’eisigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún dearbhú comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais do 2023 agus 2024.[25] Áirítear ar na tosaíochtaí sin bailchríoch a chur ar an **athchóiriú imirce agus tearmainn**,[26] agus athbhreithniú a dhéanamh ar **Chód Teorainneacha Schengen**.[27] I measc na dtosaíochtaí eile a bhaineann le sainordú eu-LISA tá **digitiú nósanna imeachta víosaí agus doiciméad taistil**, **malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí**, agus an oibleagáid **réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí** a chur in iúl.

Ag an gcéim seo d’ullmhúchán an SPD, níl tosaíochtaí choláiste nua an Choimisiúin, atá le ceapadh ag deireadh 2024, ar eolas go fóill. Mar sin féin, tá an Ghníomhaireacht tiomanta do bheartais ábhartha an Aontais a chur chun feidhme laistigh de chreat a sainordaithe.

Airteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach

Cuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh **limistéar saoirse, slándála agus ceartais**, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar **saorghluaiseacht daoine** i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoireacht a chosc agus a chomhrac.

Tá clár oibre na Gníomhaireachta ailínithe le tosaíocht an Choimisiúin i dtaobh **modh maireachtála na hEorpa a chur chun cinn** trí rannchuidiú le **Limistéar Schengen** lánfheidhmiúil a chaomhnú. Rannchuidíonn an Ghníomhaireacht le tionscnaimh bainistithe imirce agus slándála inmheánaí trí chórais TF agus uirlisí digiteacha ábhartha a oibriú agus a bhainistiú lena dtacaítear le bainistiú theorainneacha seachtracha an Aontais a neartú agus leis an athchóiriú ar an gcóras Eorpach tearmainn. Díríonn rannchuidiú eu-LISA le **claochlú digiteach na hEorpa** ar chórais nua a chur ar fáil chun seirbhísí níos fearr a thabhairt do na Ballstáit agus do shaoránaigh an Aontais ar deireadh, trí theicneolaíochtaí úrscothacha a thabhairt isteach, amhail an intleacht shaorga, an bhithmhéadracht, agus an chibearshlándáil, i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha maidir le cosaint sonraí agus slándáil. In 2024, chuir an Ghníomhaireacht tús le hiniúchadh a dhéanamh ar an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as néalteicneolaíochtaí ceannasacha chun tacú lena cuid oibre, agus srianta sonracha eu-LISA á gcur san áireamh ag an am céanna. Ina theannta sin, tá dlús á chur ag an nGníomhaireacht lena hiarrachtaí **digitiú ar réimse ceartais an Aontais a chur chun cinn**, chomh maith le nósanna imeachta imirce, tearmainn agus víosaí a thagann faoina sainordú.

Leanfaidh an tAontas dá **thacaíocht bhuanseasmhach don Úcráin**, dá muintir, agus do na hEorpaigh a bhfuil deacrachtaí acu mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. I ndlúthpháirtíocht leis an Úcráin, tá an Ghníomhaireacht tiomanta i gcónaí do chúnamh a thabhairt d’institiúidí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais, agus do na Ballstáit, leis na huirlisí go léir atá ar fáil di faoina sainordú. Rannchuidíonn an Ghníomhaireacht le tacaíocht an Aontais don Úcráin trí iarrachtaí comhroinnte Líonra Gníomhaireachtaí CGB (JHAAN), agus freisin tríd an ról ríthábhachtach atá ag cuid de na córais TF arna mbainistiú ag eu-LISA (CFS agus Eurodac go háirithe), chomh maith le córais agus uirlisí nua atá á bhforbairt, amhail EES agus ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú. Thairis sin, tá an Ghníomhaireacht réidh chun comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le saincheisteanna teicniúla a bhaineann le córais atá ann cheana nó córais nua. Go háirithe, ós rud é go bhfuil an cogadh tar éis timpeallacht bhagartha na cibearshlándála a athrú o bhonn, leanfaidh eu-LISA dá chomhar le hinstitiúidí agus le gníomhaireachtaí an Aontais maidir leis an gcibearshlándáil agus an athléimneacht, agus cuirfidh sé feabhas breise air, i gcomhar lena shlándáil sonraí agus fhisiciúil a threisiú go leanúnach.

Athruithe agus treochtaí i staid an Aontais agus rannchuidiú le beartais atá ann cheana

Braitheann éifeachtúlacht agus éifeachtacht **bheartais an Aontais maidir le himirce, tearmann agus rialú ag teorainneacha seachtracha**, agus an cumas freagairt do **bhagairtí slándála atá ag síorathrú** (i.e. an

---

[24] *Treoirlínte polaitiúla don chéad Choimisiún eile (2019-2024)*, Samhain 2019.
[25] Dearbhú Comhpháirteach ón bParlaimint, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le *Tosaíochtaí Reachtacha an Aontais do 2023*, an 15 Nollaig 2022.
[26] Parlaimint na hEorpa (2022) *The EU legal migration package: Towards a rights-based approach to attracting skills and talent to the EU* [Pacáiste AE um imirce dhleathach: I dtreo cur chuige bunaithe ar chearta an duine chun scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas Eorpach]*Towards a rights-based approach to attracting skills and talent to the EU* [I dtreo cur chuige cearta-bhunaithe chun scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas Eorpach], Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an Aontais, Nollaig 2022.
[27] Parlaimint na hEorpa (2022) *Athbhreithniú ar Chód Teorainneacha Schengen*, Seirbhís Taighde na Parlaiminte, Aibreán 2022.

sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe, an chibearchoireacht), ar mhalartú tráthúil cuimsitheach faisnéise idir na húdaráis ábhartha ar fud na hEorpa, agus is fearr a éascaítear é le córais faisnéise nua-aimseartha. Tugtar aghaidh ar na riachtanais bheartais, ghnó agus oibríochtúla sin le córais nua (EES, ETIAS agus ECRIS-TCN), chomh maith le comhpháirteanna agus uirlisí (LSE, sBMS, SCSC, MID, CRRS) a bheidh mar chuid den ailtireacht idir-inoibritheachta nua d'fhearann CGB an Aontais. Mar a leagtar amach sa **Treochlár Idir-inoibritheachta** a d'fhormhuinigh an Chomhairle CGB i mí Dheireadh Fómhair 2023, déanfar comhpháirteanna na hailtireachta idir-inoibritheachta sin a chur i bhfeidhm de réir a chéile i rabhartaí cur in úsáid as a chéile chun cur chuige cliste comhtháite a sholáthar ar mhaithe le slándáil inmheánach na hEorpa a áirithiú.

Agus í an ghníomhaireacht de chuid an Aontais í atá freagrach as bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais faisnéise CGB, leanfaidh eu-LISA de bheith ar cheann de na **príomh-rannchuidithe le réimse CGB an Aontais**. Sna blianta amach romhainn, áiritheofar le cur i bhfeidhm **teicneolaíochtaí núíosacha agus nuálacha** comhar oibríochtúil níos éifeachtaí atá bunaithe ar fhaisnéis idir na Ballstáit agus gníomhaireachtaí CGB an Aontais, agus is fearr a fhreastalóidh idir-inoibritheacht chórais CGB ar riachtanais na n-úsáideoirí deiridh, lena soláthrófar cur chuige comhtháite cliste chun slándáil inmheánach a áirithiú.

Sa chomhthéacs sin, tá an Ghníomhaireacht tiomanta i gcónaí do chuspóirí **Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála 2020-2025** a chur chun feidhme, go háirithe an ceathrú tosaíocht straitéiseach a bhaineann le **héiceachóras láidir slándála Eorpach a thógáil**.[28] Tar éis chur chun feidhme iomlán na Rialachán maidir le CFS Athmhúnlaithe i mí an Mhárta 2023, leanfaidh eu-LISA de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt leanúnach an chórais chun an comhar idir údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis teorann agus údaráis imirce ar fud na hEorpa a éascú.

Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag eu-LISA tacú le **bainistiú nua-aimseartha agus éifeachtúil teorainneacha seachtracha** tríd an **VIS Athbhreithnithe**[29], agus trí dhá chóras nua a fhorbairt: an córas dul isteach/imeachta (**EES**), agus an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (**ETIAS**), a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh slándáil inmheánach Limistéar Schengen a chaomhnú, agus taisteal idirnáisiúnta agus saoirse gluaiseachta á n-éascú ag an am céanna.

De réir **Rialachán Prüm II** maidir le malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh cúraimí comhair póilíneachta, is é eu-LISA a bheidh freagrach as ródaire lárnach nua a fhorbairt agus a bhainistiú go hoibríochtúil ina dhiaidh sin, ródaire a chuirfear in ionad an chórais nasc aonair atá ann faoi láthair idir bunachair sonraí náisiúnta.[30] A luaithe a bheidh feidhm leis, éascófar leis malartú faisnéise agus feabhsófar leis comhar idir údarais forfheidhmithe dlí náisiúnta, trí úsáid a bhaint as an ailtireacht idir-inoibritheachta nua. Faoi láthair, tá gníomhartha cur chun feidhme á ndréachtú ar leibhéal an choiste agus tá eu-LISA ag ullmhú d'fhorbairt an chórais, agus tá teacht i bhfeidhm trialach socraithe do 2027.

Faoin Rialachán maidir le **digitiú an nós imeachta víosa**, tá eu-LISA freagrach freisin as forbairt theicniúil agus bainistiú oibríochtúil **ardán an Aontais um iarratais ar víosaí** (EU VAP) a dhéanfaidh próiseas iarratais ar víosaí Schengen do náisiúnaigh tríú tír a shimpliú agus a nuachóiriú.[31] De réir na pleanála trialach, táthar ag súil go dtosóidh EU VAP ag feidhmiú faoi 2028.

Ina theannta sin, tá dhá thogra reachtacha ann freisin, a bhaineann le eu-LISA:

- ródaire chun **réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí** (API) a bhailiú agus a aistriú chun sainaithint taistealaithe a chuíchóiriú tuilleadh agus chun bainistiú teorainneacha a shimpliú.[32] De réir na dtograí, in ionad na Treorach API atá ann faoi láthair,[33] beidh eu-LISA freagrach as dearadh, forbairt, óstáil agus bainistiú teicniúil an ródaire API a fheidhmeoidh mar phointe nasctha idir na Ballstáit agus aeriompróirí chun sonraí API a bhailiú agus a tharchur. Táthar ag súil go dtiocfaidh an ródaire i bhfeidhm in 2028;
- Le tamall anuas, tá sé beartaithe ag eu-LISA an **feidhmchlár AE um shonraí taistil digiteacha** (DTA) a fhorbairt chun sonraí taistil a chur isteach go leictreonach, mar aon leis an Ródaire Taistealaithe a

---

[28] *Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála 2020-2025*, an 24 Iúil 2020, *COM (2020) 605 final*.

[29] *Rialachán 2021/1134* an 7 Iúil 2021 chun críche **an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) a athchóiriú**.

[30] *Rialachán (AE) 2024/982* maidir le cuardach agus malartú uathoibrithe sonraí le haghaidh comhar póilíneachta (**Rialachán Prüm II**).

[31] *Rialachán (AE) 2023/2667* an 22 Samhain 2023 a mhéid a bhaineann le **digitiú an nós imeachta víosa**.

[32] Tá curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún *moltaí le haghaidh dhá rialachán* maidir le bailiú agus aistriú **réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí** (API).

[33] *Treoir 2004/82/CE ón gComhairle* an 29 Aibreán 2004 maidir leis an **oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl**, IO L 261, 6.8.2004.

tharchuireann na sonraí taistil chuig na húdaráis inniúla.[34] De réir an togra, beidh eu-LISA freagrach as lárchóras an Aontais a fhorbairt agus a oibriú chun **dintiúr taistil dhigitigh** (DTC) a dhíorthú ó dhoiciméid taistil fhisiciúla atá ann cheana agus as iad a chur isteach leis na sonraí taistil ábhartha do na húdaráis fhreagracha.

Chomh maith le réitigh lena dtugtar aghaidh ar thaisteal idirnáisiúnta agus ar bhainistiú teorainneacha, tá dlús á chur ag an nGníomhaireacht freisin lena rannchuidiú le **digitiú an cheartais** trí uirlisí agus ardáin TF a fhorbairt agus a bhainistiú go hoibríochtúil, ar uirlisí agus ardáin iad lena bhfeabhsaítear an comhar i réimse ceartais an Aontais.[35] An 3 Meitheamh 2024, ghlac eu-LISA freagracht air féin as bainistiú a dhéanamh ar an **gcóras e-CODEX**, ar príomhchumasóir é chun imeachtaí breithiúnacha trasteorann a dhigitiú.[36] Ina theannta sin, tá sé de chúram ar eu-LISA an **t-ardán comhair le haghaidh Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú** (CP JITanna) a dhearadh, a fhorbairt agus a oibriú amach anseo.[37] Is é an Coimisiún a chinnfidh dáta tosaithe oibríochtúil an ardáin, tráth nach déanaí ná dhá bhliain go leith tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin.

Den chuid is mó, cuirtear obair eu-LISA i gcrích faoi threoir Straitéis Schengen an Choimisiúin, Shásra athbhreithnithe Meastóireachta agus Faireacháin Schengen (SEMM), agus Thuarascáil 2024 ar Staid Schengen.[38] Is é is aidhm do **Straitéis Schengen** athléimneacht limistéar Schengen a dhaingniú agus a fheabhsú – an limistéar saorghluaiseachta is mó ar domhan.[39] Go teoiriciúil, feidhmíonn gach córas faisnéise CGB arna oibriú ag eu-LISA mar bhearta cúiteacha chun saorghluaiseacht laistigh de Limistéar Schengen a éascú, agus tá **SEMM** athbhreithnithe ceaptha chun cabhrú leis na Ballstáit *acquis* Schengen a chur chun feidhme trí roinnt gnéithe den sásra meastóireachta agus faireacháin a neartú, lena n-áirítear ról ghníomhaireachtaí CGB. [40] I ndáil leis sin, leanfaidh eu-LISA de bheith rannpháirteach in SEMM agus de rannchuidiú leis ar iarratas ón gCoimisiún.

Ina theannta sin, leanfaidh eu-LISA de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme agus d'fhorbairt bhreise **shásra an Treoirphlean Ullmhachta Imirce agus Bainistithe Géarchéime**, agus dá rannchuidiú gníomhach freisin le **Baraiméadar Schengen+** a fhorbairt agus a ullmhú tríd an bhfaisnéis agus na staitisticí is gá a sholáthar chun rioscaí a shainaithint i réimsí na dteorainneacha, na himirce, na slándála inmheánaí agus na víosaí, laistigh de na teorainneacha a shainítear i rialacháin a bhaineann go sonrach leis an gcóras. In éineacht le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus laistigh dá shainordú dlíthiúil, rannchuideoidh eu-LISA freisin le feabhas a chur ar **fheasacht staide agus réamhaisnéis** ar leibhéal an Aontais maidir le bainistiú imirce agus slándáil inmheánach. Mar shealbhóir Uachtaránacht JHAAN in 2024, chuir an Coimisiún agus an mheitheal um Ábhair Schengen de chúram ar eu-LISA a bheith i gceannas ar an tionscnamh maidir le mapáil a dhéanamh ar uirlisí tuairiscithe Schengen na ngníomhaireachtaí CGB atá ann cheana sna réimsí a bhaineann le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac.

Le **Comhaontú Nua an Aontais maidir le hImirce agus Tearmann**, a glacadh i mí na Bealtaine 2024, beidh ról tábhachtach ag eu-LISA i bhforbairt bhreise **Eurodac**, córas bainistithe tearmainn an Aontais.[41] Tá an **Rialachán Eurodac (athmhúnlú)** ar cheann de na cnámha droma oibríochtúla a thacaíonn leis an gcreat dlíthiúil nua, agus is réamhchoinníoll criticiúil é forbairt agus teacht i bhfeidhm tráthúil an chórais chun gach gné eile den Chomhshocrú a chur chun feidhme.[42] I gcomhthráth le feidhmiú Eurodac atá ann cheana, forbróidh eu-LISA córas nua idir-inoibritheach agus comhtháite le haghaidh imirce agus bainistiú teorainneacha chun imirce neamhrialta a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí. A luaithe a bheidh sé

[34] *Togra le haghaidh Rialachán* lena mbunaítear feidhmchlár chun sonraí taistil a chur isteach go leictreonach (an '**feidhmchlár AE um shonraí taistil digiteacha**') /.../ [*COM(2024) 670 final*].

[35] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Ceartas san Aontais a Dhigitiú*: A Toolbox of Opportunities [Digiteáil an cheartais san Aontas Eorpach: bosca uirlisí de dheiseanna], COM (2020) 710 final.

[36] Chun tuilleadh faisnéise a fháil, tabhair cuairt ar *shuíomh gréasáin tiomnaithe e-CODEX eu-LISA.*

[37] Chun tuilleadh faisnéise a fháil, tabhair cuairt ar *shuíomh gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin maidir le Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú*.

[38] *State of Schengen report 2024 [Tuarascáil ar Staid Schengen 2024]*, Teachtaireacht ón gCoimisiún, an 16 Aibreán 2024, COM/2024/173 final.

[39] *A strategy towards a fully functioning and resilient Schengen Area [Straitéis i dtreo Limistéar Schengen atá lánfheidhmiúil agus athléimneach]*, COM (2021) 277 final.

[40] *Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle* maidir leis an sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú.

[41] Chun tuilleadh eolais a fháil, féach leathanach tiomnaithe AS HOME i ndáil leis an *gComhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann*.

[42] *Rialachán (AE) 2024/1358* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le **bunú Eurodac** chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile chun Rialacháin (AE) 2024/1351 agus (AE) 2024/1350 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint, agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, IO L, 22.5.2024.

oibríochtúil, beidh ról lárnach ag an gcóras nua maidir le rialacha nua freagrachta a chur i bhfeidhm agus rialacha nua dlúthpháirtíochta a oibríochtú trí naisc shoiléire agus chomhsheasmhacha a chruthú idir daoine aonair sonracha agus na nósanna imeachta a bhfuil siad faoina réir, agus ag an am céanna brath gluaiseachtaí neamhúdaraithe chuig Ballstáit eile a éascú.

Maidir leis an intleacht shaorga (IS), tá eu-LISA ar cheann de na geallsealbhóirí a rannchuidíonn le **cur chuige Eorpach comhtháite comhleanúnach a fhorbairt i leith na hintleachta saorga** – sraith rialacha comhchuibhithe is infheidhme maidir le córais intleachta saorga a dhearadh, a fhorbairt agus a úsáid bunaithe ar chur chuige comhréireach rioscabhunaithe.[43] Le tacaíocht ón gCoimisiún, **is é uaillmhian fhadtéarmach eu-LISA go mbeidh ról lárnach ag an intleacht shaorga i réimse na slándála inmheánaí, na himirce agus an cheartais**. Chuige sin, leanann an Ghníomhaireacht de chumais inmheánacha a fhorbairt, agus ag an am céanna a saineolas ábhair a leathnú agus a dhoimhniú. Dírítear ar iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí, na tairbhí agus na teorainneacha a bhaineann le réitigh IS a úsáid do chórais faisnéise CGB (e.g. i gcás sBMS, CRRS agus ETIAS), chomh maith le feidhmeanna tacaíochta, amhail faireachán ar fheidhmchláir agus ar bhonneagar eu-LISA, agus chun críocha cibearshlándála. Ina theannta sin, tá tús curtha ag eu-LISA freisin le réitigh intleachta saorga a chur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí corparáideacha.

Ar fud an domhain, tá an Ghníomhaireacht tiomanta fanacht ar thús cadhnaíochta sa **nuálaíocht dhigiteach i bhfearann CGB an Aontais**. Tá claochlú bunúsach á dhéanamh ar réimsí fócais uile eu-LISA – rialú teorann, imirce, slándáil inmheánach agus ceartas – trí dhigitiú agus uathoibriú. Cuidíonn an ullmhacht chun córais agus uirlisí TF níos sofaisticiúla, níos solúbtha agus níos comhtháite a úsáid lena chinntiú go bhfreagraíonn an Aontais go héifeachtach do thírdhreach bagairtí agus dúshláin slándála atá ag síorathrú.

Éilíonn na forbairtí sin ar eu-LISA níos mó airde a dhíriú ar an **gcibearshlándáil** agus bagairtí sa chibear-réimse a chomhrac. Aithníonn an Ghníomhaireacht na dúshláin a eascraíonn as an ré dhigiteach agus tá sí tiomanta a áirithiú go gcomhlíonfaidh a cuid gníomhaíochtaí uile **Rialachán an Aontais maidir le Cibearshlándáil**, lena gcuirfear raon leathan beart ar fáil chun faisnéis a mhalartú go slán idir na Ballstáit agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, chomh maith le slándáil fhoriomlán na gcóras TF a mbainistíonn eu-LISA a áirithiú.[44]

Chun soláthar cobhsaí seirbhíse a áirithiú do na geallsealbhóirí uile, tá eu-LISA ag leanúint dá athléimneacht eagraíochtúil a dhaingniú trí chur chuige coiteann a chur chun feidhme maidir le **leanúnachas gnó agus téarnamh ó thubaiste** do gach córas faisnéise CGB atá faoina bhainistiú. Sa bhreis ar an Rialachán maidir le Cibearshlándáil, cuirfidh an Ghníomhaireacht chun feidhme na ceanglais slándála a eascraíonn as an togra reachtach a cuireadh ar aghaidh in 2022 le haghaidh **Rialachán an Aontais maidir le slándáil faisnéise**,[45] agus cuirfidh sí a creat beartais slándála agus leanúnachais gnó atá ann faoi láthair in oiriúint don chóras nua is infheidhme maidir le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais.

Comhar le príomh-chomhpháirtithe

Is iad príomh-chomhpháirtithe na Gníomhaireachta údaráis náisiúnta na mBallstát i réimsí an cheartais agus gnóthaí baile, institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith le hionadaithe tionscail, institiúidí taighde, an pobal i gcoitinne agus na meáin. De réir an chreata rialála, déantar ionadaíocht ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais i gcomhlachtaí rialachais eu-LISA do chórais faisnéise CGB. Laistigh den Aontas, comhoibríonn an Ghníomhaireacht go dlúth leis an gCoimisiún, leis an bParlaimint, leis an gComhairle agus le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE). Ina theannta sin, tá dlúth-idirghníomhaíochtaí ag eu-LISA leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS), agus leis an bhFoireann Práinnfhreagartha Ríomhaire d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE (CERT-EU).

Thar na blianta, tá comhar dlúth agus torthúil á chothú ag eu-LISA le raon leathan **gníomhaireachtaí an Aontais**, go háirithe i réimse CGB, ag comhaireamh mar na comhpháirtithe is gaire dó, Europol, Eurojust, Frontex, CEPOL (Gníomhaireacht an Aontais um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí), Gníomhaireacht an Aontais um Thearmann (EUAA) agus Gníomhaireacht an Aontais um Chearta Bunúsacha (FRA). Mar shampla, comhordaíonn eu-LISA gníomhaíochtaí oiliúna le Frontex, CEPOL agus FRA. Ina theannta sin, comhoibríonn eu-LISA freisin le Gníomhaireacht an Aontais um Chibearshlándáil (ENISA), le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), agus leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE). Rialaítear caidreamh idirghníomhaireachta déthaobhach den sórt sin le socruithe oibre agus

[43]*Rialachán (AE) 2024/1689* an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (**an Gníomh um an Intleacht Shaorga**).

[44] *Rialachán (AE, Euratom) 2023/2841* an 13 Nollaig 2023 lena leagtar síos bearta le haghaidh **ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála** in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, OJ L, 18.12.2023.

[45] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le *slándáil faisnéise in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i ngníomhaireachtaí an Aontais*, COM (2022) 119 final.

meabhráin tuisceana, a tugadh i gcrích le CEPOL, Europol, Eurojust, EUAA, FRA, Frontex agus ENISA.

Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht socrú oibre a bhunú leis an **nGníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh** (EASA), chun caidreamh oibre níos dlúithe a fhorbairt a d'éascódh cur chun feidhme rialacháin cur chun feidhme EES agus ETIAS d'iompróirí, go háirithe forálacha maidir le (dí)chlárú. Chuige sin, tá dréachtsocrú oibre ullmhaithe ag an dá ghníomhaireacht chun malartú faisnéise a chumasú, ag díriú ar aeriompróirí atá cláraithe le EASA. Beidh aon socrú oibre den sórt sin faoi réir formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún agus údarú ó Bhord Bainistíochta eu-LISA.[46]

Tagann an t-athnuachan atá beartaithe ar an socrú oibre le **Frontex** ó shainorduithe leathnaithe an dá ghníomhaireacht le blianta beaga anuas agus ó chinneadh faoi seach ó Bhord Bainistíochta Frontex a glacadh in 2022. Tá plé ar siúl faoi láthair chun soláthar seirbhísí óstála cúltaca do chórais Frontex a mhéadú tuilleadh.

Tá tús curtha ag **ENISA** agus Ard-Stiúrthóireacht um Líonraí Cumarsáide, Ábhar Digiteach agus Teicneolaíocht (AS CONNECT) de chuid an Choimisiúin le comhairliúcháin le eu-LISA chun a shaineolas a sholáthar don Ardán Tuairiscithe Aonair atá le cur chun feidhme ag ENISA, mar a fhoráiltear sa **Ghníomh um Chibear-Athléimneacht**.[47]

Tá an Ghníomhaireacht fós ina comhalta gníomhach de **Líonra Gníomhaireachtaí CGB** (JHAAN), ina bhfuil naoi ngníomhaireacht de chuid an Aontais atá ag feidhmiú i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Tá eu-LISA ina chomhalta gníomhach freisin de **Mhol Nuálaíochta an Aontais don tSlándáil Inmheánach** arna óstáil ag Europol, agus tá sé ina chathaoirleach ar ghrúpa oibre de chuid an Mhoil um bithmhéadracht.

Leanann eu-LISA freisin de bheith rannpháirteach in obair an **Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh** (EUAN) a fhreastalaíonn ar chruinnithe ardleibhéil, a ghlacann páirt i bhformhór a fho-líonraí, agus a bhíonn i mbun malartú rialta dea-chleachtas maidir le cúrsaí riaracháin éagsúla (e.g. buiséad agus airgeadas, acmhainní daonna, bainistiú feidhmíochta, cumarsáid, saincheisteanna dlí, cúrsaí comhshaoil, cibearshlándáil, etc.). Trí EUAN, cuireann eu-LISA ionchur agus saineolas ar fáil d'ullmhú thograí reachtacha an Choimisiúin, go háirithe iad siúd a bhaineann le cibearshlándáil agus slándáil faisnéise.

Tá an Ghníomhaireacht ag súil le comhar níos dlúithe le **Eurostat** i réimse an staidrimh agus ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí caighdeánaithe a bhaineann le taifid riaracháin atá ábhartha do tháirgeadh staidrimh Eorpaigh.[48] Déanfar an comhar a chur ar bhonn foirmiúil i Meabhrán Tuisceana idir an Coimisiún (Eurostat) agus eu-LISA. Ina theannta sin, tá eu-LISA ag comhoibriú go gníomhach freisin le **hAirmheán Comhpháirteach Taighde** an Choimisiúin (AS JRC).

---

[46] Airteagal 43(2) de *Rialachán (AE) 2018/1726*.

[47] *Rialachán (AE) 2024/2847* an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (**an Gníomh um Chibear-Athléimneacht**), IO L, 20.11.2024.

[48] Airteagal 17(a) de *Rialachán (CE) Uimh. 223/2009* maidir le staidreamh Eorpach.

PLEANÁIL ILBHLIANTÚIL

2

1. Clár oibre ilbhliantúil

Thar na blianta, tá fás agus forbairt tagtha ar eu-LISA, a bhí ina gníomhaireacht bheag theicniúil tráth, ionas go bhfuil sé anois ina rannchuiditheoir iontaofa, ar féidir brath air i dtaobh beartais digitithe an Aontais i réimse CGB a chur chun feidhme. Téann an Ghníomhaireacht i mbun comhar réamhghníomhach agus malartú faisnéise ar leibhéal an Aontais idir na geallsealbhóirí ábhartha i réimse CGB, seasann sí le cearta bunúsacha na saoránach, agus cloíonn sí leis na caighdeáin is airde cosanta sonraí agus slándála faisnéise.

Faoi chuimsiú **Straitéis an Aontais um Aontas Slándála do 2020-2025**[49] agus an **Chomhshocraithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann**[50], leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith dírithe ar ghníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar na gnéithe éagsúla a bhaineann le teorainneacha seachtracha níos láidre, gluaiseacht shábháilte daoine laistigh de Limistéar Schengen agus lena dtacaítear le bainistiú éifeachtach imirce, agus lena gcuirtear leis na gnéithe sin. Faoi threoir na gcuspóirí sin, tá eu-LISA tiomanta dá sholáthar seirbhíse a fheabhsú, a neartú agus a chuíchóiriú, i gcomhréir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais agus le beartais ábhartha i réimse CGB.

Tugtar forléargas ginearálta sa chuid seo a leanas ar straitéis fhadtéarmach eu-LISA do 2021-2027 agus ar chuspóirí sainithe ilbhliantúla chun a shainordú a chur i gcrích, ag díriú ar an gcaoi a ndéanfaidh an Ghníomhaireacht a dícheall na tosaíochtaí sin a bhaint amach sna blianta amach romhainn.

1.1. Straitéis fhadtéarmach 2021-2027

Leis na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach i straitéis fhadtéarmach na Gníomhaireachta do 2021-2027, treisítear príomh-mhisean eu-LISA maidir le réitigh theicneolaíocha úrscothacha a chur ar fáil agus leanúint de dhigitiú an fhearainn CGB chun tacú leis na geallsealbhóirí ina gcuid iarrachtaí an Eoraip a choinneáil oscailte agus slán. [51]

Chun a gníomhaíochtaí fadtéarmacha agus a gníomhaíochtaí bliantúla a threorú, tá na ceithre sprioc straitéiseacha seo a leanas leagtha síos ag an nGníomhaireacht:

- **SPRIOC STRAITÉISEACH 1:** Leanúint de bheith ag fás mar rannpháirtí agus comhpháirtí forfheidhmithe do na beartais ábhartha i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile.
- **SPRIOC STRAITÉISEACH 2:** Ról na Gníomhaireachta mar chomhpháirtí aitheanta iontaofa d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit a chothabháil agus a leathnú chun an claochlú digiteach a bhrú chun cinn i réimse CGB an Aontais.
- **SPRIOC STRAITÉISEACH 3:** Nuálaíocht agus claochlú digiteach a chumasú agus a bhrú chun cinn i réimse CGB an Aontais.
- **SPRIOC STRAITÉISEACH 4:** Leanúint de bheith ag obair ar theacht chun cinn eagraíochtúil eu-LISA ar

[49] *Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála 2020-2025*, an 24 Iúil 2020, COM (2020) 605 final.
[50] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Comhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann*, COM (2020) 609 final.
[51] *Straitéis eu-LISA 2021-2027*, a ghlac an Bord Bainistíochta i mí na Samhna 2021.

mhaithe lena thiontú ina eagraíocht níos éifeachtúla, níos sofhreagrúla agus níos athléimní laistigh de chreat rialála an Aontais.

1.2. Cuspóirí, gníomhaíochtaí agus acmhainní ilbhliantúla[52]

Tugtar forléargas sa chuid seo a leanas ar phleanáil tháscach obair na Gníomhaireachta do 2025-2027, ag cur leis an méid a baineadh amach agus leis na forbairtí a rinneadh sna blianta roimhe sin. Liostaítear sa chlár oibre ilbhliantúil na gníomhaíochtaí ardleibhéil mar aon leis na hacmhainní comhiomlánaithe is gá chun a áirithiú go mbainfear amach spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta.

SPRIOC STRAITÉISEACH 1: Leanúint de bheith ag fás mar rannpháirtí agus comhpháirtí forfheidhmithe do na beartais ábhartha i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta dá barr feabhais oibríochtúil a choinneáil ar bun agus d'fheabhas breise a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht a cuid oibríochtaí chun oibriú an-slán, cobhsaí agus leanúnach chórais faisnéise CGB an Aontais a áirithiú, agus ag an am céanna leanúint d'fhorbairt de réir a chéile na gcóras agus de sholáthar na seirbhísí gaolmhara i gcomhréir le caighdeáin agus dea-chleachtais an tionscail.

Ag an am céanna, leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith ina comhpháirtí solúbtha do na Ballstáit, d'institiúidí an Aontais agus do ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta maidir le teicneolaíocht agus saineolas ardluacha a sholáthar chun tacú lena gcinnteoireacht agus lena gcur chun feidhme beartas.

Príomhchuspóirí:

- Na córais agus na seirbhísí go léir a chuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacháin is infheidhme, e.g. VIS Athbhreithnithe agus Eurodac Athbhreithnithe a chur chun feidhme, na hidirnaisc agus na coigeartuithe córais uile leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta.
- Réitigh nuálacha a chur chun feidhme agus seirbhísí a fhorbairt ar bhealach caighdeánaithe agus i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil ábhartha agus le riachtanais na ngeallsealbhóirí, e.g. a áirithiú go dtiocfaidh socrú conarthach nua i bhfeidhm do gach córas.
- Leibhéal iomchuí slándála, athléimneachta agus infhaighteachta do gach córas CGB a fheabhsú agus a áirithiú, e.g. athbhreithniú a dhéanamh ar an ailtireacht slándála do chórais CGB i bhfianaise cheanglais slándála na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta.
- Cur chun feidhme Agile ar scála agus seachadadh solúbtha na gcóras nua, i gcomhar leis bhforbairt de réir a chéile i dtreo samhail oibriúcháin nua don Ghníomhaireacht.
- Oiliúint iomchuí a chur ar fáil do na geallsealbhóirí ábhartha go léir mar fhreagairt ar a n-éilimh.

SPRIOC STRAITÉISEACH 2: Ról na Gníomhaireachta mar chomhpháirtí aitheanta iontaofa d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit a chothabháil agus a leathnú chun an claochlú digiteach a bhrú chun cinn i réimse CGB an Aontais

Neartóidh an Ghníomhaireacht a saineolas teicniúil agus a cumais theicniúla a thuilleadh trí leanúint dá ról a leathnú maidir le réitigh TF úrscothacha agus sainchomhairle a chur ar fáil chun tacú le cinnteoireacht agus le cur chun feidhme beartas i réimse CGB.

Príomhchuspóirí:

- Iarracht leanúnach a dhéanamh chun barr feabhais a bhaint amach i ndearadh, i bhforbairt agus i mbainistiú oibríochtúil na gcóras mórscála TF a chuirtear de chúram ar eu-LISA, e.g. an plean gníomhaíochta a chur chun feidhme bunaithe ar mheastóireacht sheachtrach na Gníomhaireachta a rinneadh in 2024, chomh maith le haon mhodhnuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar a shainordú.
- Tacú go réamhghníomhach leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí oiliúna agus forbartha cumais.
- Saineolas na Gníomhaireachta maidir le comhairle a chur ar na geallsealbhóirí ábhartha go léir a chur

[52] Cuirtear speansais faoi Theideal 3 i láthair sna meastacháin bhuiséid. Ní áirítear sna meastacháin ar acmhainní daonna baill foirne bhreise a bhfuil gá leo ná soláthraithe seirbhíse seachtracha. Is táscach iad na meastacháin acmhainní do 2026 agus 2027 agus beidh siad faoi réir athruithe ar na SPDanna seo a leanas de réir mar a bheidh tuilleadh faisnéise ar fáil.

chun cinn, e.g. Ardán Comhroinnte Eolais eu-LISA a chur ar fáil do na Ballstáit.

- Tacaíocht leanúnach a áirithiú do gheallsealbhóirí uile eu-LISA chun a malartuithe a éascú ar mhaithe leis na tograí reachtacha atá fágtha agus atá ábhartha do shainordú na Gníomhaireachta a ghlacadh go rianúil agus go pras.

SPRIOC STRAITÉISEACH 3: Nuálaíocht agus claochlú digiteach a chumasú agus a bhrú chun cinn i réimse CGB an Aontais

Leanfaidh an Ghníomhaireacht dá hiarrachtaí claochlú digiteach breise a éascú i réimse CGB trí ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhéanamh chun réitigh theicneolaíocha nua a shainaithint chun próisis ghnó a uasghrádú, feabhsuithe ar cháilíocht sonraí a spreagadh trí chaighdeánú teicneolaíoch, agus buanchumais a fhorbairt chun seirbhísí ar éileamh a sholáthar, amhail tástáil, treoirthionscadail agus cruthúnais choincheapa dá príomh-gheallsealbhóirí.

Príomhchuspóirí:

- Faireachán agus anailís a dhéanamh ar an bhforbairt theicneolaíoch agus ar an nuálaíocht chun na cumais atá ann cheana a fheabhsú agus a leathnú, píolótú agus glacadh réiteach nua TF a éascú, agus comhairle theicniúil iontaofa a chur ar fáil do lucht déanta beartas i réimsí tosaíochta gaolmhara don Aontas ag an am céanna.
- Measúnú a dhéanamh ar bhealaí chun bonneagar agus acmhainn óstála na Gníomhaireachta (óstáil chliste) a nuachóiriú, go háirithe trí úsáid a bhaint as néalteicneolaíochtaí.
- Caighdeánú teicneolaíoch a chur chun cinn ar fud an Aontais.
- Oibriú i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha agus leis an tionscal chun deiseanna agus tairbhí teicneolaíochta a shainaithint agus a fhiosrú chun éifeachtúlacht oibríochtaí agus barainneachtaí scála a chur chun cinn tuilleadh agus a uasmhéadú ar fud na gcóras uile, e.g. leanúint ar aghaidh le himeachtaí Comhchéime Tionscail, réitigh IS-bhunaithe a chur chun feidhme.

SPRIOC STRAITÉISEACH 4: Leanúint de bheith ag obair ar theacht chun cinn eagraíochtúil eu-LISA ar mhaithe lena iompú ina eagraíocht níos éifeachtúla, níos sofhreagrúla agus níos athléimní laistigh de chreat rialála an Aontais

Leanfaidh an Ghníomhaireacht dá tionscadal claochlaithe eagraíochtúil a chur chun feidhme chun freastal níos fearr ar riachtanais na ngeallsealbhóirí trína hacmhainní a ailíniú go héifeachtúil, trí chumais nua a fhorbairt, trína seirbhísí agus a próisis a uasghrádú, agus trí chinnteoireacht shonraíbhunaithe a chothú. Chuige sin, tá eu-LISA tiomanta i gcónaí a áirithiú go bhforbrófar a phróisis uile i gcomhréir leis an mbunús dlí agus le prionsabail na dea-bhainistíochta feidhmíochta.

Príomhchuspóirí

- Acmhainní na Gníomhaireachta a mheasúnú agus a ailíniú, na cumais riachtanacha a fhorbairt, cinnteoireacht shonraíbhunaithe a chothú chun tacú le riachtanais na ngeallsealbhóirí, e.g. athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis fhadtéarmach, pleanáil airgeadais chorparáideach agus cumas anailíse eu-LISA.
- Rannpháirtíocht foirne a chothú trí ionad oibre fónta a dhéanamh de eu-LISA d'fhonn tallann nua a mhealladh agus a choinneáil, fás gairmiúil a éascú agus forbairt leanúnach tallainne a áirithiú chun fothú inmheánach acmhainne a chur chun cinn, e.g. dlús a chur le gníomhaíochtaí earcaíochta chun ráta áitíochta a fheabhsú, straitéis bainistithe acmhainní daonna atá bunaithe ar inniúlachtaí a thabhairt chun críche, gníomhaíochtaí forbartha ceannaireachta a chur chun feidhme, ár luachanna agus ár gcultúr a chothú, chun bheith ina áit ionad oibre fónta atá trédhearcach, cuimsitheach agus eiticiúil.
- Comhlíonadh phróisis na Gníomhaireachta le rialacháin agus prionsabail ábhartha maidir le dea-bhainistiú feidhmíochta a áirithiú agus a fheabhsú, e.g. plean feabhsúcháin an Chomhchreata Measúnaithe (CAF) a chur chun feidhme, athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Feabhsúcháin Cáilíochta eu-LISA, agus moltaí iniúchóireachta atá thar théarma a chur chun feidhme.
- Dul chun cinn a dhéanamh le clár na Gníomhaireachta um méadú ar acmhainn.

Tábla 3. Meastachán ar na hacmhainní is gá chun cuspóirí eu-LISA a chur chun feidhme

(ní áirítear ach ach buiséad Theideal 3 le haghaidh oibríochtaí)

Gníomhaíocht ilbhliantúil	BUISÉAD			FTEnna (baill foirne agus SNInna)		
	2025	2026	2027	2025	2026	2027
Gnóthaí baile	**138 346 012**	**127 334 012**	**142 134 012**	**149.6**	**154.6**	**155.1**
Slándáil	**24 486 000**	**24 491 000**	**37 871 000**	**36.0**	**40.0**	**43.5**
CFS *	17 011 000	17 011 000	17 011 000	13.0	13.0	15.0
Prüm II	3 550 000	2 400 000	1 200 000	7.0	10.0	11.0
API	3 925 000	5 080 000	19 660 000	16.0	17.0	17.5
Teorainneacha	**29 528 012**	**49 163 012**	**52 433 012**	**51.6**	**50.6**	**44.5**
VIS	7 000 000	26 635 000	29 905 000	24.7	23.7	17.6
EES	11 328 012	11 328 012	11 328 012	16.7	16.7	16.7
ETIAS	11 200 000	11 200 000	11 200 000	10.2	10.2	10.2
Tearmann	**68 732 000**	**38 080 000**	**36 230 000**	**41.0**	**43.0**	**46.1**
Eurodac	68 732 000	38 080 000	36 230 000	41.0	43.0	46.1
Idir-inoibritheacht	**15 600 000**	**15 600 000**	**15 600 000**	**21.0**	**21.0**	**21.0**
Idir-inoibritheacht	15 600 000	15 600 000	15 600 000	21.0	21.0	21.0
Ceartas	**5 752 019**	**3 210 019**	**3 210 019**	**19.0**	**21.0**	**21.0**
Ceartas	**5 752 019**	**3 210 019**	**3 210 019**	**19.0**	**21.0**	**21.0**
ECRIS	1 961 019	1 961 019	1 961 019	6.0	6.0	6.0
e-CODEX	1 291 000	1 249 000	1 249 000	5.0	5.0	5.0
Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú	2 500 000	0	0	8.0	10.0	10.0
Bonneagar	**55 973 000**	**58 596 000**	**61 721 000**	**94.6**	**94.6**	**94.6**
Bonneagar Córas Comhroinnte **	**35 573 000**	**0**	**0**	**84.6**	**84.6**	**84.6**
Bonneagar Córas Comhroinnte (lena n-áirítear BCU)	35 573 000			84.6	84.6	84.6
Líonraí	20 400 000	0	0	**10.0**	**10.0**	**10.0**
Líonraí achair fhairsing	20 400 000			10.0	10.0	10.0
Gníomhaíochtaí tacaíochta oibriúcháin	**15 923 000**	**15 713 000**	**14 803 000**	**36.1**	**36.1**	**36.1**
Gníomhaíochtaí tacaíochta oibriúcháin	14 170 000	0	14 803 000	**32.6**	**32.6**	**32.6**
Slándáil an chórais agus leanúnachas gnó	2 000 000			12.7	12.7	12.7
Tástáil agus Aistriú	-			10.0	10.0	10.0
Oiliúint do na Ballstáit	1 200 000			9.9	9.9	9.9
Tacaíocht sheachtrach	10 970 000			N/B	N/B	N/B
Cruinnithe agus Misin	1 753 000	0	0	**3.5**	**3.5**	**3.5**
Grúpaí Comhairleacha	1 622 000			3.4	3.4	3.4
Cruinnithe agus misin eile	80 000			N/B	N/B	N/B
Meastóireachtaí Schengen	51 000			0.1	0.1	0.1
IOMLÁN Theideal 3	**215 994 031**	**204 853 031**	**221 868 031**	**299**	**306**	**307**
Gníomhaíochtaí corparáideacha ***	**0**	**0**	**0**	**173.8**	**174.8**	**173.8**
Rialachas agus comhlíonadh				45.0	45.0	45.0
Bainistiú geallsealbhóirí agus cumarsáid leo				23.6	24.6	24.6
Slándáil chorparáideach agus leanúnachas gnó				12.0	12.0	11.0
Bainistiú acmhainní daonna				25.0	25.0	25.0
Bainistiú buiséid, airgeadais agus soláthair				40.0	40.0	40.0
Seirbhísí dlí				5.0	5.0	5.0
Tacaíocht chorparáideach				23.2	23.2	23.2
IOMLÁN	**215 994 031**	**204 853 031**	**221 868 031**	**473**	**481**	**481**

* Áirítear i bpunann CFS FTEnna le haghaidh an fheidhmchláir AE um shonraí taistil digiteacha (DTA).

** Áirítear FTEnna le haghaidh oibríochtaí córais sa phunann Bonneagar Córas Comhroinnte.

*** Ní mhaoinítear é faoi Theideal 3.

1.3. **Amlíne chun mórghníomhaíochtaí a chur chun feidhme**

Bunaithe ar na cuspóirí ilbhliantúla a leagtar amach sa chuid roimhe seo, cuirtear i láthair sa chairt Gantt seo a leanas na príomhthionscnaimh agus na garspriocanna a ghabhann leo do thionscadail roghnaithe chun forléargas achomair a thabhairt ar an amlíne agus ar na hidirghaolta idir príomhghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, mar a leagtar amach sa Treochlár Idir-inoibritheachta a ghlac an Chomhairle CGB i mí Dheireadh Fómhair 2023. Agus an doiciméad seo á thabhairt chun críche, tá an amlíne sin sealadach agus féadfar í a leasú.





* **CSLR:** Lárchóras um Réiteach an Naisc Bhuí

** **EU-IXP:** idirnascacht agus ardán malartaithe don Aontas (gréasán tras-Eorpach nua)

1.4. **Príomhtháscairí feidhmíochta corparáideacha**[53]

Déanann an Ghníomhaireacht faireachán agus measúnú rialta ar ailíniú a cuid gníomhaíochtaí agus ar bhaint amach cuspóirí, agus ag an am céanna coimeádann sí a geallsealbhóirí cothrom le dáta go rialta maidir leis na forbairtí, an dul chun cinn agus an fheidhmíocht is déanaí. Leagtar amach i dTábla 04 na táscairí a úsáideann eu-LISA chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhfuiltear ag súil leis a dhéanfar maidir lena spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Tá an Ghníomhaireacht ag obair freisin ar shraith táscairí feidhmíochta chun a rannchuidiú le cur chun feidhme bheartais an Aontais a léiriú, táscairí a chuirfear faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta in 2024.

Tábla 4. Príomhtháscairí feidhmíochta corparáideacha[54]

Príomhtháscairí feidhmíochta	Sprioc	Bonnlíne (2023)
Bainistiú oibríochtúil na gcóras faisnéise CGB		
Infhaighteacht na gcóras[55]		
Infhaighteacht lárchóras SIS	≥ 99.99 %	99.67 %
Infhaighteacht lárchóras VIS	≥ 99.99 %	99.97 %
Infhaighteacht lárchóras Eurodac	≥ 99.99 %	99.47 %
Infhaighteacht an chórais EES	≥ 99.90 %	*n/b*
Infhaighteacht lárchóras ETIAS	≥ 99.99 %	*n/b*
Infhaighteacht lárchóras ECRIS-TCN	97.6 %	*n/b*
Aga freagartha		
Aga freagartha lárchóras CFS[56]	≥ 99.5 %,	99.99 %
Aga freagartha lárchóras VIS[57]	100 %	99.98 %
Aga freagartha lárchóras Eurodac[58]	≥ 99.45 %	99.98 %
Aga freagartha an chórais EES	≥ 99.55 %	*n/b*
Aga freagartha lárchóras ETIAS	Comhlíonadh 100 % le SLAnna ábhartha	*n/b*
Aga freagartha lárchóras ECRIS-TCN	>= 15 soicind agus <= 60 soicind le haghaidh oibríochtaí bunúsacha adamhacha	*n/b*
Infhaighteacht an bhonneagair cumarsáide		
Infhaighteacht an Líonra Achair Fhairsing (WAN) (Fearann CFS agus VIS)	≥ 99.99 %	99.9994 %
Tacaíocht oibríochtúil agus oiliúint		
Oiliúint do na Ballstáit	ráta sásaimh: > 4	5.26
Sásamh custaiméirí: Céatadán d'úsáideoirí deiridh a bhí sásta nó an-sásta le hoibriú foriomlán na gcóras CGB	≥ 80 %	97.33 %
Feidhmíocht Dheasc Freastail eu-LISA	≥ 75 %	100 %
Slándáil agus leanúnachas gnó		

[53] Ghlac an Bord Bainistíochta an leagan ba dhéanaí de KPInna corparáideacha eu-LISA an 9 Aibreán 2020. Tar éis an athbhreithnithe i mí Feabhra 2021, chuir an Ghníomhaireacht athruithe breise chun feidhme, athruithe a ghlac an Bord Bainistíochta i mí an Mhárta 2021.

[54] Beidh liosta na bpríomhtháscairí feidhmíochta faoi réir a leasaithe in 2025.

[55] Níl na spriocanna infhaighteachta sainithe go beacht sna hionstraimí dlí lena rialaítear na córais. Ós rud é go sainmhínítear na córais TF faoi bhainistíocht eu-LISA mar chórais ard-infhaighteachta, tá an sprioc ghlas socraithe ag an nGníomhaireacht ag 99.99 %.

[56] **Aga freagartha CFS**: an t-aga freagartha le haghaidh ceisteanna i gcatagóir 1 mar an cheist is ionadaíche. Is ionann Catagóir 1 agus gach ceist aonair agus iolrach a rangaítear mar 'beacht', toisc go gcuirtear faisnéis chruinn ar fáil i réimsí cuardaigh, ach ní chuirtear ceisteanna 'neamhbheachta' nó 'doiléire' san áireamh. Is é an t-aga freagartha caighdeánach le haghaidh fiosruithe 'beachta' ná soicind amháin, ach i gcás gach duine eile is é trí shoicind an t-aga freagartha caighdeánach. Bíonn táscaire aga freagartha CFS 'glas' má fhaigheann níos mó ná 99.5 % de cheisteanna i gcatagóir 1 freagra laistigh de shoicind amháin.

[57] **Aga freagartha VIS**: aga freagartha iomlán laistigh de na teorainneacha conarthacha (buaic in aghaidh na huaire, sárú SLA, taifid) do gach grúpa gnó (tearmann, teorainn, consalacht, forfheidhmiú an dlí agus críoch). Bíonn táscaire aga freagartha VIS 'glas' má bhíonn an luach cothrom le 100 %

[58] **Aga freagartha Eurodac:** déantar feidhmeanna criticiúla gnó an chórais a ghrúpáil in dhá chatagóir: a) idirbhearta ardtosaíochta (is é uair an chloig an t-aga freagartha caighdeánach) agus b) idirbhearta rialta (24 uair an chloig). Is é an táscaire aga freagartha meán an dá chatagóir seo: 'glas' má bhíonn 99.45 % de na hidirbhearta laistigh den aga freagartha caighdeánach.

Príomhtháscairí feidhmíochta	Sprioc	Bonnlíne (2023)
Céatadán de chuspóirí slándála a cuireadh chun feidhme (mar a shainítear de réir na reachtaíochta)	100 %	100 %
Líon na ndruileanna éigeandála agus na gcleachtaí a bhaineann le slándáil agus leanúnachas gnó a dhéantar go bliantúil	2	3

Príomhtháscairí feidhmíochta	Sprioc	Bonnlíne (2023)
Rialachas agus comhlíonadh		
Measúnú tionscadail: meastóireacht déanta ar chur i gcrích de réir bhonnlíne na bparaiméadar sainithe cáilíochta/costais/ama, agus lamháltais tionscadail á gcur san áireamh	< 10 %	9.83 %
Bainistíocht tionscadail: measúnú a dhéanamh ar mar a chomhlíon na tionscadail chríochnaithe modheolaíocht bainistithe tionscadal eu-LISA le linn shaolré an tionscadail	tionscadail bheaga: > 75 %	n/b
	tionscadail mheánmhéide: > 80 %	76 %
	tionscadail mhóra: > 85 %	75 %
Iniúchadh: (A) Céatadán na moltaí iniúchóireachta a cuireadh i bhfeidhm faoi na spriocdhátaí sonraithe	criticiúil: 100 %	100 %
	an-tábhachtach: ≥ 90 %	80 %
	tábhachtach: ≥ 80 %	93 %
Iniúchadh: (B) Líon agus aois na moltaí iniúchóireachta atá fós le cur chun feidhme	thar théarma níos lú ná 6 mhí: ≤ 4	0
	thar théarma 6 mhí agus bliain amháin: ≤ 2	2
	thar théarma níos mó ná bliain amháin: ≤ 1	3
Riarachán agus tacaíocht ghinearálta		
Táscaire comhshaoil: lorg carbóin	bonnlíne	3 506 Teq CO_2
Ráta cealaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (%)	< 5 %	5.8 %
Ráta chur chun feidhme na ngealltanas buiséadach (%)	95-99 %	99.0 % (tabhairt anonn neaml uathoibríoch san áireamh)
Ráta cur chun feidhme na híocaíochta (%)	> 95 %	99.9 %
Cóimheas na n-acmhainní riaracháin i gcomparáid le hacmhainní oibríochtúla i gcomparáid leis na hacmhainní daonna go léir laistigh den Ghníomhaireacht (baill foirne agus SNInna) (%)	riarachán: 20 %	17.2 %
	oibríochtúil: 70 %	74 %
Céatadán na n-íocaíochtaí críochnaithe laistigh de na spriocdhátaí reachtúla	> 87.5 %	96.4 %
Éifeachtúlacht an phróisis soláthair	< 25 %	16.7 %
Bainistiú éadála: tionscadail soláthair de réir sceidil	> 60 %	80 %
Ráta neamhláithreachta bliantúil	meánlíon laethanta saoire breoiteachta: < 15 lá in aghaidh an bhaill foirne	9.7 lá
	Céatadán de bhaill foirne ar saoire bhreoiteachta fhadtéarmach: < 10 %	5.3 %
	Ceatadán de bhaill foirne nach bhfuil i mbun saoire bhreoiteachta a úsáid: > 15 %	42.7 %
Ráta athraithe foirne bliantúil (%)	≤ 5%	4.09 %
Ráta áitíochta bliantúil (%)	> 94 %	94.2 %
Innéacs coinneála tallainne	> 0	1.8
Leibhéal rannpháirtíochta na foirne	≥ 63 %	7.4
Tionchar na cumarsáide seachtraí	suíomh gréasáin: an bhonnlíne a choinneáil	
	na meáin shóisialta: +200 leantóir in aghaidh an ardáin in aghaidh na bliana	LinkedIn: +4 013 X: + 404 Facebook: + 403 YouTube: + 89

	imeachtaí rannpháirtíochta: ráta sásaimh > 90 %	86.3 % (mar gheall ar imeachtaí ar líne)[59]
	ráta rannpháirtíochta: > 95 %	95.3 %[60]
Tionchar chumarsáid inmheánach eu-LISA Suirbhé sásaimh	ráta rannpháirtíochta: > 51 %	58 %
	ráta sásaimh: > 70 % (bealaí inmheánacha agus gníomhaíochtaí do bhaill foirne)	89 %

2. Acmhainní daonna agus airgeadas: ionchas le haghaidh na tréimhse ó 2025 go 2027

Le blianta beaga anuas, tá méadú suntasach tagtha ar ról na Gníomhaireachta maidir le córais faisnéise CGB an Aontais a bhainistiú, go háirithe ó thaobh freagracht mhéadaithe a ghlacadh as nuachóiriú agus digitiú an mhalartaithe faisnéise trasteorann atá slán a bhainistiú agus éifeachtúlacht an bhainistithe teorann agus imirce a fheabhsú.

Sna blianta amach romhainn, beidh bainistíocht oibríochtúil eu-LISA bunaithe ar na gnéithe seo a leanas:

- an creat rialála a bhíonn ag síorathrú,
- an líon mór córas mórscála TF a chuirtear de chúram ar eu-LISA,
- ionchais arda gheallsealbhóirí na Gníomhaireachta, agus
- brú méadaitheach chun torthaí a bhaint amach le hacmhainní teoranta.

Le blianta beaga anuas, tá measúnú rialta déanta ag an nGníomhaireacht ar a leithdháileadh acmhainní chun tacú leis na héilimh atá ag dul i méid, ag brath ar ath-leithdháileadh inmheánach acmhainní airgeadais agus daonna araon.

Léiríonn an clársceidealú ilbhliantúil do 2025-2027 na dúshláin sin agus iarrachtaí na Gníomhaireachta leanúint de bheith tiomanta dá lúfaireacht agus dá héifeachtúlacht oibríochtúil a mhéadú tríd an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil arna leithdháileadh don chlárthréimhse seo agus ina dhiaidh sin.

2.1. Forbhreathnú ar an staid san am atá thart agus san am i láthair

Tugtar forléargas sna codanna seo a leanas ar an staid san am a chuaigh thart agus ar an staid reatha maidir le hacmhainní daonna agus airgeadais na Gníomhaireachta, agus cuirtear an t-ionchas don chéad chlárthréimhse eile ar fáil ag an am céanna. Cuirtear faisnéis níos mionsonraithe ar fáil in Iarscríbhinn II go hIarscríbhinn V.

2.1.1. Acmhainní daonna

Cuimsíonn foireann eu-LISA oifigigh, gníomhairí sealadacha (TA) agus gníomhairí ar conradh (CA).[61] Tugtar forléargas i dTábla 05 ar fhoireann eu-LISA de réir an togra reachtaigh mar a údaraítear i mbuiséad 2023 de réir an phlean bunaíochta.

Tábla 5. Forbhreathnú ar fhoireann eu-LISA in 2023 (amhail an 31 Nollaig 2023)

Réimse gníomhaíochta	Údaraithe le haghaidh 2023			Foireann in 2023		
	TA	CA	SNI	TA	CA	SNI
Rialachán eu-LISA						
foireann bhonnlíne (poist údaraithe faoi bhuiséad 2020)	113	30	9	109	34	8
foireann bhreise (Rialachán athbhreithnithe eu-	23	27	2	22	23	1

[59] Sonraí 2022, toisc nach ann d'aon sonraí le haghaidh 2023.
[60] Sonraí 2022, toisc nach ann d'aon sonraí le haghaidh 2023.
[61] Ní dhéantar foráil i bplean bunaíochta eu-LISA maidir le poist ar leith d'oifigigh.

Réimse gníomhaíochta	Údaraithe le haghaidh 2023			Foireann in 2023		
	TA	CA	SNI	TA	CA	SNI
LISA)						
Rialacháin chóras-shonracha (glactha)						
EES	32			29		
ETIAS	7	35		6	27	
ECRIS-TCN		5			5	
e-CODEX	2	3			1	
Tacaíocht iompróra EES-ETIAS[62]		21			13	
Idir-inoibritheacht	31	34		26	22	
CFS (athmhúnlú) (Filleadh agus Teorainneacha)		4			4	
VIS Athbhreithnithe[63]	6	7		6	6	
Poist slándála a líonadh in 2023	6					
Tograí reachtacha ar feitheamh a nglactha[64]						
Eurodac (athmhúnlú)	2			0		
Iomlán FTEnna	**222[65]**	**166**	**11**	**198**	**135**	**9**

I rith 2024, d'earcaigh eu-LISA baill foirne bhreise go gníomhach, cé go raibh líon ní b'ísle acu ná mar a bhíothas ag súil leis. Ós rud é go raibh na liostaí ionadaithe a bhí ann cheana ídithe go hiomlán, sheol an Ghníomhaireacht roinnt nósanna imeachta roghnúcháin nua a raibh tionchar díreach acu ar fhad an phróisis earcaíochta. Ina theannta sin, b'iarrthóirí inmheánacha roinnt de na hiarrthóirí ar éirigh leo, rud a d'fhág nár imríodh ach tionchar neodrach ar líon iomlán na foirne. Bhí an cás sin ní ba chasta fós trí toisc gur dhiúltaigh iarrthóirí do thairiscintí poist mar gheall ar a dtréimhse ghearr (idir bliain amháin agus 3 bliana) agus a roghnaigh conarthaí níos faide nó poist ar ghrád níos airde in áiteanna eile.

I measc na bpost nár líonadh, níorbh fhéidir foireann a earcú le haghaidh dhá phost Eurodac go dtí gur glacadh an Rialachán athmhúnlaithe.[66] Cuirtear forbhreathnú ar an bpleanáil do phoist bhreise foirne don tréimhse ó 2025 go 2027 i láthair i gCuid 2.3.2 Clársceidealú acmhainní daonna.

2.1.2. Caiteachas buiséid iomlán le haghaidh 2023

Maoinítear buiséad eu-LISA trí fhoinsí éagsúla cistí. Tagann an príomhioncam ó fhóirdheontas an Aontais, a fhaightear ar bhonn bliantúil ó bhuiséad an Aontais, i.e. cuid an Choimisiúin, Caibidil 11 10 '*Bainistiú Teorainneacha – Gníomhaireachtaí Díláraithe'*, mar a ghlac an t-údarás buiséadach é, is é sin, Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh. Fuarthas ranníocaíochtaí breise ó thíortha comhlachaithe Schengen, mar aisíocaíocht pháirteach ar chaiteachas tabhaithe ag an nGníomhaireacht.

In 2023, rinne eu-LISA bainistiú ar bhuiséad de EUR 262.23 milliún i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus de EUR 294.18 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a fuarthas mar ranníocaíocht ón Aontas.

Rátaí cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta faoi dheireadh na bliana 2023:

- 99.9 % do leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí,
- 99.9 % do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí lena n-áirítear caiteachas riaracháin a thabhairt ar aghaidh go dtí 2024.

Leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí: faoi dheireadh na bliana airgeadais 2023, bhain Teideal 1 ráta cur chun feidhme de 100.0 % amach, agus bhain Teideal 2 agus Teideal 3 rátaí de 98.8 % agus 100.0 % amach, faoi seach.

Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí: faoi Theideal 1, rinneadh 97.9 % de na leithreasuithe a fhorghníomhú agus tugadh 2.1 % ar aghaidh go huathoibríoch. I dTeideal 2, ba é 54.4 % an ráta

---

[62] Leithdháileadh na poist sin go sealadach ó Frontex ar eu-LISA ar feadh tréimhse trí bliana ó 2022 go 2024.
[63] Tugadh líon na mball foirne bliain amháin chun tosaigh mar gheall ar ghlacadh déanach Rialachán athbhreithnithe VIS. Léirítear an méid sin i bpleanáil foirne.
[64] Is líon sealadach é líon na mball foirne a léirítear agus tá sé bunaithe ar ráitis airgeadais reachtacha atá i gceangal leis na tograí reachtacha faoi seach.
[65] In 2023, ba é 220 líon iarbhír na bpost TA a bhí ar fáil le haghaidh earcaíochta in ionad 222, mar a léirítear sa tábla, toisc gur glacadh Eurodac (athmhúnlú) i mí na Bealtaine 2024.
Glacadh *Rialachán (AE) 2024/1358* maidir le **bunú Eurodac**[66] an 14 Bealtaine 2024.

forghníomhaithe, agus cuireadh 1.2 % ar ceal agus tugadh an 44.4 % eile ar aghaidh go huathoibríoch go dtí 2024. I dTeideal 3, cuireadh i ngníomh 98.90 % de na leithreasuithe.

2.2. **Ionchas do 2025-2027**

Tugtar forléargas sa chuid seo a leanas ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta atá ar na bacáin, mar aon le hacmhainní airgeadais agus daonna gaolmhara.

2.2.1. **Cúraimí nua**

Tá an tAontas ag ullmhú chun roinnt tionscnamh a sheoladh a mbeidh cúraimí nua i gceist leo do eu-LISA, agus a mbeidh tionchar díreach acu ar phleanáil don tréimhse ó 2025 go 2027. Tugtar forléargas sa chuid seo a leanas ar thograí ábhartha ón gCoimisiún, agus ar a dtionchar ar phleanáil acmhainní daonna ó 2025 go 2027:

- **Digitiú víosaí.** Mar a shonraítear sna rialacháin maidir le digitiú nós imeachta víosa an Aontais a glacadh i mí na Samhna 2023, beidh eu-LISA freagrach as forbairt theicniúil agus bainistiú oibríochtúil **ardán ar líne an Aontais um iarratais ar víosaí** (EU VAP).[67] Tá sé beartaithe tús a chur le forbairt an ardáin in 2026, agus meastar go gcríochnófar é in 2028. Tar éis dó teacht i bhfeidhm, beidh feidhm ag idirthréimhse maidir leis na Ballstáit chun an t-ardán a úsáid; mar sin féin, nuair a thiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse, taiscfear gach iarratas ar víosa Schengen tríd an ardán ar líne, agus ní bheidh nós imeachta páipéir ar fáil ach amháin le haghaidh eisceachtaí. Nuair a bheidh sé feidhmiúil, beidh eu-LISA freagrach as ardán ar líne an Aontais um iarratais ar víosaí a nuashonrú agus a chothabháil ar bhonn rialta. Chun an t-ardán a fhorbairt agus a bhainistiú, bronnfar poist bhreise ar eu-LISA, rud lena méadófar a líon foirne le post TA breise amháin in 2024 agus post CA amháin in 2025; cúig phost TA breise agus trí phost CA in 2026; agus fágfaidh sé sin go mbeidh 10 bpost nua ann san iomlán.
- **Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (CP JITanna).** De réir an Rialacháin a glacadh i mí na Bealtaine 2023, beidh eu-LISA freagrach as forbairt agus cur chun feidhme CP JITanna ó 2024 ar aghaidh.[68] Maidir le forbairt agus bainistiú an ardáin, earcófar foireann chun ocht bpost TA breise a líonadh in eu-LISA in 2025. In 2026, leithdháilfear 2 phost CA breise, rud a fhágfaidh go mbeidh 10 bpost san iomlán ann do thionscadal CP JITanna. Beidh earcaíocht thráthúil na bpost sin ag brath ar thabhairt i gcrích an chomhaontaithe ranníocaíochta airgeadais idir an Coimisiún agus eu-LISA.
- **Ródaire Prüm II (malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta).** De réir an Rialacháin a glacadh i mí an Mhárta 2024, beidh eu-LISA freagrach as ródaire a fhorbairt agus a bhainistiú chun tarchur slán sonraí a áirithiú chun faisnéis a mhalartú idir gníomhaireachtaí póilíneachta na mBallstát.[69] Chun an ródaire a fhorbairt agus a bhainistiú, gheobhaidh eu-LISA 6 phost TA breise in 2024, 1 phost TA in 2025, agus 3 phost TA in 2026, rud a fhágfaidh go mbeidh 10 bpost TA san iomlán ann. In 2027, déanfaidh an Ghníomhaireacht meastachán ar an bpleanáil foirne chun ródaire lárnach Prüm II a fheidhmiú.
- **Ródaire API (bailiú agus aistriú réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí).** De réir na dtograí ón gCoimisiún a foilsíodh i mí na Nollag 2022, beidh eu-LISA freagrach as dearadh, forbairt, óstáil agus bainistiú teicniúil ródaire lárnaigh a bheidh ina phointe nasctha aonair idir na Ballstáit agus aeriompróirí chun cur chuige AE a bhunú maidir le sonraí API a bhailiú agus a tharchur i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.[70] Chun ródaire lárnach API a fhorbairt agus a bhainistiú go hoibríochtúil, agus bunaithe ar an ráiteas airgeadais reachtach athbhreithnithe (LFS) atá i gceangal leis an togra, tá 12 phost TA breise agus 4 phost CA breise beartaithe ag eu-LISA in 2025, post CA breise amháin in 2026 agus post breise amháin in 2027 (CA amháin ón dara leath den bhliain cothrom le 0.5 FTE), rud a fhágann go mbeidh 13 phost TA agus 4.5 post CA san iomlán in 2027. As seo amach, beidh an plean foirne san áireamh sna chéad Doiciméid Clársceidealaithe Aonair eile.
- **Cibearshlándáil.** Mar phríomhsholáthraí seirbhísí TF d'fhearann CGB an Aontais, méadóidh eu-LISA a fhócas ar an gcibearshlándáil agus feabhsóidh sé a chumas chun cibearbhagairtí a chomhrac, treoir a fháil ón reachtaíocht ábhartha (e.g. an Rialachán maidir le Cibearshlándáil, agus an rialachán atá ar na bacáin maidir le slándáil faisnéise) chun bearta breise a chur chun feidhme d'fhonn cibearshlándáil

---

[67] *Rialacháin (AE) 2023/2667* agus *2023/2685* an 22 Samhain 2023 a mhéid a bhaineann le digitiú an **nós imeachta víosa**.

[68] *Rialachán (AE) 2023/969* an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear ardán comhair chun tacú le feidhmiú na **bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú**.

[69] *Rialachán (AE) 2024/982* maidir le cuardach uathoibrithe agus malartú uathoibrithe sonraí le haghaidh comhar póilíneachta (**Rialachán Prüm II**).

[70] Tá *dhá thogra le haghaidh rialachán* curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún maidir le bailiú agus aistriú **réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí** (API).

agus leanúnachas gnó a áirithiú do gach córas TF a chuirtear de chúram ar eu-LISA.[71] Thairis sin, de bhun cinntí cur chun feidhme ón gCoimisiún maidir le nósanna imeachta comhair le haghaidh teagmhais slándála a bhaineann le comhpháirteanna idir-inoibritheachta, ní mór do eu-LISA Lárionad Oibríochtaí Slándála (SOC) 24/7 a bhunú chun teagmhais slándála a dhéanann difear do chomhpháirteanna idir-inoibritheachta atá mar chuid den bhonneagar criticiúil a bhainistiú, ar bonneagar é a dteastaíonn cumas freagartha 24/7 ina leith.[72] D'fhonn forálacha an Rialacháin maidir le Cibearshlándáil a chur chun feidhme, ní mór suas le 10 % den fhoireann a athshannadh don obair ábhartha. Dá bhrí sin, sna blianta amach romhainn, déanfar méadú ar líon na mball foirne chun na críche sin a phleanáil dá réir.

- **An feidhmchlár AE um shonraí taistil digiteacha (DTA).** De réir na dtograí ón gCoimisiún a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2024, beidh eu-LISA freagrach as tacú leis an gCoimisiún maidir leis an bhfeidhmchlár AE um shonraí taistil digiteacha a ullmhú agus a chur in úsáid. [73] Beidh an feidhmchlár ar fáil do chách, idir shaoránaigh AE agus saoránaigh neamh-AE, a bhfuil pas bithmhéadrach nó cárta aitheantais AE acu a thaistealaíonn chuig Limistéar Schengen nó uaidh. De réir an ráitis airgeadais reachtaigh a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún, treiseoidh foireann bhreise an tionscadail sin acmhainní daonna na Gníomhaireachta, ag tosú le dhá phost TA in 2027. Beidh an phleanáil a dhéanfar amach anseo san áireamh sa chéad Doiciméad Clársceidealaithe Aonair eile.

Ina theannta sin, féadfar cúraimí nua a d'fhéadfadh a bheith ann a shannadh do eu-LISA, ag brath ar thoradh mheastóireacht sheachtrach rialta an Choimisiúin a seoladh in 2023 chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta, toisc go bhféadfadh modhnú ar shainordú eu-LISA a bheith mar thoradh air, rud a bhféadfadh impleachtaí a bheith aige do phleanáil buiséid.

Dá bhrí sin, áirítear sa phleanáil foirne don tréimhse 2025-2027 mar a léirítear i dTábla 06, i gCuid 2.3.2 Clársceidealú acmhainní daonna, figiúirí maidir le baill foirne bhreise le haghaidh na gcúraimí a eascraíonn as rialacháin éagsúla nó tograí ón gCoimisiún a bhfuil rialacháin faoi seach ar feitheamh a nglactha ina leith. Cumhdaítear leis na figiúirí sin, den chuid is mó, na poist dhíreacha oibríochtúla agus na hacmhainní is gá chun feidhmeanna a chomhordú.

2.2.2. **Forbairt tascanna reatha**

I bhfianaise na bhforbairtí tráth scríofa an doiciméid seo, agus glacadh tograí reachtacha nua, leanann líon foirne na Gníomhaireachta de bheith ag méadú, go háirithe sa chroíréimse gnó.

Sa réimse sin, beidh gá leis na poist ghearrthéarmacha atá ann cheana ar feadh téarma níos faide mar gheall ar an **moill ar chur chun feidhme EES**, rud a bhfuil tionchar á imirt aige ar amlínte gníomhaíochtaí eile freisin. Tá gá leis sin chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú agus chun an t-ualach oibre foriomlán a chothromú. Ní mór lárchóras EES a oiriúnú chun na comhpháirteanna idir-inoibritheachta agus VIS Athbhreithnithe a chomhlíonadh. Chun é sin a bhaint amach agus chun saincheisteanna bainistithe conarthaí a chuireann moill ar an tionscadal seo a shárú, tá an 'straitéis 3R' curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht, is é sin le rá go bhfuil modhanna oibre solúbtha curtha i bhfeidhm aici.[74] Mar sin féin, tá gá le poist bhreise chun na cuspóirí go léir atá pleanáilte a bhaint amach.[75]

I mí na Bealtaine 2024, ghlac na comhreachtóirí **an Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann**, lena mbunaítear comhchóras tearmainn agus rialacha nua chun an imirce a bhainistiú.[76] De réir Rialachán Eurodac (athmhúnlú),[77] an Rialacháin maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce (AMMR, a thagann in ionad Rialachán Bhaile Átha Cliath III),[78] agus an Rialacháin maidir le Scagadh, beidh eu-LISA freagrach as leagan athbhreithnithe de Eurodac a fhorbairt, DubliNet a nuashonrú chun críocha AMMR, chomh maith le naisc náisiúnta agus rochtain ar shonraí sonracha a áirithiú d'fhonn náisiúnaigh tríú tír a scagadh ag na teorainneacha seachtracha.

---

[71] *Rialachán (AE, Euratom) 2023/2841* lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann **cibearshlándála**; agus an Togra le haghaidh Rialacháin maidir le **slándáil faisnéise**, *COM/2022/119 final*.

[72] Cinntí cur chun feidhme ón gCoimisiún [*C (2021) 6663* agus *C (2021) 6664* an 16 Meán Fómhair 2021] lena leagtar síos sonraíocht an **nós imeachta comhair a mhéid a bhaineann le teagmhais slándála** a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar oibriú comhpháirteanna idir-inoibritheachta nó ar infhaighteacht, sláine agus rúndacht sonraí, de bhun Airteagal 43(5) de *Rialacháin (AE) 2019/817* agus *2019/818*.

[73] *Togra le haghaidh Rialacháin* lena mbunaítear feidhmchlár chun sonraí taistil a chur isteach go leictreonach (an **'feidhmchlár AE um shonraí taistil digiteacha'**) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/399 agus (AE) 2018/1726, agus Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le húsáid dintiúr digiteach taistil [*COM(2024) 670 final*]; agus *Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle* maidir le heisiúint dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais agus maidir le **caighdeáin theicniúla ina leith** [*COM(2024) 671 final*].

[74] Tagraíonn an straitéis 3R do *remobilise, resolve* agus *renew*, nó athghríosadh, réiteach agus athnuachan.

[75] Féach ar Iarscríbhinn XIII le haghaidh liosta na bpost lena mbaineann an t-iarratas ar fhoireann bhreise.

[76] Chun tuilleadh eolais a fháil, féach leathanach tiomnaithe AS HOME i ndáil leis an *gComhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann*.

[77] *Rialachán (AE) 2024/1358* an 14 Bealtaine 2024 maidir le **bunú Eurodac**, IO L, 22.5.2024.

[78] *Rialachán (AE) 2024/1351* an 14 Bealtaine 2024 maidir le **bainistiú tearmainn agus imirce** (AMMR), IO L, 22.5.2024.

Ní mór cur chun feidhme **Eurodac (athmhúnlú)** a bhaint amach faoi dheireadh 2026. Dá bhrí sin, bronnfar foireann bhreise ar an nGníomhaireacht don treimhse ó 2024 go 2026 chun an córas a fhorbairt. Tá méadú ar líon na mball foirne le haghaidh an chórais sin beartaithe mar seo a leanas: 15 phost TA agus 20 post CA in 2025, agus 3 phost breise CA in 2026. Tá laghdú de dhá phost CA beartaithe in 2027.

Chun an córas nasctha agus rochtana a bhunú chun an **Rialachán maidir le Scagadh** a chur chun feidhme, tá beartaithe ag eu-LISA go mbeidh 13 phost TA breise agus 6 phost CA ann in 2025 (d'fhéadfadh cúigear TA agus beirt CA as an líon sin a bheith ar fáil um dheireadh 2024). Beidh líon na mball foirne seasmhach go dtí 2028.[79]

Is gá tuilleadh acmhainní daonna ná mar a samhlaíodh ar dtús chun an **bonneagar coiteann comhroinnte** (CSI) a fhorbairt. Cuireadh tús leis in 2016, tá sé mar aidhm ag CSI bonneagar eu-LISA a lárú le haghaidh gach córas CGB. Cé go ndéantar gach córas nua a fhorbairt agus a chur in úsáid ar CSI, níl na croíchórais (CFS, VIS, Eurodac) aistrithe go hiomlán fós agus ní úsáideann siad ach codanna de CSI. Tiocfaidh méadú ar sciar na hoibre cothabhála de réir mar a chuirfear córais nua leis an ardán. Go dtí seo, ní dhearnadh uasghrádú ar bhonneagair an chórais ach mar chuid d'athmhúnluithe. Táthar ag súil leis an bpríomh-athsholáthar córais ó 2026 agus 2027 amach (athnuachan EES), rud ag a mbeidh tionchar ó thoabh acmhainní daonna agus airgeadais araon. Ós rud é nach féidir ach líon teoranta foirne a ath-imlonnú ón tionscadal go dtí obair chothabhála, beidh gá le poist bhreise chun an tionscadal seo a chur i bhfeidhm. Agus acmhainní daonna á bpleanáil don tionscadal seo, cuirtear san áireamh an gá atá ag an nGníomhaireacht a heolas agus a saineolas féin a fhorbairt maidir leis na córais ionas go mbeidh siad in ann na córais a reáchtáil go héifeachtach ar bhealach níos fearr. Cuirfidh na hiarrachtaí sin feabhas ar rialú teicniúil agus ar neamhspleáchas na Gníomhaireachta, rud a chuirfidh ar a cumas bainistiú agus obair na gconraitheoirí a stiúradh ar bhealach níos fearr . Cé gur cheart an réiteach agus plean infheistíochta a ullmhú agus a chomhaontú leis an gCoimisiún mar gheall ar an tionchar ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, tá meastachán déanta ag an nGníomhaireacht ar an ngá atá le poist bhreise. Is é sin 19 FTE maidir le bainistiú oibríochtúil an ardáin bonneagair láraithe agus maidir le cothabháil oiriúnaitheach an bhonneagair láraithe gan poist a chur san áireamh ar cheart dóibh timthriall 24/7 a chlúdach (sealobair).

Ag an am céanna, tá níos mó **ball foirne oibríochtúil** de dhíth ar an nGníomhaireacht chun na córais CGB nua agus atá ann cheana a bhainistiú. Mar shampla, is gá 5 FTE le haghaidh gach seal agus gach neamhláithreacht a chumhdach d'fhonn seirbhís 24/7 ar phost amháin a áirithiú. Ina theannta sin, ní bhíonn an t-ualach oibre le linn sealanna éagsúla cothrom agus ní mór tionchair sláinte na sealoibre a chur san áireamh sa phleanáil foirne chomh maith.

Tá síneadh curtha ag an nGníomhaireacht lena **comhaontú aistrithe foirne le Frontex** go dtí deireadh 2027. Clúdaíonn an comhaontú sin aistriú sealadach 21 post CA agus an buiséad foirne faoi seach ó Frontex go eu-LISA. Leis an réiteach sin, tabharfar aghaidh ar na bearnaí foirne i gcomhthéacs gearr-ama trí bliana agus beifear in ann ullmhú do na seirbhísí tacaíochta d'iompróirí.[80]

Le cur chun feidhme Straitéis Foinsithe eu-LISA lena sainítear an cineál acmhainní daonna a fhaightear in aghaidh na seirbhíse (i.e. foireann inmheánach nó tacaíocht sheachtrach), bíonn gá leanúnach le seirbhísí a bhaineann le cúraimí breise sna haonaid agus sna hearnálacha faoi seach a sheachfhoinsiú, e.g. ualach oibre méadaithe don fheidhm soláthair a dhéileálann le conarthaí tacaíochta seachtraí a cheannach agus a bhainistiú.

Chun na cúraimí sin a dhéanamh agus a chur i gcrích go héifeachtúil, ní mór do eu-LISA líon na bpost a mhéadú sna **feidhmeanna cothrománacha tacaíochta** a sholáthraíonn seirbhísí criticiúla don chuid eile den eagraíocht, go háirithe de réir mar a leanann líon na n-idirbheart, na gcomhad, etc., de bheith ag dul i méid. Tá gá le hacmhainní daonna breise freisin chun cur chun feidhme cúraimí tosaíochta a bhaineann le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, le héagsúlacht agus cuimsiú, le hoibriú glas agus inbhuanaithe, le cur chun feidhme an bheartais maidir le spás oibre gníomhaíochtbhunaithe (ABW), etc. Cuir i gcás, ní mór seirbhísí dlí, cuntasaíocht, iniúchadh inmheánach, TFC corparáideach, feidhmeanna acmhainní daonna agus airgeadais a leathnú tuilleadh chun leanúnachas gnó a áirithiú agus chun cáilíocht na seirbhíse a bhfuiltear ag súil léi a sholáthar don Ghníomhaireacht, ar seirbhís í a bhfuil leathnú suntasach tagtha uirthi ó thaobh sainordaithe, buiséid agus acmhainní daonna de. Áiríodh roinnt post do na cúraimí thuasluaite in SPD 2024-2025 ach níor bronnadh iad. Dá bhrí sin, tá na riachtanais sin fós bailí do 2025-2027. Ina theannta sin, tá roinnt moltaí iniúchóireachta tar éis a léiriú go bhfuil gá le comhlíonadh agus feidhmeanna rialaithe inmheánaigh a fheabhsú. Chun aghaidh a thabhairt air sin, rannchuidigh eu-LISA le suirbhé EUAN maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na huasteorainneacha pleanála airgeadais ilbhliantúla. Níl na riachtanais seo liostaithe san SPD seo agus bheadh gá le hathmheasúnú inmheánach ar thascanna chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí iarbhír.

---

[79] *Rialachán (AE) 2024/1356* an 14 Bealtaine 2024 (**an Rialachán maidir le Scagadh**), IO L, 22.5.2024.
[80] Tá comhaontú tugtha i gcrích ar feadh tréimhse trí bliana ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2027.

2.3. **Clársceidealú acmhainní do 2025-2027**

Sa doiciméad clársceidealaithe seo, cuirtear meastacháin airgeadais agus meastacháin a bhaineann leis an bhfoireann ar fáil maidir le cur chun feidhme na gcúraimí a shanntar do eu-LISA don tréimhse phleanála 2025-2027.

2.3.1. **Clársceidealú acmhainní airgeadais**

Tá na hacmhainní airgeadais don tréimhse 2025-2027 mar chuid de phleanáil ilbhliantúil eu-LISA agus cuireadh san áireamh iad sa réamhaisnéis do chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027.

In **Iarscríbhinn II**, tugtar forléargas mionsonraithe ar chaiteachas oibríochtúil eu-LISA de réir córais mar a fhoráiltear i gclársceidealú ilbhliantúil agus bliantúil, agus i réasúnuithe buiséid, ach in **Iarscríbhinn III** déantar an buiséad a mhiondealú de réir struchtúr buiséadach eu-LISA ina ngrúpáiltear caiteachas oibríochtúil le haghaidh gach córais de réir na caibidle buiséadaí.

Don tréimhse 2025-2027, baineadh úsáid as pleanáil CAI mar bhonnlíne do mheastacháin airgeadais i gcleachtadh pleanála eu-LISA:

- **córais nua a cuireadh de chúram ar eu-LISA:** le glacadh na reachtaíochta tánaistí tugadh sonraí criticiúla nárbh eol iad agus na ráitis airgeadais reachtacha (LFS) faoi seach á n-ullmhú, rud a d’fhág gur tháinig méadú suntasach ar raon feidhme agus ar chastacht na gcóras nua, lena n-áirítear iad a chomhtháthú san ailtireacht idir-inoibritheachta;
- **castacht mhéadaithe na gcóras:** sáraíonn na costais chothabhála a bhaineann le bonneagar agus bogearraí tacaíochta na meastacháin tosaigh. Bhí lorg bonneagair na gcóras nua ní ba mhó ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús, mar aon le torthaí na nósanna imeachta tairisceana, i gcás inar ríomhadh costais chothabhála an chórais bunaithe ar an ailtireacht a bhí acu cheana féin. Ina theannta sin, sháraigh úsáid ardán comhroinnte comhchoiteann na Gníomhaireachta (CSI) na pleananna bunaidh mar gheall ar éilimh mhéadaithe a d’eascair as córais nua agus as córais a bhí ann cheana, rud a rinne difear mór dá chostais chothabhála.

Tá na meastacháin sin bunaithe ar thaithí na Gníomhaireachta roimhe seo, i.e. rinneadh sonraisc reatha agus na praghsanna a eachtarshuí ó chonarthaí a bhí ann cheana agus ó chostais i dtaobh ‘coimeád in ord oibre’ (MWOnna). Dá bhrí sin, beidh ar eu-LISA na meastacháin sin a bheachtú agus a choigeartú bunaithe ar na tairiscintí iarbhír a gheofar.[81]

2.3.2. **Clársceidealú acmhainní daonna**

Tá na meastacháin foirne maidir le cur chun feidhme na gcúraimí a shanntar do eu-LISA agus a phleanálann sé bunaithe ar rialacháin agus ráitis airgeadais reachtacha (LFS) a glacadh atá ina gcuid dhílis de thograí reachtacha an Choimisiúin chun córais nua nó réitigh dhigiteacha a fhorbairt.[82]

Tá teacht i bhfeidhm de réir a chéile na gcóras nua arna bhforbairt ag eu-LISA, mar aon leis an ailtireacht idir-inoibritheachta nua don réimse CGB, beartaithe i rabhartaí cur in úsáid as a chéile, mar a leagtar síos sa Treochlár Idir-inoibritheachta athbhreithnithe, a d’fhormheas an Chomhairle CGB i mí Dheireadh Fómhair 2023. Éilíonn an cur chuige sin bealaí oibre níos solúbtha agus ní mór, dá bharr sin, go méadaítear cumais agus inniúlachtaí na mball foirne i dtaobh cúraimí a seachfhoinsíodh roimhe seo.

Cuirtear na figiúirí foirne a bronnadh do eu-LISA sna tograí ábhartha ón gCoimisiún i láthair thíos.

Tábla 6. Meastacháin foirne don tréimhse 2025-2027.

	2025				2026				2027			
	TA	CA	SNI	Iomlán	TA	CA	SNI	Iomlán	TA	CA	SNI	Iomlán
Rialachán eu-LISA												
Foireann bhunlíne	113	30	9	152	113	30	9	152	113	30	9	152
Rialachán athbhreithnithe eu-LISA	23	27	2	52	23	27	2	52	23	27	2	52

[81] Tá tairiscint seolta ag an nGníomhaireacht don Chreat Oibríochtúil Trasnach (TOF) i ndáil le cothabháil gach córais a chlúdach.
[82] *Soláthraítear i ráitis airgeadais reachtacha* (LFS) meastachán ar thionchar buiséadach (lena n-áirítear speansais riaracháin, bainistithe agus tacaíochta) na n-oibríochtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún, mar shampla i dtograí reachtacha.

	2025				2026				2027			
	TA	CA	SNI	Iomlán	TA	CA	SNI	Iomlán	TA	CA	SNI	Iomlán
Poist chibearshlándála (2023)	6			6	6			6	6			6
Rialacháin chóras-shonracha (glactha)												
EES	32			32	32			32	32			32
ETIAS	7	35		42	7	35		42	7	35		42
ECRIS		5		5		5		5		5		5
e-CODEX	2	3		5	2	3		5	2	3		5
Idir-inoibritheacht	24	31		55	22	30		52	22	30		52
CFS (athmhúnlú) (Filleadh agus Teorainneacha)		4		4		4		4		4		4
Tacaíocht d'iompróirí faoi EES/ETIAS[83]		21		21		21		21		21		21
VIS Athbhreithnithe	6	6		12	3	3		6	2			2
CP JITanna	8			8	8	2		10	8	2		10
Digitiú víosaí[84]	1	1		2	6	4		10	7	5		12
Eurodac athmhúnlú [85]	15	20		35	15	23		38	15	21		36
An Rialachán maidir le Scagadh[86]	13	6		19	13	6		19	13	6		19
Prüm II[87]	7			7	10			10	9	2		11
Tograí reachtacha ar feitheamh a nglactha[88]												
DTA[89]									2			2
Ródaire API[90]	12	4		16	13	4		17	13	4.5		17.5
fo-iomlán de réir an Phlean Bunaíochta	**269**	**193**	**11**	**473**	**273**	**197**	**11**	**481**	**274**	**195.5**	**11**	**480.5**

Cuirtear i láthair in **Iarscríbhinn IV** teacht chun cinn an chuóta foirne, agus cuirtear tuilleadh faisnéise ar fáil in **Iarscríbhinn V** maidir le beartas earcaíochta eu-LISA, breithmheas feidhmíochta agus athaicmiú, beartas soghluaisteachta, cothromaíocht inscne agus gheografach, agus roghanna scolaíochta do leanaí fhoireann eu-LISA.

---

[83] De réir an chomhaontaithe le Frontex maidir le 21 post CA a aistriú go sealadach chuig eu-LISA ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2027.
[84] Is iad sin na figiúirí athbhreithnithe a formheasadh faoi bhuiséad an Aontais a glacadh do 2024.
[85] *Rialachán (AE) 2024/1358* an 14 Bealtaine 2024 maidir le bunú Eurodac, IO L, 22.5.2024.
[86] *Rialachán (AE) 2024/1356* an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha, IO L, 22.5.2024.
[87] *Rialachán (AE) 2024/982* an 13 Márta 2024 maidir le cuardach uathoibrithe agus malartú uathoibrithe sonraí le haghaidh comhar póilíneachta, IO L, 5.4.2024.
[88] Is líon sealadach é líon na mball foirne a léirítear agus tá sé bunaithe ar ráitis airgeadais reachtacha atá i gceangal leis na tograí reachtacha faoi seach.
[89] *Togra le haghaidh Rialacháin* lena mbunaítear feidhmchlár chun sonraí taistil a chur isteach go leictreonach (an **'feidhmchlár AE um shonraí taistil digiteacha'**) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/399 agus (AE) 2018/1726, agus Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le húsáid dintiúr digiteach taistil [*COM(2024) 670 final*]; agus *Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle* maidir le heisiúint dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais agus maidir le **caighdeáin theicniúla ina leith** [*COM(2024) 671 final*].
[90] Tá *dhá thogra le haghaidh rialachán* curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún maidir le bailiú agus aistriú **réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí** (API). Rinneadh athbhreithniú ar líon na mball foirne a cuireadh in iúl le linn an nós imeachta bhuiséadaigh i gcomhairle leis an gCoimisiún.

2.4. **Straitéis chun gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach**

Is é cuspóir eu-LISA eagraíocht lúfar agus éifeachtach a fhorbairt a mbeidh a fheidhmíocht den scoth.

D'fhonn feabhas a chur ar a rialachas foriomlán, a pleanáil acmhainní agus a bainistiú buiséid, tá an Ghníomhaireacht ag féachaint ar bharrfheabhsú breise a dhéanamh chun gnóthachain éifeachtúlachta níos airde a bhaint amach agus feabhas a chur ar úsáid a hacmhainní a rannchuidíonn le beartais CGB an Aontais a chur chun feidhme.

Tá coigilteas buiséadach ann cheana féin mar thoradh ar úsáid a bhaint as cumais físchomhdhála le haghaidh cruinnithe (inmheánach agus idirghníomhaireachta, chomh maith le cruinnithe leis an gCoimisiún). Baineadh éifeachtúlachtaí breise amach trí sholáthar comhroinnte chun fógraí folúntais a fhoilsiú agus chun liostaí ionadaithe seanbhunaithe d'iarrthóirí ar éirigh leo a mhalartú. I gcás inar féidir, leanfaidh eu-LISA de dheiseanna breise a lorg le haghaidh sineirgí idir a sheirbhísí agus a phróisis féin, chomh maith le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, e.g. nósanna imeachta soláthair idirinstitiúideacha a úsáid, go príomha le haghaidh seirbhísí agus soláthairtí cothrománacha. Trí acmhainní agus cumhacht ceannaigh a chomhthiomsú, chuidigh nósanna imeachta soláthair idirinstitiúideacha den sórt sin cheana féin le barainneachtaí scála ní b'fhearr a bhaint amach. Amach anseo, tá sé beartaithe ag eu-LISA go mbeadh comhar feabhsaithe ann laistigh de Líonra na nGníomhaireachtaí Eorpacha (EUAN) sa treo sin.

Ó 2020 agus ó phaindéim COVID-19 i leith, tá soláthar gníomhaíochtaí oiliúna aistrithe ag eu-LISA chuig na Ballstáit ó chur chuige aghaidh ar aghaidh i dtreo tairiscint ar líne. In 2023, cuireadh 80 % de na gníomhaíochtaí oiliúna ar fáil ar líne (i gcomparáid le 52 % in 2019), as ar eascair méadú suntasach ar rannpháirtíocht ar líne (94 %) agus méadú beagnach faoi sheacht ar líon iomlán na rannpháirtithe oiliúna; ó 623 in 2019 go 4112 in 2023. Ina theannta sin, tá an chuid is mó d'ábhair oiliúna ar líne in-athúsáidte, rud a laghdaíonn na costais do eu-LISA agus ualach oibre na foirne oiliúna, agus a sholáthraíonn deiseanna coigilte costais do na Ballstáit ag an am céanna, ó thaobh am agus costas na rannpháirtíochta a laghdú. Táthar ag súil go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh.

Chun feidhmíocht den scoth a bhaint amach agus chun a cuspóirí a bhaint amach, ní mór don Ghníomhaireacht srianta a bhaineann leis na hacmhainní daonna atá ar fáil a chur san áireamh. In 2022, formheasadh straitéis foinsithe chun soiléiriú a dhéanamh ar na cumais is gá chun seirbhísí eu-LISA a sholáthar agus chun tuiscint a fháil ar an mbealach is fearr chun iad a aimsiú. Chuige sin, léirítear sa straitéis foinsithe cén cineál acmhainní daonna is féidir a leithdháileadh chun na cúraimí éagsúla a dhéanamh, e.g. foireann inmheánach a úsáid le haghaidh seirbhísí criticiúla nach féidir a sheachfhoinsiú, conraitheoirí seachtracha le haghaidh seirbhísí eile, nó samhail mheasctha a chur i bhfeidhm. Is gné thábhachtach í an straitéis foinsithe chun pleanáil acmhainní daonna sa SPD a threorú ar bhealach níos trédhearcaí agus an gá atá le hacmhainní breise nach féidir a sheachfhoinsiú a shainaithint. Tá athbhreithniú ar an straitéis foinsithe ar siúl faoi láthair chun a hábharthacht a fheabhsú tuilleadh.

Ag an am céanna, tá creatchonradh nua á chur i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun tacaíocht eatramhach a fháil, i.e. chun na cúraimí agus an obair a sheachfhoinsiú nach bhfuil líon leordhóthanach post inmheánach leithdháilte ar eu-LISA ina leith.

Maidir lena chuid oibríochtaí, tá iarracht shuntasach á déanamh ag eu-LISA chun bealaí níos solúbtha oibre ar scála a chur chun feidhme, trasnaíocht a fheabhsú trí fhoirne éagsúla a thabhairt faoi bhuíon shealadach chun tionscadail forbartha TF nua a sheachadadh, agus féachaint ar bhealaí chun a shamhail oibríochtúil a nuachóiriú i dtreo níos lú spleáchais ar chonraitheoirí seachtracha. Tá measúnú á dhéanamh freisin ar an bhféidearthacht roinnt acmhainní foirne inmheánacha a chomhthiomsú, chun solúbthacht níos fearr a sholáthar idir tionscadail éagsúla. Chun an brú ar chostais bhonneagair a laghdú, tá an Ghníomhaireacht ag féachaint ar réitigh agus modhanna néalteicneolaíochta chun cothabháil an chórais a chaighdeánú. Tá sé beartaithe go nglacfaidh an Ghníomhaireacht néalstraitéis faoi dheireadh 2024.

Chun éifeachtúlacht a fheabhsú i réimsí na pleanála inmheánaí agus an leithdháilte acmhainní i dtreo costéifeachtacht fheabhsaithe, thug eu-LISA uirlis nua TF (Anaplan) isteach in 2023 chun na hiarrachtaí pleanála a chuíchóiriú ar fud na Gníomhaireachta, trí úsáid a bhaint as tacar coiteann sonraí mar phointe aonair fírinne, trí ualach oibre a laghdú, agus trí iarrachtaí atriallacha agus forluiteacha a sheachaint, as a dtiocfaidh gnóthachain éifeachtúlachta. Úsáidtear Anaplan chun tacú le hullmhú an chláir oibre bhliantúil, lena n-áirítear leithdháileadh buiséid agus acmhainní daonna. Baineadh úsáid as an uirlis chun SPDanna a ullmhú le haghaidh 2024 agus 2025, chun SPD 2026 a dhréachtú, agus tacófar léi in 2025 le sraith fhairsing tuarascálacha in Power BI a mbeidh rochtain ag an eagraíocht ar fad orthu. Tá sé beartaithe freisin, i measc feidhmiúlachtaí eile, síneadh a chur leis an uirlis in 2025 chun tacú le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir oibre bhliantúil.

Tá sraith fhairsing 69 bpróiseas forbartha agus doiciméadaithe ag an nGníomhaireacht lena gcumhdaítear a gníomhaíochtaí oibríochtúla agus corparáideacha araon chun tacú leis an bhfoireann ina gcúraimí agus chun na hidirghníomhaíochtaí idir foirne a éascú. Déantar na próisis go léir a thomhas ar bhonn KPInna d'fhonn a

n-ábharthacht a chinntiú, agus déantar iad a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta i dtreo barrfheabhsú breise agus chun níos mó sineirgí a bhaint amach. Táthar ag súil freisin go ndéanfar cuid de na próisis a shimpliú. In 2024, sheol an Ghníomhaireacht staidéar chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an digitiú tacú lena phróisis inmheánacha agus iad a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla, lena rochtain a éascú agus lena gcomhlíonadh a threisiú.

Tacófar leis na gníomhaíochtaí sin go léir trí obair agus infheistíocht leanúnach chun sreafaí oibre inmheánacha agus úsáid uirlisí TF a dhigitiú tuilleadh chun obair laethúil fhoireann eu-LISA a éascú.

In 2024, rinne an Ghníomhaireacht mapáil inmheánach ar chásanna úsáide ina bhféadfadh an intleacht shaorga (go háirithe an intleacht shaorga ghiniúnach) éifeachtúlacht gníomhaíochtaí corparáideacha agus oibríochtúla a fheabhsú nó tacú léi, d’fhonn cúraimí atriallacha nó ar luach íseal a bharrfheabhsú, rud a chuirfeadh ar chumas na foirne díriú ar ghníomhaíochtaí ardluacha. In 2024 agus in 2025, seolfar cúpla treoirthionscadal agus, má éireoidh leo, leathnófar iad de réir a chéile chuig réimsí breise.

Ina theannta sin, déanann an Ghníomhaireacht athbhreithniú rialta ar a rialachas inmheánach agus ar a struchtúir eagrúcháin chun an leas is fearr is féidir a bhaint astu. Ina theannta sin, tá eu-LISA ag baint úsáid as uirlisí nó tá sé beartaithe aige uirlisí a chur i bhfeidhm a chuirfidh barr feabhais ar a chuid oibre. In 2025, tá sé beartaithe againn líon na n-uirlisí a leathnú leis na nithe seo a leanas:

- uirlis nua chun an uirlis ITSM atá ann faoi láthair a athsholáthar, a chuideoidh le héifeachtúlacht a mhéadú mar gheall ar uathoibriú próisis agus sreafaí oibre cuíchóirithe chun seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú, costais a laghdú mar gheall ar bharrfheabhsú próisis, agus cur leis an lúfaireacht chun oiriúnú do riachtanais athraitheacha ghnó,
- Córas Bainistithe Teagmhas (EMS) lena dtabharfar isteach infheictheacht “pána gloine aonair” do gach córas CGB bainistithe ag eu-LISA (ar leibhéal an fheidhmchláir agus an bhonneagair araon), lena soláthrófar teagmhais dhídhúbláilte, comhghaolaithe ó chórais faireacháin bhunúsacha agus próisis bainistithe teagmhas agus fadhbanna a uathoibriú, agus ar an gcaoi sin an t-am le haisghabháil a íoslaghdú,
- lámhleabhar nua ríomhoibreora (eOPM) mar fhorbairt an eOPM CFS atá ann faoi láthair a chuirfear in úsáid do gach córas CGB chun tacú leis an Deasc Freastail trí shreafaí oibre an lámhleabhair oibreora a chur chun feidhme in uirlis lena mbaileofar le chéile cúraimí do gach córas, lena gcuirfear stádas soiléir ar fáil do na Ballstáit agus don deasc freastail maidir le gach sreabhadh oibre, lena spreagfar meabhrúcháin ar chúraimí atá beartaithe agus lena n-uathoibreofar roinnt bunchúraimí,
- uirlis chun éifeachtúlacht a sholáthar trí shocrú ó cheann go ceann mar chnámh droma do shaolré an táirge,
- uirlis chun riachtanais úsáideoirí a bhainistiú,
- uirlis chineálach bainistithe páirtithe leasmhara,
- uirlis anailíse gnó.

2.5. **Tosaíochtaí diúltacha nó laghdú ar chúraimí atá ann cheana**

I gcomhthéacs na pleanála acmhainní do 2025 agus ina dhiaidh sin, tá tosaíochtaí diúltacha nasctha le seachadadh beartaithe na gcóras nua in 2025, mar aon le haistriú agus ath-leithdháileadh acmhainní chun na córais agus na comhpháirteanna atá fágtha a áirítear sa Treochlár Idir-inoibritheachta a d’fhormheas an Chomhairle CGB i mí Dheireadh Fómhair 2023 a chur chun feidhme de réir a chéile, agus i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha.

Buiséad: An 30 Meán Fómhair 2024, sheol eu-LISA litir chuig an gCoimisiún inar leagadh béim ar na riachtanais struchtúracha atá ann maidir le hacmhainní buiséadacha breise do 2025 agus ina dhiaidh sin. Sa litir liostaítear na réimsí seo a leanas nach leor an buiséad ina leith, agus leagtar béim ar an ngá atá le hacmhainní breise le haghaidh bonneagar idir-inoibritheachta agus cothabháil feidhmchlár (lena n-áirítear an Lárchóras um Réiteach an Naisc Bhuí, CSLR), infheistíocht bhreise is gá le haghaidh seirbhísí gréasáin EES/ETIAS, agus síneadh acmhainne don láraonad cúltaca (BCU) san Ostair. Gan acmhainní breise, d’fhéadfadh sé go mbeadh ar an nGníomhaireacht an t-ord tosaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí a athrú de réir na n-acmhainní atá ar fáil.

Ina theannta sin, mar gheall ar leithdháileadh acmhainní neamhleor, ní féidir roinnt gníomhaíochtaí tábhachtacha a bheidh ag teastáil don todhchaí a phleanáil de thuras na huaire, e.g. sBMS a leathnú chuig acmhainn iomlán (gan ach 50 % ar fáil faoi láthair), athnuachan crua-earraí córais, agus comhpháirteanna crua-earraí teicniúla (e.g. Comhéadain Aonfhoirmeacha Náisiúnta, NUI) arb ionann iad agus costais bhreise shuntasacha agus a bheidh ríthábhachtach ag pointe áirithe.

Acmhainní daonna: Go ginearálta, d’fhéadfadh roinnt gnóthachan éifeachtúlachta a bhfuil cur síos orthu

thuas cabhrú le cuid den ualach oibre a laghdú agus d’fhéadfaí an t-am a shábháiltear a athshannadh chuig tascanna ardtosaíochta nó breisluacha. D’fhéadfadh an dul chun cinn lena bhfuiltear ag súil, amhail lúfaireacht ar scála, comhthiomsú acmhainní, úsáid na hintleachta saorga giniúnaí, cruinnithe agus oiliúint ar líne, agus úsáid uirlisí TF feabhsaithe, cur leis an athshannadh sin. Ina theannta sin, tiocfaidh deireadh le cuid de na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2024, amhail dualgais Uachtaránacht JHAAN a chomhlíonann eu-LISA in 2025, agus ar an dóigh sin, fágfar go mbeidh acmhainní ar fáil le haghaidh cúraimí eile.

Dá bhrí sin, mar gheall ar na hacmhainní teoranta atá ar fáil faoi láthair, agus bunaithe ar anailís cás ar chás, d’fhéadfadh sé go mbeadh ar eu-LISA tosaíocht a thabhairt arís do ghníomhaíochtaí tosaíochta ní b’ísle nó do ghníomhaíochtaí neamhriachtanacha nó bealaí a lorg chun seachadadh cúraimí nó tionscadal ní ba riachtanaí a bharrfheabhsú (e.g. líon ionadaithe eu-LISA a theorannú ag cruinnithe seachtracha, ár rannchuidiú le meastóireachtaí Schengen a theorannú, etc). Anuas air sin, beidh an Ghníomhaireacht ag breathnú ar bhonn níos géire amach anseo ar indéantacht na gcúraimí breise a shannfar gan na hacmhainní riachtanacha ina leith a bheith curtha ar fáil. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go ndeachaigh an Coimisiún i gcomhairle go rialta le eu-LISA le roinnt míonna anuas maidir leis na gnéithe teicniúla agus airgeadais a bhaineann le tionscnaimh nua chun a ionchur a sholáthar agus chun measúnú cuimsitheach ar riachtanais acmhainní a áirithiú.

PLEANÁIL BHLIANTÚIL

3

1. Achoimre feidhmiúcháin

Leagtar amach sa chlár oibre bliantúil príomhchuspóirí eu-LISA do 2025 agus tugtar forléargas ann ar na gníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an nGníomhaireacht a dhéanamh chun a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Leis an líon mór de chórais TF a chuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht, mar aon leis an timpeallacht rialála a bhíonn de shíor ag athrú, leagtar síos socrú an-dúshlánach do na deich mbliana amach romhainn, go háirithe i bhfianaise an bhrú atá ag dul i méid chun torthaí a bhaint amach le hacmhainní teoranta i gcoinne ionchais arda ár ngeallsealbhóirí. Léiríonn an clár oibre bliantúil sin iarrachtaí leanúnacha eu-LISA chun a éifeachtúlacht oibríochtúil agus a sholúbthacht oibríochtúil a chothabháil agus a fheabhsú chun dul i ngleic leis na dúshláin sin.

Tosaíochtaí eu-LISA do 2025

↘ Tosaíocht 1: Oibriú agus cur i bhfeidhm éifeachtach na gcóras faisnéise CGB de chuid an Aontais a chuirtear de chúram ar eu-LISA a áirithiú

- **Feidhmiú cobhsaí gan bhriseadh chórais faisnéise CGB an Aontais a chuirtear de chúram ar eu-LISA a áirithiú: CFS, VIS, Eurodac, e-CODEX agus ECRIS RI**

Is é príomhthosaíocht na Gníomhaireachta le haghaidh 2025 feidhmiú cobhsaí, gan bhriseadh agus forbairt leanúnach chórais faisnéise CGB an Aontais atá á mbainistiú ag eu-LISA a áirithiú: CFS, VIS, Eurodac, e-CODEX agus ECRIS RI. Chun a áirithiú go mbeidh siad ar fáil go leanúnach, soláthróidh an Ghníomhaireacht cothabháil do gach croíchóras gnó agus dá mbonneagair chumarsáide faoi seach, mar aon le tacaíocht ardcháilíochta d’úsáideoirí deiridh (i.e. údaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí an Aontais).

Ina theannta sin, díreoidh an Ghníomhaireacht a hiarrachtaí ar fheidhmíocht fhoriomlán na seirbhíse do na córais sin a fheabhsú, leibhéal iomchuí slándála, athléimneachta agus infhaighteachta do gach córas a fheabhsú agus a áirithiú.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht freisin dá punann seirbhísí digiteacha a leathnú i gcomhréir le pleananna an Aontais maidir le digitiú an cheartais trí bhainistiú oibríochtúil e-CODEX a áirithiú agus trí fhorbairt bhreise a dhéanamh air.

- **Leanúint de chur chun feidhme an Treochláir Idir-inoibritheachta i rabhartaí cur in úsáid: EES, ETIAS, ECRIS-TCN, mar aon le comhpháirteanna idir-inoibritheachta; agus córais CGB nua (a d’fhéadfadh a bheith ann) a fhorbairt a chuirfear de chúram ar eu-LISA (JITanna CP, API, pacáiste ríomhcheartais)**

In 2025, leanfaidh an Ghníomhaireacht de EES, ETIAS, ECRIS-TCN, VIS Athbhreithnithe agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta a chur chun feidhme agus a sheachadadh go teicniúil, a sheachadfar de réir a chéile i rabhartaí cur in úsáid as a chéile go dtí 2026.[91]

In 2025, leanfaidh an Ghníomhaireacht freisin d’ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a fhorbairt, rud a mhéadóidh rannpháirtíocht fhoriomlán eu-LISA le pobal ceartais an Aontais, agus lena mbunófar comhpháirtíochtaí níos dlúithe. Ina theannta sin, cuirfidh eu-LISA tús leis na hullmhúcháin chun nós imeachta víosa an Aontais a dhigitiú.

- **Dul ar aghaidh le tionscnaimh reachtacha nua a chur chun feidhme (Prüm II, VIS Athbhreithnithe, athmhúnlú Eurodac) agus iad a chomhtháthú san ailtireacht idir-inoibritheachta**

Maidir leis na cúraimí nua, cuirfidh an Ghníomhaireacht tús freisin le forbairt ródaire lárnach nua Prüm agus leanfaidh sí d’ardán comhoibrithe na JITanna a fhorbairt. Ina theannta sin, leanfar den obair chun VIS Athbhreithnithe agus athmhúnlú Eurodac a chur chun feidhme (lena n-áirítear uasghrádú DubliNet de réir athmhúnlú Rialachán Bhaile Átha Cliath), agus naisc le comhpháirteanna idir-inoibritheachta á dtabhairt chun críche. Chun malartú faisnéise idir CFS, VIS agus ETIAS a áirithiú, chomh maith le comhpháirteanna idir-inoibritheachta, leanfaidh an Ghníomhaireacht d’fheidhmiúlachtaí CFS agus VIS a thabhairt cothrom le dáta chun an t-idirnasc le ETIAS a ráthú, rud a cheadóidh do ETIAS fiosrúcháin CFS agus VIS a dhéanamh.

- **Coincheap na Monarchan Bogearraí (SoFa) a chur i bhfeidhm agus Agile a ghlacadh ar scála**

Saineoidh an Ghníomhaireacht freisin a straitéis maidir le monarcha bogearraí agus cuirfidh sí chun feidhme

---

[91] Amlíne le deimhniú.

í ar bhonn píolótach do Eurodac, sula ndéanfaidh sí í a ghinearálú chuig gach tionscadal eile. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de Agile a leathnú ar scála agus d'obair na bhfoirne trasfheidhmiúla a chomhdhlúthú chun forbairt córas nua a bharrfheabhsú.

- **Cumais tástála na Gníomhaireachta a fheabhsú**

Cuirfidh an Ghníomhaireacht feabhas ar a cleachtais tástála reatha trína hoscailt níos mó i dtreo tacú le tástálacha gnó do na Ballstáit.

Tosaíocht 2: Feidhmíocht na Gníomhaireachta a ardú ó thaobh comhlíontachta de

- **Córas rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta a neartú tuilleadh, agus béim ar leith á leagan ar bhainistiú conarthaí**

Déanfaidh an Ghníomhaireacht a córas rialaithe inmheánaigh a fheabhsú agus a neartú tuilleadh, chomh maith leis an bplean gníomhaíochta a eascraíonn as an gComhchreat Measúnaithe (CAF) a chur chun feidhme, mar a comhaontaíodh in 2022. Díreoidh rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear Straitéis Rialaithe Inmheánaigh eu-LISA, ar réimsí inarb ann do phríomhlaigí, go háirithe maidir le próisis agus gníomhaíochtaí bainistithe conarthaí a fheabhsú.

- **Leanúint de shlándáil sonraí agus cosaint sonraí a áirithiú i gcomhréir iomlán leis na caighdeáin ábhartha**

Leanfaidh an Ghníomhaireacht de na caighdeáin is airde slándála faisnéise agus cosanta sonraí a chur i bhfeidhm ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis a óstálann sí, agus ráthaíonn sí go leanfaidh láimhseáil faisnéise pearsanta de bheith cothrom agus dleathach, i gcomhréir iomlán leis na prionsabail agus na rialacháin is déine maidir le cosaint sonraí. Tá tuairisciú ar chosaint sonraí agus dlúthchomhar leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) fós ina phríomhghné de chuntasacht na Gníomhaireachta, agus, le comhoibriú le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, cuirtear dea-chleachtais chun cinn.

Tosaíocht 3: Rannpháirtíocht na foirne a chothú trí ionad oibre fónta a dhéanamh den Ghníomhaireacht d'fhonn tallann nua a mhealladh agus a choinneáil

- **Feabhas a chur ar an ráta áitíochta foirne**

Déanfaidh an Ghníomhaireacht a dícheall a ráta áitíochta a fheabhsú, go háirithe trí nósanna imeachta earcaíochta níos tapúla a dhéanamh, trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta chun tacú le hearcaíocht, agus an úsáid is mó is féidir a bhaint as liostaí ionadaithe inmheánacha atá ann cheana agus as liostaí ionadaithe comhroinnte le gníomhaireachtaí eile.

- **Giaráil agus feabhsú a dhéanamh ar chumas eu-LISA tallann a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil**

Leanfaidh an Ghníomhaireacht dá hiarrachtaí giaráil agus feabhsú a dhéanamh ar a cumas a áirithiú go bhfuil na daoine cearta aici sna poist chearta trí ghairmithe cáilithe a bhfuil luachanna na Gníomhaireachta acu a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil agus atá an-spreagtha agus tiomanta dá misean agus dá cuspóirí a bhaint amach.

- **Luachanna agus cultúr a chothú chun ionad oibre fónta atá trédhearcach, cuimsitheach agus eiticiúil a dhéanamh de eu-LISA**

Is é sprioc na Gníomhaireachta a bheith ina heagraíocht a bhfuil fíorchion ag daoine a bheith ag obair mar chuid di agus inar féidir leo sásamh a aimsiú. Is mian le eu-LISA a bheith ina ionad oibre fónta a spreagann iarracht chomhoibríoch agus a thugann cumhacht do gach fostaí difear a dhéanamh. Trí ghlacadh le mianach, dearcthaí agus taithí uathúil gach duine aonair, tá an Ghníomhaireacht ag iarraidh a bheith níos líofa chun leas a bhaint as na tacair scileanna éagsúla atá ar fáil laistigh den eagraíocht agus chun bheith in ann feidhmiú níos fearr trí réitigh nuálacha a ghlacadh. Cuirfear béim ar leith ar chothromaíocht inscne, ar éagsúlacht agus ar chuimsiú. Leanfaidh an Ghníomhaireacht d'fholláine na bhfostaithe a chothú agus tacóidh sí le foirne níos sláintiúla.

Tosaíocht 4: A bheith oiriúnach don todhchaí, teicneolaíochtaí agus nuálaíocht a fheabhsú

- **Cur chun feidhme a dhéanamh ar na moltaí a eascraíonn as meastóireacht sheachtrach neamhspleách rialta na Gníomhaireachta a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 39 den Rialachán**

lena mbunaítear eu-LISA

Bunaithe ar chonclúidí na meastóireachta, cuirfidh an Ghníomhaireacht chun feidhme an plean gníomhaíochta a fhormheasfaidh an Bord Bainistíochta.

- **Dul chun cinn a dhéanamh leis an gclár um méadú ar acmhainn, go háirithe an lárionad sonraí modúlach, chun tacú le riachtanais na gcóras atá ann cheana agus na gcóras nua**

Leanfaidh an Ghníomhaireacht de dhul chun cinn a dhéanamh ó thaobh an chláir um méadú ar acmhainn chun athléimneacht agus infhaighteacht na gcroíchóras gnó uile a áirithiú trí fheabhas a chur ar an acmhainneacht chumhachta agus fuaraithe ag ionad sonraí Strasbourg chun freastal ar riachtanais oibríochtúla mhéadaitheacha a eascraíonn as a shainordú leathnaithe agus as líon méadaitheach córas nua agus méideanna nua sonraí.

- **Dul chun cinn a dhéanamh i dtaobh bhonneagar agus acmhainn óstála eu-LISA a nuachóiriú (óstáil chliste)**

Leanfaidh an Ghníomhaireacht dá bonneagar agus feidhmchláir chorparáideacha TF a aistriú chuig an néal a n-óstálann Ard-Stiúrthóireacht na Seirbhísí Digiteacha (DIGIT) sa Choimisiún chun costais a laghdú, éifeachtacht na bpróiseas TF a fheabhsú, agus timpeallacht dhinimiciúil ar éileamh a sholáthar chun freastal níos fearr ar riachtanais úsáideoirí. Cuirfidh an Ghníomhaireacht a néalstraitéis chun feidhme freisin chun tacú le croíchórais ghnó agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha.

- **Leas a bhaint as an méid arna fhoghlaim ón mbealach nua solúbtha oibre agus ó na dea-chleachtais a tástáladh tríd an gcur chuige rabhartaí**

Déanfaidh an Ghníomhaireacht na bealaí nua oibre a ndéantar tástáil rathúil orthu trí chur chuige na rabhartaí a leathnú tuilleadh trína modhanna oibre a oiriúnú i dtreo cleachtais níos solúbtha agus eagrúchán níos trasnaí ról laistigh den Ghníomhaireacht, agus trí oibriú ar bhealach níos comhtháite le conraitheoirí agus le soláthraithe seirbhíse.

- **A áirithiú go leanfaidh eu-LISA de bheith ar thús cadhnaíochta sa teicneolaíocht agus i réitigh nuálacha chun tacú leis na Ballstáit, go háirithe i réimse na bithmhéadrachta, na hintleachta saorga, na cibearshlándála agus na cibear-athléimneachta**

In 2025, leanfaidh an Ghníomhaireacht dá cumais taighde agus nuálaíochta a fheabhsú trí dhíriú ar fhaireachán a dhéanamh ar thaighde agus nuálaíochtaí ábhartha a d’fhéadfadh eu-LISA a chur chun feidhme, chomh maith le tacaíocht shainiúil a chur ar fáil don Chlár Eorpach Taighde agus do na Ballstáit, i gcomhréir leis an straitéis taighde a formheasadh in 2024. Leanfaidh an Ghníomhaireacht freisin dá rannchuidiú gníomhach le Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach.

Chun láimhseáil níos fearr a dhéanamh ar chibirionsaithe agus ar theagmhais atá ag dul i méid, díreoidh an Ghníomhaireacht ar a cumas cibear-athléimneachta agus freagartha a neartú. Chuige sin, leanfaidh eu-LISA d’fhorbairt agus d’fheabhas a chur ar an eagraíocht, ar na próisis, ar na hinniúlachtaí, ar na creataí, ar na huirlisí agus ar na teicneolaíochtaí chun cosaint a thabhairt i gcoinne na ngníomhaíochtaí agus na ngníomhaithe sin, chun iad a bhrath, a shainaithint, a dhíspreagadh agus chun freagairt dóibh.

Ina theannta sin, déanfaidh eu-LISA na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil na córais TF atá á mbainistiú aige i gcomhréir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga.[92]

- **Éifeachtúlacht a fheabhsú tuilleadh, go háirithe trí uirlisí a chur chun feidhme le haghaidh bainistiú uathoibrithe próisis**

Déanfaidh an Ghníomhaireacht a dícheall a héifeachtúlacht a fheabhsú tuilleadh, go háirithe trí úsáid a bhaint as uirlisí agus teicneolaíochtaí a thacóidh lena próisis oibríochtúla agus chorparáideacha. Áireofar leis sin uathoibriú próiseas agus seirbhísí (lena n-áirítear meaisínfhoghlaim agus intleacht shaorga a chur chun feidhme) i réimsí ábhartha ar an leibhéal corparáideach, nó tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla, amhail an deasc freastail, bonneagar, cibearshlándáil, etc.

[92] *Rialachán (AE) 2024/1689* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, Rialacháin (AE) Uimh. 167/2013, 168/2013, 2018/858, 2018/1139 agus 2019/2144 agus Treoracha 2014/59/AE, 2016/797 agus 2020/1828 (**An Gníomh um an Intleacht Shaorga**), IO L, 2024/1689,12. 7.2024.

↘ Tosaíocht 5: Rialachas agus caidreamh na Gníomhaireachta lena príomhpháirtithe leasmhara a chomhdhlúthú

- **Rialachas na Gníomhaireachta a chomhdhlúthú**

Ós rud é go ndearnadh freagrachtaí eu-LISA a leathnú go suntasach agus go leanfaidh siad de bheith ag fás, is léir go bhfuil gá le samhlacha rialachais tagartha a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, ar samhlacha iad is infheidhme maidir le gníomhaireacht TF trasearnála a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a bhunófar tríd an leathnú atá le teacht ar shainordú eu-LISA. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de thacaíocht a thabhairt don Choimisiún ina oibleagáid meastóireachtaí tréimhsiúla a dhéanamh ar eu-LISA.

Comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí institiúideacha a neartú le hinstitiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, maille leis na Ballstáit, tíortha óstacha, an saol acadúil agus an tionscal. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith ag obair go dlúth lena geallsealbhóirí, go háirithe leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún, le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus le Parlaimint na hEorpa. Neartóidh sé freisin comhpháirtíochtaí le tíortha óstacha agus le cathracha óstacha (Taillinn, an Eastóin agus Strasbourg, an Fhrainc) chun tuilleadh infheictheachta don Aontas a áirithiú agus chun feasacht níos fearr a áirithiú maidir le ról eu-LISA ar an leibhéal áitiúil. Neartófar comhpháirtíochtaí leis an tionscal agus leis an saol acadúil tuilleadh freisin.

- **Ag athrú ó sholáthraí seirbhíse i dtreo a bheith ina chomhpháirtí gnó**

Cuirfidh an Ghníomhaireacht feabhas ar a saolré bainistithe riachtanas do na córais atá ann cheana agus do na córais nua. Maidir le córais nua a fhorbairt, forbróidh an Ghníomhaireacht táirgí íosta inmharthana (MVPanna) agus samhlacha chun aiseolas ó úsáideoirí a ghabháil ar bhealach níos fearr agus chun an t-ionchur is gá a fháil don táirge deiridh.

2. Clár oibre bliantúil do 2025

Leagtar amach sa chlár oibre seo a leanas príomhthosaíochtaí eu-LISA do 2025 agus tugtar forléargas ann ar na gníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an nGníomhaireacht a dhéanamh chun a cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach sa doiciméad clársceidealaithe seo a bhaint amach faoi gach tosaíocht.

Cuirtear na meastacháin ar an mbuiséad agus na hacmhainní daonna is gá do gach cúram i láthair in Iarscríbhinn II.

2.1. Slándáil inmheánach agus comhar i bhforfheidhmiú an dlí

Tacaíonn an Ghníomhaireacht le cur chun feidhme chuspóirí **Straitéis Aontas Slándála an Aontais**, go háirithe tógáil **éiceachóras slándála Eorpach láidir**. Le CFS athnuaite agus ródairí Prüm II agus API atá ar na bacáin, rannchuidíonn eu-LISA le slándáil inmheánach an Aontais trí mhalartú faisnéise iontaofa agus slán a sholáthar lena n-éascaítear comhar idir údaráis forfheidhmithe dlí na hEorpa chun coireanna trasteorann agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.

2.1.1. Córas Faisnéise Schengen (CFS)

Mar cheann de bhunchlocha ailtireachta Schengen, rannchuidíonn CFS go díreach le teorainneacha seachtracha limistéar Schengen a bhainistiú trí mhalartú faisnéise faisnéise a éascú idir údaráis náisiúnta ainmnithe ar fud na hEorpa, lena n-áirítear forfheidhmiú an dlí, rialú teorann, seiceálacha custaim, próiseáil víosaí agus údaráis bhreithiúnacha. Le CFS is féidir foláirimh a chomhroinnt agus a cheadú maidir le daoine (e.g. daoine a bhfuiltear sa tóir orthu le haghaidh seiceálacha gabhála nó fiosrúcháin, daoine atá ar iarraidh nó daoine leochaileacha) agus náisiúnaigh tríú tír (i.e. cead isteach nó fanacht a dhiúltú) i limistéar Schengen. Ina theannta sin, le CFS is féidir foláirimh a chomhroinnt maidir le hábhair (e.g. doiciméid aitheantais, feithiclí, nó ábhair a úsáidtear mar fhianaise in imeachtaí coiriúla). Tacaítear le CFS lena fheidhmiúlacht cuardaigh bhithmhéadraigh – an Córas Uathoibrithe um Shainaithint Méarlorg (AFIS), lenar féidir daoine ar díol spéise iad a shainaithint bunaithe ar mhéarloirg, ar loirg dearnan agus ar mharcloirg.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

Bainistiú oibríochtúil CFS

- Bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus éifeachtúil lárchóras CFS a áirithiú (lena n-áirítear an fheidhmiúlacht cuardaigh bhithmhéadraigh AFIS go dtí 2026 nuair a rachaidh sBMS i bhfeidhm le haghaidh CFS) trí bhonneagar crua-earraí agus bogearraí a choinneáil cothrom le dáta agus trí thacú leis na Ballstáit córais náisiúnta CFS a bhainistiú.
- Infhaighteacht gan bhriseadh agus feidhmíocht éifeachtúil lárchóras CFS (lena n-áirítear feidhmiúlacht chuardaigh bhithmhéadrach AFIS) a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh sna Ballstáit, de réir rialachán ábhartha agus comhaontuithe leibhéil seirbhíse, lena n-áirítear leanúint de na seiceálacha rialta comhsheasmhachta sonraí.

Uasghrádú agus forbairt SIS

- An dul chun cinn is gá a sholáthar chun feabhas leanúnach a chur ar an gcóras trí chur chun feidhme an fholáirimh nua faisnéise CFS atá le húsáid ag na Ballstáit, ar thogra ó Europol, maidir le hamhrastaigh sceimhlitheoireachta nó coireachta tromchúisí eile a thabhairt chun críche agus réada ardluacha a chur chun feidhme.
- Acmhainn lárchóras CFS a mhéadú chun freastal ar thrácht breise tar éis é a chomhtháthú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta.

Idir-inoibritheacht CFS

- Bailchríoch a chur ar chur chun feidhme na gcomhéadan idir-inoibritheachta is gá chun nascadh le comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP agus MID) chun céannachtaí a chuardach agus a chros-seiceáil ar fud chórais faisnéise CGB uile bunaithe ar shonraí bithmhéadracha agus alfa-uimhriúla.
- Bailchríoch a chur ar an nasc le ETIAS chun cuardaigh uathoibrithe a chumasú chun measúnú a dhéanamh ar cheart iontrála an iarratasóra agus ar sheirbhísí níos cuíchóirithe d'úsáideoirí deiridh an chórais.
- An dearadh chun idirnasc CFS le VIS a chur chun feidhme a thabhairt chun críche chun éifeachtúlacht an phróisis formheasa víosaí a fheabhsú trí chuardaigh ar amais a d'fhéadfadh a bheith in CFS a cheadú.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (2022)
Infhaighteacht lárchóras CFS[93]	≥ 99.99 %	99.94%
Aga freagartha lárchóras CFS[94]	≥ 99.5 %	98.98%

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	An toradh a bhfuiltear ag súil leis	Cur síos agus aschur
Bainistiú oibríochtúil CFS		
Cothabháil CFS agus AFIS gnó mar is gnách	Feidhmíocht an chórais i gcomhréir le riachtanais acmhainne, infhaighteachta agus feidhmíochta; teagmhais arna mbainistiú de réir SLAnna.	Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, fhoirfeach, agus choisctheach a sholáthar chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú, lena n-áirítear AFIS. Comhtháthú leis an gCóras Bainistithe Teagmhas.
Tacaíocht CFS do na Ballstáit gnó mar is gnách	Ullmhacht oibríochtúil na gcóras náisiúnta, agus comhoiriúnacht le lárchóras CFS, a áirithiú.	Tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit le linn eisiúintí nua, feachtais tástála agus feachtais cháilíochta a chur i bhfeidhm.
Forbairt CFS		
Uirlis um bainistiú cur i bhfeidhm agus anailísíochta CFS seachadadh tionscadal 2025	Bainistiú, slándáil, faireachán feidhmíochta agus anailísíocht fheabhsaithe ó thaobh cur i bhfeidhm córais.	Uirlis nua a thabhairt isteach maidir le bainistiú, slándáil, faireachán feidhmíochta agus anailísíocht cur i bfeidhm córais, lena n-áirítear ailíniú le ceanglais slándála eu-LISA.
Lárchóras CFS a aistriú chuig CSP seachadadh tionscadal 2026	Lárchóras CFS atá i bhfeidhm ar an ardán comhroinnte coiteann (CSP).	Leanúint d'aistriú lárchóras CFS chuig CSP, lena n-áirítear caighdeáin crua-earraí agus bogearraí a ailíniú, cumais gníomhach-gníomhach.
Leanúint le hathmhúnlú CFS seachadadh tionscadail le deimhniú	Uasghrádú CFS de réir na gCinntí Cur Chun Feidhme a d'eascair as athmhúnlú CFS.	Uasghráduithe a chur chun feidhme de réir Chinntí Cur Chun Feidhme Athmhúnlú CFS, lena n-áirítear réada ardluacha agus foláirimh nua.
Méadú ar acmhainn CFS seachadadh tionscadal 2027	Feidhmíocht ardleibhéil agus infhaighteacht leanúnach, gan bhriseadh i gcomhthéacs trácht bhreise a eascraíonn as idir-inoibritheacht agus foláirimh nua.	Ceanglais agus dearadh mionsonraithe a shainiú chun athruithe feidhmiúla agus neamhfheidhmiúla ar an gcroíchóras/ar an lárchóras a fhorbairt, lena n-áirítear méid dénártha chun méarloirg a láimhseáil le sainmhíniú níos airde agus idirbhearta foláirimh níos airde.
Forbairt SIS seachadadh tionscadal 2025/2026	Nuashonrú CFS chun tacú le cuspóirí an Rialacháin maidir le Scagadh .	Ceanglais an Rialacháin maidir le Scagadh a chur chun feidhme, lena n-áirítear méadú ar líon na méarlorg agus ar mhéid an chomhaid NIST.
Idir-inoibritheacht CFS		
Nasc CFS le comhpháirteanna idir-inoibritheachta seachadadh tionscadal 2025	Feabhas a chur ar fheidhmíocht CFS agus ar sholáthar seirbhíse trí naisc idir-inoibritheachta a bhunú le haghaidh seirbhísí cuíchóirithe d'úsáideoirí deiridh i bpobal CGB an Aontais.	Naisc a bhunú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta, i.e. ESP, sBMS, MID, CRRS; próiseas agus naisc MID a sheoladh.
Nascadh CFS le ETIAS seachadadh tionscadal 2025	Idir-inoibritheacht córas le córas bunaithe chun seirbhísí níos cuíchóirithe a chur ar fáil, lena n-áirítear cuardaigh uathoibrithe chun iarratais a mheasúnú.	Idir-inoibritheacht córas le córas a bhunú trí réiteach bus seirbhíse fiontair a bhunú idir CFS agus ETIAS chun sonraí a mhalartú.
Nascadh CFS le VIS seachadadh tionscadal 2027	Idir-inoibritheacht córas le córas a bhunú chun éifeachtúlacht an phróisis formheasa víosaí a fheabhsú trí chuardaigh ar amais a d'fhéadfadh a bheith in CFS a cheadú.	Idir-inoibritheacht córas le córas a bhunú trí cheanglais a shainiú agus an dearadh mionsonraithe a thabhairt chun críche chun tús a chur leis an idirnasc idir croí-CFS agus VIS a fhorbairt.

[93] **Infhaighteacht lárchóras CFS:** an codán den am a bhfuil feidhmeanna criticiúla gnó an chórais ar fáil d'úsáideoirí deiridh, a shloinntear mar chéatadán. Déantar feidhmeanna gnó CFS a ghrúpáil i dtrí chatagóir: 1) ionramháil sonraí, 2) cuardach sonraí (fiosruithe) agus 3) aisghabháil sonraí (fiosruithe). Is ionann an céatadán agus infhaighteacht an chórais dhomhanda, lena n-áirítear bonneagar cumarsáide.
[94] **Aga freagartha lárchóras CFS:** úsáidtear ceisteanna chatagóir 1 mar an croítháscaire toisc gurb í an cheist is ionadaíche í. Is ionann Catagóir 1 agus gach ceist aonair agus iolrach a rangaítear mar 'beacht', toisc go gcuirtear faisnéis chruinn ar fáil i réimsí cuardaigh, ach ní chuirtear ceisteanna 'neamhbheachta' nó 'doiléire' san áireamh. Is é an t-aga freagartha caighdeánach le haghaidh fiosruithe 'beachta' ná soicind amháin, ach i gcás gach duine eile is é trí shoicind an t-aga freagartha caighdeánach. Bíonn táscaire aga freagartha CFS (KPI 7) 'glas' má fhaigheann níos mó ná 99.5 % de cheisteanna i gcatagóir 1 freagra laistigh de soicind amháin, 'ómra' má bhíonn an ráta sin idir 99.5 agus 99 %, agus 'dearg' má bhíonn sé níos lú ná 99 %.

2.1.2. **Ródaire lárnach Prüm II (malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta)**

Le ródaire lárnach nua Prüm II lena gcumasaítear malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta, déanfar creat Prüm atá ann cheana a threisiú agus a nuachóiriú, agus déanfar idir-inoibritheacht le córais faisnéise ábhartha CGB a chumasú.[95] Déanfaidh an ródaire nua malartú sonraí níos éasca, níos tapúla agus níos córasaí idir na Ballstáit a chuíchóiriú agus a éascú chun an choireacht trasteorann a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla, agus ardleibhéal cosanta do chearta bunúsacha á áirithiú ag an am céanna. Tiocfaidh an ródaire nua in ionad na nasc aonair atá ann faoi láthair idir na bunachair sonraí náisiúnta i ngach Ballstát agus cuirfidh sé bunús ar fáil d'ailtireacht nua chun na sonraí atá ar fáil ó ADN, ó mhéarloirg, agus ó chlárú feithiclí a leathnú chun íomhánna den aghaidh agus taifid phóilíneachta a áireamh freisin.

Príomhchuspóir le haghaidh 2025

Ródaire lárnach Prüm II a chur chun feidhme

- Tús a chur le forbairt ródaire lárnach Prüm II chun malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus Europol a chuíchóiriú, tríd an méid faisnéise a roinntear a leathnú agus nasc aonair a chur ar fáil d'úsáideoirí chuig bunachair sonraí uile na mBallstát agus sonraí Europol maidir le fiosrúcháin bhithmhéadracha, agus Córas Innéacs Eorpach na dTaifead Póilíneachta (EPRIS) le haghaidh taifid phóilíneachta a chuardach a mhéadú.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (2022)
costas an tionscadail	diall iomlán ≤ 5%	neamhbhainteach
sceideal an tionscadail	diall iomlán ≤ 5%	
raon feidhme an tionscadail	gan diall	

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Ródaire lárnach Prüm II a chur chun feidhme		
Ródaire lárnach Prüm a chur chun feidhme seachadadh tionscadal 2027	Malartú cuíchóirithe faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus Europol chun cionta coiriúla agus sceimhlitheoireachta trasteorann a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.	Ceanglais agus dearadh mionsonraithe a shainiú do ródaire lárnach nua Prüm II.

2.1.3. **Ródaire API (réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí)**

Éascóidh an ródaire API chun réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú, i.e. sonraí taistealaithe agus faisnéis eitilte roimh theacht na dtaistealaithe, sainaithint agus imréiteach taistealaithe le linn an phróisis trasnaithe teorann ag teorainneacha seachtracha. Soláthróidh an ródaire API aonair malartú sonraí níos éasca, níos tapúla agus níos córasaí idir aeriompróirí agus údaráis inniúla teorann trí bhailiú sonraí uathoibrithe trí shonraí doiciméad taistil meaisín-inléite. Trí shonraí API a aistriú tríd an ródaire laghdófar an dóchúlacht nach gcomhlíonfaidh iompróir an oibleagáid sonraí API a chur in iúl agus an riosca earráidí agus mí-úsáide á laghdú ag an am céanna. Mar thoradh air sin, le seiceálacha teorann neartaithe beifear in ann an inimirce neamhdhleathach a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla agus cuideofar le bagairtí ar shlándáil inmheánach na mBallstát a chosc agus cosaint na gceart bunúsach á háirithiú ag an am céanna.

Príomhchuspóir le haghaidh 2025

Cur chun feidhme API

- Tús a chur le forbairt an ródaire API chun ródaire amháin a bhunú a bhaileoidh sonraí API seolta ag aeriompróirí tríd an gcomhéadan iompróra agus a tharchuirfidh na sonraí bailithe chuig na húdaráis náisiúnta teorann agus forfheidhmithe dlí.

---

[95] *Rialachán (AE) 2024/982* maidir le cuardach uathoibrithe agus malartú uathoibrithe sonraí le haghaidh comhar póilíneachta (**Rialachán Prüm II**), ach bhí an creat Prüm roimhe seo bunaithe ar Chinntí ón gComhairle *2018/615/CGB* agus *2008/616/CGB*. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, tabhair cuairt ar leathanach tiomnaithe an Choimisiúin maidir le *pacáiste an Aontais um chomhar póilíneachta*.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (2022)
costas an tionscadail	diall iomlán ≤ 5%	neamhbhainteach
sceideal an tionscadail	diall iomlán ≤ 5%	
raon feidhme an tionscadail	gan diall	

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Ródaire API a chur chun feidhme		
Cur chun feidhme API seachadadh tionscadal 2028	Próiseas bainistithe teorainneacha feabhsaithe agus cuíchóirithe ionas gur féidir an inimirce neamhdhleathach a chosc ar bhealach níos éifeachtúla agus chun na Ballstáit slándála inmheánaí a neartú trí bhagairtí a chomhrac.	Ceanglais agus dearadh mionsonraithe a shainiú maidir le ceanglais fheidhmiúla agus neamhfheidhmiúla an ródaire API agus maidir le síneadh a chur le comhéadan iompróra EES/ETIAS le haghaidh API, ar choinníoll go nglacfar an rialachán in 2024.

2.2. **Schengen, teorainneacha agus víosaí**

Rannchuidíonn an Ghníomhaireacht le bainistiú nua-aimseartha, cliste agus éifeachtúil theorainneacha seachtracha an Aontais chun críocha **sláine Limistéar Schengen a chothabháil**. Tríd an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS), tríd an gCóras Dul Isteach/Imeachta (EES), agus tríd an gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), áirithíonn an Ghníomhaireacht go bhfuil rochtain thapa, rianúil agus chórasach ag gach pearsanra údaraithe amhail gardaí teorann, údaráis forfheidhmithe dlí agus oifigigh inimirce ar shonraí faoi thaistealaithe atá ag teacht isteach.

2.2.1. **An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)**

Mar cheann de ghnéithe lárnacha d'ailtireacht Schengen, nascann VIS pointí trasnaithe theorainneacha seachtracha an Aontais le consalachtaí na mBallstát i dtíortha nach de chuid an Aontais iad agus tacaíonn sé le húdaráis víosa maidir le víosaí gearrfhanachta a bhainistiú do náisiúnaigh tríú tír (TCNanna) a thaistealaíonn chuig limistéar Schengen nó a théann ar idirthuras tríd. Is éard atá sa chóras ná córas meaitseála bithmhéadraí (BMS), lena gcumasaítear fíorú céannachta ag na teorainneacha. Ina theannta sin, cuidíonn VIS le calaois víosaí a chomhrac trí dhaoine a aithint a bhféadfadh sé go gcomhlíonann siad nó nach gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí i limistéar Schengen. Thairis sin tacaíonn VIS le sainaithint an Bhallstáit atá freagrach as iarratais ar thearmann a scrúdú, agus rannchuidíonn sé le cosc a chur ar bhagairtí ar shlándáil inmheánach.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

Bainistiú oibríochtúil VIS

- Bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus éifeachtúil lárchóras VIS a áirithiú trí bhonneagar crua-earraí agus bogearraí a choinneáil cothrom le dáta agus trí thacú leis na Ballstáit córais náisiúnta a bhainistiú.
- Infhaighteacht gan bhriseadh agus feidhmíocht éifeachtúil lárchóras VIS a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh sna Ballstáit de réir na rialachán agus na gcomhaontuithe leibhéil seirbhíse is infheidhme.

Uasghrádú agus forbairt VIS

- An fhorbairt is gá a sheachadadh le haghaidh feabhsú leanúnach ar an gcóras, mar aon leis an réiteach cothrománach gníomhach-gníomhach chun infhaighteacht gan bhriseadh an chórais a áirithiú.
- Tús a chur leis na hullmhúcháin chun ardán an Aontais um iarratais ar víosaí (VAP) a fhorbairt tar éis an chomhaontaithe ar thángthas air i mí an Mheithimh 2023 maidir leis na rialacha chun nós imeachta víosaí Schengen a dhigitiú.

Idir-inoibritheacht VIS

- Tar éis Rialachán athbhreithnithe VIS a ghlacadh i mí Iúil 2021, leanúint de na hathruithe is gá a thabhairt isteach chun feidhmiúlachtaí breise an chórais a éascú, go háirithe comhtháthú víosaí

fadfhanachta agus ceadanna cónaithe.[96]

- Cur chun feidhme na gcomhéadan is gá a thabhairt chun críche chun naisc le comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP agus MID) a bhunú chun cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh ar chórais eile, go háirithe, lena mbunaítear an nasc idir VIS agus ESP chun VIS agus ETIAS a chuardach ag an am céanna.
- Bealach díreach cumarsáide a bhunú idir VIS agus EES chun gur féidir sonraí a bhaineann le víosaí a aisghabháil go huathoibríoch ó VIS (e.g. bailíocht víosaí agus fíorú céannachta) agus chun gur féidir le húdaráis víosaí dul i gcomhairle le EES agus iarratais ar víosaí á bpróiseáil acu.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
Infhaighteacht lárchóras VIS	≥ 99.99	99.80 %
Aga freagartha lárchóras VIS[97]	100 %	99.99 %

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Bainistiú oibríochtúil VIS		
Cothabháil VIS gnó mar is gnách	Feidhmíocht an chórais i gcomhréir le riachtanais acmhainne, infhaighteachta agus feidhmíochta; teagmhais arna mbainistiú de réir SLAnna.	Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, fhoirfeach, agus choisctheach a sholáthar chun feidhmíocht riachtanach an chórais a chinntiú.
Forbairt VIS		
Cur chun feidhme Rialachán athbhreithnithe VIS seachadadh tionscadal 2027	Uasghrádú a dhéanamh ar lárchóras VIS chun freastal ar fheidhmiúlachtaí nua de réir Rialachán athbhreithnithe VIS agus chun infhaighteacht leanúnach, gan bhriseadh an chórais a áirithiú (lena n-áirítear socrú gníomhach-gníomhach).	Athruithe feidhmiúla agus neamhfheidhmiúla comhtháite ar an lárchóras agus ar na córais náisiúnta a fhorbairt agus a thástáil, lena n-áirítear socrú gníomhach-gníomhach le haghaidh aga neamhfhónaimh nialasach agus caillteanas sonraí.
Idir-inoibritheacht VIS		
Nasc VIS le ETIAS agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta seachadadh tionscadal 2027	Ullmhacht VIS d'idir-inoibritheacht córas chun seirbhísí níos cuíchóirithe a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh, de réir leasuithe iarmhartacha ETIAS agus na Rialachán Idir-inoibritheachta.	Naisc a bhunú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta ESP, CIR, CRRS, agus nasc díreach córas le córas le ETIAS. Áirítear leis an ngníomhaíocht sin freisin athfhachtóiriú VIS ar bhonneagar coiteann comhroinnte.
Nascadh VIS le EES seachadadh tionscadal 2025	Ullmhacht VIS le haghaidh malartú díreach faisnéise ó chóras go córas le EES agus sBMS chun seirbhísí níos cuíchóirithe a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh an chórais i bpobal CGB an Aontais.	Leanúint den aistriú chuig sBMS agus nasc díreach a bhunú le EES le haghaidh malartú faisnéise díreach córas le córas de réir na gceanglas rialála is infheidhme.

2.2.2. **Córas dul isteach/imeachta (EES)**

Tá EES ar cheann den dá chóras TF lena ndéanfar bainistiú theorainneacha seachtracha an Aontais a nuachóiriú trí **chlárú leictreonach gach náisiúnach tríú tír** (TCNanna) a thagann isteach i limistéar Schengen agus a théann amach as a chur in ionad an chleachtais atá ann faoi láthair maidir le pasanna a stampáil de láimh, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le cásanna ina ndiúltaítear cead isteach. Ina theannta sin, le EES beifear in ann faireachán a dhéanamh ar thréimhsí gearrfhanachta údaraithe (i gcás cuairteanna a mhaireann suas le 90 lá, in aon 180 lá) agus daoine a d'fhéadfadh a bheith ina rófhantóirí a shainaithint trí fhad an fhanachta údaraithe a ríomh go huathoibríoch agus foláirimh a ghiniúint ar dhul in éag dóibh. Dá réir sin, tacaíonn an córas le himirce neamhrialta a chosc agus leis an tslándáil inmheánach a neartú trí chabhrú leis an gcoireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. A luaithe a bheidh sé oibríochtúil, tacóidh uathoibriú na seiceálacha teorann leis na Ballstáit bainistiú a dhéanamh ar shreafaí taistealaithe, agus cabhrú

---

[96] *Rialachán (AE) 2021/1134* an 7 Iúil 2021 chun críche **an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú**, IO L 248, 13.7.2021.
[97] **Is ionann luach táscaire aga freagartha VIS** agus an sciar den aga freagartha iomlán laistigh de na teorainneacha conarthacha (buaic in aghaidh na huaire, sárú SLA, taifid) le haghaidh gach grúpa gnó (tearmann, teorainn, consalacht, forfheidhmiú an dlí agus críoch). Bíonn táscaire aga freagartha VIS (KPI 9) 'glas' má bhíonn an luach cothrom le 100 %, 'ómra' má bhíonn sé idir 90-100 %, agus 'dearg' má bhí an luach faoi bhun 90 %.

le líon na ngardaí teorann ag pointí trasnaithe a bharrfheabhsú ag an am céanna.

Chun próiseáil chomhtháite chuíchóirithe na dtaistealaithe ar náisiúnaigh tríú tír iad atá ag teacht isteach ag teorainneacha Schengen a éascú, beidh seirbhís ghréasáin chomhpháirteach ag EES le ETIAS. Is éard atá sna seirbhísí gréasáin comhpháirteacha sin roinnt modúl atá dírithe ar an bpobal, lena n-áirítear **comhéadain ghréasáin thiomnaithe agus feidhmchláir mhóibíleacha le haghaidh taistealaithe agus iompróirí** (aerlíne, muirí agus bóithre).

NÓTA: Tá na dátaí seachadta a chuirtear i láthair thíos de réir na pleanála reatha, i.e. an Treochlár Idir-inoibritheachta a ghlac an Chomhairle CGB i mí Dheireadh Fómhair 2023. Foráiltear go leanfar d'fhorbairt EES in 2025, agus ag brath ar chinntí a bhaineann leis an athbhreithniú ar an Treochlár Idir-inoibritheachta, féadfar na dátaí ábhartha a athbhreithniú.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

EES agus seirbhísí gréasáin a chur chun feidhme

- Cur chun feidhme EES agus seirbhísí gréasáin gaolmhara a thabhairt chun críche (glacadh deiridh córais) i gcomhréir leis an Treochlár Idir-inoibritheachta a d'fhormhuinigh an Chomhairle CGB an 19 Deireadh Fómhair 2023, lena bhformheastar an amlíne athbhreithnithe do Theorainneacha Cliste agus Idir-inoibritheacht.
- Bailchríoch a chur ar bhunú nasc idir EES agus na comhpháirteanna idir-inoibritheachta uile i gcomhréir leis an Treochlár Idir-inoibritheachta athbhreithnithe a d'fhormhuinigh an Chomhairle CGB i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Bainistiú oibríochtúil EES

- Bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus éifeachtúil lárchóras EES agus na seirbhísí gréasáin a bhaineann leis a áirithiú do TCNanna agus d'iompróirí paisinéirí, agus an teacht chun cinn is gá á sholáthar ag an am céanna agus tacú leis na Ballstáit agus aonaid náisiúnta á mbainistiú acu.
- Infhaighteacht gan bhriseadh agus feidhmíocht éifeachtúil lárchóras EES agus na seirbhísí gréasáin a bhaineann leis a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh sna Ballstáit i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha agus leis na comhaontuithe ábhartha ar leibhéal na seirbhíse, lena n-áirítear tacaíocht d'iompróirí.

Idir-inoibritheacht EES

- Naisc a bhunú leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta uile, go háirithe idir EES agus ESP chun gur féidir EES agus ETIAS a chuardach ag an am céanna chun éifeachtúlacht seiceálacha teorann a fheabhsú agus a chuíchóiriú, agus le CRRS chun tuarascálacha agus staidreamh a chur ar fáil.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (2022)
Infhaighteacht lárchóras EES	≥ 99.99 %	neamhbhainteach
Aga freagartha lárchóras EES	≥ 99.55 %	neamhbhainteach
costas an tionscadail	diall iomlán ≤ 5%	de réir sprice
sceideal an tionscadail	diall iomlán ≤ 5%	faoin sprioc
raon feidhme an tionscadail	gan diall	de réir sprice

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Bainistiú oibríochtúil EES agus seirbhísí gréasáin		
Forbairt agus cothabháil EES gnó mar is gnách	Forbairt EES tugtha chun críche. Feidhmíocht an chórais i gcomhréir le riachtanais acmhainne, infhaighteachta agus feidhmíochta; teagmhais arna mbainistiú de réir SLAnna.	Forbairt EES tugtha chun críche. Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, fhoirfeach, agus choisctheach a sholáthar chun feidhmíocht riachtanach an chórais a chinntiú.
Cothabháil sheirbhísí gréasáin EES/ETIAS gnó mar is gnách	Feidhmíocht seirbhísí gréasáin EES/ETIAS i gcomhréir le riachtanais acmhainne, infhaighteachta agus feidhmíochta, de réir SLAnna.	Cothabháil oiriúnaitheach, choisctheach agus fhoirfeach a sholáthar chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú, lena n-áirítear bonneagar seirbhísí gréasáin a athnuachan agus a uasghrádú.
Crua-earraí EES agus Seirbhísí Gréasáin agus tacaíocht i dtaobh táirgí le ceannach i siopa (COTS) agus cothabháil ceadúnais gnó mar is gnách	Tacaíocht agus seirbhísí gan bhriseadh.	Athnuachan thráthúil na tacaíochta agus na gceadúnas a áirithiú.

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Aistriú EES chuig TEF/TOF seachadadh tionscadal 2025	Leanúint le seachfhoinsiú seirbhísí innealtóireachta agus oibríochtúla do EES atá le soláthar ag conraitheoirí nua.	Conradh nua a thabhairt i gcrích le haghaidh seirbhísí innealtóireachta agus oibríochtúla seachfhoinsithe, lena n-áirítear oiliúint a chur ar chonraitheoirí nua, maoirseacht a dhéanamh ar bhunú a dtimpeallachta agus a bhfoirne forbartha, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha conraitheora roimhe sin tar éis iad a aistriú.
Cur chun feidhme EES agus Seirbhísí Gréasáin		
Aistriú i bhfeidhm EES seachadadh tionscadal 2024; EiO 2025 de réir na pleanála reatha (faoi réir athbhreithniú)	Teacht i bhfeidhm rathúil EES.	Aistriú i bhfeidhm EES a áirithiú (glacadh deiridh córais).
Aistriú Seirbhísí Gréasáin i bhfeidhm soláthar tionscadal 2025; EiO 2025 de r pleanála reatha (faoi réir athbhreithniú)	Teacht i bhfeidhm rathúil sheirbhísí gréasáin EES/ETIAS.	Aistriú i bhfeidhm rathúil a áirithiú, lena n-áirítear oiliúint a chur ar fáil maidir le bainistiú oibríochtúil sheirbhísí gréasáin EES.
Seirbhísí tacaíochta TEF seachadadh tionscadal 2027	Gníomhaíochtaí tástála a dhéantar faoi raon feidhme fhorbairt EES a fhorghníomhú.	Tacú le conraitheoir TEF le hanailís ghnó, le dearbhú cáilíochta agus le comhairle do gach gníomhaíocht a bhaineann le EES agus le seirbhísí gréasáin.
Forbairt Sheirbhísí Gréasáin EES/ETIAS		
Forbairt sheirbhísí gréasáin EES/ETIAS le haghaidh VIS Athbhreithnithe seachadadh tionscadal 2026	Forbairt fheidhmiúlachtaí sheirbhísí gréasáin EES/ETIAS chun comhlíonadh Rialachán athbhreithnithe VIS a áirithiú.	Forbairt sheirbhísí gréasáin EES/ETIAS de réir na gceanglas a eascraíonn as Rialachán athbhreithnithe VIS.
Idir-inoibritheacht EES		
Nasc EES le comhpháirteanna idir-inoibritheachta seachadadh tionscadal 2027	Ullmhacht ETIAS d'idir-inoibritheacht córas a áirithiú chun seirbhísí níos cuíchóirithe a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh an chórais i bpobal CGB an Aontais.	Naisc a bhunú idir EES agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta de réir Rialacháin EES agus Idir-inoibritheachta.

2.2.3. An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)

Le ETIAS, an córas um údarú réamhthaistil ar líne le haghaidh náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa (TCNanna), tugtar isteach údarú taistil mar **choinníoll nua chun dul isteach i limistéar Schengen** le haghaidh gearrchuairte. Chomh maith le nósanna imeachta trasnaithe teorann do náisiúnaigh tríú tír a chuíchóiriú, rannchuideoidh ETIAS le slándáil inmheánach an Aontais trí shainaithint rioscaí slándála, imirce agus sláinte poiblí a d'fhéadfadh a bheith ann a éascú. Seiceálfaidh aeriompróirí, muiriompróirí agus iompróirí ar tír údaruithe taistil ETIAS sula rachaidh siad ar bord agus ina dhiaidh sin seiceálfaidh gardaí teorann iad freisin a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir le cead isteach a dheonú nó a dhiúltú ag pointí trasnaithe theorainneacha seachtracha an Aontais. Ina theannta sin, beidh rochtain ag gníomhaireachtaí náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí agus ag Europol ar bhunachar sonraí ETIAS freisin chun bagairtí sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

Cur chun feidhme ETIAS

- Cur chun feidhme ETIAS agus seirbhísí gréasáin gaolmhara a thabhairt chun críche de réir an Treochláir Idir-inoibritheachta athbhreithnithe a d'fhormhuinigh an Chomhairle CGB an 19 Deireadh Fómhair 2023, lena bhformheastar an amlíne athbhreithnithe do Theorainneacha Cliste agus Idir-inoibritheacht.
- Bailchríoch a chur ar bhunú nasc idir ETIAS agus na comhpháirteanna idir-inoibritheachta uile de réir an Treochláir Idir-inoibritheachta athbhreithnithe a d'fhormhuinigh an Chomhairle CGB an 19 Deireadh Fómhair 2023.

Bainistiú oibríochtúil ETIAS

- Bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus éifeachtúil lárchóras ETIAS a áirithiú, agus an teacht chun cinn is gá á sholáthar ag an am céanna agus tacú leis na Ballstáit agus aonaid náisiúnta á mbainistiú acu,
- Infhaighteacht gan bhriseadh agus feidhmíocht éifeachtúil lárchóras ETIAS agus na seirbhísí gréasáin a bhaineann leis a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh sna Ballstáit i gcomhréir leis na rialacháin is infheidhme agus leis an gcomhaontú leibhéil seirbhíse.

Idir-inoibritheacht ETIAS

- Naisc a bhunú leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta uile, go háirithe chun malartú faisnéise córas le córas le VIS a sholáthar trí ESP agus chun réiteach a sholáthar do bhainistiú nasc brathadóra ilchéannachtaí (MID) chun tacú le haonaid náisiúnta ETIAS.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
Infhaighteacht lárchóras ETIAS	≥ 99.99%	neamhbhainteach
Aga freagartha lárchóras ETIAS	Comhlíonadh 100% leis na SLAnna ábhartha	neamhbhainteach
costas an tionscadail	diall iomlán ≤ 5%	de réir sprice
sceideal an tionscadail	diall iomlán ≤ 5%	faoin sprioc
raon feidhme an tionscadail	gan diall	de réir sprice

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Bainistiú oibríochtúil ETIAS		
Cothabháil ETIAS gnó mar is gnách	Feidhmíocht an chórais i gcomhréir le riachtanais acmhainne, infhaighteachta agus feidhmíochta; teagmhais arna mbainistiú de réir SLAnna.	Cothabháil oiriúnaitheach, fhoirfeach agus choisctheach a sholáthar chun feidhmíocht riachtanach an chórais a chinntiú.
Faire teicneolaíochta nua ETIAS gnó mar is gnách	Faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí teicneolaíochta nua chun feidhmíocht an chórais a fheabhsú agus comhairle a chur ar na Ballstáit.	Faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí teicneolaíochta nua agus taighde margaidh a dhéanamh chun réitigh theicniúla oiriúnacha a shainaithint chun sonraí criptithe a chuardach sa mhód neamhbheacht, agus freisin uirlisí fuaime-físe chun feidhmíocht an chórais a fheabhsú, lena n-áirítear tuairisciú rialta agus nuashonruithe teicniúla a mholadh do pháirtithe leasmhara tar éis tástáil rathúil.
Aistriú ETIAS chuig TEF/TOF seachadadh tionscadal 2025	Leanúnachas na seirbhísí innealtóireachta agus oibríochtúla seachfhoinsithe a bhaineann le ETIAS atá le soláthar ag conraitheoirí nua.	Conradh nua a thabhairt i gcrích le haghaidh seirbhísí innealtóireachta agus oibríochtúla seachfhoinsithe, lena n-áirítear oiliúint a chur ar chonraitheoirí nua, maoirseacht a dhéanamh ar bhunú a dtimpeallachta forbartha, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha díchill chuí ón gconraitheoir roimhe sin tar éis aistrithe.
Cur chun feidhme ETIAS		
Aistriú i bhfeidhm ETIAS seachadadh tionscadal 2025	Teacht i bhfeidhm rathúil ETIAS.	Aistriú ETIAS i bhfeidhm a áirithiú.
Idir-inoibritheacht ETIAS		
Nasc ETIAS le VIS agus comhpháirt idir-inoibritheachta MID seachadadh tionscadal 2026	Ullmhacht ETIAS don idir-inoibritheacht chun seirbhísí níos cuíchóirithe a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh i bpobal CGB an Aontais.	Athruithe riachtanacha feidhmiúla agus neamhfheidhmiúla a fhorbairt le haghaidh malartú faisnéise córas le córas le VIS. Réiteach a sholáthar maidir le naisc brathadóra ilchéannachtaí (MID) a bhainistiú chun tacú le haonaid náisiúnta ETIAS, lena n-áirítear bainistiú éilimh agus tástáil a dhéanamh ar an réiteach deartha leis na Ballstáit.

2.3. **Imirce agus tearmann**

Tacaíonn an Ghníomhaireacht le cur chun feidhme an **Chomhchórais Tearmainn Eorpaigh** (CEAS)[98] trí **Rialachán Bhaile Átha Cliath**[99] a chur i bhfeidhm trí Eurodac, atá ar cheann de na hionstraimí lárnacha chun próiseáil iarratas ar thearmann a chuíchóiriú. Tar éis ghlacadh **Chomhshocrú Nua an Aontais maidir le**

[98] I gcomhair tuilleadh faisnéise, téigh chuig leathanach tiomnaithe AS HOME maidir leis *an gComhchóras Eorpach Tearmainn*.
[99] *Rialachán (AE) Uimh. 604/2013* lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú), IO L 180, 29.6.2013 (**Rialachán Bhaile Átha Cliath**).

hImirce agus Tearmann, i mí na Bealtaine 2024, le **Rialachán Eurodac (athmhúnlú)** – lena gcumasaítear malartú faisnéise níos cuimsithí fós maidir le hábhair a bhaineann le tearmann agus imirce neamhrialta – éascófar bainistiú tearmainn agus imirce níos éifeachtúla fós ar fud an Aontais.[100]

2.3.1. An Bunachar Sonraí Eorpach um Dhachtalascópacht Tearmainn (Eurodac)

Tacaíonn Eurodac le cur i bhfeidhm Rialachán Bhaile Átha Cliath, ceann de na hionstraimí a úsáidtear chun an Comhchóras Eorpach Tearmainn a chur chun feidhme (**CET**) trí chúnamh a thabhairt do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis an tír atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann. Déantar é sin trí mhéarloirg iarratasóirí nua a chur i gcomparáid leo siúd atá cláraithe sa bhunachar sonraí cheana féin. Úsáidtear Eurodac freisin chun céannachtaí na ndaoine a ghabhtar i ndáil le trasnuithe teorann neamhdhleathacha agus céannachtaí iad siúd atá ag fanacht go neamhdhleathach i limistéar Schengen a shuíomh. Chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, tugadh rochtain ar Eurodac freisin do ghníomhaireachtaí náisiúnta forfheidhmithe dlí agus do Europol, ach faoi choinníollacha dochta amháin agus mar rogha dheiridh.

Le glacadh **Chomhshocrú Nua an Aontais maidir le hImirce agus Tearmann**, i mí na Bealtaine 2024, tá an Ghníomhaireacht chun Eurodac a atógáil. Le **Rialachán athmhúnlaithe Eurodac**, a tháinig i bhfeidhm an 11 Meitheamh 2024, déanfar raon feidhme an chórais a leathnú go suntasach, agus an bunachar sonraí méarlorg atá ann cheana á thiontú ina chóras bainistithe tearmainn agus imirce lánfheidhmiúil.[101] Mar is amhlaidh le gach córas CGB eile, déanfar Eurodac a choigeartú le haghaidh idir-inoibritheachta chun cuardaigh a chumasú ar fud na gcóras CGB idir-inoibritheach uile a mbainistíonn eu-LISA iad.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

Bainistiú oibríochtúil Eurodac

- Bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus éifeachtúil lárchóras Eurodac agus a líonra cumarsáide DubliNet a áirithiú trí bhonneagar crua-earraí agus bogearraí a choinneáil cothrom le dáta agus trí thacú leis na Ballstáit agus córais náisiúnta á mbainistiú acu.
- Infhaighteacht gan bhriseadh agus feidhmíocht éifeachtúil lárchóras Eurodac agus DubliNet a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh sna Ballstáit de réir na rialachán is infheidhme agus na gcomhaontuithe leibhéil seirbhíse.

Uasghrádú agus forbairt Eurodac

- An fhorbairt is gá a sholáthar chun an córas a fheabhsú go leanúnach, lena n-áirítear uasghrádú DubliNet tar éis athmhúnlú Rialachán Bhaile Átha Cliath.
- Rialachán athmhúnlaithe Eurodac a chur chun feidhme, arna ghlacadh i mí na Bealtaine 2024.

Rialachán maidir le Scagadh

- Ó glacadh an Rialachán maidir le Scagadh i mí na Bealtaine 2024, tá an Ghníomhaireacht ag leanúint de chur chun feidhme na gceanglas a d'eascair as agus leanfaidh sí uirthi leis sin, d'fhonn iad a bhaint amach in 2026. [102]

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (2022)
Infhaighteacht lárchóras Eurodac[103]	99.99 %	99.45 %
Aga freagartha lárchóras Eurodac[104]	99.45 %	99.98 %

[100] Chun tuilleadh eolais a fháil, féach leathanach tiomnaithe AS HOME i ndáil leis an *gComhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann*.
[101] *Rialachán (AE) 2024/1358* an 14 Bealtaine 2024 maidir le **bunú Eurodac**, IO L, 22.5.2024.
[102] *Rialachán (AE) 2024/1356* an 14 Bealtaine 2024, IO L, 22.5.2024.
[103] Níl na spriocanna infhaighteachta sainithe go beacht sna hionstraimí dlí lena rialaítear na córais. Ós rud é go sainmhínítear na córais TF faoi bhainistíocht eu-LISA mar chórais ard-infhaighteachta, tá an sprioc ghlas socraithe ag an nGníomhaireacht ag 99.99 %.
[104] Déantar feidhmeanna criticiúla gnó Eurodac a ghrúpáil in dhá chatagóir: a) idirbhearta ardtosaíochta (aga freagartha caighdeánach 1 uair an chloig) agus
b) idirbhearta rialta (24 uair an chloig). Is ionann an táscaire aga freagartha (KPI 4) agus meán an dá chatagóir seo: 'glas' má bhíonn 99.45 % de na hidirbhearta laistigh den aga freagartha caighdeánach, 'ómra' má bhíonn idirbhearta idir 90-99.45 %, agus 'dearg' má bhíonn siad níos lú ná 90 %.

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Cothabháil oibríochtúil Eurodac		
Cothabháil Eurodac agus DubliNet gnó mar is gnách	Feidhmíocht an chórais i gcomhréir le riachtanais acmhainne, infhaighteachta agus feidhmíochta; teagmhais arna mbainistiú de réir comhaontuithe leibhéil seirbhíse.	Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, fhoirfeach, agus choiscitheach a sholáthar chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú, agus le haghaidh DubliNet freisin.
Uasghráduithe agus forbairt Eurodac		
Uasghráduithe Eurodac seachadadh tionscadal 2026	Acmhainn Eurodac barrfheabhsaithe in oirchill an Rialacháin athmhúnlaithe, chun freastal ar aon trácht breise a eascraíonn as riachtanais ghnó nua de dheasca an Rialacháin athmhúnlaithe, agus na Rialachán Idir-inoibritheachta.	Leanúint ar aghaidh le tionscadail uasghrádaithe Eurodac mar ullmhúchán don athmhúnlú, chun acmhainn bunachar sonraí agus tréchur idirbheart a mhéadú, lena n-áirítear athnuachan an bhonneagair chun crua-earraí atá ann cheana a athsholáthar agus bogearraí a bhfuil deireadh tagtha lena dtacaíocht a uasghrádú.
Eurodac athmhúnlaithe agus nascadh le comhpháirteanna idir-inoibritheachta seachadadh tionscadal 2026	Eurodac ailínithe leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán athmhúnlaithe agus sna Rialacháin Idir-inoibritheachta.	Ailtireacht córais nua a dhearadh agus a chur in úsáid (lena n-áirítear catagóirí nua, íomhánna den aghaidh, etc.), comhéadan a chruthú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta (CIR, CRRS), agus le VIS agus ETIAS athbhreithnithe freisin. Aistriú sonraí bithmhéadracha chuig sBMS agus bonneagar chuig ardán comhroinnte coiteann.
Athdhearadh/uasghrádú DubliNet tar éis athmhúnlú Eurodac seachadadh tionscadal 2027	DubliNet ailínithe leis na ceanglais (feidhmiúlachtaí nua) a leagtar síos i Rialachán athmhúnlaithe Bhaile Átha Cliath, agus acmhainn optamaithe chun ualach méadaithe a eascraíonn as riachtanais nua ghnó a chothú.	Ceanglais a fháil ó Rialachán nua Bhaile Átha Cliath agus ailíniú leis na caighdeáin teicneolaíochta is déanaí chun slándáil ardleibhéil an mhalartaithe sonraí a áirithiú, lena n-áirítear doiciméadacht theicniúil agus oibríochta a dhréachtú, foireann oiliúna agus na Ballstáit.
Cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Scagadh seachadadh tionscadal 2026	Na ceanglais uile a eascraíonn as an Rialachán maidir le Scagadh curtha chun feidhme de réir an bhunúis dlí.	Forálacha agus ceanglais an Rialacháin maidir le Scagadh a chur chun feidhme chun rochtain a sholáthar d'údaráis scagtha na mBallstát le haghaidh cuardaigh ar fud na gcóras idir-inoibritheach CGB go léir.

2.4. **Comhar maidir le ceartas**

I réimse an cheartais, tá dlús á chur ag an nGníomhaireacht lena rannchuidiú le **digitiú an cheartais** trí réitigh dhigiteacha nua a fhorbairt agus a bhainistiú go hoibríochtúil, ar réitigh iad a rannchuidíonn le nuachóiriú agus digitiú leanúnach na gcóras náisiúnta ar fud na hEorpa, d'fhonn feabhas a chur ar an gcomhar idir údaráis bhreithiúnacha Eorpacha, agus rochtain níos fearr ar cheartas a chur ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí an Aontais ag an am céanna.[105]

2.4.1. **An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS)**

Faoi dhlí an Aontais, ní mór do na cúirteanna náisiúnta breithniú a dhéanamh ar chiontuithe a rinneadh roimhe sin agus iad ag gearradh pianbhreitheanna i gcásanna coiriúla. Chuige sin, bunaíodh an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) chun malartú faisnéise idir údaráis bhreithiúnacha Eorpacha ar thaifid choiriúla a éascú. Le cur chun feidhme thagairt ECRIS (ECRIS RI), soláthraítear comhéadan comhtháthaithe lena gcumasaítear an nasc idir cláir náisiúnta taifead coiriúil chun faisnéis maidir le taifid choiriúla a mhalartú trí ECRIS. Is córas láraithe amas/gan amas é ECRIS-TCN, lena bhforlíontar ECRIS le faisnéis faoi thaifid choiriúla náisiúnach tríú tír (TCN) a ciontaíodh san Aontas.

Cabhróidh an dá chóras seo le chéile – ECRIS RI and ECRIS-TCN – le breithiúna, ionchúisitheoirí agus údaráis ábhartha eile faisnéis chuimsitheach a fháil ar stair choiriúil TCNanna, beag beann ar an mBallstát inar ciontaíodh iad roimhe sin. Mar thoradh air sin, rannchuideoidh ECRIS-TCN freisin le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do phianbhreitheanna agus do chinntí breithiúnacha a chur chun feidhme san

[105] *Digitalisation of justice in the European Union*: A Toolbox of Opportunities [Digiteáil an cheartais san Aontas Eorpach: bosca uirlisí de dheiseanna], COM (2020) 710 final.

Aontas.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

Bainistiú oibríochtúil ECRIS

- Bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus éifeachtúil lárchóras ECRIS TCN agus ECRIS RI a áirithiú trí bhonneagar crua-earraí agus bogearraí a choinneáil cothrom le dáta agus trí thacú leis na Ballstáit agus córais náisiúnta á mbainistiú acu, agus an fhorbairt is gá á soláthar ag an am céanna chun coinneáil suas le teicneolaíochtaí nua agus riachtanais agus ceanglais ghnó atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar chruinneas bithmhéadrach in ECRIS-TCN, i.e. rátaí sainaitheanta na mbréagdheimhneach/na mbréagdhiúltach.
- Infhaighteacht gan bhriseadh agus feidhmíocht éifeachtúil lárchóras ECRIS-TCN agus ECRIS RI a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh sna Ballstáit de réir na rialachán agus na gcomhaontuithe leibhéil seirbhíse is infheidhme.

Cur chun feidhme ECRIS-TCN

- Cur chun feidhme ECRIS-TCN a thabhairt chun críche i gcomhréir le hamlíne athbhreithnithe an Treochláir Idir-inoibritheachta a d'fhormhuinigh an Chomhairle CGB an 19 Deireadh Fómhair 2023.[106]
- Forbairt ECRIS RI agus ECRIS-TCN.
- ECRIS TCN a ailíniú le hidir-inoibritheacht agus leis an Rialachán maidir le Scagadh.[107]
- An réiteach ECRIS RI a athchóiriú le leibhéal slándála méadaithe.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (2022)
Comhlíonadh SLA ag ECRIS RI	Comhlíonadh 100 % le KPInna	de réir sprice: gach ticéad láimhseáilte in aghaidh an SLA
Infhaighteacht lárchóras ECRIS-TCN	97.6%	neamhbhainteach
Aga freagartha lárchóras ECRIS-TCN	>= 15 soicind agus <= 60 soicind maidir le hoibríochtaí bunúsacha (i gcomhréir leis na SLAnna ábhartha)	neamhbhainteach
costas an tionscadail	diall iomlán ≤ 5%	de réir sprice go pointe áirithe
sceideal an tionscadail	diall iomlán ≤ 5%	faoin sprioc
raon feidhme an tionscadail	gan diall	de réir sprice

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Cothabháil oibríochtúil		
Cothabháil ECRIS RI gnó mar is gnách	Feidhmíocht an chórais i gcomhréir le riachtanais acmhainne, infhaighteachta agus feidhmíochta; teagmhais arna mbainistiú de réir comhaontuithe leibhéil seirbhíse.	Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, foirfeach, agus choisctheach a sholáthar chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú, lena n-áirítear tacaíocht do na Ballstáit.
Cothabháil ECRIS-TCN gnó mar is gnách	Feidhmíocht an chórais i gcomhréir le riachtanais acmhainne, infhaighteachta agus feidhmíochta agus teagmhais arna mbainistiú de réir comhaontuithe leibhéil seirbhíse.	Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, fhoirfeach, agus choisctheach a sholáthar chun feidhmíocht riachtanach an chórais a chinntiú.
Cur chun feidhme ECRIS-TCN		
Aistriú i bhfeidhm ECRIS-TCN seachadadh tionscadal 2025[108]	Teacht i bhfeidhm rathúil ECRIS-TCN.	Aistriú i bhfeidhm ECRIS-TCN a áirithiú, lena n-áirítear glacadh deiridh córais.

[106] Amlíne faoi réir athbhreithniú.
[107] *Rialachán (AE) 2024/1352* an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 chun scagadh ar náisiúnaigh tríú tír a thabhairt isteach ag na teorainneacha seachtracha, IO L, 22.5.2024.
[108] Amlíne faoi réir athbhreithniú.

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Forbairt ECRIS-TCN		
Ailíniú ECRIS-TCN le hidir-inoibritheacht seachadadh tionscadal 2025	ECRIS-TCN ailínithe go rathúil le hidir-inoibritheacht.	A áirithiú go bhfuil ECRIS TCN ailínithe le hidir-inoibritheacht.
Rialachán maidir le Scagadh ECRIS-TCN seachadadh tionscadal 2025	ECRIS-TCN ailínithe go rathúil leis an Rialachán maidir le Scagadh.	A áirithiú go bhfuil ECRIS TCN ailínithe leis an Rialachán maidir le Scagadh.
Athscríobh ECRIS RI		
Athscríobh ECRIS-RI seachadadh tionscadal 2025	Athchóiriú ar ECRIS-RI.	Athscríobh an chórais ar fad d'fhonn a chur i bhfeidhm a fheabhsú agus rioscaí a laghdú.

2.4.2. **e-CODEX (Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne)**

Leis an gcóras e-CODEX, soláthraítear an bonneagar digiteach le haghaidh cumarsáid shlán agus malartú sonraí slán idir údaráis bhreithiúnacha Eorpacha, agus feidhmíonn sé mar phríomhchumasóir teicneolaíochta chun nuachóiriú a dhéanamh ar an gcomhar in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann.[109]

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

Bainistiú oibríochtúil e-CODEX

- Bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus éifeachtúil e-CODEX a áirithiú, lena n-áirítear caighdeáin nós imeachta dhigiteacha a bhainistiú, agus an fhorbairt is gá á seachadadh ag an am céanna.
- Infhaighteacht gan bhriseadh agus feidhmíocht éifeachtúil an chórais e-CODEX a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh sna Ballstáit de réir na rialachán agus na gcomhaontuithe ar leibhéal seirbhíse is infheidhme, lena n-áirítear timpeallacht shlán óstála atá dírithe ar an idirlíon a bhailiú a chur ar fáil.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
Infhaighteacht agus feidhmíocht e-CODEX[110]	Comhlíonadh 100 % le SLA	neamhbhainteach

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Cothabháil oibríochtúil e-CODEX		
Cothabháil e-CODEX gnó mar is gnách	Feidhmíocht an chórais i gcomhréir le riachtanais acmhainne, infhaighteachta agus feidhmíochta; teagmhais arna mbainistiú de réir SLAnna.	Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, fhoirfeach, agus choisctheach a sholáthar chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú; tacú le gníomhaíochtaí tástála agus iad a chomhordú, tacaíocht do phointí rochtana.
Bainistiú na gcaighdeán nós imeachta digiteach e-CODEX gnó mar is gnách	Bainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar chaighdeáin nós imeachta dhigiteacha e-CODEX agus ar Chroístór Focal r-Cheartais an Aontais.	Caighdeáin nós imeachta dhigiteacha a bhainistiú (lena n-áirítear Croístór Focal r-Cheartais an Aontais), is é sin forbairt agus cur in úsáid mar aon le cothabháil agus nuashonruithe; tacaíocht theicniúil don Choimisiún agus gníomhartha cur chun feidhme á n-ullmhú le haghaidh Rialachán (AE) 2023/2844.[111]

[109] Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar shuíomh gréasáin oifigiúil *e-CODEX*.
[110] *Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/117 ón gCoimisiún* an 13 Eanáir 2023 maidir le ceanglais an leibhéil seirbhíse le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá le déanamh ag eu-LISA i dtaca leis an gcóras e-CODEX, C/2023/197, IO L 15, 17.1.2023, lgh. 17-24.
[111] *Rialachán (AE) 2023/2844* an 13 Nollaig 2023 maidir le **digitiú an chomhair bhreithiúnaigh** agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh, IO L, 2023/2844, 27.12.2023.

2.4.3. **Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (CP JITanna)**

Le hardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (JITanna), éascaítear digitiú réimse ceartais an Aontais. Cuirfidh an t-ardán cumarsáide tiomnaithe sin feabhas ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht imscrúduithe agus ionchúiseamh trasteorann trí chomhar a éascú idir údaráis bhreithiúnacha náisiúnta agus údaráis forfheidhmithe dlí, agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, e.g. Europol, Eurojust, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

Príomhchuspóir le haghaidh 2025

CP JITanna a chur chun feidhme

- Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a chur chun feidhme chun imscrúduithe agus ionchúisimh choiriúla trasteorann a éascú.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
costas an tionscadail	diall iomlán ≤ 5%	neamhbhainteach
sceideal an tionscadail	diall iomlán ≤ 5%	
raon feidhme an tionscadail	gan diall	

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
CP JITanna a chur chun feidhme		
Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a chur chun feidhme seachadadh tionscadal 2025	Forbraíodh ardán comhair chun comhar a éascú idir údaráis bhreithiúnacha náisiúnta agus údaráis forfheidhmithe dlí, agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais in imscrúduithe agus ionchúisimh choiriúla trasteorann.	Ceanglais fheidhmiúla agus neamhfheidhmiúla a dhearadh agus a fhorbairt d'ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú chun imscrúduithe agus ionchúisimh choiriúla trasteorann a éascú, de réir Rialachán 2023/969.[112]

[112] *Rialachán (AE) 2023/969* an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear ardán comhoibrithe chun tacú le feidhmiú na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, IO L 132, 17.5.2023, lgh. 1-20.

2.5. **Idir-inoibritheacht**

Braitheann bainistiú éifeachtúil ar shlándáil inmheánach agus ar theorainneacha seachtracha na hEorpa ar chumas na gcóras TF sonraí agus faisnéis a mhalartú. Chun comhar a éascú idir údaráis náisiúnta ar fud na hEorpa, tá sé de chúram ar eu-LISA an **ailtireacht idir-inoibritheachta uileghabhálach** a fhorbairt do gach córas CGB atá faoina bhainistiú: CFS, VIS, Eurodac, EES, ETIAS agus ECRIS-TCN. A luaithe a bheidh sé oibríochtúil, le hidir-inoibritheacht na gcóras sin beifear in ann seirbhísí a sholáthar don phobal CGB ar bhealach níos sofhreagrúla agus níos éifeachtúla, agus slándáil inmheánach an Aontais á treisiú ag an am céanna.

Beidh ailtireacht idir-inoibritheachta CGB an Aontais comhdhéanta de na comhpháirteanna seo a leanas:

- an **tairseach chuardaigh Eorpach** (ESP) lena gcuirtear ar chumas úsáideoirí údaraithe cuardaigh aonair a dhéanamh ar fud na gcóras faisnéise CGB uile a bhfuil siad údaraithe rochtain a fháil orthu,
- an **stóras coiteann sonraí céannachta** (SCSC), bunachar sonraí d'fhaisnéis bheathaisnéiseach faoi náisiúnaigh tríú tír chun sainaithint iontaofa a áirithiú,
- an **brathadóir ilchéannachtaí** (MID) chun ceart-sainaithint taistealaithe *bona fide* a áirithiú, agus ag an am céanna rannchuidiú le calaois chéannachta a chosc,
- an **tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha** (sBMS) chun sonraí aitheantais a chrosmheaitseáil le haitheantóirí bithmhéadracha ar fud na gcóras CGB go léir.

Ina theannta sin, tá an **lárstóras um thuairisciú agus staidreamh** (CRRS) á fhorbairt ag eu-LISA freisin chun sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailíseach a sholáthar ar gach córas CGB chun críocha beartais, oibríochtúla agus cáilíochta sonraí.

2.5.1. **Seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS)**

Tacóidh an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS), ina stóráiltear teimpléid bhithmhéadracha arna nginiúint ó shonraí a stóráiltear sa stóras coiteann sonraí céannachta (CIR) agus in CFS, le cuardaigh sonraí bithmhéadracha ar fud na gcóras faisnéise CGB uile atá á láimhseáil ag eu-LISA, rud a fhágann go bhfuil sí ar cheann de na córais bhithmhéadracha is mó ar domhan. Dá réir sin, tá sé ar cheann de bhunchlocha chóras slándála inmheánaí agus bainistithe teorainneacha an Aontais.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

Bainistiú oibríochtúil sBMS

- Bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus éifeachtúil ar sBMS a áirithiú, agus an fhorbairt riachtanach á seachadadh ag an am céanna.
- Infhaighteacht gan bhriseadh agus feidhmíocht éifeachtúil sBMS a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh sna Ballstáit de réir na rialachán agus na gcomhaontuithe leibhéil seirbhíse is infheidhme.
- Punann bhithmhéadrachta na Gníomhaireachta a fheabhsú trí infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí taighde agus i réitigh nua chun cáilíocht fhoriomlán na bithmhéadrachta a úsáidtear i gcórais faisnéise CGB a mhéadú, agus ag an am céanna tacaíocht phras agus ardcháilíochta a chur ar fáil dá geallsealbhóirí.
- Rannchuidiú go gníomhach le hobair fhochoiste ISO um bithmhéadracht agus tar éis an phlé agus forbairt na gcaighdeán ábhartha ar fud an domhain.

sBMS a chur chun feidhme

- Aistriú sonraí chuig sBMS a thabhairt chun críche i gcomhréir leis an Treochlár Idir-inoibritheachta athbhreithnithe a d'fhormhuinigh an Chomhairle CGB an 19 Deireadh Fómhair 2023, lena bhformheastar an amlíne athbhreithnithe do Theorainneacha Cliste agus Idir-inoibritheacht.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
Comhlíonadh SLA sBMS agus KPInna corparáideacha gaolmhara	Comhlíonadh 100 % le KPInna ó thaobh SLA	neamhbhainteach

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Bainistiú oibríochtúil sBMS		
Cothabháil sBMS gnó mar is gnách	Feidhmíocht an chórais i gcomhréir le riachtanais acmhainne, infhaighteachta agus feidhmíochta, de réir SLA.	Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, fhoirfeach, agus choisctheach a sholáthar chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú (lena n-áirítear trealamh bogearraí d'úsáideoirí).
Punann bhithmhéadrachta gnó mar is gnách	Cáilíocht fheabhsaithe na dtáirgí bithmhéadracha atá ag eu-LISA cheana agus a bheidh aige amach anseo, mar aon le cumais inmheánacha fheabhsaithe chun nuálaíocht bhithmhéadrach a éascú.	Infheistíocht a dhéanamh i dtaighde spriocdhírithe agus i réitigh bhithmhéadracha chun cáilíocht na dtáirgí bithmhéadracha atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a fheabhsú, chun saineolas agus clú eu-LISA sa réimse seo a fheabhsú agus neamhspleáchas a bhaint amach ó sholáthraithe seachtracha.
sBMS a chur chun feidhme		
sBMS a chur chun feidhme seachadadh tionscadal 2026	Ascnamh sonraí tugtha chun críche ó CFS, VIS, Eurodac, EES agus ECRIS-TCN, lena gcumasaítear oibríochtaí bithmhéadracha mar a fhoráiltear sna Rialacháin maidir le hIdir-inoibritheacht. Cumas leordhóthanach tréchuir chun méadú ar idirbhearta a láimhseáil.	Ascnamh sonraí (méarloirg agus íomhánna den aghaidh) a thabhairt chun críche ó CFS, VIS, Eurodac, EES agus ECRIS-TCN chun críocha oibríochtaí bithmhéadracha a chumasú (lena n-áirítear trí CIR agus MID) mar a fhoráiltear sna Rialacháin maidir le hIdir-inoibritheacht.
Uasghrádú agus forbairt sBMS		
Méadú ar acmhainn sBMS seachadadh tionscadal 2026	Acmhainn leordhóthanach chun déileáil leis an méadú measta ar thréchur idirbhirt a eascraíonn as na Rialacháin maidir le hIdir-inoibritheacht.	An méadú ar acmhainn le haghaidh sBMS a dhearadh agus a chur chun feidhme chun tacú le MID, CFS agus EES.
sBMS le haghaidh Eurodac seachadadh tionscadal 2027	Aistríodh sonraí méarlorg Eurodac chuig sBMS chun feidhmiúlachtaí bithmhéadracha nua a chur chun feidhme mar a shonraítear i Rialachán Eurodac athmhúnlaithe agus sna Rialacháin maidir le hIdir-inoibritheacht.	Sonraí méarlorg Eurodac atá ann cheana a aistriú chuig sBMS chun feidhmíocht a fheabhsú, agus chun barrfheabhsú costais agus inscálaitheacht amach anseo a chumasú. De réir Rialachán athmhúnlaithe Eurodac, díreoidh an tionscadal seo ar mhéarloirg, agus cuirfear aghaidh-aithint leis ina dhiaidh sin mar thionscadal ar leith.

2.5.2. **Comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP, CIR, MID) agus CRRS**

Chomh maith le sBMS, is éard a bheidh in ailtireacht idir-inoibritheachta CGB an Aontais an tairseach cuardaigh Eorpach (**ESP**), an stóras coiteann sonraí céannachta (**CIR**), an brathadóir ilchéannachtaí (**MID**), agus an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (**CRRS**). Ina theannta sin, forbróidh eu-LISA an **Lárchóras um Réiteach an Naisc Bhuí (CSLR)**.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

Bainistiú oibríochtúil comhpháirteanna idir-inoibritheachta

- Bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú ar na chéad chomhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP agus CIR) agus CRRS, agus na hathruithe is gá á seachadadh ag an am céanna.
- Infhaighteacht gan bhriseadh agus feidhmíocht éifeachtúil na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh sna Ballstáit de réir na rialachán agus na gcomhaontuithe leibhéil seirbhíse is infheidhme.

Comhpháirteanna idir-inoibritheachta a chur chun feidhme

- Leanúint de chomhpháirteanna idir-inoibritheachta ESP, CIR, MID, agus CRRS a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Treochlár Idir-inoibritheachta athbhreithnithe a d'fhormhuinigh Comhairle CGB an 19 Deireadh Fómhair 2023, lena bhformheastar an amlíne athbhreithnithe do Theorainneacha Cliste agus Idir-inoibritheacht.
- Leanúint ar aghaidh le forbairt an Lárchóras um Réiteach an Naisc Bhuí (CSLR).

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (2022)
Infhaighteacht agus feidhmíocht na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta i gcomhréir leis na SLAnna faoi seach	Comhlíonadh 100 % leis na SLAnna a chomhdhéanann an idir-inoibritheacht faoi seach	neamhbhainteach

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Bainistiú oibríochtúil comhpháirteanna idir-inoibritheachta		
Cothabháil ESP gnó mar is gnách	Feidhmíocht i gcomhréir le riachtanais acmhainne, infhaighteachta agus feidhmíochta, de réir an chomhaontaithe leibhéil seirbhíse (SLA).	Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, fhoirfeach agus choisctheach a sholáthar chun an fheidhmíocht riachtanach a áirithiú; tacaíocht oibríochtúil do na Ballstáit le linn feachtais tástála agus cáilíochta.
Cothabháil CIR gnó mar is gnách	Feidhmíocht i gcomhréir le riachtanais acmhainne, infhaighteachta agus feidhmíochta, de réir SLA.	Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, foirfeach agus choisctheach a sholáthar chun an fheidhmíocht riachtanach a áirithiú: tacaíocht oibríochtúil do na Ballstáit le linn feachtais tástála agus cháilíochta.
Cothabháil CRRS gnó mar is gnách	Feidhmíocht i gcomhréir le riachtanais acmhainne, infhaighteachta agus feidhmíochta, de réir SLA.	Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, fhoirfeach agus choisctheach a sholáthar chun an fheidhmíocht riachtanach a áirithiú; tacaíocht oibríochtúil do na Ballstáit le linn feachtais tástála agus cáilíochta.
Comhpháirteanna agus uirlisí idir-inoibritheachta a chur chun feidhme		
Cur chun feidhme ESP seachadadh tionscadal 2025[113]	Aistriú i bhfeidhm rathúil na tairsí cuardaigh Eorpaí (ESP).	ESP a chur chun feidhme agus an dul chun cinn is gá a áirithiú.
Cur chun feidhme CIR soláthar tionscadal 2025*	Aistriú i bhfeidhm rathúil an stórais choitinn sonraí céannachta (CIR).	CIR a chur chun feidhme agus an dul chun cinn is gá a áirithiú.
Cur chun feidhme CRRS soláthar tionscadal 2025*	Aistriú i bhfeidhm rathúil CRRS.	CRRS a chur chun feidhme agus an dul chun cinn is gá a áirithiú.
Cur chun feidhme MID soláthar tionscadal 2026*	Aistriú i bhfeidhm rathúil brathadóra ilchéannachtaí (MID).	MID a chur chun feidhme agus an dul chun cinn is gá a áirithiú.
Cur chun feidhme CSLR soláthar tionscadal 2027*	Bealach caighdeánaithe chun naisc bhuí a réiteach ar fud na mBallstát agus na bpobal gnó éagsúil laistigh de na stáit sin.	Réiteach lárnach a fhorbairt chun naisc a bhainistiú, go háirithe réiteach nasc buí.

[113] Amlíne faoi réir athbhreithniú.

2.6. **Taighde, nuálaíocht agus tógáil cumais**

Chun barr feabhais oibríochtúil agus feidhmíocht chórais faisnéise CGB bainistithe ag eu-LISA a fheabhsú tuilleadh, déanann an Ghníomhaireacht faireachán gníomhach ar na forbairtí is déanaí sa taighde agus sa nuálaíocht, agus ag an am céanna cuireann sí feabhas ar shaineolas gairmiúil chun leanúint de bhreisluach a chur ar fáil do gheallsealbhóirí. Ina theannta sin, cuireann eu-LISA seisiúin oiliúna rialta ar fáil maidir le córais faisnéise CGB a oibriú agus a úsáid, agus iad á gcur in oiriúint do na riachtanais agus do na bearnaí eolais sainaitheanta ag úsáideoirí deiridh. Foilsíonn an Ghníomhaireacht tuarascálacha freisin ar an staidreamh maidir le feidhmíocht theicniúil agus úsáid a bhaineann leis na córais atá faoina bainistíocht oibríochtúil.

2.6.1. **Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta**

Chun forbairt leanúnach theicneolaíoch chórais faisnéise CGB an Aontais a chuirtear de chúram ar eu-LISA a áirithiú, déanann an Ghníomhaireacht faireachán ar thaighde agus ar nuálaíocht agus rannchuidíonn sí le caighdeánú, agus ag an am céanna déanann sí comhordú ar ghníomhaíochtaí for-rochtana leis an tionscal agus leis an saol acadúil i réimsí a bhaineann le sainordú na Gníomhaireachta. Chun cur chuige struchtúrtha a choinneáil maidir le taighde agus nuálaíocht i gcomhréir le spriocanna straitéiseacha, leanfaidh eu-LISA dá **straitéis taighde agus nuálaíochta**, a glacadh in 2024, a chur chun feidhme, agus **tuarascálacha bliantúla faireacháin ar thaighde agus ar theicneolaíocht** a fhoilsiú. In 2025, bunóidh an Ghníomhaireacht Coiste Teicneolaíochta agus forbróidh sí **Treochlár Teicneolaíochta** chun measúnú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí núíosacha ar cheart iad a ionchorprú i ngníomhaíochtaí eu-LISA.

Bunaithe ar Théarmaí Tagartha 2021 maidir le rannpháirtíocht na Gníomhaireachta sa **Chlár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht**, leanann eu-LISA ag tacú leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (REA) i gcur chun feidhme an chláir maoinithe Fís Eorpach don taighde agus don nuálaíocht. Leanfaidh an Ghníomhaireacht freisin dá rannchuidiú gníomhach le **Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach**, go háirithe trí fhoireann amháin a thabhairt ar iasacht don rúnaíocht, agus trí chathaoirleacht a dhéanamh ar bhraisle an mhoil maidir leis an mbithmhéadracht.

Chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais na mBallstát agus chun malartú faisnéise maidir le teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí núíosacha a chur chun cinn, leanann an Ghníomhaireacht dá rannpháirtíocht réamhghníomhach leis an tionscal trí imeachtaí bliantúla Comhchéime Tionscail a eagrú a chuireann fóram ar fáil chun dúshláin agus bearnaí cumais a phlé ar leibhéal na mBallstát agus an Aontais, agus réitigh phraiticiúla ón tionscal a d’fhéadfadh a bheith ann.

Díríonn an Ghníomhaireacht ar a cumais agus a saineolas a fhorbairt i réimse na **hintleachta saorga** chun glacadh teicneolaíochtaí nuálacha a chothú. Mar chuid den iarracht sin, leanfaidh eu-LISA de réitigh atá bunaithe ar an intleacht shaorga a phíolótú, a thástáil agus, i gcás inarb indéanta, a chur chun feidhme chun a éifeachtúlacht oibríochtúil agus a cháilíocht seirbhíse a fheabhsú tuilleadh (e.g. botaí comhrá, anailís sonraí, próisis a chuíchóiriú). Go háirithe, díreoidh an Ghníomhaireacht ar fheabhas a chur ar oibriú na gcóras aitheantais bhithmhéadraigh a úsáideann sí, trí thástáil agus meastóireacht rialta.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

- Faireachán a dhéanamh ar an taighde agus ar an nuálaíocht theicneolaíoch (e.g. bithmhéadracht, criptiú, néalteicneolaíochtaí) chun forbairt leanúnach chórais faisnéise CGB an Aontais a áirithiú, chomh maith le gníomhaíochtaí for-rochtana eu-LISA leis an tionscal agus leis an saol acadúil a chomhordú chun an nuálaíocht agus an digitiú a chothú.
- Cumais agus saineolas eu-LISA a fhorbairt i réimse na hintleachta saorga, lena n-áirítear leanúint den mheasúnú ar fheidhmchláir IS chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais CGB (e.g. uathoibriú próiseas sainaitheanta lochtanna agus aisghabhála, agus don chibearshlándáil), chomh maith le feidhmchláir chun próisis inmheánacha laethúla a fheabhsú, go háirithe trí fheidhmchláir ghiniúnacha IS a chur chun feidhme.
- Tacú le tástáil oibríochtúil teicneolaíochtaí aitheantais bhithmhéadraigh agus iniúchadh a dhéanamh ar infhaighteacht tacar sonraí ardcháilíochta chun críocha tástála, agus teicnící nua cosanta príobháideachais á gcur san áireamh chun oiriúnacht don fheidhm a áirithiú (e.g. bréag-anaithnidiú, criptiú, ardáin ríomhaireachta dáilte).
- Faireachán a dhéanamh ar fhorbairt na gcaighdeán ábhartha dá chroíphróisis ghnó agus tacú leis an bhforbairt sin, ag díriú ar theicneolaíocht aitheantais bhithmhéadrach a chur chun cinn trí rannchuidiú le caighdeáin a fhorbairt le haghaidh méadracht cáilíochta, go háirithe d’íomhánna den aghaidh agus do mhéarmharcanna.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
Le deimhniú (ar feitheamh straitéis taighde eu-LISA)	Le deimhniú	neamhbhainteach

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta gnó mar is gnách	Úsáid teicneolaíochtaí nuálacha agus caighdeánú a chothú le haghaidh fhorbairt leanúnach chórais faisnéise CGB, i gcomhar le saineolas, cumais agus cleachtais eagraíochtúla na Gníomhaireachta a fhorbairt.	Faireachán a dhéanamh ar thaighde acadúil agus tionscail, ag díriú ar theicneolaíochtaí nua agus ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar ghnéithe eile atá ábhartha do chórais TF CGB, ag tacú le torthaí taighde a chomhtháthú i saolré feidhmchlár eu-LISA trí chásanna úsáide agus cruthúnais choincheapa a shainaithint; tionscadail tástála réiteach a chur chun feidhme, caighdeánú a chomhordú. Treochlár Teicneolaíochta a ullmhú.
Réitigh IS-bhunaithe ar mhaithe le héifeachtúlacht fheabhsaithe gnó mar is gnách	Réitigh IS-bhunaithe a thabhairt isteach chun éifeachtúlacht oibríochtaí agus ghníomhaíochtaí corparáideacha eu-LISA a fheabhsú.	Saineolas agus cumais a fhorbairt san intleacht shaorga trí réitigh núíosacha a shainaithint agus a phíolótú (lena n-áirítear an intleacht shaorga ghiniúnach), lena gcumhdaítear raon leathan cásanna úsáide chun éifeachtúlacht na bpróiseas corparáideach agus oibríochtúil a fheabhsú: Pobal Cleachtais inmheánach IS a bhunú.

2.6.2. **Tuairisciú reachtúil**

Foilsíonn an Ghníomhaireacht tuarascálacha ar an staidreamh maidir le feidhmíocht theicniúil agus úsáid a bhaineann leis na córais atá faoina bainistiú oibríochtúil, lena n-áirítear liostaí na n-údarás ainmnithe a bhfuil rochtain acu ar na córais a thabhairt cothrom le dáta. Ina theannta sin, rannchuidíonn eu-LISA leis an bhfeabhsú más rud é **feasacht staide agus réamhaisnéis** ar leibhéal an Aontais, go háirithe, trí staidreamh a chur ar fáil don **Bharaiméadar Schengen+**.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

- Staidreamh agus tuarascálacha a thiomsú agus a fhoilsiú maidir le feidhmiú teicniúil agus úsáid chórais faisnéise CGB i gcomhréir le hoibleagáidí reachtúla eu-LISA, agus béim ar leith á leagan ar ECRIS-TCN.
- An stór coiteann um thuairisciú agus staidreamh (CRRS) a thabhairt isteach agus tacú leis na Ballstáit an uirlis tuairiscithe nua sin a úsáid.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
Tuarascálacha a fhoilsiú	comhlíonadh na gceanglas dlí agus SLAnna	de réir sprice

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Tuairisciú reachtúil		
Tuairisciú teicniúil agus staidreamh comhiomlánaithe gnó mar is gnách	Trédhearcacht oibríochtaí eu-LISA agus feasacht fheabhsaithe an phobail.	Staidreamh comhiomlánaithe agus tuarascálacha feidhmíochta reachtúla maidir le córais faisnéise CGB an Aontais a mbainistíonn eu-LISA a ullmhú agus a fhoilsiú; liostaí d'údaráis a bhfuil cearta rochtana acu ar chórais a thiomsú agus a thabhairt cothrom le dáta; CRRS a thabhairt isteach agus tacaíocht d'úsáideoirí deiridh a sholáthar.
Rannchuidiú le feasacht staide agus réamhaisnéisiú an Aontais	Feasacht staide agus réamhaisnéis fheabhsaithe ar leibhéal an Aontais;	Staidreamh ábhartha a sholáthar don Choimisiún, laistigh de na teorainneacha a

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Tuairisciú reachtúil		
maidir le bainistiú imirce agus slándáil inmheánach gnó mar is gnách	rannchuidiú le Baraiméadar Schengen+ chun tacú le sainaithint riosca don tslándáil inmheánach.	shainítear i rialacháin a bhaineann go sonrach leis an gcóras.

2.6.3. **Oiliúint do na Ballstáit**

Cuireann eu-LISA seisiúin oiliúna rialta atá oiriúnach don fheidhm ar fáil maidir le córais faisnéise CGB a oibriú agus a úsáid, agus iad á gcur in oiriúint do na riachtanais agus do na bearnaí eolais sainaitheanta ag úsáideoirí deiridh, d'fhonn leibhéal sásaimh den scoth a choinneáil.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

Oiliúint do na Ballstáit

- Oiliúint shaincheaptha a dhearadh agus a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh maidir le feidhmiú teicniúil na gcóras CGB atá ann cheana agus na gcóras CGB nua arna mbainistiú ag eu-LISA, i.e. údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát, údaráis bainistithe teorainneacha agus údaráis bhreithiúnacha, gníomhaireachtaí CGB.

Comhar le CEPOL agus le gníomhaireachtaí CGB eile

- Comhoibriú le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) chun cúrsaí oiliúna comhpháirteacha a sholáthar maidir le córais CGB a úsáid agus saineolas a roinnt i réimsí leasa fhrithpháirtigh; comhar le Frontex agus le Gníomhaireachtaí CGB eile chun oiliúint ábhartha a chur ar fáil.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta M	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
(KPI 16) Oiliúint: ráta sásaimh	meánscór os cionn 4 (ar scála ó 1 go 6)	5.4

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Oiliúint do na Ballstáit gnó mar is gnách	Rinne úsáideoirí deiridh an chórais i bpobal CGB an Aontais an t-eolas ábhartha maidir le feidhmiú teicniúil agus dea-chleachtais a bhaineann le húsáid agus oibriú na gcóras faisnéise CGB a mbainistíonn eu-LISA iad a fheistiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta.	Pleananna oiliúna bliantúla a ullmhú de réir na modheolaíochta measúnaithe ar riachtanais oiliúna. Oiliúint a chur ar fáil trí mhodhanna seachadta éagsúla, i.e. seimineáir ghréasáin bheo, cúrsaí féinluais ar líne, foghlaim aghaidh ar aghaidh. Modheolaíocht oiliúna a fhorbairt bunaithe ar chur chuige agus treochtaí núíosacha. Rochtain neamhtheoranta a chur ar fáil do rannpháirtithe ar an ábhar foghlama san ardán oiliúna ar líne. Cumhdaítear le punann oiliúna 2025 CFS, VIS, Eurodac, EES, ETIAS, Idir-inoibritheacht, ECRIS-TCN, e-CODEX agus ardán comhoibrithe na JITanna.

2.6.4. **Meastóireachtaí Schengen**

Braitheann feidhmiú éifeachtach limistéar Schengen ar chreat casta rialála agus beartais, lena n-áirítear comhar CFS/SIRENE agus comhbheartas víosaí. Chun a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit *acquis* Schengen i bhfeidhm go héifeachtach, tá sásra tiomnaithe curtha ar bun ag an Aontas chun meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme cuí chomhar CFS/SIRENE agus an chomhbheartais víosaí (lena n-áirítear VIS). Tá an fhreagracht as cur chun feidhme **shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen** (SEMM) roinnte go comhpháirteach idir na Ballstáit agus an gCoimisiún. Rannchuidíonn eu-LISA le SEMM trí shaineolas speisialaithe a chur ar fáil trí pháirt a ghlacadh mar bhreathnóirí i misin mheastóireachta, agus trí chur le tuarascálacha meastóireachta ina dhiaidh sin freisin.

Príomhchuspóir le haghaidh 2025

- Páirt a ghlacadh i sásra meastóireachta Schengen an Aontais mar bhreathnóir agus rannchuidiú le tuarascálacha meastóireachta chun cur chun feidhme cuí *acquis* Schengen a áirithiú.

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Meastóireachtaí Schengen gnó mar is gnách	Cur chun feidhme cuí *acquis* Schengen agus cuidiú leis na Ballstáit úsáid níos fearr a bhaint as CFS agus VIS, EES agus ETIAS.	Páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí i meastóireachtaí Schengen i réimsí CFS/SIRENE, agus VIS/an chomhbheartais víosaí, lena n-áirítear rannchuidiú le tuarascálacha meastóireachta ina dhiaidh sin.

2.7. **Bonneagar agus líonraí**

Chun tacú go héifeachtach le bainistiú oibríochtúil chórais faisnéise CGB an Aontais, cuireann an Ghníomhaireacht bonneagar slán iontaofa ar fáil ar a n-óstáiltear gach córas CGB lena n-éascaítear aistriú slán sonraí. Chuige sin, áirithíonn eu-LISA oibriú leanúnach dhá láithreán theicniúla a óstálann córais CGB an Aontais agus a mbonneagair chumarsáide: láraonad (CU) in Strasbourg, an Fhrainc agus láraonad cúltaca (BCU) in St Johann im Pongau, an Ostair. Ina theannta sin, tá an Ghníomhaireacht freagrach as slándáil ardleibhéil agus infhaighteacht córas gan bhriseadh a áirithiú do na Ballstáit, mar aon le seirbhísí teicniúla agus tacaíocht 24/7 d'úsáideoirí.

2.7.1. **Líonra**

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as bainistiú a dhéanamh ar an mbonneagar cumarsáide lena soláthraítear aistriú slán iontaofa sonraí idir na lárchórais atá á n-oibriú ag eu-LISA agus úsáideoirí deiridh an chórais, i.e. na Ballstáit agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais. Ina theannta sin, cuireann an bonneagar cumarsáide nasc pointe go pointe ar fáil freisin idir an láraonad in Strasbourg agus an láraonad cúltaca in St Johann im Pongau, an Ostair.

Úsáideann an bonneagar cumarsáide líonra TESTA-ng (Seirbhísí Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitic idir Riaracháin – glúin nua) a sholáthraíonn líonra cnáimhe droma atá ar leithligh ón idirlíon poiblí. Tá líonra TESTA-ng á oibriú ag soláthraí seirbhíse príobháideach agus ar leibhéal an Aontais is é an Coimisiún Eorpach (DIGIT) a bhainistíonn an conradh. Úsáideann an Ghníomhaireacht trí fhearann ar TESTA-ng chun córais CGB a oibriú (úsáidfear comhpháirteanna idir-inoibritheachta ar gach ceann de na trí fhearann freisin):

- Fearann CFS do CFS agus do SIRENE Mail,[114]
- Fearann VIS le haghaidh VIS agus VISMail[115], EES agus ETIAS,
- EuroDomain le haghaidh Eurodac, DubliNet agus ECRIS-TCN.

Nascann na húsáideoirí deiridh leis na fearainn éagsúla (scartha go fisiceach ag áitreabh an úsáideora) trí úsáid a bhaint as pointí rochtana lándéanta ar leith (TAPanna), dhá cheann de ghnáth, atá lonnaithe i saoráidí atá i bhfad óna chéile d'fhonn bheith in ann oibríochtaí a atosú go tapa i gcás tubaiste nó le linn cothabhála. Chun infhaighteacht agus iontaofacht an líonra a áirithiú tuilleadh, tá iomarcaíochtaí breise san áireamh sna TAPanna féin.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

- Seirbhísí bonneagair cumarsáide atá ar fáil go forleathan agus slán a sholáthar de réir na rialachán agus na gcomhaontuithe leibhéil seirbhíse is infheidhme, lena n-áirítear bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus éifeachtúil ar TAPanna, agus uasghráduithe agus forbairt riachtanach á gcur chun feidhme ag an am céanna.
- Bainistiú oibríochtúil éifeachtúil bhonneagar cumarsáide CFS (an dara sraith chriptiúcháin) a áirithiú chun cosc a chur ar chomhlachtaí seachtracha (e.g. soláthraí TESTA-ng) rochtain a bheith acu ar shonraí íogaire agus cosc a chur ar léamh, ar chóipeáil, ar mhodhnú nó ar scriosadh neamhúdaraithe sonraí le linn aistrithe.
- Seirbhísí córais CGB poiblí atá nasctha leis an Idirlíon a sholáthar (e.g. seirbhísí gréasáin EES/ETIAS) agus acmhainní riachtanacha Idirlín a chothabháil (e.g. uimhir an chórais uathrialaigh, dhá bhloc seoltaí IPv6 agus dhá bhloc seoltaí IPv4).

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
Infhaighteacht líonra achair fhairsing (WAN) (do CFS agus VIS)	≥ 99.99 %	de réir sprice

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Bainistiú oibríochtúil		
Bainistiú oibríochtúil an	Bonneagar cumarsáide iontaofa agus slán	Réitigh an dara sraith chriptiúcháin ar

Is sásra cumarsáide é [114]**SIRENE Mail** a úsáideann Biúrónna náisiúnta SIRENE le haghaidh faisnéis fhorlíontach a bhaineann le foláirimh CFS.
Is sásra malartaithe faisnéise é [115]**VISMail** a úsáideann údaráis náisiúnta víosaí chun dul i gcomhairle le chéile maidir le hiarratais ar víosa Schengen.

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
bhonneagair cumarsáide gnó mar is gnách	do chórais CGB bainistithe ag eu-LISA, de réir SLAnna.	bhonneagar cumarsáide CFS/VIS a oibriú, maoirseacht oibríochtúil a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse, saincheisteanna a bhaineann le buiséid/conarthaí a bhainistiú.
Uasghráduithe agus dul chun cinn		
Forbairt an bhonneagair cumarsáide seachadadh tionscadal 2027	Bonneagar cumarsáide slán do CFS agus VIS.	Ullmhú d'athnuachan na sraitheanna criptiúcháin den bhonneagar cumarsáide le haghaidh CFS agus VIS, agus líonra TESTA-ng.

2.7.2. Bonneagar Coiteann Comhroinnte (CSI) agus Ardáin Óstála Cliste (SHP)

Is éard atá i mbonneagar eu-LISA an **Bonneagar Coiteann Comhroinnte** (CSI) a sholáthraíonn Bonneagar mar Sheirbhís (IaaS) le haghaidh cur in úsáid ar an áitreabh, agus an **tArdán Comhroinnte Coiteann** (CSP) a thógann ar CSI, taobh leis an **Ardán Cuimsitheach Néalríomhaireachta** (CCP). Leis an mbonneagar inscálaithe, solúbtha agus caighdeánaithe sin, soláthraítear na seirbhísí teicniúla bunúsacha is gá chun na lárchórais TF uile a mbainistíonn eu-LISA a rith. Trí theicneolaíochtaí úrscothacha a chur i bhfeidhm, cuireann na hardáin sin creat atá tíosach ar acmhainní ar fáil, lena ndéantar cuíchóiriú ar chúraimí forbartha agus oibríochtúla (píblíne cur in úsáid atá dírithe ar DevOps), agus ag an am céanna cuireann siad leibhéal ard uathoibrithe ar fáil do bhainistiú bonneagair (Bonneagar mar Chód).

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

- Bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus éifeachtúil CSI, CSP agus CCP a áirithiú, mar aon le cothabháil cheartaitheach (lena n-áirítear crua-earraí) agus athnuachan tráthúil ceadúnas bogearraí réamhdhéanta tráchtála (COTS), chomh maith le cothabháil oiriúnaitheach a chur ar fáil in eisiúintí timthriallacha chun bogearraí a choinneáil ar leibhéal slán agus cothrom le dáta.
- Rochtain ar chórais CGB a bhainistiú tríd an líonra bainistithe slán.
- Seirbhísí agus réitigh éifeachtúla ar ardchaighdeán a sholáthar.
- An fhorbairt is gá a chur ar fáil chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fhoriomlán seirbhíse, ar inscálaitheacht, ar sholúbthacht agus ar shlándáil agus cumais theicneolaíocha a ailíniú le riachtanais athraitheacha an Aontais agus na mBallstát.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
Aga admhála teagmhais	freagra de réir SLA	de réir sprice
Aga réitigh teagmhais	freagra de réir SLA	de réir sprice
Infhaighteacht córais/seirbhísí	timpeallachtaí réamhtháirgthe: 99.50 % timpeallachtaí táirgthe: 99.99 %	de réir sprice

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Bainistiú oibríochtúil		
Bainistiú oibríochtúil CSI gnó mar is gnách	Bainistiú oibríochtúil 24/7 ar bhonneagar a bhfuil córais faisnéise CGB an Aontais á n-óstáil aige agus cothabháil cheartaitheach de réir na rialachán is infheidhme agus na gcomhaontuithe leibhéil seirbhíse faoi seach.	Monatóireacht oibríochtúil 24/7 ar bhonneagar a óstálann comhpháirteanna CSP agus cothabháil cheartaitheach a sholáthar. Saincheisteanna a shainaithint, a aonrú agus a réiteach, CSI a athbhunú i ndálaí oibríochtúla, cothabháil crua-earraí agus bogearraí (lena n-áirítear ceadúnais).
Cothabháil oiriúnaitheach CSI gnó mar is gnách	Bonneagar atá cothrom le dáta, slán agus oibríochtúil ina bhfuil córais CGB an Aontais á n-óstáil chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú de réir na gceanglas ábhartha ó thaobh acmhainne de, infhaighteachta agus feidhmíochta.	Cothabháil oiriúnaitheach a sholáthar chun feidhmíocht chórais riachtanach a áirithiú tar éis timthriallta deireadh ré le haghaidh athnuachan agus athsholáthar bonneagair.
Seirbhísí óstála do Frontex agus EUAA gnó mar is gnách	Seirbhísí cúltaca 24/7 do Frontex agus do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) i gcomhréir le comhaontuithe leibhéil seirbhíse faoi	Tacaíocht 24/7 a chur ar fáil agus comhordú ar an láthair a dhéanamh ar theagmhais agus ar shaincheisteanna eile, nuashonruithe rialta cumarsáide agus

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
	seach.	stádais, de réir mar is gá.
Cothabháil CCP gnó mar is gnách	Cobhsaíocht agus rialachas feabhsaithe néalardáin.	Oibríochtaí néalardáin a bharrfheabhsú le haghaidh feidhmíocht fheabhsaithe agus costéifeachtúlacht
Cothabháil CSP gnó mar is gnách	Feabhas a chur ar chobhsaíocht agus ar rialachas ardán ar an áitreabh.	Oibríochtaí ardáin ar an láthair a bharrfheabhsú le haghaidh feidhmíocht fheabhsaithe agus costéifeachtúlacht

2.8. **Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí**

Tugtar forléargas sa chaibidil seo a leanas ar an tacaíocht do bhainistiú oibríochtúil chórais CGB an Aontais, lena ndírítear ar shlándáil agus leanúnachas gnó agus ar phríomhsheirbhísí TF, amhail bainistiú athruithe oibríochtúla, bainistiú tástála, bainistiú eisiúna agus cur in úsáid, chomh maith le bainistiú conarthaí. I dteannta a chéile, cuireann na gníomhaíochtaí agus na tionscnaimh sin réitigh agus seirbhísí iontaofa agus costéifeachtacha ar fáil do na Ballstáit agus d'úsáideoirí deiridh uile an chórais, agus a gcumais slándála faisnéise á ndaingniú ag an am céanna.

Measann eu-LISA go mbeidh castacht mhéadaithe na ngníomhaíochtaí slándála ar cheann de na príomhdhúshláin in 2025. Is riosca mór nua é an nasc a bheidh ann amach anseo idir córais TF agus an t-idirlíon poiblí trí sheirbhísí gréasáin. Ina theannta sin, tá riosca suntasach ann maidir leis an méadú ar mhinicíocht na gcéimeanna tástála agus na dtréimhsí tástála níos giorra, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le seirbhísí tástála ar cháilíocht íseal a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara.

2.8.1. **Oibríochtaí córais**

Chun infhaighteacht agus oibriú gan bhriseadh na gcóras CGB uile atá faoina sainchúram a áirithiú, cuireann an Ghníomhaireacht tacaíocht oibríochtúil leanúnach ar fáil d'úsáideoirí deiridh uile an chórais trí Dheasc Freastail eu-LISA, a fheidhmíonn ar bhonn 24/7. Láimhseálann an Deasc Freastail iarratais ar sheirbhísí (nósanna imeachta caighdeánacha) agus comhordaíonn sí réiteach teagmhas (cur isteach ar sheirbhísí) agus fadhbanna (imscrúdú ar bhunchúiseanna). Le haghaidh oibríochtaí éifeachtacha, áirithíonn an Ghníomhaireacht freisin na nuashonruithe leanúnacha ar na **huirlisí bainistithe seirbhíse TF (ITSM)**, go háirithe i gcomhthéacs aistriú chuig an tsamhail thrasnach oibriúcháin.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

Tacaíocht oibríochtúil: tacaíocht chéadleibhéil agus dara leibhéil

- Tacaíocht leanúnach ardcháilíochta chéadleibhéil agus dara leibhéil a áirithiú d'úsáideoirí deiridh an chórais.[116]

Uirlisí seirbhíse oibríochtúla

- Faireachán éifeachtach ar na córais CGB uile atá á mbainistiú ag eu-LISA a áirithiú, lena n-áirítear na huirlisí a uasghrádú chun freagrúlacht agus cáilíocht na tacaíochta céadleibhéil agus dara leibhéil a fheabhsú, eadhon an uirlis bainistithe seirbhíse TF (ITSM), an Lámhleabhar Ríomhoibreora (eOPM) agus an Córas Bainistithe Teagmhas (EMS).
- An Córas Bainistithe Teagmhas a chur chun feidhme agus gach córas CGB atá ann cheana agus atá nua a chomhtháthú, chomh maith le bonneagar criticiúil TF eile, chun an t-am a thógann sé freagairt ar theagmhais agus iad a réiteach trí dhearcadh aontaithe ar an éiceachóras iomlán TF a laghdú.

Bainistiú conarthaí

- Tacaíocht éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar fáil d'fhoinsiú soláthairtí agus seirbhísí oibríochtúla córais faisnéise CGB ó chéim bhunaithe na gconarthaí go dtí a dtabhairt i gcrích.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
(KPI 20) Feidhmíocht Dheasc Freastail eu-LISA	≥ 75 %	97 %
(KPI 19) Sásaimh custaiméirí (céatadán de na Ballstáit atá sásta nó an-sásta leis an seirbhís a chuirtear ar fáil)	≥ 80 %	ríofa ag deireadh na bliana

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Lárionad Seirbhísí Oibríochtaí		
Lárionad Seirbhísí Oibríochtaí gnó mar is gnách	Faigheann gach córas CGB arna bhainistiú ag eu-LISA tacaíocht leordhóthanach agus éifeachtach chun go mbeidh siad in ann	Bainistiú oibríochtúil 24/7 ar na croíchórais ghnó uile, i.e. córais faisnéise CGB arna mbainistiú ag eu-LISA.

[116] De réir *Rialachán e-CODEX 2022/850*, ní mór do eu-LISA tacaíocht chéadleibhéil agus dara leibhéil a sholáthar le linn uaireanta gnó (EET) amháin.

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
	feidhmiú mar is ceart.	
Oibríochtaí agus cothabháil réiteach		
Oibríochtaí agus cothabháil réiteach gnó mar is gnách	Faigheann gach córas CGB arna bhainistiú ag eu-LISA tacaíocht leordhóthanach agus éifeachtach chun go mbeidh siad in ann feidhmiú mar is ceart.	Tacaíocht theicniúil leanúnach a chur ar fáil do chórais atá ann cheana, agus bainistiú oibríochtúil gan bhriseadh agus ar ardchaighdeán a áirithiú ag an am céanna:
Uirlisí seirbhíse oibríochtúla		
Uirlisí seirbhíse oibríochtúla trasnacha gnó mar is gnách	Áirithítear le táirgí/uirlisí seirbhíse oibríochtúla agus le próisis réitigh infhaighteacht córas cobhsaí agus leanúnach agus na leibhéil feidhmíochta a bhfuiltear ag súil leo ó thaobh iontaofachta agus cáilíochta de.	Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil chun táirgí/uirlisí seirbhíse oibríochtúla a riar, le cothabháil cheartaitheach, choisctheach, oiriúnaitheach agus fhoirfeach, lena n-áirítear ceadúnais.
Feabhsuithe ar an gCóras Bainistithe Teagmhas seachadadh tionscadal 2026	Feabhas a chur ar sheirbhísí tacaíochta 24/7 d'úsáideoirí deiridh trí laghdú a dhéanamh ar an aga chun teagmhais a fhreagairt agus a réiteach.	Gach córas CGB atá ann cheana agus gach córas CGB nua, mar aon le bonneagar criticiúil TF, a chomhtháthú sa Chóras Bainistithe Teagmhas.
Athsholáthar uirlis ITSM seachadadh tionscadal 2026	Leanúnachas réiteach ITSM eu-LISA.	Próisis ITSM atá ann faoi láthair a aistriú chuig an uirlis nua, crua-earraí nua a chur in úsáid, doiciméadacht ábhartha a chruthú le haghaidh oiriúnuithe eu-LISA, agus oiliúint a chur ar na geallsealbhóirí uile maidir leis an uirlis nua a úsáid.
Bainistiú conarthaí		
Bainistiú conarthaí gnó mar is gnách	Infhaighteacht agus leanúnachas seirbhísí innealtóireachta agus oibríochtúla do chórais CGB arna mbainistiú ag eu-LISA.	Bainistiú conarthaí atá comhlíontach agus éifeachtach a áirithiú trí fhaireachán agus rialú a dhéanamh ar fhorghníomhú creatchonarthaí idirdhisciplíneacha, de réir an chreata rialachais.
Aistriú seirbhísí seachfhoinsithe gnó mar is gnách	Leanúnachas na seirbhísí seachfhoinsithe d'innealtóireacht agus d'oibríochtaí na gcóras CGB arna mbainistiú ag eu-LISA.	Tacaíocht a chur ar fáil d'aistriú seirbhísí ó TEF/TOF nó ó chreatchonarthaí eile, go dtí an chéad struchtúr conarthach eile le haghaidh seirbhísí innealtóireachta agus oibríochtúla, lena n-áirítear aistrithe pleanála do gach córas CGB agus comhpháirteanna gaolmhara, plean soláthair a shainiú agus a chur chun feidhme, tacú le pleanáil agus forghníomhú, eolas agus freagracht a aistriú chuig conraitheoirí nua (sásra aistrithe/táthcheangail).

2.8.2. **Aistriú seirbhíse**

Agus é ag tacú le hoibríochtaí córais, ceann de phríomhchúraimí eu-LISA is ea an ghné rialaithe cáilíochta, a sheachadtar trí bhainistiú athraithe oibríochtúla, tástála, aistrithe, eisiúna agus cur in úsáid, mar aon le bainistiú saolré an fheidhmchláir, lena n-áirítear aistriú i bhfeidhm.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

- Tacaíocht agus cothabháil a chur ar fáil do gach córas CGB agus dá mbonneagair chumarsáide, dá gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta, dá mbonneagar láraithe a óstálann na córais agus d'ardán um bainistiú saolré an fheidhmchláir, lena n-áirítear tacú le huasghráduithe agus tástáil na gcóras atá ann cheana agus athmhúnluithe criticiúla.
- Tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit, agus feabhas á chur ag an am céanna ar an gcomhordú idir contrapháirtithe lárnacha agus náisiúnta, lena n-áirítear tacaíocht d'iompróirí.
- Uirlisí agus próisis inmheánacha a chomhdhlúthú chun cur chuige níos solúbtha a ghlacadh maidir le heisiúint, athrú agus bainistiú tástála/cáilíochta, lena n-áirítear feabhas a chur ar uirlisí Saolré Forbartha Córas (SDLC).

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
feachtais tástála curtha i gcrích de réir sceidil	> 90 %,	de réir sprice: córais oidhreachta: 100 %; 100 %; córais nua: níl siad ar fáil
clúdach riachtanas iomlán	> 95 %	de réir sprice: córais nua 100 %; córais oidhreachta: n/b (ní shainítear go hiomlán na ceanglais)
athruithe oibríochtúla a cuireadh chun feidhme héifeachtach agus a dúnadh i rith na bliana (r éiríodh astu ná nár cuireadh ar ceal)	> 75 %	de réir sprice

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Aistriú seirbhíse		
Bainistiú tástála gnó mar is gnách	Dearbhú go soláthraíonn táirgí agus seirbhísí an luach atá beartaithe; cobhsaíocht fheabhsaithe, níos lú teagmhas agus sásamh custaiméirí.	Comhairle a chur ar fáil maidir le cur chuige tástála, cleachtais, uirlisí, mar aon le faisnéis agus oiliúint d'úsáideoirí deiridh. Feachtais tástála a phleanáil, a dhearadh, a athbhreithniú agus a chur chun feidhme le haghaidh na n-oibríochtaí cothabhála ceartaitheacha agus oiriúnaitheacha go léir.
Bainistiú athraithe oibríochtúil gnó mar is gnách	Athruithe teicniúla curtha chun feidhme i gceart ag geallsealbhóirí, agus an tionchar gnó is lú is féidir ar sholáthar seirbhíse.	Athruithe a phróiseáil agus tacú le foirne oibríochtúla maidir le cur chun feidhme athruithe a phleanáil agus a chomhordú.
Bainistiú eisiúna agus cur in úsáid gnó mar is gnách	Nuashonraíodh na córais TF go rathúil leis na feidhmiúlachtaí agus na paistí is déanaí, agus is beag tionchar a bhíonn acu ar fheidhmíocht agus ar infhaighteacht an chórais.	Gníomhaíochtaí bainistithe eisiúna agus cur in úsáid a chomhordú i ngach céim: pleanáil, tógáil, tástáil agus bailíochtú, cur in úsáid, athbhreithniú agus dúnadh, lena n-áirítear aistriú foirmiúil seirbhísí nua, modhnaithe nó ar scor chuig foirne oibríochtúla a bhainistiú.
Teacht i mbun oibríochta gnó mar is gnách	Córais nua TF a oibríonn go rathúil sa timpeallacht táirgthe, i gcomhréir leis an mbunús dlí agus leis na ceanglais chórais is infheidhme.	Gníomhaíochtaí aistrithe a phleanáil agus a chomhordú ón ullmhúchán go dtí glacadh deiridh córais, agus measúnú a dhéanamh ar ullmhacht eagraíochtúil don aistriú chuig oibríochtaí.

2.8.3. **Slándáil, cibearshlándáil agus leanúnachas gnó**

Chun seasamh cibearshlándála éifeachtach agus athléimneacht na gcóras CGB a chuirtear de chúram ar eu-LISA a áirithiú, déanann an Ghníomhaireacht faireachán agus bainistiú leanúnach ar leochaileachtaí, bagairtí agus rioscaí slándála iarmharacha trí bhearta láidre slándála, lena n-áirítear feabhas leanúnach agus feabhsú leanúnach ar bhearta cibearshlándála.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

- An comhlíonadh is airde le creat rialála agus ceanglais slándála an Aontais a áirithiú trí **cur chuige na domhainchosanta**, mar a thugtar air, a chur i bhfeidhm maidir le gach córas faisnéise CGB (lena n-áirítear córais atá dírithe ar an idirlíon) agus trí shraitheanna de bhearta slándála a chur chun feidhme chun athléimneacht a sholáthar i leith teagmhas agus cibirionsaithe.[117]
- Faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí iarmharacha slándála do chórais TF a chuirtear de chúram ar eu-LISA, dearbhú a thabhairt go bhfuil na rialuithe slándála iomchuí éifeachtach, curtha chun feidhme i gceart agus bainistithe, lena n-áirítear moltaí a bhaineann leis an tslándáil ó iniúchtaí, measúnuithe, cleachtaí a chur chun feidhme, agus an creat slándála a choinneáil cothrom le dáta.
- Seasamh cibearshlándála na Gníomhaireachta a fheabhsú, a cibearchosaintí a neartú, agus dlús a chur lena cumas cibearoibríochtaí a bhrath agus freagairt dóibh go pras.
- Eolas agus dea-chleachtais a mhalartú go leanúnach maidir le hábhair a bhaineann le leanúnachas gnó.

[117] *Rialachán (AE, Euratom) 2023/2841* an 13 Nollaig 2023 lena leagtar síos bearta le haghaidh **ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála** in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, OJ L, 18.12.2023.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
Céatadán na gcuspóirí slándála reachtúla curtha chun feidhme	100 %	100 %
Céatadán na measúnuithe riosca slándála a rinneadh i gcoinne córas (dearadh, forbairt, táirgeadh)	100 %	100 %

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Slándáil, cibearshlándáil agus leanúnachas gnó		
Leanúnachas gnó oibríochtúil gnó mar is gnách	Athléimneacht agus leanúnachas seirbhísí do chroíchórais ghnó eu-LISA i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla.	Measúnuithe tionchair gnó agus próisis bainistithe riosca a reáchtáil agus a athbhreithniú le haghaidh oibríochtaí croíchórais ghnó uile, lena n-áirítear pleananna leanúnachais gnó a dhréachtú agus a thabhairt cothrom le dáta, rialuithe leanúnachais gnó a dhearadh agus a chur chun feidhme, cleachtaí a reáchtáil agus cur chun feidhme moltaí iniúchóireachta agus tuarascálacha cleachtaidh a áirithiú.
Seirbhísí slándála TF bainistithe gnó mar is gnách	Tacaíocht do sheirbhísí croíchóras gnó, rioscaí slándála TF bainistithe ar leibhéal inghlactha.	Faireachán slándála ar bhonneagar TF corparáideach eu-LISA chun tacú le croísheirbhísí córais gnó (lena n-áirítear críochphointí agus pointí rochtana ar an líonra corparáideach); slándáil teorann, slándáil críochphointe, príomhsheirbhísí bainistithe bonneagair poiblí, agus measúnú leochaileachta.
Slándáil agus dearbhú faisnéise gnó mar is gnách	Rioscaí slándála faisnéise bainistithe ar leibhéal iomchuí i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla agus ghnó, chomh maith le dea-chleachtais slándála faisnéise.	Maoirseacht a dhéanamh ar chóras bainistithe slándála faisnéise eu-LISA (lena n-áirítear measúnuithe riosca agus pleananna slándála le haghaidh córais TF), ailtireacht agus tástáil slándála, comhairle maidir leis an mbeartas slándála (lena n-áirítear measúnuithe slándála, iniúchtaí agus tástálacha).
Seirbhísí oibríochtaí cibearshlándála gnó mar is gnách	Leochaileachtaí agus rioscaí cibearshlándála bainistithe ar leibhéal iomchuí i gcomhréir le dea-chleachtais maidir le bagairtí a bhrath agus freagairt do theagmhais, chun bheith ina choimeádaí iontaofa agus slán faisnéise íogaire go fóill.	Faireachán leanúnach cibearshlándála agus tástáil leochaileachta, faireachán ar fhaisnéis slándála agus bainistiú teagmhas, bainistiú agus freagairt teagmhas slándála, bainistiú céannachta agus rochtana, teicneolaíocht. bainistíocht leochaileachta, bainistiú príomhbhonneagair phoiblí, bainistiú slán cumraíochta, agus láimhseáil cibeartheagmhas ag CSIRT.
Cleachtadh leanúnachais gnó agus athshlánaithe ó thubaiste 2025 seachadadh tionscadal 2025	Dearbhú go n-oibríonn eu-LISA i gcomhréir leis na ceanglais maidir le leanúnachas gnó, bainistiú teagmhais agus athshlánú ó thubaiste i gcás teagmhais shuaiteacha a bhaineann le córais CGB nó le seirbhísí gnó.	Tástáil a dhéanamh ar chórais CGB le haghaidh rialuithe sonracha, nósanna imeachta agus próisis shonracha maidir le leanúnachas gnó, athshlánú ó thubaiste, slándáil, bainistiú teagmhas. Cleachtadh ullmhaithe agus curtha i gcrích i gcomhar leis na Ballstáit rannpháirteacha, meastóireacht ar thorthaí agus tuairisciú don Bhord Bainistíochta.

2.8.4. **Tacaíocht don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit**

Mar a shonraítear in Airteagal 9 agus in Airteagal 16 de Rialachán lena mbunaítear eu-LISA, tá an Ghníomhaireacht réidh chun tacú leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais maidir leis na córais faisnéise CGB a chuirtear de chúram uirthi a ullmhú, a fhorbairt nó a oibríochtú tríd an méid seo a leanas a sholáthar:

- comhairle shaineolach do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais maidir lena gcórais nó a gcomhéadain náisiúnta a nascadh leis na lárchórais atá á mbainistiú ag eu-LISA,
- tacaíocht *ad hoc* arna hiarraidh ag na Ballstáit ar an gCoimisiún in imthosca eisceachtúla,
- comhairle nó tacaíocht don Choimisiún maidir le saincheisteanna teicniúla a bhaineann le córais TF atá

ann cheana nó córais TF nua,

- cúnamh maidir le comhpháirteanna coiteanna TF a fhorbairt, a bhainistiú nó a óstáil, má iarrann cúig Bhallstát ar a laghad é, le formheas roimh ré ón gCoimisiún agus tar éis cinneadh dearfach a fháil ón mBord Bainistíochta.

Leanann an Ghníomhaireacht de chórais mhórscála TF an Aontais a chuirtear de chúram uirthi a bhainistiú agus a fhorbairt tuilleadh, cúraimí agus seirbhísí a leagtar síos i rialacháin ábhartha a chur ar fáil, agus oiliúint theicniúil a chur ar fáil do gach úsáideoir deiridh i bpobal CGB an Aontais.

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Tacaíocht don Choimisiún agus do na Ballstáit *ad hoc, de réir mar a iarrtar*	Tacaíocht do na Ballstáit, don Choimisiún, nó do ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais maidir le córais CGB a ullmhú, a fhorbairt nó a oibríochtú, de réir Airteagal 9 agus Airteagal 16 den Rialachán bunaidh.	Sainchomhairle, tacaíocht *ad hoc*, comhairle/tacaíocht theicniúil a bhaineann le córais TF atá ann cheana nó córais TF nua a chur ar fáil, agus cúnamh chun comhpháirteanna coiteanna TF a fhorbairt, a bhainistiú nó a óstáil.

2.8.5. Grúpaí Comhairleacha, cruinnithe agus misin

Tacaíonn agus comhordaíonn an Ghníomhaireacht go leanúnach obair na ngeallsealbhóirí inmheánacha/seachtracha agus na gcomhlachtaí rialachais trí éilimh agus ceanglais ghnó a ghabháil agus a anailísiú, agus í ag deanamh cathaoirleacht ar chruinnithe Ghrúpaí Comhairleacha eu-LISA (i.e. CFS, VIS, Eurodac, EES-ETIAS, ECRIS-TCN, Idir-inoibritheacht, e-CODEX agus JITanna CP) agus meithleacha éagsúla eile.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

Grúpaí Comhairleacha agus cruinnithe

- Tacaíocht riaracháin agus lóistíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil do Ghrúpaí Comhairleacha (AG) agus do Bhoird Bainistíochta Clár (PMB) eu-LISA atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú lena gcuid oibre ó lá go lá agus chun a áirithiú go bhfreastalófar ar a riachtanais ghnó, lena n-áirítear tacaíocht do chomhar agus do mheithleacha éagsúla, chomh maith le roinnt ceardlann theicniúil arna n-iarraidh sin do AGanna.[118]

Cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le torthaí mheastóireacht na Gníomhaireachta

- Plean Gníomhaíochta eu-LISA a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí mheastóireacht na Gníomhaireachta.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
Sásamh na ngeallsealbhóirí le tacaíocht eagraíochtúil agus rúnaíochta	>70 % (tomhaiste go bliantúil)	98.6 %

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Grúpaí Comhairleacha, cruinnithe agus misin		
Tacaíocht riaracháin do Ghrúpaí Comhairleacha (AGanna) gnó mar is gnách	Tacaíocht éifeachtach thráthúil do AGanna agus do PMBanna eu-LISA mar a shonraítear sa Rialachán lena mbunaítear an Ghníomhaireacht agus i rialacha nós imeachta na gcomhlachtaí rialaithe.	Tacú le Grúpaí Comhairleacha agus PMBanna eu-LISA, meithleacha agus grúpaí saineolaithe, lena n-áirítear cruinnithe a chomhordú, a ullmhú agus a éascú; idirchaidreamh agus cumarsáid rialta; faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme cinntí agus torthaí.

[118] Tá caibidlíocht ar siúl chun a chinneadh an bhfreastalóidh sí ar thionscnaimh nua atá sainordaithe do eu-LISA (e.g. ródaire API, EU VAP, ródaire Prüm) faoi struchtúir rialachais atá ann cheana nó faoi struchtúir rialachais nua, e.g. ródaire API faoi chomhlachtaí rialachais EES/ETIAS, agus EU VAP faoi Ghrúpa Comhairleach VIS; ní mór comhlachtaí rialachais nua a bhunú do ródaire Prüm II, agus do Bhord Bainistíochta an Chláir nua do EU VAP.

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Grúpaí Comhairleacha, cruinnithe agus misin		
Tacaíocht riaracháin do chruinnithe agus do mhisin eile gnó mar is gnách	Tacaíocht éifeachtach thráthúil do chruinnithe agus do mhisin éagsúla eu-LISA.	Misin agus cruinnithe a bhainistiú agus a chomhordú, lena n-áirítear seisiúin faisnéise do gheallsealbhóirí, cruinnithe agus imeachtaí rialta agus *ad hoc*, comhdháil bhliantúil, imeachtaí comhchéime tionscail, etc.
Plean gníomhaíochta maidir le torthaí mheastóireacht na Gníomhaireachta gnó mar is gnách	Feidhmíocht oibríochtúil fheabhsaithe mar thoradh ar mholtaí an Choimisiúin a chur chun feidhme; is fearr is féidir le eu-LISA cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.	Plean gníomhaíochta eu-LISA a ullmhú chun moltaí meastóireachta an Choimisiúin a chur chun feidhme, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus tuairisciú rialta ar dhul chun cinn don Bhord Bainistíochta.

2.9. **Gníomhaíochtaí corparáideacha**

Tugtar forléargas sa chaibidil seo ar na gníomhaíochtaí rialachais agus corparáideacha a thacaíonn le bainistiú éifeachtúil agus costéifeachtach eu-LISA, agus ag an am céanna cumas na Gníomhaireachta a neartú chun aghaidh a thabhairt ar athruithe ar na tosaíochtaí polaitiúla i réimse CGB an Aontais, chomh maith le héilimh mhéadaitheacha ó pháirtithe leasmhara.

2.9.1. **Rialachas**

Déanann an Ghníomhaireacht córas fónta rialachais chorparáidigh a fheabhsú agus a chur chun feidhme go leanúnach chun oibriú trédhearcach agus cuntasach a áirithiú bunaithe ar phróisis éifeachtúla, chostéifeachtacha agus ar chinnteoireacht shonraíbhunaithe. Is éard atá sna gníomhaíochtaí sin pleanáil straitéiseach agus oibríochtúil, faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht, cosaint sonraí, bainistiú geallsealbhóirí agus cumarsáid maidir le gníomhaíochtaí eu-LISA.

D'fhan na príomhdhúshláin a bhaineann le rialachas corparáideach mar an gcéanna: foireann cháilithe leordhóthanach; infhaighteacht sonraí cáilíochta le haghaidh cinnteoireachta éifeachtúla, spleáchas ar sholáthraithe seirbhísí seachtracha don chuid is mó de na cúraimí rialachais.

Rialachas agus comhlíonadh

Chun a cuspóirí bliantúla agus ilbhliantúla a bhaint amach agus chun ailíniú le ceanglais agus ionchais a geallsealbhóirí i gcomhréir le creat rialála an Aontais, déanann an Ghníomhaireacht a hacmhainní agus a cumais a ailíniú go leanúnach, feabhsaíonn sí a seirbhísí agus a próiseas, treisíonn sí a creat rialachais, agus cothaíonn sí cinnteoireacht straitéiseach agus oibríochtúil sonraíbhunaithe.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

- Cumais straitéiseacha agus bainistithe tionscadal a neartú chun feidhmíocht eu-LISA a fheabhsú tuilleadh agus chun úsáid chostéifeachtach a acmhainní a áirithiú.
- Dea-rialachas a éascú trí fhaireachán a dhéanamh ar chaighdeáin rialaithe inmheánaigh, agus bainistiú cáilíochta leordhóthanach agus rialachas fónta a chur chun cinn bunaithe ar chinntí sonraíbhunaithe ag an am céanna.
- Comhlíonadh na gceanglas uile is infheidhme maidir le cosaint sonraí agus rialú inmheánach a áirithiú, agus torthaí agus moltaí ó iniúchtaí éagsúla á gcur chun feidhme ag an am céanna, agus béim ar leith á leagan ar na torthaí agus na moltaí is tábhachtaí agus is sine a dhúnadh go héifeachtach gan a thuilleadh moille.
- Ceanglais rialachais a chur chun feidhme go leanúnach mar a leagtar amach sa Rialachán bunaidh, lena n-áirítear oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh maidir le gníomhaíochtaí pleanála agus tuairiscithe chun faisnéis thráthúil leordhóthanach a chur ar fáil do gheallsealbhóirí maidir le feidhmíocht agus baint amach chuspóirí eu-LISA.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta (tomhaiste go bliantúil)	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
(KPI 21) Measúnú tionscadail: cur i gcrích an tionscadail agus dul chun cinn i gcomparáid le paraiméadair cháilíochta/chostais/ama (agus lamháltais an tionscadail á gcur san	>10%	nár baineadh amach: 16.59 %

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta (tomhaiste go bliantúil)	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
áireamh)		
(KPI 22) Bainistiú tionscadal: measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dtionscadal a cuireadh i gcrích i gcomparáid le Modheolaíocht Bainistithe Tionscadal eu-LISA	tionscadail bheaga: > 75 %	tionscadail bheaga: tionscadail beag ar bith beartaithe
	tionscadail mheánmhéide: > 80 %	tionscadail mheánmhéide: 66 % (nár baineadh amach)
	tionscadail mhóra: > 8 %	tionscadail mhóra: 74 % (nár baineadh amach) (bonnlíne 2022)
(KPI 23a) Céatadán na moltaí iniúchóireachta a cuireadh chun feidhme laistigh de sprioc-amanna, lena n-áirítear:		nár baineadh amach:
criticiúil	100 %	n/b
an-tábhachtach	≥ 90 %	63 %
tábhachtach	≥ 80 %	62 %
(KPI 23b) Líon agus aois na moltaí atá fós gan réiteach, lena n-áirítear:		bainte amach go páirteach:
níos lú ná 6 mhí	≤ 4	4
idir 6 mhí agus 1 bhliain	≤ 2	0
níos mó ná 1 bhliain	≤ 1	8
Cosaint sonraí: Líon na n-iarratas comhlíonta ar chomhairle OCS a fuarthas ó úinéirí gnó		Bainte amach:
	80 % d'iarratais curtha isteach go luath	80 % d'iarratais curtha isteach go luath
	60 % d'iarratais comhlíonta	60 % d'iarratais comhlíonta
	60 % d'iarratais comhlíonta in am trátha	60 % d'iarratais comhlíonta in am trátha

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Rialachas		
Rialachas corparáideach, comhlíonadh agus bainistiú cáilíochta gnó mar is gnách	Rialachas agus rialuithe inmheánacha na Gníomhaireachta ag feidhmiú i gceart, agus na cuspóirí oibríochtúla agus maidir le comhlíonadh bainte amach. Dearbhú curtha ar fáil do gheallsealbhóirí; pleanáil chórasach agus thrédhearcach gníomhaíochtaí i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla ábhartha, d'fhonn a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí straitéiseacha go rathúil. Feidhmíocht rialachais chorparáidigh fheabhsaithe, dearbhú níos fearr maidir le cáilíocht na n-oibríochtaí, agus baint amach cuspóirí straitéiseacha.	Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an Chreata Rialaithe Inmheánaigh (ICF); clár na n-eisceachtaí agus na neamhchomhlíontachtaí a choinneáil; bainistíocht feidhmíochta; scórchártaí cothroma a chur chun feidhme don straitéis chorparáideach; próisis rialachais a dhoiciméadú, a chothabháil agus a uathoibriú. Gníomhaíochtaí pleanála bliantúla agus ilbhliantúla a chomhordú, lena n-áirítear SPDanna a ullmhú; tuarascálacha corparáideacha, tuarascáil inbhuanaitheachta; KPInna corparáideacha agus straitéis chorparáideach fhadtéarmach a nuashonrú, lena n-áirítear treochlár, tuairisciú cur chun feidhme. An Bord Cáilíochta a Chomhordú, córas bainistithe cáilíochta a chur chun feidhme bunaithe ar chreat CAF lena n-áirítear cleachtadh féinmheasúnaithe, plean feabhsúcháin a chur chun feidhme/faireachán a dhéanamh air agus an lipéad 'Úsáideoir éifeachtach CAF' a choinneáil ar bun.
Bainistíocht clár agus tionscadal gnó mar is gnách	Ailíniú feabhsaithe idir straitéis eu-LISA agus cur i bhfeidhm tionscadal, lena n-áirithítear seachadadh tráthúil leis an gcáilíocht a bhfuiltear ag súil léi.	Forbairt leanúnach ar chumas bainistithe clár agus tionscadal (PPM) eu-LISA, lena n-áirítear bainistiú agus comhtháthú próisis, dearbhú cáilíochta, tuairisciú.
Creat eu-LISA um sheirbhísí agus próisis gnó mar is gnách	Seachadadh éifeachtúil agus iontaofa seirbhísí, éifeachtúlacht chaighdeánaithe na bpróiseas go léir.	Samhail eu-LISA um chomhtháthú seirbhíse agus próisis a chothabháil, lena n-áirítear catalóg táirgí agus seirbhísí.
Feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí agus ar phróisis eu-LISA gnó mar is gnách	Ardchaighdeán agus éifeachtúlacht leanúnach na feidhmíochta oibríochtúla mar thoradh ar fhaireachán córasach agus nuashonrú rialta ar chreat comhtháite seirbhíse agus próisis eu-LISA.	Faireachán, athbhreithniú agus nuashonrú rialta a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar phróisis chun oibriú éifeachtúil a áirithiú, lena n-áirítear próisis/seirbhísí nua a shainiú agus a chur chun feidhme le haghaidh córais nua CGB; bainistiú próiseas a dhigitiú, rud a chumasóidh tomhas agus tuairisciú níos éifeachtúla.
Contanam Ailtireachta Fiontraíochta	Ailíniú is fearr is féidir a dhéanamh ar thionscnaimh ailtireachta, dearaidh agus forbartha le spriocanna uileghabhálacha	Ailtireacht idir-inoibritheachta CGB a fhorbairt do chórais atá ann cheana/nua; caighdeáin ailtireachta a bhunú; eintiteas sonraí

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
gnó mar is gnách	eu-LISA, chomh maith lena straitéis chorparáideach agus teicneolaíochta.	samhaltaithe agus feidhm ghnó; maitrís malartaithe faisnéise a fhorbairt; Leibhéal Aibíochta Fiontair a mhéadú.
Cúraimí cothrománacha corparáideacha gnó mar is gnách	Tacaíocht agus comhordú riaracháin ardcháilíochta agus tráthúil chun oibriú éifeachtúil a áirithiú, treoir agus maoirseacht éifeachtach a éascú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.	Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do chinn ranna/aonad; cruinnithe an Choiste Bainistíochta a chomhordú; rannpháirtíocht i Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (EUAN) agus i gcruinnithe idirghníomhaireachta eile nach gcumhdaítear le gníomhaíochtaí eile; agus rannpháirtíocht i nósanna imeachta roghnúcháin.
Comhlíonadh		
Plean iniúchóireachta inmheánaí bliantúil a chur chun feidhme gnó mar is gnách	Luach eagraíochtúil feabhsaithe agus oibríochtaí feabhsaithe trí chur chuige córasach agus smachtaithe a thabhairt isteach maidir le héifeachtacht na bpróiseas rialachais, bainistithe riosca agus rialaithe a mheas agus a fheabhsú.	Seirbhísí dearbhaithe agus comhairliúcháin rioscabhunaithe agus oibiachtúla a chur ar fáil don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus don Bhord, lena n-áirítear measúnuithe riosca iniúchóireachta, iniúchtaí inmheánacha, iniúchtaí seachtracha a chomhordú, faireachán a dhéanamh ar mholtaí iniúchóireachta, measúnú a dhéanamh ar phróisis rialaithe inmheánaigh agus ar rialuithe ar phróisis ghnó, faireachán/cothabháil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí dearbhaithe, lena n-áirítear straitéis frithchalaoise, an próiseas sceithireachta, clár trédhearcachta.
Cosaint sonraí gnó mar is gnách	Comhlíonann gníomhaíochtaí eu-LISA na caighdeáin, na ceanglais agus na rialacháin ábhartha uile maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear forálacha sonracha maidir le gach córas TF arna bhainistiú ag eu-LISA.	Feidhm chomhairleach inmheánach; faireachán ar oibríochtaí córasacha; iarratais/gearáin ó MECS a láimhseáil; cláir inmheánacha cosanta sonraí a chothabháil; iniúchtaí inmheánacha rialta ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí agus ar thuairisciú (lena n-áirítear moltaí iniúchóireachta a chur chun feidhme); gníomhaíochtaí múscailte feasachta (oiliúint san áireamh); Tuarascáil Oibre Bhliantúil 2024 a thiomsú; ionadaíocht a dhéanamh do eu-LISA i bhfóraim ábhartha (e.g. cruinnithe líonra OCS); agus dlúthchomhar le MECS agus le hOifigigh Cosanta Sonraí eile.

Bainistiú geallsealbhóirí agus cumarsáid leo

Chun infheictheacht agus íomhá eu-LISA mar chomhpháirtí iontaofa, ar féidir brath air ina réimsí saineolais a chothabháil agus a threisiú, feabhsaíonn agus forbraíonn an Ghníomhaireacht malartú faisnéise agus caidreamh oibre go leanúnach lena geallsealbhóirí i réimse ceartais agus gnóthaí baile (CGB) an Aontais, go príomha na Ballstáit, agus institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, go déthaobhach agus trí líonraí araon. Má iarrtar é, cuireann eu-LISA faisnéis agus saineolas teicniúil ar fáil maidir le tionscnaimh reachtacha ábhartha.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

- Íomhá ghairmiúil láidir eu-LISA mar chomhpháirtí iontaofa luachmhar a chothabháil trí rannchuidiú ar bhealach cuiditheach leis an bpróiseas reachtach agus ceaptha beartas i réimse CGB an Aontais.
- Malartú éifeachtúil faisnéise a éascú agus comhpháirtíochtaí láidre a chothú leis na Ballstáit, le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an Aontais, agus rannpháirtíocht ghníomhach i bplé teicniúil agus straitéiseach.
- Caidreamh gnó éifeachtúil táirgiúil a choinneáil ar bun le geallsealbhóirí eu-LISA (lena n-áirítear an tionscal), tacaíocht agus treoir a chur ar fáil do gheallsealbhóirí maidir le héilimh a bhainistiú, anailís ghnó a dhéanamh, agus an measúnú inmheánach ar riachtanais ghnó a chomhordú. Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht a bheith ina fíor-chomhpháirtí gnó do na Ballstáit agus don Choimisiún seachas a bheith ina soláthraí seirbhíse.
- Leanúint de dhlúthchomhar trédhearcach, cuiditheach leis an mBord Bainistíochta, agus lena Choiste Iniúchta, Comhlíontachta agus Airgeadais (ACFC) maidir leis an stádas a bhaineann le moltaí iniúchóireachta a chur chun feidhme.
- Rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus cáil ghairmiúil eu-LISA a fheabhsú trí mhalartú éifeachtúil faisnéise agus múscailt feasachta a éascú i measc geallsealbhóirí agus an phobail i gcoitinne trí bhéim a leagan ar sheasaimh chomhroinnte agus trí fhor-rochtain teachtaireachtaí a leathnú, e.g. comhdháil bhliantúil

eu-LISA a eagrú, caidreamh leis na meáin a neartú agus a láithreacht ar líne a leathnú tuilleadh.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta (tomhaiste go bliantúil)	Bonnlíne (2022)
(KPI 29) Tionchar ar chumarsáid sheachtrach a) suíomh gréasáin: an bonnlíne agus an preabráta a choinneáil ar bun b) na meáin shóisialta: leantóirí nua de réir ardáin c) imeachtaí rannpháirtíochta: ráta sásaimh d) imeachtaí: ráta rannpháirtíochta	a) bonnlíne a choinneáil, preabráta < 40 % b) +200 c) > 90 % d) > 95 %	a) bainte amach b) bainte amach: LinkedIn: +42 %; YouTube: +25 %; X: +21 %; Facebook: +15 % c) 86.3 % d) 95.3 %
(KPI 30) Tionchar ar chumarsáid inmheánach (suirbhé sásaimh) a) ráta rannpháirtíochta b) sásamh le bealaí/gníomhaíochtaí inmheánacha	a) > 51 % b) > 70 %	a) 59 % b) 91 %

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Bainistíocht geallsealbhóirí		
Tacaíocht riaracháin don Bhord Bainistíochta gnó mar is gnách	Tacaíocht éifeachtach thráthúil don Bhord Bainistíochta mar a shonraítear sa Rialachán bunaidh agus rialacha nós imeachta do chomhlachtaí rialaithe.	Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil don Bhord agus dá fhoghrúpaí (e.g. ACFC, Grúpa Comhordaithe, etc.), lena n-áirítear cruinnithe agus obair leantach a chomhordú, a ullmhú agus a éascú.
Gníomhaíochtaí na hOifige Idirchaidrimh gnó mar is gnách	Infheictheacht agus íomhá fheabhsaithe mar chomhpháirtí iontaofa iontaofa trí chaidreamh éifeachtach oibre agus malartú faisnéise a chothú le geallsealbhóirí eu-LISA atá lonnaithe sa Bhruiséil, institiúidí an Aontais go príomha.	Teagmhálacha díreacha a chothabháil agus a leathnú le príomhinstitiúidí i bhfearann CGB an Aontais agus le geallsealbhóirí eile atá bunaithe sa Bhruiséil; faisnéis agus saineolas a sholáthar maidir le tionscnaimh reachtacha ábhartha, seasaimh eu-LISA a ullmhú agus a mholadh; tacú le hoibríochtaí le hanailís tionchair, staidéir, anailís dhlíthiúil agus beartais réamhthionscadail; tacú le Comh-Aireacht na Bainistíochta Feidhmiúcháin; páirt a ghlacadh i gcruinnithe, i ngrúpaí saineolaithe, etc.; stór inmheánach ionstraimí dlí a chothabháil (Breathnóir Dlí).
Faireachán beartais agus comhordú beartais inmheánaigh, bainistiú geallsealbhóirí agus teagmhas gnó mar is gnách	Infheictheacht fheabhsaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, saineolas eu-LISA arna chur san áireamh ag geallsealbhóirí seachtracha; caidreamh éifeachtach le geallsealbhóirí agus tionchar ar bheartais CGB an Aontais.	Caidreamh oibre a fhorbairt le geallsealbhóirí (poiblí, príobháideach, ENR); faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí dlí agus beartais i réimse CGB; páipéir sheasaimh agus tuarascálacha anailíseacha a ullmhú; saineolas ábhartha a sholáthar maidir le dréachtú reachtach; rannchuidiú trí ábhair theicniúla a aistriú go dteanga an ghnó agus an dlí.
Bainistiú Leanúnachais Gnó gnó mar is gnách	Breisluach a chuirtear ar fáil do gheallsealbhóirí trína áirithiú go gcomhlíontar a riachtanais ghnó, íomhá eu-LISA mar chomhpháirtí gnó iontaofa agus mar chomhairleoir iontaofa ina réimse saineolais a threisiú.	Tacú le hobair chomhlachtaí rialachais eu-LISA agus an obair sin a chomhordú, éilimh agus riachtanais ghnó a ghabháil agus anailís a dhéanamh orthu (lena n-áirítear próiseas bainistithe éilimh), cathaoirleacht a dhéanamh ar Ghrúpaí Comhairleacha agus ar mheithleacha eile a bhaineann le córais faisnéise CGB.
Cumarsáid		
Cumarsáid sheachtrach agus inmheánach gnó mar is gnách	Íomhá chorparáideach fheabhsaithe agus infheictheacht mar thoradh ar mhalartú faisnéise córasach, tráthúil, struchtúrtha agus trédhearcach agus ar chomhroinnt eolais le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha chun feasacht a mhúscailt faoi réimse saineolais eu-LISA.	Faisnéis atá cothrom le dáta a sholáthar, feasacht a mhúscailt agus faisnéis oibiachtúil, iontaofa agus shothuigthe a dháileadh ar na geallsealbhóirí uile faoi ról eu-LISA (lena n-áirítear comhdhálacha bliantúla, cruinnithe comhchéime tionscail, for-rochtain na meán, etc. a eagrú); malartú faisnéise inmheánach rialta agus córasach agus comhroinnt eolais a áirithiú.

2.9.2. **Tacaíocht chorparáideach**

Áirithíonn an Ghníomhaireacht feidhmíocht éifeachtúil, shofhreagrúil na heagraíochta go leanúnach i gcomhréir iomlán le creat rialála an Aontais, lena n-áirítear bainistiú costéifeachtach acmhainní daonna agus airgeadais, mar aon le seirbhísí éifeachtúla tacaíochta corparáidí a áirithiú i ngach suíomh.

Slándáil chorparáideach agus leanúnachas gnó

Déanann an Ghníomhaireacht an t-ardleibhéal slándála fisiciúla ina saoráidí agus timpeall orthu a chothabháil agus a fheabhsú mar fhreagairt ar riachtanais ghnó atá ag athrú, lena n-áirítear a cumais leanúnachais gnó a neartú tuilleadh.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

- Slándáil fhisiciúil ardleibhéil shaoráidí, shócmhainní agus fhoireann eu-LISA a áirithiú i gcomhréir leis na rialacháin slándála is infheidhme.
- Feabhas leanúnach ar leanúnachas gnó agus ar phróisis slándála a áirithiú trí mholtaí ó chleachtaí, ó chigireachtaí agus ó iniúchtaí a chur chun feidhme, lena n-áirítear straitéisí agus beartais ghaolmhara a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
(KPI 2) Líon na ndruileanna éigeandála/na gcleachtaí slándála agus na gcleachtaí leanúnachais gnó a dhéantar go bliantúil	2 chleachtadh in aghaidh na bliana	de réir sprice: druil éigeandála amháin déanta, an dara ceann beartaithe
Le rialuithe leanúnachais gnó, cumhdaítear gach réimse gnó de chuid eu-LISA	Clúdaíonn an Córas Bainistithe Leanúnachais Gnó céad faoin gcéad de réimsí gnó eu-LISA	de réir sprice: pleananna leanúnachais gnó curtha i bhfeidhm, glactha agus nuashonraithe do gach réimse gnó
Déantar pleananna leanúnachais gnó a thástáil agus deimhnítear a n-éifeachtacht	reáchtáiltear cleachtadh amháin ar a laghad chun athléimneacht chorparáideach na heagraíochta a thástáil	bainte amach.
Moltaí a chur chun feidhme de réir pleananna gníomhaíochta (%)	85 %	bainte amach: > 85 % de na moltaí curtha i bhfeidhm ó chleachtaí/druileanna roimhe seo

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Slándáil chorparáideach agus leanúnachas gnó		
Slándáil chosantach gnó mar is gnách	Slándáil fhisiciúil shaoráidí, shócmhainní agus fhoireann eu-LISA a áirithiú.	Bainistiú seirbhísí/oibríochtaí cosanta slándála agus cosanta ag láithreáin i gcomhréir le rialacháin agus caighdeáin teaghlaigh ISO 27000, cothabháil córas/trealaimh slándála, próiseas leanúnach bainistithe riosca do gach láithreán de chuid eu-LISA, le rialuithe sonracha maolaithe.
Bainistiú leanúnachais gnó gnó mar is gnách	Leibhéal leordhóthanach leanúnachais gnó chorparáidigh chun athléimneacht chorparáideach eu-LISA a áirithiú.	Córas Bainistithe Leanúnachais Gnó eu-LISA a bhainistiú (lena n-áirítear ráinnfhreagairt agus athshlánú ó thubaiste) i gcomhréir le rialacháin agus caighdeáin teaghlaigh ISO 22300, lena n-áirítear athbhreithniú/nuashonrú rialta ar mheasúnú tionchair gnó, sainchomhairleoireacht ar rioscaí, pleananna leanúnachais gnó, beartais/nósanna imeachta bunaithe ar iniúchtaí/cleachtaí/druileanna; uirlisí leanúnachais gnó a chothabháil, lena n-áirítear foláireamh éigeandála ar líne.
Rialachas slándála agus bainistiú leanúnachais gnó mar is gnách	Creat bainistithe slándála agus leanúnachais gnó (straitéisí agus beartais) atá oiriúnach don fheidhm agus a bhainistítear i gcomhréir le creat rialála an Aontais agus le ceanglais rialachais ábhartha.	Straitéis Slándála agus Leanúnachais eu-LISA a chur chun feidhme, athbhreithniú/nuashonrú rialta ar threochlár beartais; múscailt feasachta agus oiliúint don fhoireann; eagrú/comhordú imeachtaí, e.g. cruinnithe leathbhliantúla Líonra na nOifigeach Slándála, an líonra Leanúnachais Gnó, an Mheitheal um Shlándáil TF, an Grúpa Comhair), etc.
Moltaí slándála agus leanúnachais gnó a chur chun feidhme	Feabhas leanúnach a chur ar leanúnachas gnó agus ar phróisis slándála.	Próisis slándála agus leanúnachais gnó a thabhairt cothrom le dáta go córasach de réir moltaí ó chleachtaí, ó chigireachtaí agus ó

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Slándáil chorparáideach agus leanúnachas gnó		
gnó mar is gnách		iniúchtaí; pleananna gníomhaíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear athbhreithniú agus tuairisciú ina dhiaidh sin.

Bainistiú acmhainní daonna

Chun tacú le spriocanna straitéiseacha agus cuspóirí corparáideacha eu-LISA a bhaint amach, feabhsaíonn an Ghníomhaireacht a cumais forbartha gairmiúla go leanúnach, ag díriú ar fháil tallainne, forbairt ghairmiúil spriocdhírithe agus foireann éagsúil a choinneáil a bhfuil na scileanna agus an taithí riachtanach acu. Ar leibhéal na bainistíochta, cuireann eu-LISA clár ceannaireachta saincheaptha agus meastóireachtaí 360 céim ar bhainisteoirí chun feidhme, agus ag an am céanna tá córas bainistithe feidhmíochta atá comhtháite agus cothrom le dáta á fhorbairt aige chun tacú le ceannairí agus le foirne a lánacmhainn a bhaint amach. Cuireann an Ghníomhaireacht feabhas leanúnach ar éifeachtúlacht riaracháin agus ar an aistriú chuig bainistiú acmhainní daonna atá bunaithe ar inniúlachtaí trína próisis a dhigitiú.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

- Acmhainní daonna a phleanáil agus a bhainistiú go héifeachtúil, lena n-áirítear digitiú seirbhísí acmhainní daonna agus próisis earcaíochta a éascú chun éifeachtúlacht a fheabhsú tuilleadh, agus iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh linn éagsúil iarrthóirí a mhealladh trí eu-LISA a shuí mar fhostóir a bhfuil tóir air sa tírdhreach TF.
- Scileanna agus inniúlachtaí gairmiúla na foirne a fhorbairt a bhfuil gá leo chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais faisnéise CGB an Aontais agus chun iad a fhorbairt, ar córais iad a chuirtear de chúram ar eu-LISA.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
(KPI 13) Céatadán na n-acmhainní riaracháin agus na n-acmhainní oibríochtúla i gcomparáid leis na hacmhainní daonna go léir (foireann agus SNInna)	20% de na poist riaracháin 70% de na poist oibríochtúla	de réir sprice go pointe áirithe
(KPI 24) Ráta neamhláithreachta (%) (1) laethanta saoire breoiteachta ar an meán in aghaidh an fhostaí (neamhdheimhnithe agus deimhnithe araon san iomlán). (2) Céatadán na mball foirne ar saoire bhreoiteachta fhadtéarmach (>21 lá féilire as a chéile) (3) Céatadán den fhoireann nach bhfuil ag glacadh saoire bhreoiteachta	Trí tháscaire a thomhaistear go bliantúil (1) < 15 lá in aghaidh an fhostaí (2) < 10% * (3) > 15 %	(bonnlíne 2022) (1) de réir sprice: 4.1 lá (2) de réir sprice: 3.2 % (3) de réir sprice: 51.6 %
(KPI 25) Láimhdeachas bliantúil foirne (%)	≤ 5%	de réir sprice: 2.68 %
(KPI 26) Ráta áitíochta (%)	> 94 %	faoin sprioc: 84.5 %
(KPI 27) Innéacs coinneála tallainne (tomhaiste go bliantúil)	figiúr dearfach (meánfheidhmíocht na foirne a coinníodh níos airde ná meánfheidhmíocht na foirne atá ag éirí as)	de réir sprice: 0.3 (bonnlíne 2022)
(KPI 28) Leibhéal rannpháirtíochta foirne	≥ 63%	de réir sprice: 74 %

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Bainistiú acmhainní daonna		
Riarachán agus pleanáil Acmhainní Daonna gnó mar is gnách	Tá struchtúr eagraíochtúil eu-LISA oiriúnach don fheidhm, agus tá dóthain foirne ag an nGníomhaireacht le gairmithe inniúla a chuidíonn lena spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach; tá	Gnáthphróisis acmhainní daonna a bhainistiú ó dhul ar bord go foirceannadh (lena n-áirítear teidlíochtaí, bainistiú ama agus saoire, soghluaisteacht, etc.) i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne agus le Coinníollacha

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Bainistiú acmhainní daonna		
	dálaí oibre solúbtha agus nua-aimseartha ag an bhfoireann.	Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh; anailís agus uasghrádú a dhéanamh ar phróisis acmhainní daonna (lena n-áirítear digitiú).
Bainistiú acmhainní daonna bunaithe ar inniúlachtaí gnó mar is gnách	Tá na daoine cearta sna poist chearta ag eu-LISA mar thoradh ar a chumas gairmithe cáilithe a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil, ar gairmithe iad atá an-spreagtha agus tiomanta dá mhisean agus dá chuspóirí a chur i gcrích.	Treoir a chur ar fáil ar feadh shaolré iomlán na fostaíochta maidir le foghlaim agus forbairt, bainistíocht feidhmíochta, tionscadail folláine fostaithe, cultúr agus luachanna eagraíochtúla a threisiú, caidreamh fostaithe, anailísíocht daoine, fáil tallainne, agus forbairt ceannaireachta.

Bainistiú buiséid, airgeadais agus soláthair

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta dá próisis airgeadais inmheánacha agus dá nósanna imeachta soláthair a neartú agus a mhionchoigeartú, lena n-áirítear feabhas leanúnach a chur ar a cumais tuairiscithe agus anailíse, chun tacú le cinnteoireacht straitéiseach agus chun bainistiú acmhainní atá trédhearcach agus cost-éifeachtach a áirithiú i gcomhréir leis na rialacháin, na hoibleagáidí agus na ceanglais rialachais ghinearálta is infheidhme.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

- Seirbhísí fónta trédhearcacha airgeadais agus soláthair a sholáthar i gcomhréir leis na rialacháin agus na caighdeáin ábhartha.
- Tacú le cinnteoireacht straitéiseach agus na tuarascálacha airgeadais is gá a chur ar fáil, i gcomhar le feabhas leanúnach a chur ar chumais anailíseacha, e.g. réamhaisnéisiú agus pleanáil buiséid, faireachán ardcháilíochta a áirithiú ar chur i gcrích buiséid na n-oibríochtaí airgeadais.
- Córas rialaithe cuntasaíochta fónta a choinneáil ar bun i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go ginearálta chun a áirithiú go gcuirfear staid airgeadais na Gníomhaireachta i láthair go cuí.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
(KPI 10) Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí: ráta cealaithe	< 5 %	de réir sprice: 0.79 %
(KPI 11) Gealltanais bhuiséadacha: ráta cur chun feidhme	95 % go 99 %	de réir sprice: 42.5 %[119]
(KPI 12) Íocaíochtaí: ráta cur chun feidhme	> 95 %	de réir sprice: 37.5 %
(KPI 14) Cóimheas na n-íocaíochtaí críochnaithe laistigh de na spriocdhátaí reachtúla	90 % go 100 %	de réir sprice: 94.9 %
(KPI 17) Éifeachtúlacht an phróisis soláthair (céatadán de na tairiscintí a cuireadh ar ceal tar éis an tseolta i gcomparáid le líon iomlán na dtairiscintí a seoladh in aghaidh na bliana)	< 25 % tomhaiste go bliantúil	faoin sprioc: 40 %[120]
(KPI 18) Bainistiú éadála	> 60% de na tionscadail soláthair de réir sceidil	de réir sprice: 125 %[121]
Cuntais shealadacha agus deiridh a sheachadadh go tráthúil chuig an údarás buiséadach agus chuig CIE	cuntais shealadacha: 1 Márta cuntais chríochnaitheacha: 1 Iúil	cuntais shealadacha seachadta faoin 1 Márt cuntais deiridh seachadta faoin 30 Meithean

[119] Déanfar méid suntasach leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí do chaiteachas oibríochtúil (EES, ETIAS, ECRIS-TCN, Idir-inoibritheacht, bonneagar TF) a fhorghníomhú sa dara leath de 2023, rud a chumasóidh an sprioc 95 % do chur chun feidhme gealltanas buiséadach a chomhlíonadh.

[120] KPI a ndearna cealú nós imeachta um scrúdú agus cosc leighis difear suntasach dó, mar gheall ar mhainneachtain tairiscint a chur isteach.

[121] D'éirigh leis an nGníomhaireacht gach nós imeachta soláthair a bhí beartaithe aici a chur i gcrích faoi lár na bliana, mar aon le nós imeachta soláthair idirbheartaithe breise um éadáil seirbhísí cumarsáide móibílí, rud a d'fhág gur sáraíodh toradh uasta tosaigh féideartha an KPI.

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Airgeadas agus soláthar		
Bainistiú buiséid, sócmhainní agus airgeadais gnó mar is gnách	Bainistiú fónta ar airgeadas agus ar shócmhainní; cumais fheabhsaithe maidir le pleanáil, faireachán agus cur i gcrích beacht buiséid chun tacú le hoibríochtaí, de réir na gcaighdeán, na gceanglas agus na rialachán ábhartha.	Seirbhísí bainistithe buiséid, sócmhainní agus airgeadais atá ar ardchaighdeán agus oiriúnach don fheidhm a sholáthar chun tacú le húinéirí buiséid maidir lena ndualgais phleanála, faireacháin agus forghníomhaithe, lena n-áirítear mar oifigigh údarúcháin trí tharmligean.
Bainistiú soláthair agus éadála gnó mar is gnách	Tacaíocht d'fhoirne oibríochtúla agus corparáideacha trína chinntiú go ndéantar gach gníomhaíocht soláthair agus éadála a sheachadadh go cuí agus i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha agus na hacmhainní atá ar fáil.	Comhordú agus feidhmiú gníomhaíochtaí de réir cinntí maoinithe; glacadh gealltanas dlíthiúil (conarthaí, orduithe ceannaigh, etc.) a ullmhú chun soláthairtí, seirbhísí agus oibreacha a fháil do eu-LISA.
Rialuithe airgeadais inmheánacha, iniúchtaí a bhaineann le soláthar agus le hairgeadas gnó mar is gnách	Déantar gníomhaíochtaí eu-LISA i réimsí an bhainistithe airgeadais agus soláthair a dhoiciméadú, a athbhreithniú agus a nuashonrú i gceart, i gcomhréir leis na caighdeáin agus na rialacháin ábhartha.	Forbairt, athbhreithniú agus faireachán córasach a dhéanamh ar nósanna imeachta, uirlisí agus anailís inmheánach a bhaineann le buiséadú, soláthar agus bainistiú airgeadais, d'fhonn rialuithe inmheánacha a neartú agus bainistiú fónta airgeadais a threisiú, lena n-áirítear moltaí iniúchóireachta.
Cuntasaíocht		
Cuntasaíocht gnó mar is gnách	Cur i láthair cothrom trédhearcach ar staid airgeadais na Gníomhaireachta a áirithiú, a sócmhainní a chosaint agus méideanna dlite a aisghabháil go tráthúil, de réir an Rialacháin Airgeadais agus na rialacha cuntasaíochta is infheidhme.	Córas rialaithe cáilíochta cuntasaíochta eu-LISA a chothabháil chun a áirithiú go gcuirfear sonraí airgeadais i láthair go cothrom i gcuntais bhliantúla; treoir inmheánach a sholáthar maidir le bainistiú sócmhainní; comhoibriú le hiniúchóirí seachtracha agus CIE.

Seirbhísí dlí

Oibríonn an Ghníomhaireacht i gcomhréir leis an gcreat rialála is infheidhme agus cloíonn sí leis na leibhéil is airde dea-iompair riaracháin, agus í fós tiomanta do thrédhearcacht a ráthú ina gníomhaíochtaí, ina próisis agus ina cinnteoireacht, lena n-áirítear rochtain phoiblí ar dhoiciméid.

Príomhchuspóir le haghaidh 2025

- Comhairle dlí, saineolas agus tuairim thráthúil a chur ar fáil maidir le hábhair éagsúla, de réir mar is gá.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (Meitheamh 2023)
Comhairle dlí, tuairimíocht agus ionadaíocht curtha ar fáil	comhairle dlí, tuairimíocht, ionadaíocht, agus moltaí dea-chleachtais curtha ar fáil laistigh de na spriocdhátaí riachtanacha	de réir sprice

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Seirbhísí Dlí gnó mar is gnách	An creat reachtach is infheidhme comhlíonta agus leasanna na Gníomhaireachta a chosaint, agus clú eu-LISA mar chomhpháirtí iontaofa iontaofa á chaomhnú ag an am céanna.	Saineolas dlí ardcháilíochta a chur ar fáil maidir le saincheisteanna éagsúla (e.g. cúrsaí foirne, conarthaí, doiciméid/comhaontuithe a dhréachtú/a athbhreithniú, etc.), lena n-áirítear gnéithe oibríochtúla agus rialála de chórais faisnéise CGB. I measc na gcúraimí breise tá gearáin, fiosrúcháin, imeachtaí araíonachta, iarratais ar rochtain ar dhoiciméid a láimhseáil, agus ionadaíocht in imeachtaí dlí os comhair chúirteanna an Aontais nó na gcúirteanna náisiúnta.

Seirbhísí tacaíochta corparáidí (bainistiú saoráidí agus seirbhísí TF corparáideacha)

Díríonn seirbhísí tacaíochta corparáideacha na Gníomhaireachta ar thimpeallacht oibre optamaithe agus solúbtha a fhorbairt ag gach láithreán de chuid eu-LISA ar fud na hEorpa. Is éard atá i gceist leis sin bonneagar foirgneamh slán, éifeachtúil agus feidhmiúil a bhunú atá ailínithe le cuspóirí straitéiseacha gnó agus le ceanglais inbhuanaitheachta na Gníomhaireachta, rud a léiríonn a tiomantas a bheith ina eagraíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Príomhchuspóirí le haghaidh 2025

- An clár um méadú acmhainne a chur chun feidhme chun freastal ar éilimh ó thaobh acmhainne de atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo ar an láithreán oibríochtúil in Strasbourg na Fraince. Áirítear leis an ngníomhaíocht sin barrfheabhsú a dhéanamh ar acmhainní ríomhaireachta, ar fhorálacha cumhachta agus ar chórais fuaraithe.
- Lorg comhshaoil eu-LISA a laghdú trí phlean feabhsúcháin a chur chun feidhme bunaithe ar riachtanais Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS).
- Cothabháil agus forbairt éifeachtach na bpróiseas TF corparáideach agus an bhonneagair TFC a áirithiú, agus éifeachtúlacht agus aclaíocht fhoriomlán a fheabhsú ag an am céanna trí leanúint de chomhoibriú agus seirbhísí aontaithe a fheabhsú chun obair foirne a éascú, lena n-áirítear seirbhísí TF roghnaithe a aistriú chuig ardáin néalbhunaithe agus an Leabharlann de Bhonneagar Teicneolaíochta Faisnéise (ITIL) a chur chun feidhme.
- Clár Bainistithe Ábhar Fiontair a chur chun feidhme chun bainistiú faisnéise nua-aimseartha agus éifeachtúil a sholáthar do eu-LISA.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Táscaire feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	Bonnlíne (2022)
(KPI 15) Táscaire comhshaoil: lorg carbóin	astaíochtaí CO_2 a laghdú (i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin)	Úsáidtear 2023 mar bhonnlíne; ní raibh na torthaí roimhe sin iontaofa mar gheall ar shrianta COVID-19
An Clár um Méadú ar Acmhainn	diall iomlán costais ≤ 10% diall sceidil iomláin ≤ 10% gan aon diall sa raon feidhme	níl bonnlíne ann
TF corparáideach: infhaighteacht seirbh	> 90 % (aga fónaimh na bhfeidhmchlár)	de réir sprice
TF corparáideach: sásamh úsáideora de	> 90%	de réir sprice

Cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo	Cur síos agus aschur
Seirbhísí ginearálta		
Gníomhaíochtaí seirbhísí ginearálta ‘gnó mar is gnách’ gnó mar is gnách	Oibriú éifeachtúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de le tacaíocht ó sheirbhísí tacaíochta corparáideacha ardcháilíochta i ngach suíomh; feabhas a chur ar fholláine fostaithe trí cheanglais sláinte agus sábháilteachta ceirde a chomhlíonadh.	Seirbhísí tacaíochta corparáideacha a sholáthar ag gach suíomh, lena n-áirítear lóistíocht, bainistiú spáis, soláthairtí oifige, misin, oibríochtaí agus seirbhísí saoráide; acmhainn spáis oifige (ASPIRE) a mhéadú, córas bainistithe comhshaoil (EMAS) a chur chun feidhme, nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus plean gníomhaíochta chun rioscaí sláinte agus sábháilteachta ceirde a rialú agus a dhíothú.
Uasghrádú ar sheirbhísí ginearálta tionscadal	Cothabháil fheabhsaithe saoráidí i gcomhréir le ceanglais theicniúla áitiúla agus le dea-chleachtais.	Strasbourg: líonra dóiteáin a uasghrádú (dearadh/tógáil seomra comhbhrúiteora, hiodraint a shuiteáil); deisiú struchtúrach uiscedhíonta íoslaigh (struchtúr brataithe faoi thalamh in ionad sonraí agus i bhfoirgneamh treasach).
Méadú acmhainne d’ionaid sonraí tionscadal	Freastal ar riachtanais chumhachta agus fuaraithe ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha ag an láithreán oibríochtúil in Strasbourg, agus ullmhacht MDC2 chun an modúl TF a óstáil agus an chumhacht riachtanach a sholáthar dó.	Ionad sonraí Strasbourg: feabhas a chur ar thoilleadh cumhachta (ceathrú gineadóir agus mianach dromchla scáthán); éifeachtúlacht an chórais fuaraithe a fheabhsú tríd an tsuiteáil atá ann cheana a bharrfheabhsú, tobar a chur leis an réamhfhuarú; an chumhacht atá ar fáil a mhéadú; oibreacha leictreacha agus sibhialta do MDC2, lena n-áirítear páirceáil eatramhach.
TFC corparáideach		
Gníomhaíochtaí seirbhísí TFC corparáideacha ‘gnó mar is gnách’ gnó mar is gnách	Tá bonneagar corparáideach TF iontaofa, solúbtha, ar fáil go mór, agus comhtháite i réimsí na gcóras TFC, na líonraí cumarsáide agus na bhfeidhmchlár TF.	Gach trealamh corparáideach TF, feidhmchlár, líonra agus seirbhísí cumarsáide a chothabháil; seirbhísí agus tionscadail TFC a thástáil; deasc freastail inmheánach le haghaidh tacaíocht d’úsáideoirí; feidhmiúlacht bainistithe doiciméad agus taifead, lena n-áirítear stór Bainistithe Ábhar Fiontair, cuardach fiontair, cumraíocht sreafaí oibre).
Uasghráduithe TFC corparáidí agus tionscnaimh feabhsúcháin tionscadal	Éifeachtúlacht fheabhsaithe TFC chorparáidigh.	Modheolaíocht ITIL a chur i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí TF corparáideacha, Bonneagar Deisce Fíorúla; inlíon/eislíon nua, cumraíocht inneall cuardaigh, athbhreithniú ar shreafaí oibre chun próisis ghnó inmheánacha a fheabhsú.

IARSCRÍBHINNÍ

4

Iarscríbhinn I **Cairt eagrúcháin eu-LISA**

Léiríonn an t-eagraghram struchtúr eagraíochtúil eu-LISA síos go dtí leibhéal na hearnála, lena n-áirítear feidhmeanna speisialta agus foranna aonair nach cuid d'aonad ar bith iad.

Áirítear leis an eagraghram thíos líon na ndaoine in aghaidh an eintitis eagraíochtúil amhail an 31 Nollaig 2023.



Fíor 1. Struchtúr eagraíochtúil (amhail an 31 Nollaig 2023).

Léirítear sa tábla thíos líon na bpost áitithe agus líon na bhfolúntas i ngach foroinn amhail an 31 Nollaig 2023. Cuirtear faisnéis faoi na tairiscintí poist a eisíodh i láthair sa chuid den bheartas earcaíochta in Iarscríbhinn V.

Tábla 7. Líon na mball foirne in aghaidh an aonaid, de réir catagóir foirne (amhail an 31 Nollaig 2023) [122]

		TA		CA		SNI		
Roinn	**Aonad/*Rannóg***	**Líonta**	**Folamh**	**Líonta**	**Folamh**	**Líonta**	**Folamh**	**IOMLÁN**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin	**Feidhmeanna faoin Stiúrthóir**	**10**	**1**	**8**	**-2**	**1**	**0**	**18**
	neamhbhainteach	2	0	0	0	0	0	**2**
	Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin	1	0	0	0	0	0	**1**
	Oifig Idirchaidrimh	1	0	2	0	1	0	**4**
	Cumas Iniúchóireachta Inmheánaí	2	1	1	0	0	0	**4**
	EPMO	2	0	4	-1	0	0	**5**
	Oifigeach Cuntasaíochta	1	0	1	-1	0	0	**1**
	An tOifigeach Cosanta Sonraí	1	0	0	0	0	0	**1**
	An tAonad Slándála	**12**	**3**	**7**	**4**	**2**	**0**	**28**
	neamhbhainteach	2	0	0	2	0	0	**4**
	An Rannóg Slándála Cosanta agus Leanúnachais	4	0	3	0	1	0	**8**
	An Rannóg Slándála Faisnéise agus Dearbhaithe	2	1	0	1	1	0	**5**
	An Rannóg Beartais Slándála agus Comhordúcháin	0	2	3	0	0	0	**5**
	An Rannóg Oibríochtaí Cibearshlándála	4	0	1	1	0	0	**6**

[122] Is ionann na poist a liostaítear sa cholún 'folamh' agus a bhfuil comhartha '-' marcáilte orthu agus poist ghearrthéarmacha CA a fuarthas ar iasacht ó aonad eile, nó a cruthaíodh ag deireadh 2023 chun leanúnachas gnó a áirithiú trí fhoinsiú inmheánach sealadach a dhéanamh ar sheirbhísí seachtracha a raibh deireadh tagtha leis an gconradh seirbhíse sonrach ina leith agus nárbh fhéidir é a athnuachan.

Roinn	Aonad/*Rannóg*	TA Líonta	TA Folamh	CA Líonta	CA Folamh	SNI Líonta	SNI Folamh	IOMLÁN
An Roinn Rialachais Chorparáidigh	*neamhbhainteach*	0	0	0	0	0	0	**0**
	An tAonad Tacaíochta Feidhmiúcháin agus Caidreamh le Páirtithe Leasmhara	**8**	**0**	**5**	**-1**	**1**	**0**	**13**
	neamhbhainteach	1	0	0	0	0	0	**1**
	An Rannóg Cumarsáide	3	0	1	0	0	0	**4**
	An Rannóg Bainistíochta agus Tacaíochta Geallsealbhóirí	4	0	4	-1	1	0	**8**
	An tAonad um Rialachas agus Cumais	**10**	**1**	**3**	**2**	**1**	**1**	**18**
	neamhbhainteach	1	0	0	0	0	0	**1**
	An Rannóg Pleanála agus Gnóthaí Corparáideacha	2	0	0	1	0	0	**3**
	An Rannóg Tógála Cumais	4	1	2	1	1	1	**10**
	An Rannóg Bainistithe Seirbhíse agus Próisis	3	0	1	0	0	0	**4**
An Roinn Seirbhísí Corparáideacha	*neamhbhainteach*	1	0	0	1	0	0	**2**
	An Rannóg Dlí	1	1	4	-2	0	0	**4**
	An tAonad Acmhainní Daonna	**13**	**0**	**11**	**-3**	**0**	**0**	**21**
	neamhbhainteach	2	0	0	0	0	0	**2**
	An Rannóg Riaracháin Pearsanra	4	0	5	-1	0	0	**8**
	An Rannóg Bainistíochta Tallainne	7	0	6	-2	0	0	**11**
	An tAonad Airgeadais agus Soláthair	**20**	**2**	**7**	**2**	**0**	**0**	**31**
	neamhbhainteach	2	0	0	0	0	0	**2**
	An Rannóg Airgeadais agus Buiséid	12	1	3	0	0	0	**16**
	An Rannóg Soláthair	6	1	4	2	0	0	**13**
	An tAonad Seirbhísí Corparáideacha	**9**	**3**	**7**	**2**	**0**	**1**	**22**
	neamhbhainteach	1	0	0	0	0	0	**1**
	An Rannóg Seirbhísí TFC	1	1	3	1	0	1	**7**
	An Rannóg Seirbhísí Ginearálta	4	1	3	0	0	0	**8**
	Foireann Seirbhísí Bainistíochta Faisnéise	3	1	1	1	0	0	**6**
An Roinn Oibríochtaí *(ar lean)*	*neamhbhainteach*	2	1	0	0	0	0	**3**
	An tAonad um Pleanáil agus Caighdeáin	**29**	**4**	**10**	**0**	**2**	**0**	**45**
	neamhbhainteach	1	0	1	0	0	0	**2**
	An Rannóg Bainistithe Caidrimh Ghnó	7	2	3	0	1	0	**13**
	An Rannóg Pleanála Oibríochtúla	3	0	0	0	0	0	**3**
	An Rannóg Ailtireachta	8	1	3	0	0	0	**12**
	An Rannóg Bainistíochta Táirge	10	1	3	0	1	0	**15**
	An tAonad Seachadta Cláir agus Tionscadail	**21**	**4**	**14**	**1**	**1**	**0**	**41**
	neamhbhainteach	1	0	1	0	0	0	**2**
	An Rannóg Bainistíochta Tionscadal A	10	1	3	1	0	0	**15**

	An Rannóg Bainistithe Tionscadal B	6	3	3	0	1	0	**13**
	An Rannóg Díoltóra agus Bainistithe Conarthaí	4	0	7	0	0	0	**11**

		TA		CA		SNI		
Roinn	**Aonad/*Rannóg***	**Líonta**	**Folamh**	**Líonta**	**Folamh**	**Líonta**	**Folamh**	**IOMLÁN**
An Roinn Oibríochtaí *(ar lean)*	**Aonad Tástála agus Idirthréimhse**	**13**	**0**	**19**	**3**	**0**	**0**	**35**
	neamhbhainteach	2	0	0	0	0	0	**2**
	An Rannóg Bainistithe Tástála	7	0	10	3	0	0	**20**
	An Rannóg Bainistithe Aistrithe	4	0	9	0	0	0	**13**
	An tAonad um Bainistíocht Bonneagair	**28**	**2**	**14**	**6**	**1**	**0**	**51**
	neamhbhainteach	2	0	1	0	0	0	**3**
	An Rannóg Seirbhísí Bonneagair	9	2	6	0	0	0	**17**
	An Rannóg Seirbhísí Lárionad Sonraí	5	0	1	0	1	0	**7**
	An Rannóg Seirbhísí Bainistithe Feidhmchláir	4	0	4	3	0	0	**11**
	An Rannóg Seirbhísí Líonra	8	0	2	3	0	0	**13**
	An tAonad Oibríochtaí Córais	**21**	**2**	**26**	**18**	**0**	**0**	**67**
	neamhbhainteach	1	0	0	0	0	0	**1**
	An Rannóg Tacaíochta Céadleibhéil	9	0	12	15	0	0	**36**
	An Rannóg Tacaíochta Dara Leibhéil	8	0	12	2	0	0	**22**
	An Rannóg Uirlisí Seirbhísí Oibríochtúla	3	2	2	1	0	0	**8**
	IOMLÁN	**198**	**24**	**135**	**31**	**9**	**2**	**399**

Chun an **bealach nua oibre** a chumasú, rinne eu-LISA a struchtúr eagraíochtúil a oiriúnú in dhá chéim a cuireadh i bhfeidhm in Earrach agus i Samhradh 2024. Mar thoradh ar an struchtúr eagraíochtúil nua cruthaíodh eintitis eagraíochtúla nua, agus ag an am céanna athraíodh nó díscaoileadh roinnt eintiteas a bhí ann cheana.



Fíor 2. Struchtúr eagraíochtúil (amhail i mí an Mhárta 2024).

Cuirfear faisnéis níos mionsonraithe maidir leis an atheagrú agus a stádas ag deireadh na bliana i láthair sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2026-2028, lena n-áirítear tuairisciú ar an mbliain 2024.

AISTRIÚCHÁN: ***Fíor 2*** **ar leathanach 81**

Management Board	***Bord Bainistíochta***
Advisory Groups	***Grúpaí Comhairleacha***
EXECUTIVE DIRECTOR	**STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN**
Deputy Executive Director	*Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin*
Liaison Office	*Oifig Idirchaidrimh*
Security Officer	*Oifigeach Slándála*
Internal Audit Capability	*Cumas Iniúchóireachta Inmheánaí*
Data Protection Officer	*Oifigeach Cosanta Sonraí*
Accounting Officer	*Oifigeach Cuntasaíochta*
SECURITY UNIT	**AN tAONAD SLÁNDÁLA**
Security Policy and Coordination Sector	*An Rannóg Beartais Slándála agus Comhordúcháin*
Information Security and Assurance Sector	*An Rannóg Slándála Faisnéise agus Dearbhaithe*
Cyber Security Sector	*An Rannóg Cibearshlándála*
Protective Security Sector	*An Rannóg Slándála Cosanta*
STRATEGY, CAPABILITIES and COORDINATION UNIT	**AN tAONAD STRAITÉISE, CUMAS agus COMHORDAITHE**
Capability Building Sector	*An Rannóg Tógála Cumais*
Planning and Corporate Affairs Sector	*An Rannóg Pleanála agus Gnóthaí Corparáideacha*
BUSINESS and STAKEHOLDER RELATIONS UNIT	**AN tAONAD CAIDRIMH GNÓ agus CAIDRIMH LE PÁIRTITHE LEASMHARA**
Business Relations Management Sector	*An Rannóg Bainistithe Caidrimh Ghnó*
Governance and Stakeholder Management Sector	*An Rannóg Rialachais agus Bainistithe Geallsealbhóirí*
Communication Sector	*An Rannóg Cumarsáide*
CORPORATE SERVICES DEPARTMENT	**AN ROINN SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA**
Legal Sector	*An Rannóg Dlí*
ICT Services Sector	*An Rannóg Seirbhísí TFC*
General Services Sector	*An Rannóg Seirbhísí Ginearálta*
HUMAN RESOURCES UNIT	**AN tAONAD ACMHAINNÍ DAONNA**
Personnel Administration Sector	*An Rannóg Riaracháin Pearsanra*
Talent Management Sector	*An Rannóg Bainistithe Tallainne*
BUDGET and FINANCE UNIT	**AN tAONAD BUISÉID agus AIRGEADAIS**
Finance and Budget Sector	*An Rannóg Airgeadais agus Buiséid*
PROCUREMENT and CONTRACT MANAGEMENT UNIT	**AN tAONAD SOLÁTHAIR agus BAINISTIÚ CONARTHAÍ**
Procurement Sector	*An Rannóg Soláthair*
Contract Management Sector	*An Rannóg Bainistithe Conarthaí*
PROGRAMME and ENGINEERING DEPARTMENT	**AN ROINN CLÁIR agus INNEALTÓIREACHTA**
PLANNING and STANDARDS UNIT	**AN tAONAD PLEANÁLA agus CAIGHDEÁN**
PROGRAMME and SOLUTIONS MANAGEMENT UNIT	**AN tAONAD BAINISTITHE CLÁR agus RÉITEACH**

Home Affairs Programmes Sector	*An Rannóg Clár Gnóthaí Baile*
Justice Programmes Sector	*An Rannóg Clár um Cheartas*
Solutions Expertise Hub	*Mol Saineolais um Réiteach*
TECHNOLOGY and SOFTWARE ENGINEERING UNIT	**AN tAONAD TEICNEOLAÍOCHTA agus INNEALTÓIREACHTA BOGEARRAÍ**
Solutions and Architecture Design Sector	*An Rannóg Réiteach agus Dearaidh Ailtireachta*
Software Engineering Sector	*An Rannóg Innealtóireachta Bogearraí*
Solutions Quality Assurance Sector	*An Rannóg Dearbhaithe Cáilíochta Réiteach*
DIGITAL SOLUTIONS OPERATIONS DEPARTMENT	**AN ROINN OIBRÍOCHTAÍ RÉITEACH DIGITEACH**
PLATFORMS and INFRASTRUCTURE UNIT	**AN tAONAD ARDÁN agus BONNEAGAIR**
Infrastructure Maintenance and Support Sector	*An Rannóg Cothabhála agus Tacaíochta Bonneagair*
Network and Communications Infrastructure Sector	*An Rannóg Bonneagair Líonra agus Cumarsáide*
Smart Hosting Platforms Sector	*An Rannóg Ardán Óstála Cliste*
TRANSITION and AUTOMATION UNIT	**AN tAONAD AISTRITHE agus UATHOIBRITHE**
Transition Management Sector	*An Rannóg Bainistithe Aistrithe*
Automation and Tooling Sector	*An Rannóg Uathoibrithe agus Uirlisithe*
OPERATIONS UNIT	**AN tAONAD OIBRÍOCHTAÍ**
Solutions Operations and Maintenance Sector	*An Rannóg Cothabhála Oibríochtaí agus Réiteach*
Operations Services Centre	*Lárionad Seirbhísí Oibríochtaí*

Iarscríbhinn II **Leithdháileadh acmhainní in aghaidh na gníomhaíochta**

Cuirtear i láthair san iarscríbhinn seo miondealú ar acmhainní daonna agus airgeadais eu-LISA in aghaidh na ngníomhaíochtaí agus na gcúraimí/na dtionscadal le linn na tréimhse ó 2025 go 2027. Ina theannta sin, tá sé curtha in iúl ag eu-LISA líon na soláthraithe seirbhíse seachtracha is gá do gach cúram chun foireann reachtúil na Gníomhaireachta a chomhlánú maidir leis an gclár oibre atá beartaithe don bhliain ar leith a chur i gcrích.

I gCaibidil 2, déantar cur síos ar réasúnaithe agus cuirtear ar fáil faisnéis ghairid maidir le cuspóirí le haghaidh gach gníomhaíochta agus cúraimí/tionscadal agus déantar achoimre ar na gnéithe sin ina leagtar amach clár oibre bliantúil eu-LISA le haghaidh 2025.

Forbhreathnú ar leithdhá

Gníomhaíocht ilbhliantúil	2025			2026			2027		
	TA	CA & SNI	Buiséad	TA	CA & SNI	Buiséad	TA	CA & SNI	Buiséad
Gnóthaí baile	**87.5**	**62.1**	**138 346 012**	**91.5**	**63.1**	**127 334 012**	**92.5**	**62.6**	**142 134 012**
Slándáil	**22.3**	**13.7**	**24 486 000**	**26.3**	**13.7**	**24 491 000**	**27.3**	**16.2**	**37 871 000**
CFS *	3.3	9.7	17 011 000	3.3	9.7	17 011 000	5.3	9.7	17 011 000
Prüm II	7.0	0.0	3 550 000	10.0	0.0	2 400 000	9.0	2.0	1 200 000
API	12.0	4.0	3 925 000	13.0	4.0	5 080 000	13.0	4.5	19 660 000
Teorainneacha	**32.7**	**18.9**	**29 528 012**	**32.7**	**17.9**	**49 163 012**	**31.4**	**13.1**	**52 433 012**
VIS	13.2	11.5	7 000 000	13.2	10.5	26 635 000	11.9	5.7	29 905 000
EES	14.1	2.6	11 328 012	14.1	2.6	11 328 012	14.1	2.6	11 328 012
ETIAS	5.4	4.8	11 200 000	5.4	4.8	11 200 000	5.4	4.8	11 200 000
Tearmann	**21.0**	**20.0**	**68 732 000**	**21.0**	**22.0**	**38 080 000**	**22.3**	**23.8**	**36 230 000**
Eurodac	21.0	20.0	68 732 000	21.0	22.0	38 080 000	22.3	23.8	36 230 000
Idir-inoibritheacht	**11.6**	**9.5**	**15 600 000**	**11.6**	**9.5**	**15 600 000**	**11.6**	**9.5**	**15 600 000**
Idir-inoibritheacht	11.6	9.5	15 600 000	11.6	9.5	15 600 000	11.6	9.5	15 600 000
Ceartas	**12.4**	**6.7**	**5 752 019**	**12.4**	**8.7**	**3 210 019**	**12.4**	**8.7**	**3 210 019**
Ceartas	**12.4**	**6.7**	**5 752 019**	**12.4**	**8.7**	**3 210 019**	**12.4**	**8.7**	**3 210 019**
ECRIS	2.1	3.9	1 961 019	2.1	3.9	1 961 019	2.1	3.9	1 961 019
e-CODEX	2.3	2.8	1 291 000	2.3	2.8	1 249 000	2.3	2.8	1 249 000
JIT CP	8.0	0.0	2 500 000	8.0	2.0	0	8.0	2.0	0
Bonneagar	**45.4**	**49.2**	**55 973 000.**	**45.4**	**49.2**	**58 596 000**	**45.4**	**49.2**	**61 721 000**
**Bonneagar Córas Comhroinnte ** **	**43.6**	**41.0**	**35 573 000**	**43.6**	**41.0**	**0**	**43.6**	**41.0**	**0**
Bonneagar Córas Comhroinnte (lena n-áirítear BCU)	43.6	41.0	35 573 000	43.6	41.0		43.6	41.0	
Líonraí	**1.8**	**8.2**	20 400 000	**1.8**	**8.2**	0	**1.8**	**8.2**	0
Líonraí achair fhairsing	1.8	8.2	20 400 000	1.8	8.2		1.8	8.2	

Gníomhaíocht ilbhliantúil	2025			2026			2027		
	TA	CA & SNI	Buiséad	TA	CA & SNI	Buiséad	TA	CA & SNI	Buiséad
Gníomhaíochtaí tacaíochta oibriúcháin	**15.3**	**20.8**	**15 923 000**	**15.3**	**20.8**	**15 713 000**	**15.3**	**20.8**	**14 803 000**
Gníomhaíochtaí tacaíochta oibriúcháin	**13.8**	**18.8**	14 170 000	**13.8**	**18.8**	0	**13.8**	**18.8**	0
Slándáil an chórais agus leanúnachas gnó	8.3	4.4	2 000 000.	8.3	4.4		8.3	4.4	
Tástáil agus Aistriú	1.6	8.4		1.6	8.4		1.6	8.4	
Oiliúint do na Ballstáit	3.9	6.0	1 200 000	3.9	6.0		3.9	6.0	
Tacaíocht sheachtrach			10 970 000						
Cruinnithe agus Misin	**1.5**	**2.0**	1 753 000	**1.5**	**2.0**	0	**1.5**	**2.0**	0
Grúpaí Comhairleacha	1.4	2.0	1 622 000	1.4	2.0		1.4	2.0	
Cruinnithe agus misin eile			80 000						
Meastóireachtaí Schengen	0.1	0.0	51 000	0.1	0.0		0.1	0.0	
Iomlán Theideal 3	**161**	**139**	**215 994 031**	**165**	**142**	**204 853 031**	**166**	**141**	**221 868 031**
Gníomhaíochtaí corparáideacha ***	**108.5**	**65.3**	**0**	**108.5**	**66.3**	**0**	**108.5**	**65.3**	**0**
Rialachas agus comhlíonadh	35.9	9.1		35.9	9.1		35.9	9.1	
Bainistiú geallsealbhóirí agus cumarsáid leo	16.6	7.0		16.6	8.0		16.6	8.0	
Slándáil chorparáideach agus leanúnachas gnó	4.0	8.0		4.0	8.0		4.0	7.0	
Bainistiú acmhainní daonna	14.0	11.0		14.0	11.0		14.0	11.0	
Buiséad, airgeadas agus soláthar	25.0	15.0		25.0	15.0		25.0	15.0	
Seirbhísí dlí	3.0	2.0		3.0	2.0		3.0	2.0	
Tacaíocht chorparáideach	10.0	13.2		10.0	13.2		10.0	13.2	
IOMLÁN	**269**	**204**	**215 994 031**	**273**	**208**	**204 853 031**	**274**	**207**	**221 868 031**

* Áirítear i bpunann CFS FTEnna le haghaidh an fheidhmchláir AE um shonraí taistil digiteacha (DTA).
** Áirítear FTEnna le haghaidh oibríochtaí córais sa phunann Bonneagar Córas Comhroinnte.
*** Ní mhaoinítear é faoi Theideal 3.

Iarscríbhinn III **Acmhainní airgeadais 2025-2027**

Cuirtear i láthair san iarscríbhinn seo faisnéis maidir le hioncam agus caiteachas eu-LISA, cur chun feidhme an bhuiséid agus cealuithe leithreasaí faoi chomhair gealltanas agus leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí.

IONCAM

IONCAIM* *EUR milliún*	2024	2025
	Ioncam measta ag eu-LISA	Réamhaisnéis bhuiséadach
Ranníocaíocht ón Aontas	257 407	291 118
ioncam eile	9 962	-
IOMLÁN Ioncam	**267 370**	**291 118**

** Ní áirítear ann ioncam sannta ó chomhaontuithe ranníocaíochta*

Ioncam ginearálta (*EUR milliún*)

IONCAIM *EUR milliún*	2023 *	2024	2025		VAR 2025/2024	Beartaithe do 2026	Beartaithe do 2027
	Buiséad vótáilte	Ioncam measta ag eu-LISA	Mar a d'iarr an Ghníomhaireacht	Réamhaisnéis bhuiséadach			
1. Ioncam ó tháillí agus muirir							
2. Ranníocaíocht ón Aontas	**280 676**	**257 407**	**291 118**		**1 131**	**297 561**	**355 736**
Iena n-áirítear ioncam sannta ó bharrachais na mblianta roimhe sin	*3 706*	*26 282*	*1 108*		*0 042*		
3. Ranníocaíochtaí ó thríú tíortha (Iena n-áirítear tíortha CSTE agus tíortha is iarrthóirí)	**21 364**	**9 962**					
Iena n-áirítear ó CSTE	*21 364*	*9 962*					
Iena n-áirítear ó Thíortha is Iarrthóirí							
4. Ranníocaíochtaí eile	20 235	3 608	4 116		1 141	3 080	3 080
Iena n-áirítear comhaontú tarmligin, deontais ad hoc		*3 608*	*4 116*		*1 141*	*3 080*	*3 080*
5. Oibríochtaí riaracháin							
6. Ioncam ó sheirbhísí a soláthraíodh i gcoinne íocaíochta							
7. Míchothromaíochtaí buiséadacha a cheartú							
IOMLÁN	**302 095**	**270 978**	**295 234**		**1 090**	**300 641**	**358 816**

** Buiséad forghníomhaithe*

Maoiniú breise ón Aontas: comhaontuithe deontais, ranníocaíochta agus leibhéil seirbhíse (*EUR milliún*)

IONCAIM maoiniú breise ón Aontas	2023	2024	2025		VAR 2025/2024 (%)	Beartaithe do 2026	Beartaithe do 2027
	Curtha i gcrích	Measta ag eu-LISA	Iarrtha ag eu-LISA	Réamhaisnéis bhuiséadach			
deontais (FFR Airteagal 7)							
comhaontuithe ranníocaíochta (FFR Airteagal 7)		**3 608**	**4 116**		**1 141**	**3 080**	**3 080**
comhaontuithe leibhéil seirbhíse (FFR Airteagal 43.2)							

IOMLÁN	0	3 608	4 116	0	1 141	3 080	3 080

* ***FFR:*** *Rialacha Airgeadais eu-LISA.*[123]

CAITEACHAS

CAITEACHAS* *EUR milliún*	2024		2025	
	Leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí	Leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Teideal 1	44 044	44 044	58 381	58 381
Teideal 2	31 386	31 386	36 607	36 607
Teideal 3	199 968	191 939	215 994	196 130
IOMLÁN Caiteachas	**275 398**	**267 370**	**310 982**	**291 118**

** Ní áirítear ann ioncam sannta ó chomhaontuithe ranníocaíochta*

Leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí (*EUR milliún*)

CAITEACHAS ** *EUR milliún*	LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR OIBLEAGÁIDÍ						
	2023 buiséad*	2024 an buiséad	Dréachtbhuiséid 2025		VAR 2025/2024	Beartaithe do 2026	Beartaithe do 2027
			Iarrtha ag eu-LISA	Réamhaisnéis bhuiséadach			
TEIDEAL 1: Caiteachas foirne	**41 669**	**44 044**	**58 381**		**132.55 %**	**57 500**	**57 547**
Tuarastail agus liúntais	38 217	39 249	53 784		137.03 %	52 890	52 937
dar poist sa phlean bunaíochta	*25 884*	*26 014*	*39 793*		*152.97 %*	*39 972*	*40 019*
lena n-áirítear pearsanra seachtrach	*12 332*	*13 236*	*13 991*		*105.70 %*	*12 918*	*12 918*
Caiteachas a bhaineann le hearcú foirne	0 299	0 203	0 840		413.79 %	0.840	0.840
Speansais mhisin	0.586	0.660	0.560		84.85 %	0.560	0.560
Bonneagar sochmhíochaine	1 537	2 522	1 897		75.22 %	1.910	1.910
Oiliúint	1.029	1.410	1.300		92.20 %	1 300	1 300
TEIDEAL 2: Bonneagar agus caiteachas oibriúcháin	**27 461**	**31 386**	**36 607**		**116.63 %**	**36 607**	**36 607**
Foirgnimh a fháil ar cíos agus costais ghaolmhara	4 458	8 950	11 996		134.03 %	11 996	11 996
Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide	8 191	3 754	7 059		188.04 %	7 059	7 059
Maoin inghluaiste agus costais ghaolmhara	0 136	0 436	0 950		217.89 %	0 950	0 950
Caiteachas riaracháin reatha	1 523	1 686	1 774		105.23 %	1 774	1 774
Speansais a bhaineann le cruinnithe	0 562	0 747	0 813		108.84 %	0 813	0 813
Faisnéis agus foilseacháin	1 016	1 540	1 450		94.16 %	1 450	1 450
Seirbhísí tacaíochta seachtracha	6 184	9 046	8 706		96.24 %	8 706	8 706
Slándáil	5 392	5 227	3 859		73.83 %	3 859	3 859
TEIDEAL 3: Caiteachas oibríochtúil	**214 194**	**199 968**	**215 994**		**108.01 %**	**204 853**	**221 868**
Bonneagar	50 131	55 750	55 973		100.40 %	58 596	61 721
Gnóthaí baile	144 355	124 505	138 346		111.12 %	127 334	142 134
Ceartas	6 289	4 291	5 752		134.05 %	3 210	3 210
Gníomhaíochtaí tacaíochta oibriúcháin	13 418	15 422	15 923		103.25 %	15 713	14 803
Tacaíocht a thabhairt do na Ballstá agus don Choimisiún	0 000	0 000	0 000			0 000	0 000
CAITEACHAS IOMLÁN	**283 324**	**275 398**	**310 982**		**112.92 %**	**298 960**	**316 022**

[123] *Rialacha Airgeadais eu-LISA*, a bhí i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2019, a glacadh le cinneadh ón mBord Bainistíochta Uimh. 2019-198.

** Buiséad forghníomhaithe*

*** Ní áirítear ann ioncam sannta ó chomhaontuithe ranníocaíochta, **tuilleadh sonraí a sholáthraítear in Iarscríbhinn XI.***

Sa tábla thíos, tugtar miondealú níos mionsonraithe ar chaiteachas oibríochtúil eu-LISA faoi Theideal 3:

CAITEACHAS ** *EUR milliún*	LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR OIBLEAGÁIDÍ						
	Buiséad 2023*	Buiséad 2024	Dréachtbhuiséid 2025		VAR 2025/2024	Beartaithe do 2026	Beartaithe do 2027
			Iarrtha ag eu-LISA	Réamhaisnéis bhuiséadach			
TEIDEAL 3: Caiteachas oibríochtúil	**214 194**	**199 968**	**215 994**	**-**	**108.01 %**	**204 853**	**221 868**
Bonneagar	50 131	55 750	55 973	-	100.40 %	58 596	61 721
Gnóthaí baile	**144 355**	**124 505**	**138 346**	**-**	**111.12 %**	**127 334**	**142 134**
CFS	22 506	18 278	17 011	-	93.07 %	17 011	17 011
Ródaire API	-	-	3 925	-	n/b	5 080	19 660
Ródaire Prüm	-	4 150	3 550	-	n/b	2 400	1 200
VIS	7 609	33 504	7 000	-	20.89 %	26 635	29 905
EES	48 918	15 403	11 328	-	73.54 %	11 328	11 328
ETIAS	9 268	17 819	11 200	-	62.85 %	11 200	11 200
Eurodac	3 625	4 662	68 732	-	1474.27 %	38 080	36 230
Idir-inoibritheacht	52 429	30 689	1 961	-	65.37 %	1 961	1 961
Ceartas	**6 289**	**4 291**	**5 752**	**-**	**134.05 %**	**3 210**	**3 210**
ECRIS	4 169	3 000	1 961	-	65.37 %	1 961	1 961
e-CODEX	2 120	1 291	1 291	-	100.00 %	1 249	1 249
CP JITanna	-	-	2 500	-	n/b	-	-
Gníomhaíochtaí tacaíochta oibriúcháin	13 418	15 422	15 923	-	103.25 %	15 713	14 803
Tacaíocht do na Ballstáit agus do Choimisiún	-	-	-	-	0.00 %	-	-
CAITEACHAS IOMLÁN Theideal 3	**214 194**	**199 968**	**215 994**	**-**	**108.01 %**	**204 853**	**221 868**

** Buiséad forghníomhaithe*

*** Ní áirítear ann ioncam sannta ó chomhaontuithe ranníocaíochta, **tuilleadh sonraí a sholáthraítear in Iarscríbhinn XI.***

Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta (*EUR milliún*)

CAITEACHAS ** *EUR milliún*	LEAITHREASAÍ ÍOCAÍOCHTA						
	Buiséad 2023*	Buiséad 2024	Dréachtbhuiséid 2025		VAR 2025/2024	Beartaithe do 2026	Beartaithe do 2027
			Iarrtha ag eu-LISA	Réamhaisnéis bhuiséadach			
TEIDEAL 1: Caiteachas foirne	**40 789**	**44 044**	**58 381**		**132.55 %**	**57 500**	**57 547**
Tuarastail agus liúntais	38 217	39 249	53 784		137.03 %	52 890	52 937
dar poist sa phlean bunaíochta	*25 884*	*26 014*	*39 793*		*152.97 %*	*39 972*	*40 019*
lena n-áirítear pearsanra seachtrach	*12 332*	*13 236*	*13 991*		*105.70 %*	*12 918*	*12 918*
Caiteachas a bhaineann le hearcú foirne	0 051	0 203	0 840		413.79 %	0.840	0.840
Speansais mhisin	0.563	0.660	0.560		84.85 %	0.560	0.560
Bonneagar sochmhíochaine	1 222	2 522	1 897		75.22 %	1.910	1.910
Oiliúint	0 736	1.410	1.300		92.20 %	1 300	1 300
TEIDEAL 2: Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin	**15 107**	**31 386**	**36 607**		**116.63 %**	**36 607**	**36 607**
Foirgnimh a fháil ar cíos agus costais ghaolmhara	3 312	8 950	11 996		134.03 %	11 996	11 996
Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide	5 006	3 754	7 059		188.04 %	7 059	7 059
Maoin inghluaiste agus costais ghaolmhara	0 115	0 436	0 950		217.89 %	0 950	0 950
Caiteachas riaracháin reatha	1 246	1 686	1 774		105.23 %	1 774	1 774
Speansais a bhaineann le cruinnithe	0 124	0 747	0 813		108.84 %	0 813	0 813
Faisnéis agus foilseacháin	0 399	1 540	1 450		94.16 %	1 450	1 450
Seirbhísí tacaíochta seachtracha	2 678	9 046	8 706		96.24 %	8 706	8 706
Slándáil	2.228	5 227	3 859		73.83 %	3 859	3 859
TEIDEAL 3: Caiteachas oibríochtúil	**246 143**	**191 939**	**196 130**		**102.18 %**	**203 454**	**261 582**
Bonneagar	56 423	51 004	41 103		80.59 %	64 884	87 004
Gnóthaí baile	175 233	122 265	133 617		109.28 %	119 647	155 151
Ceartas	3 306	4 396	5 487		124.80 %	3 210	3 210
Gníomhaíochtaí tacaíochta oibriúcháin	11 181	14 273	15 923		111.56 %	15 713	16 217
Tacaíocht a thabhairt do na Ballstá agus don Choimisiún	0 000	0 000	0 000			0 000	0 000
CAITEACHAS IOMLÁN	**302 040**	**267 370**	**291 118**		**108.88 %**	**297 561**	**355 736**

** Buiséad forghníomhaithe*

*** Ní áirítear ann ioncam sannta ó chomhaontuithe ranníocaíochta,* ***tuilleadh sonraí a sholáthraítear in Iarscríbhinn XI.***

Sa tábla thíos, tugtar miondealú níos mionsonraithe ar chaiteachas oibríochtúil eu-LISA faoi Theideal 3:

CAITEACHAS ** *EUR milliún*	LEAITHREASAÍ ÍOCAÍOCHTA						
	Buiséad 2023*	Buiséad 2024	Dréachtbhuiséid 2025		VAR 2025/2024	Beartaithe do 2026	Beartaithe do 2027
			Iarrtha ag eu-LISA	Réamhaisnéis bhuiséadach			
TEIDEAL 3: Caiteachas oibríochtúil	**246 143**	**195 547**	**200 246**		**102 %**	**203 454**	**261 582**
Bonneagar	56 423	51 004	41 103		81 %	64 884	87 004
Gnóthaí baile	**175 233**	**122 265**	**133 617**		**109 %**	**119 647**	**155 151**
CFS	25 117	18 960	16 010		84 %	17 011	17 011
Ródaire API	-	-	3 925		n/b	5 080	19 660
Ródaire Prüm	-	4 150	3 550		86 %	2 400	1 200
VIS	23 007	30 015	7 044		23 %	7 000	7 000
EES	45 827	23 600	11 328		48 %	11 328	11 328
ETIAS	43 507	11 395	11 200		98 %	11 200	11 200
Eurodac	5 073	5 913	64 432		1090 %	50 028	72 152
Idir-inoibritheacht	32 703	28 233	16 128		57 %	15 600	15 600
Ceartas	**3 306**	**8 004**	**9 603**		**120 %**	**3 210**	**3 210**
ECRIS	2 887	3 105	1 696		55 %	1 961	1 961
e-CODEX	0 419	1 291	1 291		100 %	1 249	1 249
CP JITanna	-	3 608	6 616		n/b	-	-
Gníomhaíochtaí tacaíochta oibriúcháin	**11 181**	**14 273**	**15 923**		**112 %**	**15 713**	**16 217**
Tacaíocht do na Ballstáit agus d Choimisiún							
CAITEACHAS IOMLÁN Theideal 3	**246 143**	**195 547**	**200 246**		**102 %**	**203 454**	**261 582**

** Buiséad forghníomhaithe*

OLLTORADH BUISÉID agus cealú leithreasuithe (*EUR milliún*)

OLLTORADH BUISÉID *EUR milliún*	2021	2022	2023
Ioncaim a fuarthas i ndáiríre (+)	267790	338652	315600
Íocaíochtaí arna ndéanamh (-)	-249827	-257099	-280.676
Tabhairt anonn leithreasaí (-)	-28351	-73061	-93314
Cealú leithreasaí arna dtabhairt anonn (+)	0760	1 246	0 813
Coigeartú chun leithreasaí ioncaim sannta a thabhairt anonn ón mbliain roimhe sin (+)	12703	16550	58656
Difríochtaí sa ráta malairte (+/-)	-0000	-0.006	-0000
Coigeartú i leith comhardú diúltach ón mbliain roimhe sin (-)	3611	3076	26 282
IOMLÁN	**3076**	**26 282**	**1 10 8**

Iarscríbhinn IV **Acmhainní daonna: anailís chainníochtúil**

Tugtar forléargas agus anailís san Iarscríbhinn seo ar fhorbairt fhoireann eu-LISA i ngach catagóir le linn na tréimhse clársceidealaithe.

A. Foireann reachtúil agus Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht

Le teacht chun cinn fhoireann eu-LISA a chuirtear i láthair i dTábla 08, cuirtear san áireamh na poist údaraithe bunaithe ar rialacháin ghlactha agus na poist nua a bhfuiltear ag súil leo mar a bheartaítear i dtograí an Choimisiúin maidir le córais nua, i.e. ródaire réamhfhaisnéise paisinéirí (API), feidhmchlár um shonraí taistil digiteacha (DTA), etc.

Tábla 8. Daonra foirne agus forbairt i ngach catagóir, 2023-2027 (FTEnna)

FOIREANN	2023			2024	2025[124]	2026	2027
Poist don Phlean Bunaíochta	Buiséad údaraithe	A líonadh go hiarbhír amhail an 31.12.2023	Ráta áitíochta %[125]	Údaraithe	Beartaithe	Beartaithe	Beartaithe
Riarthóirí (AD)	169	148	87.57 %	186	216	220	221
Cúntóirí (AST)	53	50	94.34 %	53	53	53	53
Cúntóirí/Rúnaithe (AST/SC)	0	0	0.00 %	0	0	0	0
IOMLÁN	222	198	89.19 %	239	269	273	274
FOIREANN SHEACHTRACH	Buiséad údaraithe	Forghníomhaithe[126] amhail an 31.12.2023	Ráta forghníomhaithe %	Líon na ndaoine amhail an 31.12.2023	Buiséad údaraithe 2024	Beartaithe do 2025	Beartaithe do 2026
Gníomhairí ar Conradh (CA)	166	128	77.11 %	135	171	193	197
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (SNI)	11	10.6	96.36 %	9	11	11	11
IOMLÁN	177	138.6	78.31 %	144	182	214	208
FOIREANN IOMLÁN	399	336.6	84.36 %	342	421	473	481

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar an gcuid maidir le beartas earcaíochta eu-LISA in Iarscríbhinn V.

B. Foireann sheachtrach bhreise a bhfuiltear ag súil go ndéanfar iad a mhaoiniú trí dheontas, trí ranníocaíochtaí nó trí SLAnna

San am atá thart, níor mhaoinigh eu-LISA aon fhoireann ó dheontais, ó ranníocaíochtaí ná ó chomhaontuithe leibhéil seirbhíse. Tá sé beartaithe go ndéanfar na poist sheachtracha a dheonófar d'ardán comhoibrithe na JITanna (CP JITanna) a mhaoiniú trí chomhaontú ranníocaíochta, a thabharfar i gcrích idir eu-LISA agus an Coimisiún, mar a léirítear sa tábla thíos.

FTEnna atá beartaithe	2024	2025	2026	2027
Gníomhairí ar Conradh (CA)	0	0	2	2
Gníomhairí Sealadacha (TA)[127]	4	8	8	8
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (SNInna)	0	0	0	0
IOMLÁN	4	8	10	10

[124] Tabhair do d'aire gur figiúirí táscacha iad na figiúirí do na blianta 2025-2027.
[125] Ní chuirtear san áireamh sa ráta áitíochta ach poist údaraithe agus foireann fhostaithe amhail an 31 Nollaig 2023.
[126] Amhail an 31 Nollaig 2023, maoiníodh gach post foirne eu-LISA le ranníocaíocht ón Aontas, agus níor maoiníodh aon cheann acu ó aon fhoinsí eile.
[127] Ní áirítear i dteimpléad SPD ró d'fhoireann shealadach (TA) ach ós rud é go maoineofar na poist sin leis an gComhaontú Ranníocaíochta d'ardán comhoibrithe na JITanna, tá sé curtha leis an doiciméad seo.

C. Acmhainní daonna eile

Soláthraithe struchtúracha seirbhísí[128]

Leanann eu-LISA d'úsáid a bhaint as soláthraithe struchtúracha seirbhísí (dá ngairtear *tacaíocht sheachtrach* freisin) le haghaidh seirbhísí nó tionscadal nach bhféadfadh baill foirne reachtúla na Gníomhaireachta a chumhdach mar gheall ar acmhainní buiséadacha neamhleora, agus freisin mar gheall ar cháilíochtaí speisialaithe a theastaíonn, nó eolas nach raibh ar fáil go hinmheánach.

Tá seirbhísí tacaíochta seachtracha struchtúrtha faoi dhá chreatchonradh ina bhfuil ceithre bheart ag brath ar chineál na gcúraimí agus ar an suíomh.

Tábla 9. Soláthraithe struchtúracha seirbhísí: seirbhísí tacaíochta seachtracha

Creatchonradh (FwC)	Fad FwC	Cineál conartha	Catagóirí próifíle conartha	I bhfeidhm go hiarbhír amhail an 31 Nollaig 2023
FwC LISA/2019/OP/02 BEART1 – Tacaíocht TF in SXB/BRU BEART3 – Tacaíocht Riaracháin in SXB/BRU BEART4 – Tacaíocht riaracháin in TLL	4 bliana (2019-2023)	Am & Acmhainn (TM)	tacaíocht riaracháin agus TF	34 FTE
				69 FTE
		Am & Acmhainn Luaite (QTM)	Tacaíocht TF	*neamhbhainteach*
FwC LISA/2019/NP/19 Tacaíocht TF in TLL		Praghas Seasta		*neamhbhainteach*
FwC LISA/2022/OP/04 BEART1 – Seirbhísí comhairliúcháin TFC BEART2 – Seirbhísí comhairliúcháin neamh-TFC	4 bliana (2023-2027)	Am & Acmhainn (TM)	Seirbhísí comhairliúcháin TFC Seirbhísí comhairliúcháin neamh-TFC	*neamhbhainteach*
		Am & Acmhainn Luaite (QTM)		
		Praghas Seasta		

Mar a léirítear i dTábla 9, tá creatchonradh nua tugtha i gcrích ag eu-LISA le haghaidh seirbhísí tacaíochta seachtracha don tréimhse 2023-2027: LISA/2022/OP/04. Tugadh an conradh le haghaidh seirbhísí comhairliúcháin neamh-TFC (LOT2) i gcrích i mí na Samhna 2023, agus seoladh iarrataí ar sheirbhísí QTM i mí na Nollag 2023. Go luath in 2024, thug eu-LISA an teagmháil le haghaidh seirbhísí comhairliúcháin TFC i gcrích (LOT1): FWC LISA/2022/OP/04/01. Úsáidfear an dá chreatchonradh sin chun seirbhísí tacaíochta seachtracha a sholáthar don Ghníomhaireacht ó 2023 go 2027.

Cuirtear i láthair i dTábla 10 na hacmhainní tacaíochta seachtracha measta in aghaidh na bliana faoi na creatchonarthaí thuasluaite. Áirítear le líon iomlán na n-acmhainní tacaíochta seachtracha údaraithe na FTEnna atá formheasta faoi láthair, agus na FTEnna breise atá beartaithe do gach bliain. Amach anseo, beidh úsáid seirbhísí tacaíochta seachtracha ag brath go mór ar infhaighteacht acmhainní airgeadais.

Tábla 10. Tacaíocht sheachtrach a bhfuiltear ag súil léi don tréimhse 2024-2026 (FTE)

Tacaíocht sheachtrach a bhfuiltear ag súil léi	2024	2025	2026
	Údaraithe	Beartaithe	Beartaithe
TM (Am agus Acmhainn)	182	145.65	141.15
QTM (Am Luaite agus Acmhainn)	10.05	5.3	3.8
IOMLÁN NA TACAÍOCHTA SEACHTRAÍ	**192.5**	**148.95**	**143.95**

Oibrithe eatramhacha

Cuireann an Ghníomhaireacht acmhainní nua ar conradh le haghaidh cúraimí gearrthéarmacha nó chun teacht in ionad baill foirne a ghlac saoire fhadtéarmach nó cineál éigin eile neamhláithreachta (e.g. easláine). Go ginearálta, faightear iad faoi chreatchonradh do sholáthraithe struchtúracha seirbhísí (tacaíocht sheachtrach), nó mar ghníomhairí ar conradh a bhfuil conradh fostaíochta gearrthéarma seasta nó conradh fostaíochta gearrthéarmach teoranta acu agus is iondúil go dtuairiscítear iad sa staidreamh faoina gcineál conartha faoi seach.

Tá an Ghníomhaireacht i mbun oibrithe eatramhacha a sholáthar faoi chreatchonradh nua. Tar éis an nós imeachta sin a thabhairt chun críche, d'fhéadfadh méadú teacht ar líon na n-oibrithe eatramhacha, agus ba

[128] Déanann cuideachta phríobháideach conradh le soláthraithe seirbhíse agus déanann siad sainchúraimí seachfhoinsithe de chineál cothrománach/tacaíochta. I gcás an Choimisiúin, úsáidtear na critéir ghinearálta seo a leanas: 1) gan aon chonradh aonair leis an gCoimisiún, 2) ar áitreabh an Choimisiúin, le ríomhaire agus deasc de ghnáth, 3) á leanúint go riaracháin ag an gCoimisiún (suaitheantas, etc.), agus 4) ag cur leis an mbreisluach.

cheart go laghdódh líon na FTEnna a sholáthraítear mar sheirbhís struchtúrach go comhréireach le ‘tionchar nialasach’ ar an mbuiséad.

	Iomlán FTEnna in 2023
Líon	2

Plean beartais foirne ilbhliantúil do 2025-2027

Is éard atá i bplean beartais foirne ilbhliantúil eu-LISA do na blianta 2025-2027 gníomhaire sealadach (TA) dá dtagraítear mar bhaill foirne, chomh maith le gníomhairí ar conradh (CA) agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNI) dá dtagraítear mar phearsanra seachtrach atá beartaithe ag an nGníomhaireacht agus atá údaraithe faoi nós imeachta buiséadach an Aontais.

A. Foireann

Tugtar forléargas i dTábla 11 ar phoist mar ghníomhaire sealadach (TA) de réir an phlean bunaíochta, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

- méadú ar an bhfoireann a bhaineann leis na tograí ón gCoimisiún agus rialacháin an Aontais a glacadh le déanaí maidir le córais nua, i.e., JITanna CP, digitiú víosaí, ródaire lárnach Prüm II, athmhúnlú Eurodac, Rialacháin maidir le Scagadh, an feidhmchlár AE um shonraí taistil digiteacha (DTA), agus ródaire API;
- athruithe ar ghráid foirne i ngach grúpa feidhme mar gheall ar athaicmiú measta, arna ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn I B a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

Tábla 11. Plean bunaíochta 2025-2027

Feidhmghrúpa agus grád	2023				2024		2025		2026		2027	
	Buiséad údaraithe		A líonadh go hiarbhír amhail an 31/12		Buiséad údaraithe		Tuartha		Beartaithe		Beartaithe	
Buan Sealadach	Buan	Sealadach	Buan	Sealadach	Buan	Sealadach	Buan	Sealadach	Buan	Sealadach	Buan	Sealadach
AD 16		0		0		0		0		0		0
AD 15		1		0		0		0		0		0
AD 14		1		2		2		2		2		2
AD 13		3		1		3		3		3		3
AD 12		4		3		4		5		5		5
AD 11		11		2		11		10		10		10
AD 10		12		12		13		15		15		15
AD 9		22		17		27		27		28		28
AD 8		38		25		41		32		36		36
AD 7		11		28		11		16		16		16
AD 6		46		12		52		51		52		52
AD 5		20		46		22		56		53		54
Iomlán AD		**169**		**148**		**186**		**216**		**220**		**221**
AST 11		0		0		0		0		0		0
AST 10		0		0		0		0		0		0
AST 9		1		1		1		1		1		1
AST 8		4		2		5		6		6		6
AST 7		6		4		8		10		10		10
AST 6		12		12		12		12		12		12
AST 5		11		11		10		9		9		9
AST 4		13		6		15		11		11		11
AST 3		6		14		2		4		4		4
AST 2		0		0		0		0		0		0
AST 1		0		0		0		0		0		0
Iomlán AST		**53**		**50**		**53**		**53**		**53**		**53**
AST/SC 6		0		0		0		0		0		0

Feidhmghrúpa agus grád Buan Sealadach	2023				2024		2025		2026		2027	
	Buiséad údaraithe		A líonadh go hiarbhír amhail an 31/12		Buiséad údaraithe		Tuartha		Beartaithe		Beartaithe	
	Buan	Sealadach	Buan	Sealadach	Buan	Sealadach	Buan	Sealadach	Buan	Sealadach	Buan	Sealadach
AST/SC 5		0		0		0		0		0		0
AST/SC 4		0		0		0		0		0		0
AST/SC 3		0		0		0		0		0		0
AST/SC 2		0		0		0		0		0		0
AST/SC 1		0		0		0		0		0		0
Iomlán AST/SC		**0**		**0**		**0**		**0**		**0**		**0**
IOMLÁN		**222**		**198**		**239**		**269**		**273**		**274**

B. Pearsanra seachtrach

Cuirtear meastacháin choibhéiseacha lánaimseartha (FTE) do phoist mar ghníomhairí ar conradh (CA) agus do phoist mar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNI) i láthair sna táblaí thíos, lena n-áirítear baill foirne bhreise atá beartaithe i dtograí an Choimisiúin.

Gníomhairí ar Conradh

Tábla 12. Gníomhairí ar conradh sna blianta ó 2025 go 2027 (FTEnna)

GNÍOMHAIRÍ AR CONRADH	Buiséad údaraithe 2023	Forghníom haithe amhail an 31.12.2023	Líon na ndaoine amhail an 31.12.2022	Buiséad údaraithe N (2024)	Buiséad údaraithe N+1(2025)[129]	Buiséad údaraithe N+2(2026)	Buiséad údaraithe N+3(2027)
Feidhmghrúpa IV	108	82	89	114	136	139	136.5
Feidhmghrúpa III	57	44	44	56	56	67	58
Grúpa Feidhme II	1	2	2	1	1	1	1
Feidhmghrúpa I	0	0	0	0	0	0	0
IOMLÁN	**166**	**128**	**135**	**171**	**193**	**197**	**195.5**

Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht

Tábla 13. Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht sna blianta ó 2025 go 2027 (FTEnna)

SAINEOLAITHE NÁISIÚNTA AR IASACHT	Buiséad údaraithe 2023	Forghníom haithe amhail an 31.12.2023	Líon na ndaoine amhail an 31.12.2023	Buiséad údaraithe N (2024)	Buiséad údaraithe N+1(2025)	Buiséad údaraithe N+2(2026)	Buiséad údaraithe N+3(2027)
IOMLÁN	**11**	**10.6**	**9**	**11**	**11**	**11**	**11**

[129] Áirítear san fhigiúr sin 21 post CA FG IV faoin gcomhaontú sealadach aistrithe foirne le Frontex don tréimhse ó 2025 go 2027.

Réamhaisnéisí earcaíochta do 2025 tar éis scoir, soghluaisteachta nó post nua iarrtha

Áirítear i réamhaisnéis earcaíochta na Gníomhaireachta athsholáthar foirne mar gheall ar láimhdeachas nó scor, agus a eascraíonn as na tograí ón gCoimisiún lena mbeartaítear foireann bhreise do 2025, i gcás nach dtabharfar na nósanna imeachta roghnúcháin faoi seach i gcrích faoi dheireadh 2024.

Teideal an phoist sa Ghníomhaireacht	Cineál conartha (Oifigeach, TA nó CA)		TA/Oifigeach Feidhmghrúpa/grád earcaíochta - inmheánach (lúibíní) agus seachtrach (grád aonair) atá beartaithe lena bhfoilsiú		CA Feidhmghrúpa Earcaíochta (I, II, III nó IV)
	Mar gheall ar scor/ soghluaisteachta a bhí tuartha	**Post nua iarrtha mar gheall ar chúraimí breise**	**Inmheánach (lúibíní)**	**Seachtrach (lúibíní)**	
Bainistiú Tástálacha		**Prüm II**	AD5-AD7	TA AD5	
Bainistiú Gréasáin		**CP JITanna**	AD5-AD7	TA AD5	
Bainistiú Bonneagair/Bainistiú Athraithe		**CP JITanna**	AD5-AD7	TA AD5	
Riarachán Córais agus Feidhmchláir		**CP JITanna**	AD5-AD7	TA AD5	
Seirbhísí Trasnaí (Airgeadas agus Soláthar; Acmhainní Daonna)		**CP JITanna**	AD5-AD7	TA AD5	
Caidreamh Gnó agus Bainistiú Páirtithe Leasmhara		**CP JITanna**	AD5-AD7	TA AD5	
Oifigeach Sinsearach TF – Ailtireacht		**API**	AD5-AD7	TA AD7	
Bainistiú Tástálacha		**API**	AD5-AD7	TA AD5	
Bainistiú Gréasáin		**API**	AD5-AD7	TA AD5	
Bainistiú Bonneagair/Córais agus Riarachán Feidhmchláir		**API**	AD5-AD7	TA AD5	
Bainistiú Bonneagair/Córais agus Riarachán Feidhmchláir		**API**	AD5-AD7	TA AD5	
Bainistiú Bonneagair/Córais agus Riarachán Feidhmchláir		**API**	n/b	FGIV	
Bainistiú Bonneagair/Córais agus Riarachán Feidhmchláir		**API**	n/b	FGIV	
Bainistiú Slándála		**API**	AD5-AD7	TA AD5	
Bainistiú Slándála		**API**	AD5-AD7	TA AD5	
Bainistiú Slándála		**API**	AD5-AD7	TA AD5	
Bainistiú Slándála		**API**	n/b	FGIV	
Bainistiú Slándála		**API**	n/b	FGIV	
Oibreoir tacaíochta 1d leibhéal (24x7)		**API**	n/b	FGIV	
Riarthóir tacaíochta dara leibhéal (24x7) agus tacaíocht d'uirlisí oibríochtúla		**API**	n/b	FGIV	
Bainistiú Clár agus Táirgí		**API**	AD5-AD7	TA AD7	
Bainistiú Tionscadail agus Tacaíocht Tionscadail		**API**	n/b	FGIII	
Seirbhísí Trasnaí (Airgeadas, Soláthar, Cumarsáid, Acmhainní Daonna)		**API**	AD5-AD7	TA AD5	
Seirbhísí Trasnaí (Airgeadas, Soláthar, Cumarsáid, Acmhainní Daonna)		**API**	AD5-AD7	TA AD5	
Anailís Ghnó, Bainistiú Riachtanas, Bainistiú Páirtithe Leasmhara		**API**	AD5-AD7	TA AD7	
Anailís Ghnó, Bainistiú Riachtanas, Bainistiú Páirtithe Leasmhara		**API**	n/b	FGIII	
Rialachas		**r-VISA**	n/b	FGIV	

Faoi láthair, ní dhéanann an Ghníomhaireacht foráil maidir le haon athruithe foirne a mbeadh soghluaisteacht idirghníomhaireachta i gceist leo. Má tharlaíonn aon rud, tuairisceofar iad dá réir sin.

Iarscríbhinn V **Acmhainní daonna: anailís cháilíochtúil**

Soláthraítear san iarscríbhinn seo faisnéis bhreise maidir le pleanáil acmhainní daonna eu-LISA, beartas earcaíochta ar fud na gcatagóirí foirne uile, breithmheas feidhmíochta, athaicmiú agus ardú céime, soghluaisteacht foirne, scolaíocht, chomh maith le cothromaíocht inscne agus gheografach.

A. Beartas earcaíochta

Tá beartas earcaíochta na Gníomhaireachta á rialú ag Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CEOS), agus ag na rialacha cur chun feidhme a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh. Rialaítear leis na doiciméid sin nósanna imeachta roghnúcháin, gráid iontrála do chatagóirí foirne éagsúla, cineál agus fad na fostaíochta, agus próifílí poist gníomhairí sealadacha (TAnna), gníomhairí ar conradh (CAnna), agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNInna).

Tábla 14. Rialacha cur chun feidhme maidir le hearcaíocht

		Is ea	**Ní hea**	**Murab ann dóibh, céard iad na rialacha eile chur chun feidhme atá i bhfeidhm**
Foireann ar conradh a earcú	Cinneadh múnla C(2019)3016	Is ea		
Foireann ar conradh a earcú	Cinneadh múnla C(2015)1509	Is ea		
Meánbhainistíocht	Cinneadh múnla C(2018)2542	Is ea		
Cineál an phoist	Cinneadh múnla C(2018)8800	Is ea		

Leanann an Ghníomhaireacht de na hiarrachtaí chun spriocanna earcaíochta a bhaint amach. De dheasca an lín aird post gearrthéarmach nach féidir a athnuachan, i dteannta láimhdeachas ard, cruthaítear dúshláin maidir le poist fholmha dá bhforáiltear a líonadh sa phlean bunaíochta.

Níl conarthaí gearrthéarmacha, nach féidir a athnuachan tarraingteach d'iarrthóirí, rud a bhíonn níos measa fós mar gheall ar an margadh saothair iomaíoch san Eoraip dóibh siúd ag a bhfuil próifílí TF – toisc an éilimh mhóir ar thallann dá leithéid sin – agus toisc go bhfuil sé cruthaithe go mbíonn an tallann sin níos soghluaiste agus níos neamhbhuaine i gcoitinne. Ní hamháin go bíonn tóir ar a n-inniúlachtaí agus a scileanna san earnáil phríobháideach ach ag institiúidí eile de chuid an Aontais freisin. Cruthaítear dá bharr sin iomaíocht láidir sa mhargadh saothair agus cruthaíonn sé dúshláin do eu-LISA maidir leis an tallann is fearr a mhealladh agus a choinneáil.

Chun aghaidh a thabhairt ar an gceist sin, dhírigh an Ghníomhaireacht ar a branda fostóra a neartú, ar a tairiscint luacha agus ar a caighdeáin cháilíochta a fheabhsú chun an tallann cheart a mhealladh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- úsáid níos straitéisí a bhaint as na meáin shóisialta agus as uirlisí eile chun poist oscailte a fhógairt agus eu-LISA a bhrandáil mar fhostóir de rogha trí dhul i dteagmháil le hiarrthóirí agus iad a aimsiú ar ardáin shonracha a bhaineann le fostaíocht, go háirithe i gcás post ardspeisialaithe;
- an úsáid is fearr is féidir a bhaint as liostaí ionadaithe trí phróifílí comhchosúla a ghrúpáil ina nósanna imeachta roghnúcháin móra, chun a acmhainní teoranta a chaipitliú agus chun linnte tallainne níos mó a ghiniúint, i gcomhar le húsáid níos fearr a bhaint as na liostaí ionadaithe atá ann cheana trí scileanna inaistrithe a mheaitseáil le poist oscailte.

Chun dul i ngleic leis an laghdú ar an ráta áitíochta in 2022, sheol eu-LISA roinnt glaonna earcaíochta ar mhórscála, a raibh bunú líon suntasach iarrthóirí mar thoradh orthu. Ceann de na hiarmhairtí comhthaobhachta a bhí air sin ná gur bhaill foirne inmheánacha iad go leor de na hiarrthóirí ar éirigh leo, rud a raibh mar thoradh air soghluaisteacht inmheánach. Táthar ag súil go mbeidh toradh na nglaonna earcaíochta sin le feiceáil in 2025.

Tugtar forléargas i dTábla 15 ar an dul chun cinn atá déanta i réimse na hearcaíochta i gcomparáid le líon na bpost údaraithe.

Tábla 15. Forléargas ar na spriocanna earcaíochta agus ar an dul chun cinn go dtí an 31 Nollaig 2023.

Poist TA i bplean bunaíochta 2023	ɔist TA a líonadh	Poist TA a líonadh airiscintí poist a glacadh	ldaraithe in 2023 (TA, CA, SNI)	Líon iomlán na bpost a líonadh in 2023	Poist a líonadh + tairiscintí poist a glacadh
220[130]	198	204	397	342	376

Ó 2019 i leith, ceann de na dúshláin is práinní atá ag eu-LISA ná an deacracht a bhaineann le poist ghearrthéarmacha TA a líonadh, poist a ndiúltaíonn iarrthóirí rathúla iad mar gheall ar a bhfad measartha gairid. Mar shampla, bhí roinnt post (e.g. idir-inoibritheacht nó VIS) beartaithe mar leath de choibhéis lánaimseartha (FTE) i dtograí reachtacha, rud a bhí ina chúis le saincheisteanna earcaíochta agus deartha conarthaí. Ina theannta sin, tá sé mí-éifeachtach agus costasach nósanna imeachta roghnúcháin ar leith a dhéanamh do na cineálacha post sin.

Maidir le gníomhairí ar conradh (CA), den chuid is mó, earcaítear iad sin trí nósanna imeachta roghnúcháin seachtracha, trí liostaí ionadaithe CAST ar sholáthair an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) iad, nó trí liostaí ionadaithe atá ann cheana bunaithe ag eu-LISA nó ag gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais.

[130] Níorbh fhéidir dhá phost Eurodac dá bhforáiltear sa phlean bunaíochta a úsáid le haghaidh earcaíochta, ós rud é nár glacadh an bunús dlí ach i mí na Bealtaine 2024.

B. Breithmheas feidhmíochta agus athaicmiú/ardú céime

Rialaítear cleachtaí breithmheasa agus athaicmithe na Gníomhaireachta leis na rialacha cur chun feidhme a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Tábla 16. Rialacha cur chun feidhme maidir le breithmheas feidhmíochta agus athaicmiú/ardú céime

		Is ea	Ní hea	Murab ann dó, céard iad na rialacha eile chur chun feidhme atá i bhfeidhm
Baill foirne ar conradh a athaicmiú	Cinneadh Múnla C(2015)9560	is ea		
Baill foirne ar conradh a athaicmiú	Cinneadh Múnla C(2015)9561	Is ea		

Tugadh cleachtadh athaicmithe 2023 i gcrích an 20 Nollaig 2023. De réir chinneadh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, rinneadh 14 bhall foirne san iomlán a athaicmiú tar éis comparáid deiridh a dhéanamh idir tuillteanais, ag cur san áireamh moladh an Chomhchoiste um Athaicmiú, rátaí iolraithe chun meánchoibhéis ghairme a threorú agus an mheánshinsearacht riachtanach i ngach grád mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn II de chinntí Uimh. 2016-01 agus Uimh. 2016-017 ó Bhord Bainistíochta eu-LISA, an plean bunaíochta agus na hacmhainní buiséadacha atá ar fáil. I gcomparáid le 2022, tá laghdú tagtha ar líon na mball foirne athaicmithe ó 25, agus tá méadú beag tagtha ar an meánbhliain sa ghrád, rud a fhágann go bhfuil an t-iarmhéid foriomlán níos gaire don bhonnlíne.

Cuirtear i láthair i dTáblaí 17 agus 18 torthaí an athaicmithe (in aghaidh an ghráid).

Tábla 17. Gníomhairí sealadacha a athaicmiú agus oifigigh a chur chun cinn.

Gráid	Meánsinsearacht sa ghrád i measc na mball foirne athaicmithe						
	2020	2021	2022	2023	2024	Meán iarbhír thar thréimhse 5 bliana[131]	Meán thar thréimhse 5 bliana (i gcomhréir le cinneadh C(2015)9563
AD05	2	2.0	2.2	3.6	n/b	2.6	2.8
AD06		2.7	2.7	2.9	n/b	2.6	2.8
AD07	2.2	2.7	4.0	3.1	n/b	2.9	2.8
AD08	3.7	2.0	3.0	2.9	n/b	2.8	3.0
AD09	2.3	1.8	2.4		n/b	2.1	4.0
AD10*	3				n/b	2.5	4.0
AD11					n/b	n/b	4.0
AD12					n/b	n/b	6.7
AD13					n/b	2.0	6.7
AST1					n/b	n/b	3.0
AST2					n/b	n/b	3.0
AST3					n/b	5.5	3.0
AST4	2	4.0	3.0		n/b	2.9	3.0
AST5	3.2	3.7	3.0		n/b	3.5	4.0
AST6*		5.0			n/b	3.5	4.0
AST7*				5	n/b	3.5	4.0
AST8*					n/b	2	4.0
AST9	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b
AST10	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	5
AST/SC1	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	4
AST/SC2	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	5
AST/SC3	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	5.9
AST/SC4	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	6.7
AST/SC5	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	8.3

[131] Ríomhadh an meán bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil do na blianta ó 2019 go 2023 (níor léiríodh an bhliain 2019 sa tábla). De réir Iarscríbhinn 2 de Chinneadh Uimh. 2016-016 ó Bhord Bainistíochta eu-LISA an 15 Márta 2016 lena leagtar síos forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le foireann shealadach de réir Airteagal 54 de CEOS, d'fhéadfadh an meán iarbhír a bheith ní b'ísle ná mar a cheanglaítear i ngráid ina bhfuil líon na n-athaicmiúchán thar an tréimhse tagartha cúig bliana cothrom le nó níos lú ná trí cinn ('grúpa beag'). Tá réalta (*) marcáilte ar na gráid lena mbaineann.

Tábla 18. Foireann ar conradh a athaicmiú

Grúpa Feidhme	Grád	Baill foirne atá i mbun gníomhaíochta amhail an 1.01.2022	Líon na mball foirne athaicmithe in 2023	**Meánlíon blianta** i ngrád na foirne athaicmithe	**Meánlíon blianta** i ngrád na mball foirne athaicmithe de réir Chinneadh C(2015)9561
CA IV	18	1	0		n/b
	17	1	0		idir 6 bliana agus 10 mbliana
	16	12	0		idir 5 bliana agus 7 mbliana
	15	4	0		idir 4 bliana agus 6 bliana
	14	38	3	3.3	idir 3 bliana agus 5 bliana
	13	8	0		idir 3 bliana agus 5 bliana
CA III	11	0	0		idir 6 bliana agus 10 mbliana
	10	15	0		idir 5 bliana agus 7 mbliana
	9	23	0		idir 4 bliana agus 6 bliana
	8	3	0		idir 3 bliana agus 5 bliana
CA III	6	0	0		idir 6 bliana agus 10 mbliana
	5	2	0		idir 5 bliana agus 7 mbliana
	4	0	0		idir 3 bliana agus 5 bliana
CA I	2	0	0		idir 6 bliana agus 10 mbliana
	1	0	0		idir 3 bliana agus 5 bliana

C. Ionadaíocht inscne

Tá an Ghníomhaireacht an-tiomanta do chomhdheiseanna a áirithiú do gach iarratasóir le linn an phróisis earcaíochta, ó thaobh chomhdhéanamh na bpainéal roghnúcháin agus líon na n-iarrthóirí a chuirtear faoi agallamh araon, agus ar deireadh na hiarrthóirí is oiriúnaí do gach post a roghnú bunaithe ar a bhfiúntas agus ar riachtanais an phoist.

Ó bunaíodh é, tá eu-LISA ag obair i dtreo cothromaíocht inscne chothromasach a bhaint amach. Tá saincheist na cothroime inscne forleathan ar fud an tionscail TFC agus tá iarrachtaí suntasacha déanta ag eu-LISA líon na n-iarratasóirí ar mná iad a mhéadú, mar shampla, trí fhreastal ar aontaí tionscail agus trí fhógraí folúntais a scaipeadh ar fhóraim thiomnaithe.

Le ceithre bliana anuas, tá treocht dhearfach tugtha faoi deara ag eu-LISA, ar treocht í a dtéann éifeacht charnach chun sochair di: tá méadú tagtha ar sciar na mball foirne baineann ó 30.3 % in 2020 go 30.7 % in 2021, agus méadú 1.2 % ina dhiaidh sin in 2022, ag sroicheadh 31.9 %, agus méadú 2.6 % in 2023, ag sroicheadh **34.5 %** faoi dheireadh na bliana.

Tábla 19. Ionadaíocht inscne, de réir na catagóire foirne (amhail an 31 Nollaig 2023)

			Oifigigh		Gníomhairí Sealadacha		Gníomhairí ar Conradh		Móriomlán
		FOIREANN	**%**	**Foireann**	**%**	**Foireann**	**%**	**Foireann**	**%**
Baineann	Leibhéal riarthóra	n/b	n/b	36	18.2 %	33	24.4 %	69	20.7 %
	Leibhéal cúntóra (AST & AST/SC)	n/b	n/b	20	10.1 %	26	19.3 %	46	13.8 %
	IOMLÁN	**n/b**	**n/b**	**56**	**28.3 %**	**59**	**43.7 %**	**115**	**34.5 %**
Fireann	Leibhéal riarthóra	n/b	n/b	112	56.6 %	56	41.5 %	168	50.5 %
	Leibhéal cúntóra (AST & AST/SC)	n/b	n/b	30	15.2 %	20	14.8 %	50	15.0 %
	IOMLÁN	**n/b**	**n/b**	**142**	**71.7 %**	**76**	**56.3 %**	**218**	**65.5 %**
	MÓRIOMLÁN	**n/b**	**n/b**	**198**	**100.0%**	**135**	**100.0%**	**333**	**100.0 %**

Léirítear i dTábla 20 laghdú beag ar an gcothromaíocht inscne i gcomparáid le 2019. Dá bhrí sin, ba cheart go leanfadh iarrachtaí de ní ba mhó iarrthóirí ban a mhealladh le haghaidh feidhmeanna bainistíochta.

Tábla 20. Athrú ó thaobh inscne de ar leibhéal na meánbhainistíochta agus na hardbhainistíochta, 2019-2023 [132]

	2019		**2023**	
Stádas: 31 Nollaig 2023	**Líon**	**Céatadán**	**Uimhir**	**Céatadán**
Bainisteoirí baineannacha	**3**	**23 %**	**3**	**20 %**
Bainisteoirí fireannacha	**10**	**77 %**	**12**	**80 %**

In 2023, ag tógáil ar na tionscnaimh agus na dea-chleachtais a bhí ann cheana, lean eu-LISA dá iarrachtaí ní ba mhó iarratasóirí ar mhná iad a mhealladh i mbun na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

- Cairt EUAN um Éagsúlacht agus Cuimsiú a ghlacadh, lena léirítear tiomantas eu-LISA don éagsúlacht agus don chuimsiú,[133]
- plean gníomhaíochta eu-LISA um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú a dhréachtú ar plean é a chuireann leis na tionscnaimh atá ann cheana agus a fhéachann lenár ngníomhaíochtaí sa réimse tábhachtach seo a leathnú, lena n-áirítear cothromaíocht inscne,[134]
- meitheal thrasnach a chruthú chun iarrthóirí éagsúla a mhealladh a fhéachann le dul i ngleic leis an mbunchúis agus le réitigh sheanbhunaithe a chur chun feidhme chun éagsúlacht phíblíne na n-iarrthóirí a mhéadú,
- ceardlann dar teideal *Athmhuintearas a chothú i measc institiúidí an Aontais* mar chuid de Mhí Éagsúlachta an Aontais a chur le chéile agus a óstáil. Eagraíodh an t-imeacht sin d'oifigigh acmhainní daonna, agus do chomhairleoirí Éagsúlachta agus Cuimsithe ó ghníomhaireachtaí agus ó

[132] Baill foirne a shainmhínítear mar mheánbhainisteoirí de réir na bhforálacha ginearálta cur chun feidhme is infheidhme maidir leis an meánbhainistíocht.
[133] Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (EUAN) *Cairt um Éagsúlacht agus Cuimsiú*, Bealtaine 2021.
[134] eu-LISA *An Plean Gníomhaíochta um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú 2023-2024*.

chomhghnóthais uile an Aontais, agus é mar aidhm leis samplaí de thionscnaimh rathúla agus de bhealaí chun iad a chur chun feidhme a roinnt chun eagraíochtaí níos éagsúla agus níos cuimsithí a chothú.

D. Cothromaíocht gheografach

Creideann an Ghníomhaireacht go gcuireann ionadaíocht gheografach leathan i measc a foirne le héagsúlacht na gcultúr agus leis an malartú frithpháirteach, agus dá bhrí sin díríonn sí ar a hiarrachtaí earcaíochta maidir le hionadaíocht gheografach a leathnú i measc a foirne. In 2023, bhí 22 náisiúntacht de chuid an Aontais agus an Ríocht Aontaithe á n-ionadú ag foireann eu-LISA.

Tábla 21. Cothromaíocht gheografach (amhail an 31 Nollaig 2023)

NÁISIÚNTACHT	AD + CA FG IV		AST/SC- AST + CA FGI/CA FGII/CA FGIII		IOMLÁN	
	Líon	% den fhoireann iomlán i gcatagóir AD agus FG IV	Líon	% den fhoireann iomlán i gcatagóirí AST SC/AST agus FG I, II, III	Líon	Céatadán den fhoireann iomlán
An Ostair (AT)	0	0.0%	2	0.6%	2	0.6%
An Bheilg (BE)	9	2.7 %	3	0.9 %	12	3.6 %
An Bhulgáir (BG)	9	2.7 %	2	0.6 %	11	3.3 %
An Chróit (HR)	4	1.2 %	0	0.0 %	4	1.2 %
An Chipir (CY)	0	0.0 %	0	0.0%	0	0.0 %
An tSeicia (CZ)	2	0.6%	1	0.3 %	3	0.9 %
An Danmhairg (DK)	0	0.0 %	0	0.0%	0	0.0 %
An Eastóin (EE)	8	2.4 %	22	6.6 %	30	9.0 %
An Fhionlainn (FI)	2	0.6 %	0	0.0 %	2	0.6 %
An Fhrainc (FR)	**56**	**16.8 %**	**16**	**4.8 %**	**72**	**21.6 %**
An Ghearmáin (DE)	9	2.7 %	2	0.6 %	11	3.3 %
An Ghréig (EL)	32	9.6 %	8	2.4 %	40	12.0 %
An Ungáir (HU)	6	1.8 %	4	1.2 %	10	3.0 %
Éire (IE)	2	0.6 %	2	0.6 %	4	1.2 %
An Iodáil (IT)	20	6.0 %	3	0.9 %	23	6.9 %
An Laitvia (LV)	4	1.2 %	4	1.2 %	8	2.4 %
An Liotuáin (LT)	4	1.2 %	3	0.9 %	7	2.1 %
Lucsamburg (LU)	0	0.0 %	0	0.0%	0	0.0%
Málta (MT)	0	0.0%	0	0.0%	0	0.0%
An Ísiltír (NL)	3	0.9 %	1	0.3 %	4	1.2 %
An Pholainn (PL)	11	3.3 %	4	1.2 %	15	4.5 %
An Phortaingéil (PT)	6	1.8 %	4	1.2 %	10	3.0 %
An Rómáin (RO)	32	9.6 %	7	2.1 %	39	11.7 %
An tSlóvaic (SK)	2	0.6 %	0	0.0 %	2	0.6 %
An tSlóivéin (SI)	2	0.6 %	1	0.3 %	3	0.9 %
An Spáinn (ES)	14	4.2 %	6	1.8 %	20	6.0 %
An tSualainn (SE)	0	0.0%	0	0.0%	0	0.0 %
An Ríocht Aontaithe (UK)	0	0.0 %	1	0.3%	1	0.3%
IOMLÁN	**237**	**71 %**	**96**	**29 %**	**333**	**100 %**

Ós rud é go bhfuil príomhionaid eu-LISA lonnaithe i dTaillinn, an Eastóin agus in Strasbourg, an Fhrainc, ní mheastar gur saobhadh suntasach é an céatadán ard d'fhoireann ón Eastóin agus ón bhFrainc (suas le 22 % den fhoireann sna háiteanna sin faoi seach), a mhéid a bhaineann leis an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán. Thar na blianta, d'fhan sciartha na hEastóine agus na Fraince den fhoireann cobhsaí, rud a d'fhág gurbh fhéidir cothromaíocht a cheartú le náisiúntachtaí eile.

Is iad na Francaigh an grúpa náisiúntachta is mó, go príomha toisc go raibh na croíchórais á mbainistiú ag údaráis náisiúnta na Fraince tráth a bunaíodh eu-LISA, agus chuaigh a bpearsanra TF isteach sa Ghníomhaireacht tríd an nós imeachta iomaíochta oifigiúil do phoist an-speisialaithe. Le himeacht ama agus i bhfianaise an mhéadaithe ar an bhfoireann le blianta beaga anuas, d'fhan sciar na saoránach Francach cobhsaí, mar a chuirtear i láthair thíos.

Tábla 22. Dul chun cinn ó thaobh an náisiúntacht is mó ionadaíocht, 2019-2023

An náisiúntacht is mó ionadaíocht	2019		2023	
	Líon	%	Líon	%
An Fhrainc (FR)	49	**22 %**	72	**22 %**

E. Scolaíocht

I gcomhréir leis an Rialachán lena mbunaítear eu-LISA, ní mór do Bhallstáit an Aontais a bhfuil eu-LISA á óstáil acu na dálaí is gá a chur ar fáil chun feidhmiú cuí na Gníomhaireachta a áirithiú, lena n-áirítear scolaíocht ilteangach atá dírithe ar an Eoraip do dhaoine clainne na mball foirne, agus naisc iompair leordhóthanacha.

In 2023, bhí 28 nduine clainne de bhaill foirne eu-LISA ag freastal ar an Scoil Eorpach i dTaillinn, agus bhí 111 dhuine dá ndaoine clainne ag freastal ar an Scoil Eorpach in Strasbourg. De réir mar a chuirfear tuilleadh foirne ar fáil don Ghníomhaireacht, tiocfaidh méadú freisin ar an mbuiséad don ranníocaíocht leis na Scoileanna Eorpacha; agus táthar ag súil go dtiocfaidh méadú uirthi sin sna blianta amach romhainn mar gheall ar an fhás eu-LISA atá beartaithe.

Sa dá shuíomh, tá féidearthachtaí eile ann freisin chun oideachas a fháil ar bhonn curaclaim idirnáisiúnta nó curaclaim náisiúnta aitheanta sna rannóga idirnáisiúnta de mheánscoileanna na cathrach agus de choláistí idirnáisiúnta.

In 2014, thug eu-LISA **liúntas naíonra** isteach do bhaill foirne a bhfuil leanaí faoi bhun 5 bliana d'aois acu agus i gcás nach féidir leis na Scoileanna Eorpacha áitiúla aon chúram a chur ar fáil dóibh. Leis an scéim tacaíochta is féidir costais cúraim leanaí a aisíoc ag naíscoileanna nó ag naíolanna suas le huasteorainn áirithe. Tá an tionscnamh seo glactha go dearfach ag an bhfoireann atá ag teacht isteach freisin, agus leanfar leis amach anseo, go háirithe i dTaillinn. In 2023, bhí 31 bhall foirne i mbun leas a bhaint as seirbhísí naíolainne do 35 dhuine clainne dá gcuid. D'fhonn ailíniú leis an moladh ón gCoimisiún, déanfar athbhreithniú in 2024 ar an modh faoina dtairgtear an tacaíocht sin chun ailíniú níos fearr leis an gcreat dlíthiúil agus airgeadais; déanfar anailís ar an obair sin nó tabharfar chun críche í in 2025.

Comhaontú i bhfeidhm leis an Scoil Eorpach/na Scoileanna Eorpacha	Taillinn	Strasbourg
Comhaontuithe ranníocaíochta sínithe leis an gCoimisiún Eorpach ar scoileanna Eorpacha de chineál I	Ní hea	Ní hea
Comhaontuithe ranníocaíochta sínithe leis an CE ar scoileanna Eorpacha de chineál II	Is ea	Is ea
Líon na gconarthaí atá ar bun le scoileanna idirnáisiúnta:	Níor síníodh aon chomhaontú	
Cur síos ar aon réitigh nó gníomhaíochtaí eile atá ar bun:	Freastal ar scoileanna náisiúnta nó príobháideacha i dTaillinn agus in Strasbourg agus liúntas oideachais a fháil chun na costais faoi seach a chumhdach.	

Iarscríbhinn VI **Bainistíocht chomhshaoil**

Bionn tionchar na saincheisteanna comhshaoil ar fheidhmíocht eagraíochtúil de shíor ag méadú, agus le himeacht ama, beidh feidhmíocht chomhshaoil (agus feidhmíocht fhoriomlán eagrúcháin) níos fearr ann mar thoradh ar shainaithint agus ceartú córasach na n-easnamh a bhraitear. Tá an Ghníomhaireacht tiomanta dá feidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú trí chóras inmheánach bainistithe comhshaoil (EMS) a chur chun feidhme bunaithe ar phrionsabail Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS),[135] agus Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin don Chomhaontú Glas don Eoraip.[136]

In 2020, thug an Ghníomhaireacht isteach príomhtháscaire feidhmíochta nua chun a feidhmíocht chomhshaoil a thomhas: **lorg carbóin**. Is é cuspóir na méadrachta seo dul chun cinn eu-LISA a léiriú maidir le hastaíochtaí CO_2 a laghdú. Mar gheall ar chur chun feidhme córas nua TF agus an ionaid sonraí mhodúlaigh nua, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach ar an tomhaltas fuinnimh ag an láithreán oibríochtúil in Strasbourg. Ina theannta sin, tá eu-LISA ag déanamh staidéir agus ag cur gníomhaíochtaí chun feidhme faoi láthair chun éifeachtúlacht an bhonneagair agus na gcrua-earraí TF atá ann cheana a fheabhsú.

Ina theannta sin, cuirfidh eu-LISA úsáid **fuinnimh in-athnuaite** chun cinn, agus tionscadail á gcur chun feidhme aige ag an am céanna chun **éifeachtúlacht fuinnimh** a chuid foirgneamh a mhéadú, i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme.[137] Mar sin féin, mar gheall ar shrianta buiséid, tá an dara tionscadal sínte foirgneamh atá beartaithe don láithreán teicniúil in Strasbourg curtha siar go dtí an chéad tréimhse CAI eile. Mar thoradh air sin, déanfaidh eu-LISA iniúchadh ar straitéisí eatramhacha chun cur le cumais óstála na Fraince agus na hEastóine, le tiomantas láidir chun seasamh le caighdeáin chomhshaoil agus éifeachtúlachta fuinnimh.

In 2023, chuir eu-LISA an **plean gníomhaíochta measarthachta fuinnimh** chun feidhme, i gcomhréir le moltaí ón Eoraip, ón bhFrainc agus ón Eastóin maidir le measarthacht fuinnimh chun rannchuidiú le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 an Aontais (tomhaltas fuinnimh príomhúil agus deiridh a laghdú).[138] Tá sé mar aidhm ag an bplean coigilteas fuinnimh a bhainistiú trí dhíriú ar cheithre phríomhthopaic: córais téimh agus fuaraithe, soilsiú agus córais TF.

In 2022, thosaigh eu-LISA ar **chóras bainistithe comhshaoil** a chur chun feidhme de réir a chéile bunaithe ar phrionsabail **Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil** (EMAS), agus é ag obair i dtreo clárú oifigiúil EMAS faoi dheireadh 2024/faoi thús 2025. Tar éis clárú rathúil EMAS, cuirfidh an Ghníomhaireacht tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht EMS ar fáil, mar cheanglas éigeantach faoi Rialachán EMAS. Tabharfar breac-chuntas sna tuarascálacha sin ar dhul chun cinn eu-LISA ó thaobh a chuspóirí comhshaoil de, ina sonrófar na gníomhaíochtaí agus na bearta a rinneadh roimhe seo, chomh maith le socrú spriocanna don todhchaí. Foilseofar na tuarascálacha ar shuíomh gréasáin eu-LISA, agus cuirfear faoi bhráid gach fostaí de chuid eu-LISA iad le linn seisiúin inmheánacha, chun an tiomantas a chomhlíonadh maidir le feasacht a mhúscailt maidir le cineálacha cur chuige agus cleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i measc na Gníomhaireachta. Chun **feasacht foirne** a ardú ar na saincheisteanna sin, díreoidh eu-LISA ar chumarsáid inmheánach chórasach agus, i gcás inar féidir, ar chomhar leis na húdaráis áitiúla.

---

[135] Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin maidir le *Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil* (**EMAS**).

[136] Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin maidir leis an *gComhaontú Glas don Eoraip*.

[137] *Treoir (AE) 2018/2001* an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid **fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite** a chur chun cinn.

[138] Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin maidir le *Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh*.

Iarscríbhinn VII **Beartas tógála**

Mar thoradh ar leathnú shainordú eu-LISA, tá méadú suntasach tagtha ar an ngá atá le spás breise, ó thaobh spásanna oibre de, agus freisin chun bonneagair TF a óstáil, lena n-áirítear réimsí leathphoiblí agus riaracháin le haghaidh cruinnithe institiúideacha leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí móra eile.

Maidir leis an **láithreán oibríochtúil in Strasbourg**, atá lonnaithe ag 18 Rue de la Faisanderie, bhí ar eu-LISA freastal ar éilimh mhéadaithe acmhainne mar gheall ar fhorbairt agus bainistiú oibríochtúil na gcóras nua CGB a cuireadh de chúram air. Mar bheart sealadach, cuireadh dhá bheart oirbheartaíochta chun feidhme chun riachtanais ghearrthéarmacha a chumhdach: (1) láithreán seachtrach le haghaidh spás oifige a fháil ar cíos: Foirgneamh Platon i gceantar Illkirch-Grafenstaden (ar léas go dtí 2026); agus (2) síneadh teoranta an phríomhionaid sonraí (MDC1).

Ag deireadh 2023, sheol eu-LISA an **tionscadal ASPIRE** chun áitribh bhreise a léasú in Strasbourg chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas suntasach spáis oibre oifige. Is réiteach sealadach é sin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas spáis go dtí go dtabharfar chun críche an tionscadal sínte ar an láithreán oibríochtúil a cuireadh siar agus a bhfuil cur síos air sa chéad chuid eile. Cuirfidh an tionscadal 250 ionad oibre breise leis a mbeidh spás oibre agus limistéar cruinnithe neamhfhoirmiúil acu chun spás oibre leordhóthanach a áirithiú d'fhórsa saothair méadaithe eu-LISA. Ó 2027 ar aghaidh, tiocfaidh an réiteach seo in ionad an spáis oifige shealadaigh atá ar cíos faoi láthair ag foirgneamh Platon i gceantar Illkirch-Graffenstaden in Strasbourg.

I bhfianaise fhás na Gníomhaireachta le linn a céad 10 mbliana oibríochta, táthar ag súil go leanfaidh eu-LISA de bheith ag fás de réir mar a chuirtear de chúram air córais TF nua a oibriú agus a fhorbairt d'fhearann CGB an Aontais.

Staid reatha na bhfoirgneamh

Tugtar forléargas sa tábla thíos ar staid reatha fhoirgnimh na Gníomhaireachta.

		ACHAR DROMCHLA (in m²)			CONRADH CÍOSA					
Ainm agus cineál foirgnimh	**Suíomh**	**Spás oifige**	**Spás nach spás oifige é**	**Iomlán**	**CÍOS (€/bliain)**	**Tréimhse an chonartha**	**Cineál**	**Clásal foirceant a léasa**	**Coinníollacha a ghabhann leis an gclásal foirceanta léasa**	**Tír óstach (deontas nó tacaíocht)**
Ceanncheathrú eu-LISA	**An Eastóin** Vesilennuki 5, Taillinn	1 161.4	3 235.9	4 397.3	-	-	-	-	-	Thóg agus d'aistrigh EE Ceanncheathrú nua na Gníomhaireachta in 2018 in idirbheart neamh-mhalartaithe
Ionad oibriúcháin eu-LISA	**An Fhrainc** 18 Rue de la Faisanderie 67100 Strasbourg	2 155	5 687	7 842	-	-	-	-	-	Dheonaigh FR 1 EUR don áitreabh iomlán an 29 Bealtaine 2013
Spás oifige sealadach eu-LISA	**An Fhrainc** Foirgneamh PLATON, 4 Rue Jean Sapidus, 67400 Strasbourg,	2 074.40	-	2 074.40	639 985.23	6 bliana (go dtí 2026, le síneadh conartha féideartha ar feadh 3 bliana)	cíos	-	-	-

		ACHAR DROMCHLA (in m²)			CONRADH CÍOSA					
Ainm agus cineál foirgnimh	**Suíomh**	**Spás oifige**	**Spás nach spás oifige é**	**Iomlán**	**CÍOS (€/bliain)**	**Tréimhse an chonartha**	**Cineál**	**Clásal foirceant a léasa**	**Coinníollacha a ghabhann leis an gclásal foirceanta léasa**	**Tír óstach (deontas nó tacaíocht)**
Saoráid chúltaca eu-LISA	**An Ostair** Lárionad Cúltaca Feidearálach na hOstaire in St Johann im Pongau	223	403	626	640 000	comhaontú oibríochtúil éiginnte le Poblacht na hOstaire	cíos	-	-	-

		Achar dromchla (i m²)			Conradh cíosa					
Ainm agus cineál foirgnimh	**Suíomh**	**Spás oifige**	**Spás nach spás oifige é**	**Iomlán**	**CÍOS (€/bliain)**	**Tréimhse an chonartha**	**Cineál**	**Clásal maidir le foirceannadh an léasa**	**Coinníollacha a ghabhann leis an gclásal foirceanta léasa**	**Tír óstach (deontas nó tacaíocht)**
Oifig Idirchaidrimh eu-LISA	**An Bheilg** 20 avenue d'Auderghem, 1040 An Bhruiséil	98	-	98	24 827	go dtí an 25 Eanáir 2025 (tá roghanna i dtaobh spás oifige sa Bhruiséil amach anseo á scrúdú ag eu-LISA faoi láthair) [139]	cíos	-	-	-
eu-LISA spás oifige **Foirgneamh ASPIRE**	**An Fhrainc** 1 Allés des Orcades, 67000 Strasbourg	2 165	2 665	4 830	1 270 000	9 mbliana ón 1 Meán Fómhair 2024	spás oifige agus páirceála ar cíos	-	-	-

Tionscadail tógála ag céim na pleanála

Tá straitéis tógála mhalartach leagtha amach ag an nGníomhaireacht mar gheall ar **chur siar** an dara síneadh ar an láithreán oibríochtúil in Strasbourg ar chúiseanna airgeadais.

Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais spáis, tá **bearta gearrthéarmacha sealadacha** curtha chun feidhme ag eu-LISA amhail léasú spásanna oifige seachtracha in Illkirch-Graffenstaden, agus le déanaí, faoi thionscadal ASPIRE, chomh maith le síneadh a chur leis an bpríomhionad sonraí le réiteach modúlach, MDC1. Mar sin féin, is réitigh shealadacha, ghearrthéarmacha iad sin, ach tá gá le réiteach straitéiseach, fadtéarmach chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais i dtaobh acmhainne atá ag dul i méid a eascraíonn as sainordú leathnaithe agus as córais nua a chuirtear de chúram ar eu-LISA agus chun na riachtanais sin a bhainistiú.

Cé gur spreag paindéim COVID-19 **aistriú chuig obair hibrideach**, agus go bhfuil réitigh shlána chianrochtana tugtha isteach ag an nGníomhaireacht, tá na srianta oibríochtúla fós ann, go háirithe, do shaineolaithe teicniúla ar gá dóibh oibriú ar an láthair le haghaidh cúraimí áirithe mar gheall ar shrianta dlíthiúla agus slándála.

Ba cheart don **láithreán oibríochtúil in Strasbourg**, mar gheall ar a stádas bonneagair chriticiúil, díriú ar ghnéithe teicniúla agus leathnú de réir a chéile chun freastal ar acmhainní nua an ionaid sonraí, ach ba cheart don **láithreán cúltaca san Ostair** a ról cúltaca a choinneáil. Níor cheart go bhfreastalófaí le spásanna oifige ach ar fhoirne a dteastaíonn obair ar an láthair uathu le haghaidh bainistiú oibríochtúil, agus is féidir cúraimí riaracháin a dhéanamh ó oifigí ar léas.

I measc na srianta tá teorainneacha buiséid go dtí 2028, agus na teorainneacha acmhainne atá ag teacht chun

[139] Chuir an Ghníomhaireacht tús le nós imeachta idirbheartaithe chun an spás oifige atá aici sa Bhruiséil a mhéadú. Cuirfear tús leis an tréimhse mheastóireachta i mí Eanáir, agus é mar sprioc oifig nua a fháil i mí an Mheithimh.

cinn san ionad sonraí reatha agus sna spásanna oifige in Strasbourg. D'fhonn feidhmiú na hacmhainne ríomhaireachta a áirithiú, tá sé beartaithe ag eu-LISA ionaid sonraí mhodúlacha a chur in úsáid ag an láithreán oibríochtúil in Strasbourg, de réir mar is gá, agus spás oifige cíosa breise a aimsiú i gceantar Strasbourg. Ag an am céanna, tá eu-LISA ag obair i ndlúthpháirt le rialtas na hEastóine chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhféidearthacht síneadh a chur le ceanncheathrú Thaillinn chun a áirithiú go mbeidh acmhainní óstála ann san fhadtéarma.

Tionscadail tógála curtha faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle

An dara síneadh ar an láithreán oibríochtúil in Strasbourg. An Clár um Méadú Acmhainne.

Sna blianta amach romhainn, leanfaidh ról ríthábhachtach eu-LISA i bhfeidhmiú inbhuanaithe Limistéar Schengen de bheith ag fás, mar aon lena rannchuidiú méadaitheach le tosaíochtaí polaitiúla agus oibríochtúla a bhaint amach go rathúil i réimse CGB. Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais acmhainne atá ag dul i méid, tá tús curtha ag an nGníomhaireacht le tógáil an dara síneadh ar a láithreán oibríochtúil in Strasbourg. Tá na réamhstaidéir tugtha chun críche ag an nGníomhaireacht, tá an clár tógála sainithe aici, mar aon leis na sonraíochtaí teicniúla sonraithe don tairiscint, agus tá buiséad gaolmhar curtha ar bun aici freisin.

Níl na hacmhainní airgeadais is gá ag an nGníomhaireacht chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar an gcostas ard a bhaineann leis an tionscadal seo. I bhfianaise na n-imthosca a bhaineann le staid airgeadais an tionscadail, rinneadh cinneadh i R1/2023 (sular seoladh an tairiscint deartha) an tionscadal a chur ar fionraí go sealadach, agus tá sé beartaithe é a atosú le linn an chéad CAI eile. I ndáil leis sin, d'fhéadfaí an dara tionscadal sínte a chur i gcrích faoi 2034.

Bunaithe ar na ceanglais maidir le tionscnaimh nua CGB agus ar riachtanais athraitheacha na gcóras TF atá ann cheana, shainaithin eu-LISA go bhfuil gá níos mó le **hacmhainn ríomhaireachta lárionaid sonraí** níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús. Dá bhrí sin, rinneadh an dara tionscadal sínte a chomhtháthú i gclár uileghabhálach ar a dtugtar an **Clár um Méadú Acmhainne**. Faoin glcár sin déantar maoirseacht ar chomhordú trí thionscadal bonneagair idirghaolmhara ag an láithreán oibríochtúil in Strasbourg: (1) an Dara Tionscadal Sínte, (2) tionscadal an Lárionaid Sonraí Mhodúlaigh 2 (MDC2), agus (3) tionscadal um Méadú Acmhainne Cumhachta agus Fuaraithe. I bhfianaise ról méadaitheach eu-LISA maidir le feidhmiú inbhuanaithe limistéar Schengen a áirithiú agus a rannchuidiú suntasach le comhar a éascú laistigh d'fhearann CGB an Aontais, is ardtosaíocht i gcónaí é an Clár um Méadú Acmhainne. Is é an bunús is gá é do eu-LISA leanúint de bheith ag tacú go héifeachtach leis na Ballstáit.

I bhfianaise na mbreithnithe sin, tá na cinntí seo a leanas déanta ag eu-LISA maidir leis an mbealach chun cinn:

- aghaidh a thabhairt ar na riachtanais acmhainne ríomhaireachta ghearrthéarmacha agus mheántéarmacha ag an láithreán oibríochtúil in Strasbourg trí chur chuige modúlach a ghlacadh agus comhpháirteanna bonneagair a chur leis: Tionscadal MDC2, atá á chur i gcrích faoi láthair le suiteáil ar an láthair,
- aghaidh a thabhairt ar an réiteach meántéarma maidir le huasghráduithe ar acmhainn chumhachta agus fuaraithe,
- aghaidh a thabhairt ar acmhainn ríomhaireachta fhadtéarmach agus ar riachtanais spáis oifige tríd an tionscadal Dara Síneadh.

Liostaítear sa tábla thíos na príomh-gharspriocanna i bpleanáil nuashonraithe an Chláir um Méadú Acmhainne ó 2023 ar aghaidh.

Garspriocanna tionscadail	Bainte amach ag
Iarraidh ón mBord Bainistíochta chuig an Údarás Buiséadach do chéim 1 MDC2	R4 2023
Céim thionscnaimh an tionscadail um Méadú Acmhainne Fuaraithe	R4 2023
Ord na modúl MDC2 agus an bhonneagair is gá	R1 2024
Méadú ar thoilleadh cumhachta: réiteach gearrthéarmach curtha i bhfeidhm	R3 2024
Méadú ar acmhainn fuaraithe: réiteach gearrthéarmach curtha i bhfeidhm	R3 2024
	Le baint amach faoi
Seoladh chéim 1 de thionscadal MDC2	**R4 2024**
Méadú ar thoilleadh cumhachta: réiteach fadtéarmach curtha i bhfeidhm	**R4 2025**
Méadú ar acmhainn fuaraithe: réiteach fadtéarmach curtha i bhfeidhm	**R3 2026**

Cuirtear an dáileadh buiséadach measta i láthair sa tábla thíos:[140]

[140] Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht an tionscadal 'bonneagar MDC2' agus an tionscadal 'Méadú ar acmhainn chumhachta agus fuaraithe' a mhaoiniú leis an ioncam a bhailítear i gcomhréir le hAirteagal 46(3) de Rialachán (AE) 2018/1726 maidir le eu-LISA. Ós rud é gur bailíodh an t-ioncam sin cheana féin, is féidir an tionscadal a mhaoiniú gan aon mhéadú ar fhóirdheontas an Aontais mar atá sainithe sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil. Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht réamhfhormheas a iarraidh ar an Údarás Buiséadach sula síneofar an conradh chun modúil MDC2 a fhorbairt.

	2023	2024	2025	2026	2027	2028
Lárionad Sonraí Modúlach 2 (MDC2)	6 680 000	3 620 000	6 673 000[141]	7 723 000	6 500 000	3 000 000
Méadú ar thoilleadh cumhachta agus fuaraithe		975 000	3 166 200			

Iarscríbhinn VIII **Pribhléidí agus díolúintí**

Pribhléidí foirne reachtúla eu-LISA	Prótacal pribhléidí agus díolúintí/stádas taidhleoireachta	Oideachas/cúram lae
Ceanncheathrú eu-LISA i dTaillinn na hEastóine		
Chun bunú i dTaillinn, an Eastóin a éascú, gheobhaidh baill foirne reachtúla (ar choinníoll nach buanchónaitheoirí na hEastóine iad) aisíocaíocht ó rialtas na hEastóine ar an méid atá cothrom leis an CBL a íocadh as earraí a cheannach san Eastóin (teoranta do liosta sonrach earraí) le linn na chéad bhliana tar éis dóibh dul i mbun a ndualgas ag Ceanncheathrú eu-LISA i dTaillinn. Tá baill foirne reachtúla atá bunaithe i dTaillinn agus baill teaghlaigh ar cuid dá dteaghlach iad díolmhaithe ó gach ranníocaíocht éigeantach le scéim slándála sóisialta na hEastóine a mhéid a chumhdaítear iad le scéim an Aontais maidir le sochair slándála sóisialta d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile.	An Comhaontú maidir leis an gCeanncheathrú idir eu-LISA agus Poblacht na hEastóine, Airteagal 12.	Bunaíodh Scoil Eorpach chreidiúnaithe i dTaillinn i bhFómhar 2013, inar cuireadh curaclam de Chineál II ar fáil sa naíonra agus san oideachas bunscoile agus meánscoile. Glacann Scoil Eorpach Thaillinn le leanaí ó cheithre bliana d'aois.
Láithreán oibríochtúil eu-LISA in Strasbourg na Fraince		
Tá baill foirne reachtúla eu-LISA in Strasbourg na Fraince, agus baill teaghlaigh ar cuid dá dteaghlach iad, díolmhaithe ó gach ranníocaíocht éigeantach le scéim slándála sóisialta na Fraince a mhéid a chumhdaítear iad le scéim an Aontais maidir le sochair slándála sóisialta oifigeach agus seirbhíseach eile. A mhéid a chumhdaítear iad leis an scéim slándála sóisialta dá dtír thionscnaimh, bíonn SNInna díolmhaithe freisin ó gach ranníocaíocht éigeantach le scéim slándála sóisialta na Fraince.	Comhaontú maidir le láithreán teicniúil eu-LISA idir eu-LISA agus Rialtas na Fraince, Airteagal 13.	Gheall rialtas na Fraince go n-aimseodh sé an réiteach ab fhearr ab fhéidir chun oideachas a chur ar leanaí fhoireann eu-LISA trí oideachas bunscoile agus meánscoile a chur ar fáil atá saincheaptha dá riachtanais aonair agus trí dheis a thabhairt cáilíochtaí a aithnítear go hidirnáisiúnta a fháil. Gheall an rialtas freisin go gcinnteoidh sé go ligfear daoine clainne fhoireann eu-LISA isteach i Scoil Eorpach Strasbourg, a thairgeann clár *baccalaureate*, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Chomhaontú Creidiúnaithe agus Comhair a tugadh i gcrích idir Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha agus Scoil Eorpach Strasbourg, a síníodh sa Bhruiséil an 24 Bealtaine 2011.

[141] Réamh-mheastachán ar bhuiséad MDC2 do 2025-2028 de réir mar a chuirfear céimeanna an tionscadail chun feidhme de réir na teicneolaíochta atá le cur in úsáid.

Iarscríbhinn IX **Meastóireachtaí**

In 2024, chuir an Ghníomhaireacht bailchríoch ar staidéar tagarmharcála a dhírigh ar shamhail oibríochtúil eu-LISA agus ar leithdháileadh acmhainní daonna. Áiríodh sa staidéar freisin athbhreithniú ar KPInna corparáideacha d'fhonn feabhas a chur ar thomhas thionchar eu-LISA ar chur chun feidhme bheartais ábhartha an Aontais. Bhí torthaí an staidéir sin ina n-ionchur breise don mheastóireacht sheachtrach a rinne an Coimisiún Eorpach le linn na tréimhse ó 2023 go 2024.

meastóireacht *ex-ante* ar thionscadail

Tá an próiseas meastóireachta *ex-ante* ina chuid de straitéis agus de thimthriall pleanála oibríochtúla eu-LISA. Is é an aidhm atá ann measúnú a dhéanamh ar **ábharthacht agus indéantacht tionscadal** i gcomparáid le sainordú agus cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta, i.e. oiriúnacht straitéiseach, tairbhí, stádas tosaíochta, meastacháin bhuiséid agus acmhainní, srianta, rioscaí agus ceanglais soláthair. Is beart rialaithe cáilíochta é freisin, toisc go soláthraíonn sé sásra chun measúnú a dhéanamh go luath ar ghnéithe amhail ullmhacht sonraí trí bhearnaí agus neamhréireachtaí a shainaithint, chomh maith le neamhchomhlíonadh na gcritéar cáilíochta le haghaidh ábhar doiciméadaithe a bhrath.

Eascraíonn cur i bhfeidhm an phróisis *ex-ante* as Airteagal 2 den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA, lena gceanglaítear struchtúr bainistithe tionscadal leordhóthanach a úsáid chun tacú le forbairt éifeachtúil córas mórscála TF. Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 29 de Rialacha Airgeadais eu-LISA go mbeidh gach gníomhaíocht agus **tionscadail a dteastaíonn caiteachas suntasach uathu** faoi réir meastóireacht *ex-ante* sula ndéanfar iad a fhormheas agus a áireamh sa chlár oibre bliantúil.

Chun na cineálacha meastóireachtaí sin a éascú, tá an **Beartas Meastóireachta *ex-ante*** curtha le chéile ag eu-LISA, tá an próiseas agus na nósanna imeachta ábhartha leagtha amach aige, agus tá sé sraith critéar curtha ar bun aige chun tionscadail a roghnú le haghaidh meastóireachta, lena n-áirítear teimpléad cásanna gnó nuashonraithe.

Agus é á chur san áireamh go dtógann an timthriall meastóireachta *ex-ante* dhá bhliain, ghlac an Ghníomhaireacht cur chuige dhá chéim bharrfheabhsaithe ina gcuimsítear (1) **measúnú tosaigh deiseanna** agus (2) **measúnú féidearthachta** ina dhiaidh sin an bhliain dár gcionn. Leis an gcur chuige sin éascaítear an próiseas meastóireachta *ex-ante* trína chinntiú nach ndéantar tionscadail nua a mheas ach amháin i gcoinne na faisnéise atá ar fáil, agus luathléargais ar éileamh an tionscadail a sholáthar ag an am céanna, chomh maith lena thionchar ar phunann agus ar bhuiséad na Gníomhaireachta. Cumasaítear ar an dóigh sin spleáchais phunainne gach tionscadail a chinneadh ón tús, agus, ag an am céanna, catagóirí agus tosaíochtaí cuí tionscadail a fháil amach chun pleanáil acmhainní a threorú.

Liosta de thionscadail 2025 atá faoi raon feidhme

Gníomhaíocht	Aonad	Méid	Sprioc straitéiseach[142]
Teacht chun cinn na Seirbhíse Gréasáin VIS Athbhreithnithe	PMU	mór	SG1
Nasc ETIAS le haghaidh VIS agus MID Athbhreithnithe (Rabharta 4)	PMU	mór	SG1
Anailís agus dearadh ródaire API	PMU	mór	SG1
Croí-aistriú CFS chuig Bonneagar Coiteann Comhroinnte (CSI)	PMU	mór	SG1
Cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Scagadh	PMU	mór	SG1
ECRIS-TCN Rabharta 4	PMU	mór	SG1
Rialachán maidir le Scagadh ECRIS-TCN	PMU	mór	SG1

As measc na tionscadail atá liostaithe sa tábla thuas, níor breithníodh ach tionscadal amháin le haghaidh tuilleadh measúnaithe: Croí-aistriú CFS chuig CSI. Sula gcuirfear an tionscadal chun feidhme, déanfaidh eu-LISA staidéar chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le measúnú féidearthachta.

NÓTA: I gcás cuid de na gníomhaíochtaí atá liostaithe sa tábla thuas, cuireadh tagairt ar fáil do bhunús dlí sna rialacháin. Mar sin féin, coinníodh iad faoi raon feidhme an mheasúnaithe deiseanna toisc nach raibh ráiteas airgeadais dlíthiúil (LFS) ag tacú go díreach le tagairtí den sórt sin.

[142] **Sprioc straitéiseach 1:** Leanúint de bheith ag fás mar rannchuiditheoir agus mar chomhpháirtí cur chun feidhme do bheartais ábhartha an Aontais i réimse CGB.

Meastóireacht sheachtrach ar an nGníomhaireacht

De bhun Airteagal 39 den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA, déanann an Coimisiún Eorpach meastóireacht ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta gach cúig bliana. Tugadh an chéad mheastóireacht chun críche in 2024, agus díríodh ar shainordú, cúraimí agus cuspóirí, struchtúr agus rialachas, agus bainistiú acmhainní, d'fhonn bealaí a aimsiú chun feidhmiú eu-LISA a fheabhsú agus chun an breisluach a chuireann sé ar fáil a mhéadú.

In 2025, déanfaidh eu-LISA Plean Gníomhaíochta d'aon ghnó a ullmhú agus a chur chun feidhme, agus na torthaí agus na moltaí ón gCoimisiún a eascraíonn as an meastóireacht sin á gcur san áireamh agus áiritheoidh sé go ndéanfar obair leantach leordhóthanach. Tacóidh eu-LISA leis an gCoimisiún freisin i gcás ina léireoidh torthaí na meastóireachta an gá atá le haon athruithe ar a shainordú.

Staidéar tagarmharcála

Ag tús 2024, chuir eu-LISA bailchríoch ar an staidéar tagarmharcála chun forléargas a thabhairt ar fheidhmíocht a mhúnla oibriúcháin, agus é mar aidhm aige a bheith ar cheann de na hionchuir don phróiseas meastóireachta seachtraí. Sa tuarascáil tagarmharcála, a d'ullmhaigh comhairleoir seachtrach, cuireadh sraith moltaí straitéiseacha agus oibríochtúla ar fáil a d'fhéadfaí a chur chun feidhme sula dtabharfar an mheastóireacht sheachtrach chun críche. Baineadh úsáid as torthaí an staidéir tagarmharcála mar bhonn chun plean gníomhaíochta maidir le bainistiú straitéiseach a dhearadh, plean a cuireadh in iúl thart ar chúig thosaíocht straitéiseacha a leagtar amach san **Achoimre feidhmiúcháin**. Cuireadh an plean gníomhaíochta sin faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta i mí Mheán Fómhair 2024 agus cuirfear chun feidhme é idir R4 2024 agus R4 2025.

Iarscríbhinn X **Straitéis maidir le bainistiú eagraíochtúil agus córais rialaithe inmheánaigh**

Creat Rialaithe Inmheánach (ICF)

Cuidíonn próiseas rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta le eu-LISA a chuspóirí a bhaint amach agus a fheidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais a choinneáil ar bun trí thacú le cinnteoireacht fhónta agus rioscaí a laghdú go leibhéil inghlactha trí rialuithe costéifeachtacha.

Sa chomhthéacs sin, tá Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA freagrach as an méid seo a leanas:

- beartas agus prionsabail rialaithe inmheánaigh eu-LISA a chur chun feidhme, agus an struchtúr eagraíochtúil agus an córas rialaithe inmheánaigh á mbunú ag an am céanna i gcomhréir leis na prionsabail arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta, agus
- measúnú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtúlacht Chreat Rialaithe Inmheánaigh (ICF) eu-LISA.

Comhlánaíonn ICF Rialacha Airgeadais eu-LISA, chomh maith le rialacha agus rialacháin eile is infheidhme, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde. Treoraíonn an creat ar chuir an Coimisiún Eorpach chun cinn é prionsabail ICF na Gníomhaireachta. Ar an iomlán, áirithítear le ICF na Gníomhaireachta go mbainfear amach na cuspóirí seo a leanas:

- éifeachtacht, éifeachtúlacht agus barainneacht na n-oibríochtaí,
- iontaofacht an tuairiscithe,
- sócmhainní agus faisnéis a chosaint,
- calaois agus neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus obair leantach a dhéanamh ina leith,
- bainistíocht leordhóthanach ar rioscaí a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart.

Tá cúig chomhphháirt idirghaolmhara sa chreat rialaithe inmheánaigh:

- timpeallacht rialaithe,
- measúnú riosca,
- gníomhaíochtaí rialaithe,
- faisnéis agus cumarsáid,
- gníomhaíochtaí faireacháin.

Chun go measfar go bhfuil rialú inmheánach éifeachtach, ní mór go mbeadh na comhpháirteanna sin go léir ann agus ag feidhmiú ag gach leibhéal den eagraíocht agus ag gach céim de phróisis ghnó (e.g. forbairt córas, oibriú, etc.). Déantar measúnú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh ar leibhéal na gcomhpháirteanna. In 2025, déanfar an measúnú ar bhonn bliantúil, ach déanfar faireachán agus obair leantach chórasach agus tréimhsiúil air le linn na bliana féilire.

Féachann an Ghníomhaireacht go leanúnach lena gníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh a neartú, go háirithe sna réimsí inar sainaithníodh an gá atá le feabhsuithe móra le linn faireacháin agus measúnaithe. Mar chuid den mheasúnú bliantúil rialta, a dhéantar le linn na chéad ráithe den bhliain, déantar sonraí ó fhoinsí éagsúla sonraí a bhailiú agus a anailísiú bunaithe ar chritéir faireacháin shainithe, e.g. suirbhé foirne, clár na n-eisceachtaí agus na dteagmhas neamhchomhlíonta, tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí, agus doiciméadacht ábhartha eile a bhaineann leis na próisis ghnó. Cuirtear torthaí an mheasúnaithe bhliantúil ar ICF i láthair i dTuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí eu-LISA.

Déanann eu-LISA faireachán agus anailís rialta ar na heisceachtaí agus ar na teagmhais neamhchomhlíonta chomh maith le hobair leantach ar gach cás a tuairiscíodh sa bhliain féilire roimhe sin. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de chumais foirne a fhorbairt chun teagmhais den sórt sin a mhaolú, agus chun tuairisciú agus obair leantach a dhéanamh orthu. Déanfar na gníomhaíochtaí sin a chomhtháthú sa Straitéis Rialaithe Inmheánaigh a rannchuidíonn leis an timpeallacht rialaithe inmheánaigh a neartú. In 2025, déanfaidh eu-LISA measúnuithe, anailís, moltaí agus gníomhaíochtaí leantacha spriocdhírithe, chomh maith le hoiliúint spriocdhírithe maidir le fothú acmhainne a chur ar fáil d'fhonn feabhas a chur ar a chóras bainistithe agus rialaithe agus chun comhlíonadh próiseas agus nósanna imeachta a áirithiú. Is é an cuspóir dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo córas rialachais comhtháite, le tacaíocht ó chóras TF a nascann faisnéis a eascraíonn as iniúchtaí, rialuithe inmheánacha, eisceachtaí agus tuarascálacha neamhchomhlíonta, agus measúnú riosca.

Straitéis Rialaithe Inmheánaigh

Ghlac eu-LISA a Straitéis Rialaithe Inmheánaigh i mí Mheán Fómhair 2024. Is é an cuspóir atá leis sraith beart rialaithe a bhunú do na limistéir rialaithe inmheánaigh is mó atá neamhchosanta ar riosca.

Sainítear sa straitéis seo sraith rialuithe agus gníomhaíochtaí inmheánacha a dhéanfaidh an méid seo a leanas:

- comhlíonadh an Rialacháin bunaidh agus na Rialacha Airgeadais a áirithiú,
- cur ar chumas eu-LISA a shainordú dlíthiúil a chomhlíonadh agus seirbhísí a sholáthar de réir mar a bhíothas ag súil leis ó pháirtithe leasmhara,
- tacú le cinnteoireacht fheasach ar bhealach éifeachtúil agus tapa,
- aghaidh a thabhairt ar cheanglais tuairiscithe geallsealbhóirí,
- leanúnachas gnó a áirithiú.

Tugann an straitéis seo aghaidh ar mholtaí arna n-eisiúint ag roinnt údarás iniúchóireachta agus is ionann í agus tiomantas eu-LISA a chuid iarrachtaí a dhíriú ar réimse na comhlíontachta agus an bhainistithe fónta airgeadais.

Rioscaí corparáideacha

Rinneadh athbhreithniú iomlán ar bheartas bainistithe riosca na Gníomhaireachta, a formheasadh i mí Aibreáin 2020, agus leasaíodh é d’fhonn go leanfaidh an beartas de bheith ina thionscnóir atá ailínithe le cuspóirí straitéiseacha eu-LISA. Tugadh i gcrích é le sainmhíniú próisis agus cur síos seirbhíse chun soiléireacht a sholáthar agus chun glacadh an chur chuige Bainistíochta Riosca a fheabhsú. D’fhormheas an Bord Bainistíochta an Beartas Bainistithe Riosca nua agus na doiciméid ghaolmhara nua an 16 Deireadh Fómhair 2023.

De bhun an bheartais, is cuid lárnach den chreat riosca a shainítear sa bheartas é Bainistiú Riosca Chorparáidigh eu-LISA, ag díriú ar an eagraíocht ar fad agus ar a cuspóirí, le próiseas cuíchóirithe agus Clár tiomnaithe um Rioscaí Corparáideacha agus um Shaincheisteanna. Is cuid riachtanach den rialachas corparáideach é freisin, ós rud é go dtugann sé treoir agus tacaíocht don bhainistíocht shinsearach chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach mar atá leagtha amach sa chlár oibre bliantúil.

Déantar na rioscaí a mheasúnú agus a dheimhniú ar an leibhéal corparáideach ar bhealach leanúnach, bunaithe ar chritéir aicmithe uathúla agus chomhroinnte:

- bailítear míreanna nua-aitheanta tríd an uirlis bainistithe punainne tionscadail (PPM) agus cáilíonn Cinn Aonaid/Cinn Roinne iad sula gcuirtear faoi bhráid an Choiste Bainistíochta iad lena gcur san áireamh sa Chlár um Rioscaí agus um Shaincheisteanna Corparáideacha,
- sanntar úinéir riosca le haghaidh gach riosca agus cuirtear de chúram orthu pleananna maolaithe comhfhreagracha a shainiú agus a chothabháil go dtí go bhfaightear réitithe den riosca,
- sanntar Ceann Aonaid/Ceann Roinne do gach mír riosca ar leibhéal corparáideach mar úinéir (i gcásanna sonracha áirithe, féadfaidh an Coiste Bainistíochta Ceann Earnála a shannadh),
- cuirtear tuarascáil stádais maidir le gach riosca, mar aon le saincheisteanna a thagann chun cinn agus pleananna maolaithe comhfhreagracha, faoi bhráid an Choiste Bainistíochta ar bhonn rialta, bunaithe ar an athbhreithniú ar rioscaí iarmharacha agus ar a dtionchar. I mí an Mheithimh 2024, eagraíodh ceardlann thiomnaithe ar thionscnamh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, chun rioscaí corparáideacha a (ath)mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta, agus seisiúin le húinéirí riosca aonair roimhe seo chun na míreanna a athfhoirmliú,
- ar bhonn míosúil, seoltar an leagan is déanaí den Chlár um Riosca Corparáideach ar an ríomhphost chuig gach ball foirne agus bíonn sé ar fáil i gcónaí ar leathanach SharePoint na hEarnála Pleanála agus Gnóthaí Corparáideacha.

Chun feabhas leanúnach ar bhainistiú riosca chorparáidigh a áirithiú, glacann eu-LISA páirt i gcleachtadh bliantúil athbhreithnithe piaraí ghníomhaireachtaí díláraithe agus chomhghnóthais an Aontais ina bpléitear na rioscaí is tábhachtaí, agus é mar chuspóir aige cur chuige coiteann a aimsiú maidir le sainmhíniú, measúnú agus faireachán riosca.

Liostaítear na rioscaí corparáideacha is déanaí a athbhreithníodh agus a deimhníodh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú oibríochtúil na Gníomhaireachta in 2025 agus ina dhiaidh sin i dTábla 23 thíos, ach leagtar amach úinéirí riosca sannta agus pleananna maolaithe i dTábla 24 ar an gcéad leathanach eile.

Tábla 23. Rioscaí corparáideacha a deimhníodh le déanaí agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chuspóirí 2025-2027

Riosca	Teideal	Tuairisc	Úinéir Riosca
Riosca 1	**Staid gheopholaitiúil agus (cibir)ionsaithe seachtracha spriocdhírithe agus a n-éiríonn leo**	Bhí tionchar ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar an staid gheopholaitiúil san Eoraip, rud a mhéadaigh na rioscaí d'institiúidí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais. Tá méadú tagtha ar an riosca sin, go háirithe tar éis do Pharlaimint na hEorpa a dhearbhú gur urraitheoir stáit ar an sceimhlitheoireacht í an Rúis. D'fhéadfadh gníomhaithe bagartha eile leas a bhaint as an éagobhsaíocht ghinearálta ar an leibhéal idirnáisiúnta. Le míonna beaga anuas, tá curtha faoi deara ag eu-LISA méadú ar chibirghníomhaíochtaí ar a chórais chorparáideacha. Sainaithníodh iad sin mar chuid de bhagairtí hibrideacha a d'eascair as an staid gheopholaitiúil. Ag an am céanna, ní mór do eu-LISA breithniú a dhéanamh ar chosaint fhisiciúil a láithreán toisc go bhféadfadh an bhagairt hibrideach a bheith dírithe ní hamháin ar shócmhainní TF ach ar dhaoine agus ar fhoirgnimh/ar áitribh freisin. Is riosca ar leith le bheith ag faire amach dó é spiaireacht freisin. Mura bhfuil ár seasamh slándála leordhóthanach, éireoidh le hionsaí seachtrach ar bhonneagair na gcóras corparáideach agus na gcroíchóras gnó, rud a bheidh mar thoradh air neamh-infhaighteacht córas, mar aon le héilliú agus gadaíocht sonraí. Tá dóchúlacht níos airde ag gabháil leis an riosca sin maidir le córais atá dírithe ar an idirlíon a d'fhéadfadh a bheith ina bpríomhspriocanna. A bhuí leis an intleacht shaorga atá á húsáid ag coimhlinteoirí, méadóidh an tsofaisticiúlacht, cumais ionsaithe agus an dóchúlacht go dtiocfaidh riosca chun cinn. Ní mór cosaint fhisiciúil na Gníomhaireachta a áirithiú.	An tAonad Slándála
Riosca 2	**Acmhainn, cumas, agus éifeachtúlacht chun tacú le hiarrataí teicniúla agus chun bainistiú oibríochtúil 24/7 a áirithiú laistigh de CLS, tar éis dá theacht i bhfeidhm**	Tá na córais nua an-chasta ó thaobh na teicneolaíochta de agus bíonn geallsealbhóirí breise ag gabháil leo. I bhfianaise an tírdhreacha theicniúil níos leithne agus an nochta slándála tar éis do chórais nua teacht i bhfeidhm, tá eu-LISA ag súil le méadú suntasach ar iarratais ar thacaíocht seirbhíse agus theicniúil. Mura gcuirtear na hacmhainní daonna is gá ar fáil do eu-LISA le haghaidh na gcúraimí sin (i dtéarmaí líon agus gráid leordhóthanacha), d'fhéadfadh díghrádú mór a bheith mar thoradh air ar a acmhainn, a chumas agus a éifeachtúlacht chun bainistiú oibríochtúil a áirithiú do gach córas CGB atá faoina bhainistiú, ní hamháin do chórais nua ach do chórais atá ann cheana freisin.	An tAonad Oibríochtaí
Riosca 3	**Ganntanas tallainne, ailínithe le riachtanais na Gníomhaireachta**	Tá deacrachtaí ag an nGníomhaireacht daoine a mhealladh agus a earcú a bhfuil an spreagadh agus na scileanna a bhfuiltear ag súil leo i bhfianaise riachtanais ghnó eu-LISA. Den chuid is mó, is é is cúis leis sin ▪ iomaíochas i margadh an tsaothair, ▪ ganntanas próifílí áirithe, ▪ neamhréiteach idir na gráid atá beartaithe agus na riachtanais phoist, ▪ for-rochtain theoranta ar fholúntais, Mura gcuirtear acmhainní daonna leordhóthanacha ar fáil do eu-LISA, d'fhéadfaí nach mbeifí in ann na seirbhísí a bhfuiltear ag súil leo a chur ar fáil do na córais atá ann cheana ná cinn nua a chur chun feidhme.	An tAonad Acmhainní Daonna
Riosca 4	**Doiciméadacht an chórais atá cothrom le dáta agus cruinn nach gcoinnítear i lárstóras**	Mura gcoinnítear doiciméadacht an chórais atá cothrom le dáta agus cruinn maidir le cúraimí cothabhála d'fhoirne oibríochtúla i lárstóras arna riar ag eu-LISA, fágtar gur níos casta a bhíonn an t-aistriú aon le mórán ón gconraitheoir MWO atá ann faoi láthair chuig roinnt conraitheoirí faoin tírdhreach conarthach nua iarstórais	An tAonad Bainistithe Clár agus Réiteach
Riosca 5	**Easpa pleanála oibríochtúla láraithe chun faireachán a dhéanamh ar dheireadh na saolré nó ar thacaíocht do chrua-earraí croíchóras gnó**	Mura bhfuil aon phleanáil oibríochtúil láraithe i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar chrua-earraí CBS agus ar bhogearraí COTS atá ag druidim le deireadh a saolré nó a dtacaíochta, ansin tá líon mór gníomhaíochtaí ann a bhaineann le bonneagar córais nach féidir a	An tAonad Bainistithe Clár agus Réiteach

Riosca	Teideal	Tuairisc	Úinéir Riosca
	(CBS) agus do bhogearraí tráchtála réamhdhéanta (COTS)	dhéanamh, rud a imríonn tionchar ar sceideal, buiséad agus cobhsaíocht oibríochtúil.	
Riosca 6	**Buiséad neamhleor don bhonneagar cumarsáide**	Mar thoradh ar chealú na tairisceana FPEN (Future Pan European Network [Líonra Pan-Eorpach don todhchaí]), is gá caibidlíocht a dhéanamh ar chreatchonradh TESTA-ng III maidir le seachadadh na mbonneagar cumarsáide tar éis do chreatchonradh TESTA-ng II dul in éag i mí an Mheithimh 2024. Má dheimhnítear go bhfuil costais TESTA-ng III i bhfad níos airde (e.g. faoi 20 %), d'fhéadfadh sé nach mbeadh an buiséad reatha don bhonneagar cumarsáide leordhóthanach chun na caiteachais sin a chumhdach ó 2025 agus ar aghaidh.	An tAonad Ardán agus Bonneagair

Tábla 24. Rioscaí corparáideacha a deimhníodh le déanaí agus pleananna maolaithe comhfhreagracha.

Riosca	Cineál	Dóchúlacht	Tionchar	Freagra agus Plean Gníomhaíochta
Riosca 1	bagairt	ard	an-ard	**FREAGAIRT:** laghdú **PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA** ▪ Tascfhórsa na Rúise-na hÚcráine a chruthú chun faireachán a dhéanamh ar theacht chun cinn na coinbhleachta, ▪ faireachán méadaithe ar chórais chorparáideacha TF agus ar chroíchórais ghnó, ▪ feabhas breise a chur ar chumas na Foirne Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí (CSIRT) agus ar chumas an Ghrúpa Comhair um Fhreagairt ar Theagmhais Slándála faoin gCreat Idir-inoibritheachta, ▪ na ceanglais a eascraíonn as an Rialachán de chuid an Aontais maidir le Cibearshlándáil a chur chun feidhme, ▪ Meabhrán Tuisceana nua le síniú le húdaráis náisiúnta na mBallstát óstach, ▪ nuashonrú ar an bpróiseas le haghaidh rochtain fhisiciúil ar áitreabh eu-LISA. Riosca curtha in iúl don Bhord Bainistíochta agus don Choimisiún maidir leis an ngá atá le líon na mball foirne a leithdháiltear le haghaidh tascanna slándála a mhéadú.
Riosca 2	bagairt	ard	an-ard	**FREAGAIRT:** laghdú **PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA** **Samhail tacaíochta:** ▪ maidir le córais atá ann cheana, sainmhíniú ar Shamhail Seirbhíse TOF, ▪ i gcás córais nua, ní mór samhail tacaíochta agus socruithe conarthacha a chur i bhfeidhm sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm (EiO). **Acmhainn:** próiseas earcaíochta agus aistriú de réir a chéile roinnt ball foirne ó shealobair d'fhonn acmhainní a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí, i gcás foirne tacaíochta chéadlíne agus dara líne. **Cumas:** ní mór do gach foireann oibríochtúil dul faoi oiliúint ar chórais nua roimh EiO.
Riosca 3	bagairt	ard	an-ard	**FREAGAIRT:** laghdú **PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA** ▪ straitéis foinsithe a úsáid chun gníomhaíochtaí seachfhoinsithe a shainiú agus nasc níos fearr a bhunú idir riachtanais agus straitéis, ▪ an creat inniúlachta a thabhairt cothrom le dáta agus a chomhtháthú (le hinniúlachtaí gairmiúla) le príomhphróisis AD (earcaíocht, pleanáil don fhórsa saothair, bainistiú feidhmíochta, forbairt), ▪ tacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí i measúnuithe promhaidh, ▪ meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar sheirbhísí earcaíochta agus acmhainní daonna.
Riosca 4	bagairt	ard	an-ard	**FREAGAIRT:** laghdú **PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA** ▪ ról an Oifigigh Bainistíochta Eolais a bhunú agus a fhorfheidhmiú (ceann in aghaidh gach córais CGB); géarghá leis an aistriú chuig cur chuige conarthach trasnaí i gcás ina mbeidh an t-eolas ilroinnte agus scaipthe ar fud na mbaisceanna agus na gconarthaí, ▪ doiciméadacht an chórais atá ann cheana a neartú agus a chalabrú, ar doiciméadacht í a d'fhéadfaí a úsáid chun sonraíochtaí teicniúla a dhréachtú le haghaidh tairiscintí amach anseo.
Riosca 5	bagairt	ard	an-ard	**FREAGAIRT:** laghdú **PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA** ▪ dearcadh iomlánaíoch ar sceideal athsholáthair crua-earraí/bogearraí le TOF a áirithiú, ▪ bainistiú athnuachan bonneagair a áirithiú trí chonraitheoir TOF amháin chun ilroinnt a sheachaint.

Riosca	Cineál	Dóchúlacht	Tionchar	Freagra agus Plean Gníomhaíochta
Riosca 6	bagairt	ard	an-ard	**FREAGAIRT:** laghdú **PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA** ▪ straitéis idirbheartaíochta a ailíniú le DIGIT (mar úinéir an chreatchonartha), ▪ creat dlíthiúil a phlé chun líonraí CFS agus VIS a chumasc le AS HOME, ▪ cistí breise a lorg.

Bainistiú riosca ar leibhéil tionscadail agus cláir

Chomh maith leis an mBeartas Bainistithe Riosca, a chuireann cur chuige aontaithe i láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí ag gach leibhéal den eagraíocht, soláthraíonn an eu-LISA **Treoir Cur Chun Feidhme Modheolaíochta Bainistíochta Tionscadal** treoir maidir leis na dea-chleachtais do bhainistiú riosca ag leibhéal an tionscadail.

Déantar faireachán ar gach tionscadal arna bhainistiú ag eu-LISA tríd an réiteach Bainistithe Clár agus Tionscadal (PPM) lena dtaifeadtar **rioscaí agus saincheisteanna gach tionscadail** faoi chúraimí an Bhainisteora Tionscadail atá freagrach. Pléitear na rioscaí agus na saincheisteanna do gach clár agus tionscadal faoi Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn an Chláir faoi seach, agus cuirtear sásra géaraithe faoi bhráid Choiste Stiúrtha an Chláir, más gá.[143] Maidir le tuairisciú seachtrach, cuirtear gach riosca i láthair i dtuarascálacha míosúla chuig Boird Bainistithe Clár (PMB) eu-LISA.

Straitéis frithchalaoise

Leanann Straitéis Frithchalaoise na Gníomhaireachta an struchtúr agus an t-ábhar a mhol an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) ina treoir maidir le straitéisí frithchalaoise a fhorbairt. Áirítear ar na bunphrionsabail a threoraíonn straitéis frithchalaoise eu-LISA eitic, sláine, trédhearcacht fheabhsaithe, cosc calaoise, agus dlúthchomhar idir geallsealbhóirí agus comhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha.

Ní mór d'fhoireann na Gníomhaireachta, do chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta agus do na Grúpaí Comhairleacha, agus do gach conraitheoir seachtrach, na caighdeáin ionracais agus macántachta is airde a chur i bhfeidhm agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht le hiompar mí-eiticiúil amhail calaois agus tuairisceoidh sí, gan mhoill, aon chás de chalaois amhrasta do OLAF, gníomhaireacht thiomnaithe de chuid an Aontais a bhfuil inniúlacht eisiach agus sainordú dlíthiúil aici chun gach cás den sórt sin a imscrúdú.

Gníomhóidh an Ghníomhaireacht agus glacfaidh sí gach beart, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta a fhoirceannadh, i gcoinne aon duine a dhéanann calaois nó a fhéachann le calaois a dhéanamh ar eu-LISA nó ar shócmhainní agus acmhainní eile de chuid an Aontais, nó a dhéanann dochar ar shlí eile do chlú na Gníomhaireachta. I ngach cás den sórt sin, comhoibreoidh eu-LISA le OLAF, agus le haon údaráis ábhartha eile de chuid an Aontais.

Féachann an Ghníomhaireacht go leanúnach lena bearta coisctheacha agus braiteacha frithchalaoise a fheabhsú agus freagairt go tapa d'athruithe suntasacha a dhéanann difear dá pearsanra, dá buiséad agus dá timpeallacht oibriúcháin. Chuige sin, déanann an Ghníomhaireacht iarracht mhór chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- comhlíonadh iomlán na bprionsabal frithchalaoise a bhaint amach agus a chothabháil,
- ardleibhéal eitice agus sláine a bhunú agus a choinneáil ar bun,
- anailísíocht sonraí a fhorbairt agus a úsáid chun calaois a chosc agus a bhrath.[144]

Gach trí bliana, déanann an Ghníomhaireacht measúnú riosca calaoise tiomnaithe. Bunaithe air sin, déantar na spriocanna thuasluaite a athbhreithniú agus a chur in oiriúint do thorthaí an mheasúnaithe, agus cuirtear pleananna gníomhaíochta ábhartha i bhfeidhm. Déantar faireachán ar na pleananna gníomhaíochta sin agus tuairiscítear iad don bhainistíocht go bliantúil chun a gcur chun feidhme éifeachtach a áirithiú.

---

[143] Is príomhghnéithe de rialachas inmheánach tionscadal agus clár eu-LISA iad an tAthbhreithniú ar Dhul Chun Cinn an Chláir agus Coiste Stiúrtha an Chláir, arna bhunú le cinneadh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin an 26 Meitheamh 2024.
[144] *Treoir Bainistithe Riosca Calaoise* maidir le dea-chleachtais chun rioscaí calaoise a mheasúnú agus a bhainistiú, Coiste na nEagraíochtaí Urraíochta ar Choimisiún Treadway (COSO) agus Cumann na Scrúdaitheoirí Calaoise Deimhnithe (ACFE), 2016.

Iarscríbhinn XI **Plean le haghaidh deontais, ranníocaíochta nó SLAnna**

De réir Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2023/969, cuireadh de chúram ar eu-LISA an t-ardán comhair le haghaidh Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (CP JITanna) a dhearadh, a fhorbairt agus a bhainistiú go hoibríochtúil.[145]

Leithdháilfear an buiséad is gá chun ardán comhoibrithe na JITanna a dhearadh, a fhorbairt agus a bhainistiú go hoibríochtúil ó fhoinsí éagsúla cistí.

Gheobhaidh an Ghníomhaireacht **EUR 13.884 milliún san iomlán** ón **gclár don Eoraip Dhigiteach** i gcomhthéacs chláir oibre 2023-2027 a ullmhú, agus tríd an gcomhaontú ranníocaíochta atá le tabhairt i gcrích leis an gCoimisiún bunaithe ar Airteagal 7 den Rialachán Airgeadais.[146]

Beidh leithdháileadh deiridh na gcistí faoi réir thosaíocht a thabhairt do mhaoiniú i gcomhthéacs an nós imeachta agus an chomhaontaithe atá mar bhonn agus mar thaca ag an gCoiste Cláir faoi seach.

Tá an miondealú ar ioncam ó gach foinse maoinithe sonraithe sa tábla thíos.

An clár don Eoraip Dhigiteach

eu-LISA		2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
Teideal 1: Caiteachas foirne	ceangaltais	0.608	1.216	1.380	1.380	4.584
	íocaíochtaí	0.608	1.216	1.380	1.380	4.584
Teideal 2: Caiteachas ar bhonneagar agus caiteachas oibríochtúil	ceangaltais					
	íocaíochtaí					
Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil	ceangaltais	3.000	2.900	1.700	1.700	9.300
	íocaíochtaí		3.000	4.600	1.700	9.300
IOMLÁN Leithreasuithe do eu-LISA	**ceangaltais**	**3.608**	**4.116**	**3.080**	**3.080**	**13.884**
	íocaíochtaí	**0.608**	**4.216**	**5.980**	**3.080**	**13.884**

[145] *Rialachán (AE) 2023/969* an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear ardán comhoibrithe chun tacú le feidhmiú na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, IO L 132, 17.5.2023, lgh. 1-20.
[146] Síníodh Comhaontú Ranníocaíochta an Aontais (JUST/2024/PR/CNECT/0031) idir eu-LISA agus Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí an Choimisiúin Eorpaigh (DG JUST) an 17 Bealtaine 2024.

Iarscríbhinn XII **Straitéis maidir le comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

Creat comhair

Eascraíonn an creat bunúsach le haghaidh chomhar eu-LISA le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le heintitis nó comhlachtaí ábhartha eile as an Rialachán bunaidh. Sonraítear in Airteagal 43, chun a chúraimí a chomhlíonadh, go bhféadfaidh eu-LISA caidreamh oibre a bhunú le heagraíochtaí idirnáisiúnta arna rialú ag an dlí idirnáisiúnta poiblí, chomh maith le heintitis nó comhlachtaí ábhartha eile, a bhunaítear ar chomhaontú idir dhá thír nó níos mó.

Mar sin féin, ní fhéadfar gach socrú oibre den chineál sin a thabhairt i gcrích ach amháin le húdarú ón mBord Bainistíochta, tar éis formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún Eorpach, chun comhsheasmhacht agus ailíniú le cuspóirí straitéiseacha níos leithne an Aontais i réimse CGB a áirithiú, agus le beartais sheachtracha an Aontais freisin.

Ní mór do na prionsabail ghinearálta lena dtreoraítear comhar eu-LISA amach anseo le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus bunú socruithe oibre féideartha a bheith i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme agus, dá bhrí sin, ní mór dóibh a bheith dírithe ar an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cur chun feidhme a oibleagáidí mar a shonraítear ina Rialachán bunaithe a éascú, go háirithe cur chun feidhme EES, ETIAS agus na hailtireachta idir-inoibritheachta,
- tacú le tosaíochtaí an Aontais i dtríú tíortha, agus béim á leagan ar ullmhúcháin chun córais mhórscála TF a fhorbairt, má mheasann an Coimisiún gur gá sin,
- ról eu-LISA mar ionad barr feabhais a chur chun cinn trí eolas agus eispéiris a mhalartú,
- cumais eu-LISA a neartú chun nuálaíocht agus claochlú digiteach a bhrú chun cinn.

Comhoibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus tríú tíortha

Maidir le caidreamh oibre le heagraíochtaí idirnáisiúnta, tá an Ghníomhaireacht dírithe ar threoir a fháil ón Rialachán lena mbunaítear eu-LISA, chomh maith le creat dlíthiúil agus tosaíochtaí polaitiúla an Aontais i réimse CGB.

Maidir le haon socruithe oibre a d'fhéadfadh a bheith ann, mar shampla, le INTERPOL (chun oibleagáidí i leith ETIAS agus ailtireacht idir-inoibritheachta a chur chun feidhme), fanfaidh siad le toradh chaibidlíocht an Choimisiúin le INTERPOL agus urramóidh siad go hiomlán é, agus le húdarú an Bhoird Bainistíochta, tar éis formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún, agus i gcomhréir le creat rialála an Aontais maidir le cosaint sonraí.

Iarscríbhinn XIII **Staidéir agus measúnuithe tionchair a bhaineann le SPD 2025-2027**

ÁBHAR	Cuspóir	Tionchar ar an ngníomhaíocht in SPD 2025-2027
intleacht shaorga	Cuirfear isteach staidéar maidir leis an intleacht shaorga a úsáid le haghaidh riachtanais chorparáideacha, i.e. pleanáil, tuairisciú, airgeadas, an creat rialaithe inmheánaigh (2024)	Iniúchfar sa staidéar ar a indéanta atá sé uathoibriú/meaisínfhoghlaim/intleacht shaorga a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí corparáideacha agus tacaíochta, bunaithe ar liosta de chásanna úsáide. Táthar ag súil go mbeidh gníomhaíocht mar thoradh air sin in 2025 lena gcuirfear roinnt réiteach intleachta saorga chun feidhme le haghaidh feidhmeanna corparáideacha.
néalteicneolaíochtaí	Staidéar chun measúnú a dhéanamh ar an tairbhe agus ar an bhféidearthacht a bhaineann le néalteicneolaíochtaí a úsáid i gcomhthéacs oibríochtúil eu-LISA	Le torthaí an staidéir tabharfar eolas maidir lena indéanta atá sé néalteicneolaíochtaí a úsáid le haghaidh oibríochtaí na Gníomhaireachta.

An chéad eagrán, curtha i gcrích i mí na Samhna 2024.

Níl eu-LISA ná aon duine atá ag gníomhú thar a cheann freagrach as an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis a chuirtear i láthair sa doiciméad seo.

© eu-LISA, 2024

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an eu-LISA a úsáid nó a atáirgeadh, d’fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

Ní le eu-LISA an cóipcheart le haghaidh na ngnéithe seo a leanas: leathanaigh chumhdaigh agus leathanaigh na gcodanna, atá ceadúnaithe agus a aisghabhadh ó Adobe Stock – *stock.adobe.com.*